

MISNEACH



C L Á R

RANG A SÉ

Ábhar seomra ranga le tacú le hOideachas Sóisialta,
Pearsanta agus Sláinte (OSPS)



© PDST 2016

Cuirtear an saothar seo ar fáil trí théarmaí an Creative Commons Attribution Share Alike 3.0 Licence <http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/ie/>

Ceadaítear an t-ábhar seo (níl na híomhánna nó na lógónna san áireamh) a úsáid agus a athúsáid saor in aisce agus in aon fhormaid nó meán, faoi théarmaí an Creative Commons Attribution Share Alike Licence.

Luaigh mar: *PDST, Walk Tall, SPHE Curriculum, Dublin, 2016*

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá don Chlár Misneach	leathanach 4
Tagairtí	leathanach 14
Litir Shamplach chuig Tuismitheoirí 1	leathanach 17
NEARTÚ GRÚPA: Conradh Seomra Ranga	leathanach 19
AONAD A hAON: Féinaitheantas	leathanach 25
01 Uaillmhianach	leathanach 26
02 Táimid go léir Uathúil	leathanach 31
03 Machnamh ar mo chuid Taithí	leathanach 37
04 A bhfuil Bainte Amach againn a Cheiliúradh	leathanach 42
05 Díospóireachtaí Ranga nó Grúpa	leathanach 46
06 Síorathrú idéal na hÁilleachta	leathanach 49
07 An Foghlaimeoir Éifeachtach	leathanach 54
AONAD A DÓ: Ag tabhairt Aire do mo Chorp	leathanach 65
Mír A: Sláinte agus Folláine	leathanach 66
01 Iompar Sláintiúil agus Míshláintiúil	leathanach 67
02 Foghlaim Conas plé le hImní	leathanach 75
03 Cúiseanna le Drugaí a Thógáil	leathanach 78
04 Áiteanna Baolacha - Roghanna Baolacha	leathanach 85
05 Spleáchas agus Andúil	leathanach 90
06 Cabhair agus an Pobal	leathanach 94
Mír B: Bia agus Cothú agus Eolas faoi mo Chorp	leathanach 97
01 Roghanna Bia	leathanach 98
02 Aire le Bia	leathanach 102
03 Fadhb le Bia?	leathanach 104
04 Cúram Coirp	leathanach 108
05 Cumais Éagsúla	leathanach 111
06 Ionfhabhtuithe agus Cosaint Choirp	leathanach 114
AONAD A TRÍ: Ag Fás agus ag Athrú	leathanach 119
01 Cruthú an Domhain	leathanach 121
02 Pribhléidí agus Freagrachtaí	leathanach 128
AONAD A CEATHAIR: Mothúcháin agus Braistintí	leathanach 135
01 Mothúcháin a Iníúchadh agus a Aithint	leathanach 136
02 Mothúcháin a Bhainistiú 1	leathanach 141
03 Mothúcháin a Bhainistiú 2	leathanach 145
04 Formad agus Éad	leathanach 149
05 Cailteanas agus Brón	leathanach 152
06 Cad a Tharlaíonn nuair a Bhraithim....?	leathanach 157
07 Riachtanais agus Mianta	leathanach 160
08 Mé Féin a Dheimhniú agus Glacadh Liom Féin	leathanach 164
AONAD A CÚIG: Sábháilteacht agus Cosaint	leathanach 170
01 Leigheasanna	leathanach 171
02 Dul san Fhiontar?	leathanach 175
03 Coinneáil Sábháilte	leathanach 178
04 Timpiste/ Teagmhas a Chosc	leathanach 181
05 Aire le Substaintí	

CLÁR ÁBHAIR

AONAD A SÉ: Cinntí a Dhéanamh **leathanach 186**

01 Cinntí Feasacha a Dhéanamh	leathanach 192
02 Bíonn Torthaí ar Chinntí	leathanach 196
03 Cé hiad na Daoine gur Féidir Cabhrú le Cinntí?	leathanach 201
04 Modh Cinnteoireachta	leathanach 205
05 Dearthaí Éagsúla	leathanach 210

AONAD A SEACHT: Mise agus Daoine eile **leathanach 216**

01 Bíonn Teaghlaigh Uathúil	leathanach 217
02 Cearta agus Freagrachtaí i dTeaghlaigh	leathanach 221
03 Kaleideascóp na dTeaghlach	leathanach 225

AONAD A hOCHT: Mo Chairde agus Daoine Eile **leathanach 230**

01 Cairde	leathanach 231
02 Cairde Nua	leathanach 236
03 Grúpaí agus Mise	leathanach 239
04 Bulaíocht	leathanach 241

AONAD A NAOI: Caidrimh le Daoine Eile **leathanach 248**

01 Cumarsáid	leathanach 249
02 Éisteacht	leathanach 254
03 Cumarsáid Threallúsach	leathanach 259
04 Tionchar agus Áiteamh	leathanach 265
05 Glaoch Ainmneacha	leathanach 269
06 Coimhlint	leathanach 273
07 Freagairtí ar Choimhlint	leathanach 278

AONAD A DEICH: Saoránacht a Fhorbairt **leathanach 283**

01 Cónaímid inár bPobal	leathanach 284
02 Idir na Cultúir? An Bhearna a Dhúnadh	leathanach 291
03 Cluiche an Mhála Páipéir	leathanach 294
04 Ár gCearta, Ár bhFreagrachtaí	leathanach 300
05 Mo Dhomhan, Ár nDomhan	leathanach 307

AONAD A hAON DÉAG: Oideachas na Meán **leathanach 311**

01 Níl de dhíth ach an Grá?	leathanach 312
02 Na Meáin	leathanach 318
03 Na Meáin Chlóite: Nuachtáin	leathanach 322
04 Fógraíocht	leathanach 326
05 Na Meáin Chumarsáide agus Mionlaigh	leathanach 332
06 Caitheamh Aimsire	leathanach 333

AONAD A DÓ DHÉAG: Féachaint Siar, Féachaint Romhainn **leathanach 339**

01 Féachaint Romhainn	leathanach 340
02 Sciatha Ceiliúrtha, Réaltaí Imní	leathanach 344

Aguisín

Forléargas ar Chuspóirí Ábhair do Rang a Cúig agus Rang a Sé	leathanach 350
--	-----------------------

RÉAMHRÁ

Cúlra

Rinneadh na bunábhair ranga le haghaidh Misneach a dhearadh i lár na 1990í ar bhonn Tuarascáil Tascfhórsa an Aire (1996) inar moladh gur cheart straitéisí coisctheacha um mhí-úsáid substaintí a chur ar bun chomh luath agus is féidir sa seomra ranga, sula mbeadh páistí ag tosú ar thriail a bhaint as drugaí. Cuireadh ábhar ranga ar fáil ar bhonn píolótach ag an am agus le haiseolas ó mhúinteoirí cuireadh timthriallacha athbhreithnithe ar bun, sular cuireadh bailchríoch orthu lena scaipeadh ar bhunscoileanna.

Úsáideadh an t-aiseolas a bailíodh ó mhúinteoirí ag sraith athbhreithnithe lae a eagraíodh ar fud na tíre le linn 2009/10 mar threoir don leagan reatha de Misneach. Cé go bhfuil múinteoirí sásta le hábhar, struchtúr agus gnéithe an Chláir, chuir siad in iúl go raibh nuashonrú de dhíth, ó thaobh ábhair an tseomra ranga a chuir in oiriúint do dhaonra daltaí níos ilghnéithí, roinnt ábhair a nuashonrú (scéalta mar shampla) agus nasc níos soiléire a dhéanamh idir Misneach agus cuspóirí comhábhair an churaclaim Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte 1999 (OSPS) d'fhonn cabhrú le pleanáil don seomra ranga. Theastaigh clár cuimsitheach ó na múinteoirí chomh maith leis an gCuraclam OSPS a chur i bhfeidhm. Úsáideadh an t-aiseolas seo go léir leis an gClár Misneach a leasú.

Gnéithe Nua sa Chlár Misneach

Coinnítear an chuid is fearr d'eagrán 1999 sa leagan is déanaí den Chlár Misneach, ach tá gnéithe tábhachtacha nua ann. Tá leagan amach na bpleananna ceachta mar an gcéanna, le nótaí mionsonraithe do mhúinteoirí faoi ábhar agus seachadadh na gceachtanna. Rinneadh nuashonrú ar na scéalta le haird ar an daonra ilghnéitheach daltaí

atá in Éirinn anois. Cuirtear úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga san áireamh, agus tá na féidearthachtaí do ghníomhaíochtaí clár bán níos éasca mar gheall ar leagan amach agus formáid na gcomhábhar.

Is gné shuntasach den Chlár leasaithe é an nasc soiléir atá déanta le snáitheanna agus snáithaonaid Churaclam OSPS (1999), agus naisc i ngach ceacht le cuspóirí sonracha ábhair. Táthar ag súil go gcabhróidh sé seo le múinteoirí pleanáil a dhéanamh don OSPS le tuairim shoiléir faoi na nithe a dtugtar fúthu i Misneach sa churaclam. Beidh sé soiléir chomh maith go bhfuil ar chumas an Chláir Misneach cuid mhaith de Churaclam OSPS (1999) a sheachadadh, rud a dhéanann clár idéalach le haghaidh teagaisc sa réimse seo. Tá ceachtanna ann den chéad uair a chlúdaíonn snáithaonaid Fás agus Athrú sa churaclam. Beidh sé de lánrogha ag scoileanna na ceachtanna seo a úsáid mar a oireann do shainmheon agus beartais shainiúla na scoileanna féin, agus cathain a úsáidfear iad, maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) mar shampla.

Forléargas ar an Ábhar

Tá forléargas san Aguisín de na cuspóirí ábhair atá le tabhairt fúthu ag gach leibhéal den Chlár Misneach agus is féidir le múinteoirí é seo a úsáid leis an méid atá á chlúdach in aon cheacht nó rang a dheimhniú. Beidh sé seo an-úsáideach le haghaidh pleanála.

Ábharthacht na gComhábhar Misneach

D'fhéadfaí a fhiafraí an bhfuil clár OSPS ina bpléitear cosc mhí-úsáid substaintí chomh práinneach anois agus a measadh i lár na 1990í. Cé go léiríonn an taighde go bhfuil rath áirithe ann maidir le húsáid

drugaí i measc daoine óga a laghdú (ESPAD 2012; Suirbhé HBSC, 2010) ní ceart a bheith réchúiseach faoi.

Bíonn dúshláin nua ag gach glúin maidir le mí-úsáid substaintí (mar shampla, ordú alcóil ar líne agus ar an bhfón), agus is ábhar buartha i gcónaí é an ragús óil. Is cosúil nuair a thugtar faoi aon bhagairt ar leith ar shábháilteacht páistí agus drugaí, go dtagann bagairt eile ina áit. Tá oideachas le mí-úsáid substaintí a chosc ábhartha go fóill dá bhrí sin. Tá sé seo agus níos mó á sheachadadh sa chlár nua Misneach.

Aidhmeanna

Beifear ag cloí leis na bunaidhmeanna a bhí ag an gClár Misneach. Is iad sin an mhúinín, na scileanna, na dearcthaí agus an t-eolas a thabhairt do pháistí le roghanna sláintiúla a dhéanamh ina saol. Tá sé seo leathnaithe amach le gnéithe de shaol na bpáistí a áireamh, nach mbaineann le mí-úsáid substaintí amháin ach le sábháilteacht phearsanta agus le forbairt i dtreo caithreachais chomh maith. Dearadh an Clár Misneach le húsáid le gach páiste i rang, agus beidh sé ina fhorlíonadh ar aon idirghabháil le fócas ar scileanna sóisialta agus mothúcháin a bhíonn dírithe ar pháistí aonair.

Ról na Scoile in OSPS

Cuirtear béim ar thimpeallacht agus sainmheon na scoile i dTreoirínte OSPS do Mhúinteoirí (1999). Spreagtar na scoileanna le timpeallacht dhearfach a chruthú ina mbíonn 'luach, aire agus meas' ar fáil ag daoine aonair (Treoirínte OSPS do Mhúinteoirí, 1999, : 22). Tá sé ríthábhachtach caidrimh a thógáil go himmheánach agus go seachtrach le timpeallacht dhearfach a chothú, agus aithnítear an scoil mar mhol cumarsáideach agus mar acmhainn lasmuigh de bhallaí na scoile i mórán pobal.

Le blianta beaga anuas, tá scoileanna á spreagadh le bealaí éagsúla a phleanáil le OSPS a mhúineadh. Eisíodh treoirínte chuig scoileanna maidir le beartais a fhorbairt i dtaobh úsáid substaintí,

bulaíocht, gnéasacht agus oideachas sábháilteacht phearsanta, ábhair a bhaineann go dlúth leis an gcuraclam OSPS. Tá tuilleadh treorach ar fáil i gCiorcláin le déanaí ón ROE (Ciorcláin 0022/2010, 0065/2011, 0045/2013) sa réimse seo. Tá cur chuige iomlán nua á mholadh maidir le OSPS a fheidhmiú go háirithe, a éascófar le plan atá curtha le chéile le doiciméid do ranganna de gach leibhéal. Cuirtear béim ar chur chuige cothrom a thugann deis do dhaltáí scileanna agus dearcthaí agus tuiscintí a fhorbairt i gcomhthéacs a chuireann an tsláinte chun cinn. Spreagtar scoileanna le hidirbheartaíochtaí atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime a phleanáil ar bhonn leanúnach (Ciorclán 0022/2010 ROE) seachas ar ghníomhaíochtaí aon uaire a mbíonn tionchar teoranta acu.

Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí riachtanach leis na príomhscileanna saoil atá i gcuraclam OSPS a chur chun cinn. Roimhe seo chuir a lán scoileanna ábhair ranga Misneach ar fáil do thuismitheoirí ar spéis leo é. D'fhéadfaí ó am go ham tuismitheoirí agus caomhnóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos doimhne trí chruinnithe le tuismitheoirí. Bheadh sé seo áisiúil go háirithe ag tús na scoilbhliana sula gcuirtear an Clár i bhfeidhm. D'fhéadfaí ionchur ó oideachasóirí atá freagrach as sábháilteacht phearsanta nó oideachas gnéasachta, chomh maith le saineolaithe ar dhruagaí, nó soláthraithe áitiúla seirbhísí ar nós na Gardaí Síochána, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (FSS) nó baill de thascfhórsaí drugaí agus alcóil a chur ar fáil ag na cruinnithe seo. Beidh spéis ag tuismitheoirí agus caomhnóirí (nach mbeadh an Curaclam OSPS déanta acu féin) san ábhar atá ann agus d'fhéadfaí an deis a thapú le plé a dhéanamh leo faoin gcaoi is féidir leo obair le scoileanna le heolas, scileanna agus tuiscint na bpáistí a chur chun cinn. Nuair a chuir scoileanna an tseirbhís seo ar fáil, bhí meas ag tuismitheoirí agus caomhnóirí uirthi, mar gur minic a bhíonn siad neamhchinnte faoin gcaoi is féidir páistí a chosc ó shubstaintí a mhí-úsáid.

Tá litir shamplach chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí ar fáil i ngach leibhéal

den Chlár Misneach. Tugann siad seo forléargas ar aidhmeanna agus téamaí an Chláir agus bheadh siad úsáideach do scoileanna atá ag cur an Chláir i bhfeidhm.

Ról an Bhaile in OSPS

Cuireann tuismitheoirí a n-ímní maidir le mí-úsáid substaintí in iúl go minic nuair a chloiseann siad den chéad uair faoi fheidhmiú an Chláir Misneach sa scoil. Bheadh roinnt tuismitheoirí den bharúil gurb ionann mí-úsáid substaintí agus drugaí mídhleathacha a úsáid. Tá sé tábhachtach béim a chur air gurb iad alcól agus nicitín na drugaí is túisce a mbaineann páistí úsáid astu go hiondúil. Léirítear i suirbhéanna ar thuismitheoirí go bhfuil dearcadh an-tromchúiseach ag tuismitheoirí ar ólachán faoi aois, agus ar na torthaí a bhíonn aige ar dhaoine óga. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an seasamh láidir a bhíonn ag tuismitheoirí agus caomhnóirí, mar phríomh-oideachasóirí ar dhearthaí paistí ar dhruaí. Léiríonn staidéir le déanaí an tionchar cosantach a bhíonn ag dea-thuismitheoireacht. Áirítear ann an faireachán ar ghníomhaíocht shóisialta (go háirithe gníomhaíocht oíche) agus socrú rialacha, sa bhaile agus lasmuigh de (Brand, 2009). Má mhothaíonn daoine óga go bhfuil a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí eolach faoina bhfuil á dhéanamh acu go sóisialta, coisceann sé seo iad go minic ó mhí-úsáid a bhaint as substaintí.

Tugann ceachtanna atá curtha le haonad an tsrutha Fás agus Athrú sa Churaclam OSPS deiseanna breise idirghabhála do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí, agus d'fhéadfadh siad plé a spreagadh i mbailte na bpáistí faoi na hathruithe fisiceacha agus mothúcháin a thagann le teacht an chaitheamh agus conas dul i ngleic leo seo ar bhealach dearfach.

Is ceart tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le caint lena bpáistí faoin obair atá á déanamh sa Chlár Misneach - go deimhin cuirfidh go leor tuismitheoirí agus caomhnóirí fáilte roimh an deis a thugann an Clár dóibh leis na ceisteanna seo a phlé. Tá litir shamplach a thugann

forléargas ar na téamaí a chlúdaítear sa Chlár ar fáil ag tús gach leibhéal den Chlár. Is bealach luachmhar iad na litreacha seo le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí san obair atá á déanamh ar scoil a spreagadh. Chomh maith leis sin, tá litreacha samplacha ann maidir le téamaí ar leith i leibhéal áirithe, agus is féidir leis na múinteoirí úsáid a bhaint astu seo mar is righe leo.

Tá litir shamplach chineálach do thuismitheoirí ag deireadh an réamhrá seo agus is féidir le múinteoirí í a úsáid má theastaíonn uathu insint do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí faoi ábhar nó gníomhaíocht ar leith. Is féidir í a leasú nó a oiriúnú mar is gá.

Déantar tagairt i roinnt de na ceachtanna do na páistí a bheith ag caint le 'duine sábháilte' nó 'duine fásta muiníneach'. De ghnáth is daoine iad seo a bhfuil siad ina gcónaí leo ina mbaile féin. Tá an cineál seo plé le spreagadh.

Ról an Mhúinteora san OSPS

Tá oideachas réamh-sheirbhíse nó le linn a ngairme déanta ag formhór na múinteoirí faoi na príonsabail agus faoin bhfealsúnacht atá mar bhuntaca don Churaclam OSPS, a bhfuil Misneach ina Chlár Oifigiúil den ROE. I dTreorlínte an Mhúinteora don OSPS (1999: 55) cuirtear béim ar ról an mhúinteora mar 'threoraí, éascaitheoir agus acmhainn, a chuireann deiseanna éagsúla cuí ar fáil do pháistí atá i mbun a gcuid foghlama féin'. Tá cuspóirí ábhair an Churaclaim OSPS scríofa i bhformáid a chuireann béim ar ról éascaithe an mhúinteora. Is léir go bhfuil glacadh ag múinteoirí leis an ról seo sna léirmheasanna a rinneadh ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (CNM) (2008) agus an Chigireacht (2009) ar an gCuraclam OSPS. Cuireann an dá léirmheas in iúl go bhfuil príomhscileanna na múinteoirí, go háirithe maidir le plé a éascú, ríthábhachtach dá ról.

Déanann Prendiville (2004) cur síos ar an éascú mar chumasú. Déantar tascanna le linn an phróisis 'a chuireann ar chumas

an duine aonair/ an ghrúpa a gcinneadh/ a sprioc a bhaint amach nó scil a fhoghlaim'. (Prendiville, 2004:13). D'fhéadfadh na pointí seo a leanas a bheith mar chabhair le timpeallacht éascaitheach foghlama a chothabháil do pháistí:

- **Sábháilteacht**

Le linn a bheith ag obair le grúpa ranga tá sé tábhachtach go mothaíonn na páistí go bhfuil siad sábháilte má tá siad leis an rannpháirtíocht agus an fhoghlaim is mó is féidir a bhaint amach. Leagann a lán múinteoirí bunrialacha síos le seo a bhaint amach. Samplaí coitianta: 'gan achasán', 'gan ainmneacha a lua go diúltach', 'éisteacht nuair a bhíonn duine ag caint', 'cead againn caint nó gan caint'. Moltar do mhúinteoirí gan ach rialacha ar féidir a fhaire sa seomra ranga a chur i bhfeidhm. Ní mheastar go bhfuil rialacha níos casta (ar nós rúndacht) oiriúnach i dtimpeallacht an tseomra ranga, ar chúiseanna éagsúla, mar nach féidir iad a chinntiú i ndáiríre. Tá príobháideacht an pháiste (agus an teaghligh) luaite go sonrach mar cheart i dTreoirínte na Múinteoirí don OSPS (1999: 14). Ach ní mór cuimhneamh freisin ar pháistí a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama ar nós am ciorcail agus drámaíocht, agus cead a bheith acu ag an am céanna a bheith páirteach nó gan a bheith de réir a rogha féin.

- **Cur Chuige Éagsúil a Úsáid**

Cé go bhfuil amhras léirithe faoin nasc atá idir stíleanna éifeachtúla teagaisc agus foghlama (Scott, 2010, mar shampla), tá sé le ciall go spreagfaidh cur chuige de chineálacha éagsúla níos mó taitnimh agus rannpháirtíochta. Á chur seo san áireamh, tugtar forléargas sna rannóga a leanas ar na modhanna difriúla a úsáidtear sa Chlár Misneach le spéis na bpáistí a mhúscailt ionas go mbainfidh siad taitneamh as an fhoghlaim.

- **Tógáil Caidrimh**

Tá an mhúinín riachtanach sa chomhthéacs foghlama, an mhúinín a bhíonn ag na rannpháirtithe i gcomhsheasmhacht an mhúinteora, mar shampla, ach muinín an mhúinteora sna

paistí ionas go gcabhróidh siad le chéile i ndáiríre má chruthaítear na tosca cearta. Is gá go mbeadh na páistí muiníneach freisin go mbeidh meas ag an chuid eile den rang ar an méid atá le rá acu. Ní mór dá bhrí sin dul i ngleic le fadhbanna le hiompar mí-oiriúnach, le sláinte agus le slándáil. D'fhéadfadh roinnt ama a bheith ag teastáil ó na paistí leis na scileanna agus na rialacha sonracha a bhaineann le héisteacht a fhoghlaim, agus cabhróidh an meas, agus sampla d'iompar cuí ón múinteoir, leo.

Foghlaim Gníomhach

Cuirtear béim sna Treoirínte OSPS do Mhúinteoirí (1999) ar thábhacht na foghlama gníomhaí agus muid ag obair le páistí. Moltar é seo leis an leas is fearr a bhaint as aistriú na foghlama ionas go mbeidh siad 'ábalta an méid a fhoghlaimíonn siad a úsáid i gcúinsí éagsúla' (Treoirínte OSPS do Mhúinteoirí 1999: 5). Táthar ag súil 'go nglacfaidh páistí seilbh níos mó, agus níos mó freagrachta as a gcuid foghlama féin' sa bhfoghlaim gníomhach. Cuireann Vygotsky (1962), béim ar thábhacht idirghabháil na n-aosach sa bhfoghlaim, nuair a deir sé gur féidir le páistí feidhmiú ar leibhéal níos airde le cúnamh ná mar is féidir leo má fhágtar an fhoghlaim fúthu féin. Thug sé an zón neasfhorbartha air seo. Mar idirghabhálaithe i bhfoghlaim páistí, tógann múinteoirí creat na foghlama le dul chun cinn na bpáistí ó leibhéal foghlama amháin go leibhéal eile a éascú. Luathaíonn aiseolas éifeachtúil foghlaim páistí chomh maith (Scott, 2010), agus tugann sé rochtain do pháistí ar a bhfoghlaim féin sula dtéann siad ar aghaidh chuig an chéad leibhéal eile.

Mar atá imlínithe cheana, tá ról tábhachtach ag an múinteoir i straitéisí foghlama gníomhaí mar atá á moladh sa Chlár Misneach. Tugtar tuairisc ghearr sna rannóga a leanas de na príomh-mhodhanna a úsáidtear sa Chlár Misneach, le tagairt do cheachtanna áirithe sna hábhair seomra ranga.

Obair Chiorcail

Is córas foghlama grúpa í an obair chiorcail mar a shuíonn páistí nó daoine fásta i gciorcail le fadhbanna, mothúcháin agus tuairimí a phlé ar bhealach struchtúrtha daonlathach (tugtar am ciorcail air seo chomh maith). Tugtar le fios i Mosley (1996, 1998), go n-eascaíonn na nithe seo a leanas as obair chiorcail:

- féinmheas na bpáistí i suíomh an ranga a fheabhsú
- iompar dearfach a spreagadh sna seomraí ranga agus sna scoileanna
- taithí ar scileanna sóisialta a thabhairt do pháistí
- comhfhreagracht as timpeallacht an tseomra ranga a chothú
- deis a thabhairt do pháistí mothúcháin a fhiosrú I dtimpeallacht shábháilte

Go hiondúil, suíonn páistí nó daoine fásta ar chathaoireacha nó ar chuisíní i gciorcail, ar mhaithe le teagmháil súl a éascú. Is comhartha den chothromas agus den daonlathas bunúsach a bhaineann le hobair chiorcail é cruth an chiorcail chomh maith. Úsáidtear slat nó réad éisteachta go minic le béim a chur ar an ngá atá le scileanna maithe éisteachta. D'fhéadfaí a lán de na gníomhaíochtaí plé sa Chlár Misneach a fhiosrú trí obair chiorcail. Tá smaointe agus comhairle le fáil sna leabhair Quality Circle Time agus More Quality Circle Time (1998) le Jenny Mosley. Bheadh cuid de na gníomhaíochtaí seo, nó iad go léir, le fáil i seisiún coitianta obair chiorcail:

- cluichí/briseadh oighir
- babhtaí
- fóram oscailte/ plé
- ceiliúradh
- gníomhaíochtaí scoir/ léirshamhluithe

Déanfaidh múinteoirí a gcuid seisiúin obair chiorcail a phleanáil le haird ar aois, ar thaithí agus ar chumais na bpáistí. Tugtar smaointe le haghaidh obair chiorcail ar fud an Chlár Misneach ag gach leibhéal. Chomh maith leis sin, tá an DVD Circle Work, a thiomsaigh Seirbhís Tacaíochta Misneach, ar fáil ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí,

agus tugann sé treoir ghinearálta faoi úsáid an obair chiorcail i gcomhthéacs an tseomra ranga.

Cluichí Comhoibritheacha

Is féidir cluichí a úsáid le hiompar iomaíoch nó comhoibritheach a chothú. Sna hábhair seomra ranga, cuirtear an bhéim ar chluichí comhoibritheacha, gan aon bhuaiteoir ná caillteoir.

Is iomaí cúis atá ann le cluichí a úsáid, mar atá:

- luí isteach nó leibhéal fuinnimh an ghrúpa a ardú, suaimhneas a chothú agus seans a thabhairt do na páistí socrú síos.
- ábhair áirithe a thiomnú nó a fhiosrú
- meon comhoibrithe a chruthú sa rang
- taithí shamhaltach ar scil áirithe a sholáthar

Tá cluichí éagsúla ar fáil ar fud Ábhair Misneach ag leibhéal éagsúla ranga (Croí Isteach sna Naíonáin Shóisir Aonad 1 Ceacht 7, Deir Ó Grádaigh neamhiomaíoch i Rang 3, Aonad 1, Ceacht 3, Cluiche Líne Breithlae i Rang 5, Aonad 8 Ceacht 2). Tá roinnt cluichí oiriúnach le húsáid go minic ag an múinteoir, ach ní úsáidfe roinnt eile ach uair amháin le hábhar ar leith a chur i láthair. D'fhéadfadh sé a bheith deacair do na páistí dul i dtraithí ar chluichí neamhiomaíocha ar dtús, ach sa bhfadtearma, léiríonn an fhianaise go gcabhraíonn siad le muinín a mhéadú agus deachaidreamh a chothú sa seomra ranga.

Drámaíocht - Imirt Ról

Is samhlú den fhíorshaol í imirt ról i dtimpeallacht rialaithe shábháilte. Tá buntáistí éagsúla aige mar mhodh múinteoireachta:

- is féidir le páistí nó daoine fásta dúshláin agus eispéiris a bhíonn rompu a ionsamhlú, a réamhshamhlú conas iad a láimhseáil, agus bealaí éagsúla le dul i ngleic le fadhb a fhiosrú
- is féidir dearcthaí iomadúla a fhiosrú agus a mheas
- bíonn sé níos éasca do roinnt páistí

aisteoireacht a úsáid le fadhb a thuiscint seachas a mhíniú cad a dhéanfaidís i gcás áirithe

- is féidir leis a bheith gníomhach agus taitneamhach mar bhealach foghlama.

Nuair a bhíonn imirt ról á húsáid ón gClár Misneach, d'fhéadfadh an creat seo a leanas a bheith áisiúil:

1. Tabhair faisnéis do na rannpháirtithe

Bíonn gníomhaíocht shocrachta de chineál éagsúil úsáideach chun an meon ceart a leagan síos. Inis do na rannpháirtithe cad a tharlóidh, oibrigh amach cosaintí (bunrialacha), cinntigh cé a ghlacfaidh páirt agus conas, léirigh go soiléir nach bhfuil aon 'bhealach ceart' ann, agus tabhair cead fanacht amach.

2. Reáchtáil an imirt ról

Déantar ról a dháileadh, meabhraítear na bunrialacha, tugtar forléargas ar ról na mbreathnóirí nó an lucht éisteachta, tugtar amach feistis agus cártaí ról más gá. Mura bhfuil mórán taithí ag daltaí ar imirt ról bheadh sé úsáideach é a thabhairt isteach de réir a chéile, ag tosú mar shampla le mím de dhreacha cinn, ansin le gothaí, ag dul ar aghaidh go lánghluaiseacht colainne agus ansin ag glacadh le ról.

3. Cuir stop leis an imirt ról

B'fhéidir nach gá dul ar aghaidh go deireadh an imirt ról. Féadfaidh an múinteoir nó na rannpháirtithe stop a chur leis an imirt ról. Tá sé úsáideach aontú faoi chomhartha soiléir le stop a chur leis roimh ré.

4. Na himreoirí a bhaint as a ról

Is ceart dó seo tarlú sula dtosaítear an chéim phróiseála nó plé. D'fhéadfaí é a dhéanamh trí imreoirí a bhogadh timpeall, a cheadú dóibh a bheith 'i láthair' trína bhfíor-fhéin a chur i láthair an ghrúpa (..... is ainm dom agus tá cónaí orm i, nó Is mise..... agus níl mé cosúil le, mar.....) nó trí shuaitheantas nó comhartha fisiceach dá ról a bhaint anuas.

5. Próiseas

Is féidir plé a dhéanamh tar éis an imirt ról:

- Cad a tharla?
- Conas a mhothaigh tú?
- Cad a d'fhéadfadh tarlú?

Is cuid an-tábhachtach den imirt ról é an próiseas nó an plé. Is lena linn is féidir eispéiris, feasacht agus foghlaim na bpáistí a fháil amach agus a threisiú. D'fhéadfadh imirt ról malartach eascairt as an phróiseáil seo. D'fhéadfaí a iarraidh ar bhreathnóirí aiseolas a thabhairt ag úsáid bunrialacha atá socraithe roimh ré le himreoirí a chosaint, mar shampla, gan an duine a ionannú lena ról.

Ní mór a mheabharrú go bhféadfadh imní a bheith ar rannpháirtithe nach bhfuil taithí acu cheana féin ar imirt ról faoi a bheith rannpháirteach. Moltar tabhairt faoin imirt ról a chur i láthair na bpáistí de réir a chéile (féach 2 thuas), agus iad a spreagadh chun rannpháirtíochta seachas iachall a chur orthu.

Ní ceart cumhacht imirt ról a mheas faoina luach, agus chabhródh sé le múinteoirí an imirtí ról atá sna hábhair seomra ranga a leanúint sula dtosaíonn siad ar chur chuige trialach nó tubchumadóireachta a ghlacadh.

I measc modhanna drámata eile a úsáidtear sa Chlár Misneach tá 'múinteoir i ról' agus 'lána coinsiasa'

Drámaíocht - Múinteoir i Ról

Is féidir leis an múinteoir, mar cheannaire, mar shaineolaí nó mar bhall den ghrúpa, an imirt ról nó an dráma a threorú laistigh den dráma. Is féidir frapa simplí (hata áirithe mar shampla) a úsáid mar thaca do ról, agus tugann sé deis don mhúinteoir páirt dhearfach a ghlacadh san imirt ról nó sa dráma. Is féidir leis an múinteoir atá i ról ceisteanna soiléirithe a chur leis an dráma nó an imirt ról a threorú má bhíonn na páistí i sáinn. Tá sé tábhachtach a mheabharrú gurb iad na páistí a dhéanann an cinneadh deiridh faoin treo a rachaidh an imirt ról nó an dráma. Tá sampla d'úsáid 'múinteoir i ról' ar fáil i Rang 6, Aonad 6 Ceacht 5.

Drámaíocht

Lána Coinsiasa nó Tollán Smaointe

Is modh úsáideach é seo nuair a thagann aincheist mhorálta chun cinn, nó nuair a bhíonn tuairimí ag teacht salach ar a chéile maidir le cad is ceart do charachtar nó do pháiste áirithe a dhéanamh i ndráma nó i gcás fíorshaoil. Déantar dhá líne de pháistí a ghlacann tuairimí malartacha faoi aincheist áirithe nó faoi rogha atá le déanamh. Roghnaíonn páiste amháin páirt an charachtair leis an aincheist agus siúlann sé/sí síos an tollán atá déanta leis an dá líne, le páistí ar an dá thaobh ag iarraidh dul i gcion ar chinneadh an charachtair trí chúiseanna a thabhairt dóibh an rogha áirithe sin a dhéanamh. Féadfaidh an carachtar cinneadh a dhéanamh faoi rogha áirithe bunaithe ar a bhfuil cloiste acu sa tollán. Tá sampla den mhodh seo sna hábhair Misneach i Rang 6 (Aonad 9 Ceacht 4), agus féadfaidh múinteoirí é a léamh má theastaíonn uathu an modh seo a úsáid i gceachtanna eile.

Ionsamhluithe

Deirtear go bhfuil ionsamhluithe cosúil le 'turaí samhlaíochta' lenar féidir imeachtaí san aimsir chaite, san aimsir fháistineach nó sa tsamhlaíocht a mheabhú nó a chruthú. Tugtar ionsamhluithe teoraithe áirithe in Ábhair Misneach ina dtugann an múinteoir cuireadh do na páistí dul ar thuras samhlaíoch ag úsáid script ullmhaithe (féach mar shampla Rang 4, Aonad 7, Ceacht 3).

Is féidir ionsamhlú a úsáid mar straitéis múinteoireachta le:

- eagla nó imní a fhiosrú ar bhealach neamhbhagarthach
- fíis a chruthú de na nithe is mian linn a bhaint amach ionas gur féidir linn díriú níos mó ar spriocanna
- ullmhú do tharlúintí a chuirfeadh stró orainn nó a bheadh dúshlánach trí samhlú roimh ré go mbeadh rath orainn
- féinfheasacht a mhéadú agus féinmheas a choinneáil trí na rudaí a d'éirigh linn a dhéanamh cheana a

ionsamhlú

- seisiún a oscailt nó a dhúnadh trí mhothúchán suaimhnis agus scíth a chruthú

Ní mór ionsamhlú a dhéanamh i dtimpeallacht shuaimhneach gan chur isteach, rud nach féidir a bhaint amach go héasca i seomraí ranga. Ní mór don mhúinteoir a bheith i dtaithe ar an script agus í a chur i láthair de ghuth soiléir, socair nuair atá ionsamhlú teoraithe á dhéanamh. Nuair atá cleachtadh ionsamhlaithe á dhúnadh, tabhair am do na páistí 'filleadh' go dtí an aimsir láithreach go réidh. Is maith an rud uaireanta comhaireamh óna cúig go dtí a haon le cur in iúl go bhfuil an t-ionsamhlú ag teacht chun deiridh, agus le seans a thabhairt do na páistí teagmháil súl a dhéanamh roimh dhul ar aghaidh.

Obair Ghrúpa

Oibríonn páistí i bpéirí nó i ngrúpaí i mórán de cheachtanna an Chláir Misneach. Tugann sé sin deis dóibh a bheith lánpháirteach, agus scileanna áirithe ar nós comhoibriú, cathaoirleacht, glacadh nótaí, coinneáil ama agus tuairisceoireacht a chothú.

Is féidir obair ghrúpa a úsáid mar seo a leanas:

- comhroinnt chruthaitheach agus smaointe a ghiniúint
- scileanna áirithe ar nós comhoibriú, comhiarrachtaí agus scileanna cumarsáide a chothú
- gníomhaíochtaí ar leith atá oiriúnach don obair ghrúpa

Is féidir le hobair ghrúpa a bheith struchtúrtha nó gan struchtúr. Is féidir grúpaí a chruthú go fánach, a bheith féinroghnach nó roghnaithe ag an múinteoir. Le scileanna sóisialta (agus éagsúlacht) a fhorbairt moltar go ndéantar ballraíocht ghrúpaí a athrú ó am go ham. Bíonn sé úsáideach go minic obair i bpéirí, agus na péirí a chur le chéile le ceathair a dhéanamh, agus mar sin de. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach bunrialacha a oibriú amach roimh ré. Is ceart do thascanna a bheith

soiléir, sainmhínte go maith, agus teorainn ama a bheith leo nuair is cuí. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach ról ar leith a bheith ann do thasc grúpa, tuairisceoir mar shampla. Bíonn sé úsáideach uaireanta toradh an phlé a thairbhí. Tá bealaí iomadúla sna hábhair ranga le hobair ghrúpa a stiúradh le páistí. Tugtar samhla d'úsáid obair ghrúpa i rang sinsearach sa DVD *What is a Drug?* a thiomsaigh an tSeirbhís Tacaíochta Misneach, agus bheadh smaointe ann do mhúinteoirí ar mhian leo an cur chuige seo a úsáid ina gcuid teagaisc.

Naisc Tras-churaclaim

Mar atá le feiceáil sa liosta de mhodhanna gníomhacha foghlama, is féidir an Clár Misneach a chomhtháthú le réimsí eile den churaclaim. Léiríonn an imirt ról agus na gníomhaíochtaí míme na naisc le curaclaim ealaíne ar nós na drámaíochta. Bíonn plé, am ciorcail agus obair ghrúpa úsáideach i bhforbairt teanga, agus tá nasc idir úsáid chluichí agus an curaclaim corpoideachais. Tugtar sonraí faoi naisc tras-churaclaim i ngach ceacht. Tá naisc idir gach ceacht agus an Curaclam Gaeilge, le béim ar chion tairbhe an Chláir Misneach i leith scileanna cainte agus litearthachta.

Measúnú

Dar le Treoirínte OSPS don Mhúinteoir (1999:27) deirtear go bhfuil an measúnú 'chomh riachtanach don OSPS is atá sé d'ábhar ar bith eile'. Is féidir le measúnú a bheith foirmitheach nó suimitheach. Bíonn measúnú foirmitheach, le trialacha nó breathnóireacht, úsáideach nuair atáthar ag iarraidh cláir ar nós Misneach a oiriú do riachtanais aonair agus ghrúpa.

Tugann measúnú suimitheach deis do mhúinteoirí measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha ag páiste nó paistí tar éis ceacht nó aonad áirithe, nó tar éis obair na bliana.

In athbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar fheidhmiú Churaclam OSPS ag an CNCM (2008) agus ag an gCigireacht (2009), léiríodh go raibh drogall ar mhúinteoirí

measúnú a dhéanamh sa réimse seo mar gheall ar nádúr íogair chuid den ábhar agus an tuairim gur gá dearcadh fadtéarmach a ghlacadh faoi na tairbhí atá le baint as. I dTuarascáil na Cigireachta (2009:65) aithníodh ceistiúchán agus breathnóireacht na múinteoirí mar phríomhstraitéisí measúnaithe, agus moladh go ndéanadh múinteoirí taifeadadh córasach ar a gcuid torthaí ag díriú ar 'ghnéithe den chlár OSPS ar féidir iad a mheas go réadúil le linn am an dalta ar scoil'.

Le haird air seo, moltar sa Chlár Misneach go ndíreodh na múinteoirí ar na scileanna, ar na dearcthaí agus ar an eolas atá ar fáil sna hábhair ag gach leibhéal ranga. Is féidir cur chuige measúnaithe de chineálacha áirithe a úsáid, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- breathnóireacht an mhúinteora
- tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir
- tionscadail agus fillteáin
- aiseolas ó thuismitheoirí

Is dócha gurb í breathnóireacht an mhúinteora an bealach is éifeachtaí le dearcthaí agus forbairt scileanna a mheas. Bíonn breathnóireacht á déanamh i gcónaí ag múinteoirí ar dhaltaí sa seomra ranga agus lasmuigh de. Is féidir é seo a dhéanamh go neamhfhoirmiúil, mar shampla nuair atá na páistí i mbun tasc ghrúpa, le leibhéal comhoibrithe agus rannpháirtíochta a mheas. D'fhéadfadh sé cabhrú chomh maith le deacrachtaí a bheadh ag páiste nó ag grúpa páistí le roinnt modhanna atá sna hábhair seomra ranga a aithint. Is féidir le sceideal simplí breathnóireachta cabhrú leis an bhbreathnóireacht a dhírú agus taifead scríofa de na príomhléargais a éascú. D'fhéadfaí na pointí seo a leanas a chur san áireamh sa bhreathnóireacht ar pháiste aonair:

- idirghabháil le páistí eile
- idirghabháil leis an tasc
- cumas fócais.

Bíonn taisc agus trialacha atá deartha ag an múinteoir úsáideach go háirithe le

heolas agus scileanna atá faighte ag na páistí i rith an Chláir a mheas. Tugtar samplaí de thráth na gceist san ábhar seomra ranga le heolas a mheas. Is féidir tasc ar leith (imirt róil mar shampla) a dhéanamh ó am go ham le scil ar nós treallús nó bainistiú coimhlinte a mheas.

Is féidir obair thionscadail, fillteáin OSPS nó cóipleabhair, agus taispeántais ranga, a úsáid le cur le breathnóireacht an mhúinteora agus na teisteanna agus na tasc atá luaithe thuas. Is féidir le fillteán nó cóipleabhar ar leith d'obair na bpáistí a bheith an-úsáideach le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha ar bhonn leanúnach. Tugann sé seo freisin taifead den dul chun cinn, scríofa i lámh an pháiste féin, a bheadh úsáideach d'fhéinmheasúnú an pháiste féin agus don chaidreamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí, nó le lucht gairme eile más gá.

Tagann aiseolas neamhfhoirmiúil ó tuismitheoirí agus caomhnóirí i mórán scoileanna, go háirithe le páistí níos óige a mbíonn a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí sa scoil níos minice ná nuair a bhíonn na páistí níos sine. D'fhéadfadh cruinnithe tuismitheoirí le múinteoirí aiseolas níos struchtúrtha a éascú ó tuismitheoirí, agus d'fhéadfadh múinteoirí é seo a úsáid leis an Chlár a oiriúnú do riachtanais aonair. Is mór an chabhair í má thuigeann tuismitheoirí agus caomhnóirí aidhmeanna an Chláir ionas gur féidir leo a aithint cá bhfuil láidreachtaí a bpáiste, agus má bhíonn gá le heispéiris agus foghlaim bhreise.

Ar deireadh thiar, moltar i dTreoirlínte OSPS do Mhúinteoirí (1999) go spreagtar páistí le féinmheasúnú a dhéanamh. Ní tharlóidh sé seo ach má bhíonn na páistí eolach ar aidhmeanna agus spriocanna na gceachtanna agus na scéimeanna oibre. Is féidir le páistí sásamh a bhaint as féinmheasúnú, agus is féidir leis freagracht, inspreagadh agus neamhspleáchas a chothú.

Cur Chuige i Leith Mí-úsáid Substaintí a Chosc

Cé gur iomaí fadhb atá ann le drugaí,

agus gur féidir iad a nascadh le tosca éagsúla (lena n-áirítear díothacht agus caidrimh laistigh den teaghlach, i measc rudaí eile), cuirtear an bhéim i mbunscoileanna ar oideachas a chur ar dhaoine óga faoin mbaol a ghabhann le drugaí níos coitianta a mhí-úsáid, go háirithe alcól agus nicitín. De ghnáth is iad seo na chéad drugaí a mbaineann páistí triail astu.

Tá siad ar fáil go réidh agus á n-úsáid i mórán tithe agus pobal, agus bíonn úsáid luath uaireanta mar thuar ar úsáid fhadhbach níos déanaí, cé nach bhfuil sé seo dosheachanta.

Úsáidtear cur chuige de chineálacha éagsúla san oideachas le mí-úsáid substaintí a chosc. Tá siad seo rangaithe mar a leanas ag Morgan (2001):

- eolas agus faisnéis
- teachtaireachtaí eaghlacha
- féinmheas ginearáta agus soiléiriú luachanna
- tionchair shóisialta.

In athbhreithniú leathan ar chineálacha cur chuige ar mhaithe le mí-úsáid substaintí a chosc, deir Morgan (2001: 65) gur ceart go mbeadh 'leanúnachas sna cineálacha cur chuige le béim ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta, scileanna sóisialta agus cinnteoireacht', agus gur ceart na cineálacha cur chuige seo a sheachadadh i gcomhthéacs foghlama gníomhaí na rannpháirithe. Luaitear go sonrach nach bhfuil sé cuí teachtaireachtaí eaghlacha a úsáid. Treisítear é seo i gCiorclán ROE 0022/2010, mar a deirtear 'nach bhfuil faisnéis a spreagann eagla agus a dhéanann áibhéal faoi iarmhairtí diúltacha, cuí agus go bhfuil siad fritorthúil'.

Luann an Ciorclán 'idirghabhálacha gáifeacha', 'ráitis fhianaise' agus 'normalú ar iompar contúirteach daoine óga' mar chineálacha cur chuige nach gcabhraíonn. Cuirtear béim chomh maith ar idirghabhálacha aois-oiriúnacha, agus ar easpa éifeachta 'indirghabhálacha aon-uaire/gearrthéarmacha'. Is é an rud

is spéisiúla in Morgan (2001) agus Ciorclán ROE 0022/2010 ná an bhéim a chuirtear ar ról an mhúinteoir ranga i gcláir le mí-úsáid substaintí a chosc.

Conas mar sin, atá an Clár Misneach oiriúnach i gcomhthéacs na gcineálacha cur chuige seo? Cuirtear scileanna, eolas, luachanna agus dearcthaí le chéile sa Chlár i dtaca d'ábhair aois-oiriúnacha, fhorbarthacha atá idir phraiticiúil agus chuimsitheach. Mar a luadh níos luaithe, déantar an t-ábhar a sheachadadh trí straitéisí éagsúla gníomhacha foghlama, a éascaíonn rannpháirtíocht agus taitneamh na ndaltaí. Tugtar pleananna miondealaithe ceachtanna mar thacaíocht don mhúinteoir ranga an Clár a sheachadadh. Clúdaíonn an Clár gach gné den churaclam OSPS anois, rud a dhéanann gurb é an clár is cuimsithí atá ar fáil do scoileanna faoi láthair.

Ach cé go bhfuil an cur chuige atá imlínithe i Misneach ag teacht leis an gcleachtas is fearr, ní chinntíonn sé seo go mbeidh rath air i suíomh na scoile. Luaigh Morgan (2001) cúiseanna éagsúla a dteipeann ar chláir chosc mí-úsáid drugaí.

Ina measc ní mór do na scoileanna aird a thabhairt ar fheidmiú gan éifeacht (ar nós neamhchomhleanúnas idir leibhéil), ionchais neamhréadúla, agus tosca timpeallachta agus cultúrtha. Ní dhéanfaidh clár aon mhaith do pháistí má fhágtar ar an seif é, nó mura gcuirtear i bhfeidhm ach ó am go ham é, ní dhéanfar forbairt ar scileanna, luachanna ná dearcthaí a chabhródh leis na paistí i gcoinne deacrachtaí aonair, diúltachas sa timpeallacht, nó cultúr páistí eile. Chomh maith leis sin, cé go bhfuil sé inmhiannaithe a bheith ag súil le timpeallacht atá saor ó dhruagaí, chabhródh sé níos mó moill a chur leis an aois a dtosaíonn páistí ag baint triail astu, go háirithe alcól agus nicitín. Is aidhm phríomha í seo den oideachas i leith mí-úsáid substaintí a chosc agus an chlár Misneach.

I gcomhar leis an Chlár, beidh foilsiúcháin éagsúla ón ROE agus Misneach ann le cabhrú le scoileanna agus múinteoirí an Clár a chur i bhfeidhm. Tá leabhair ann ar nós:

- **Understanding Substances and Substance Use: A Handbook for Teachers** ina bhfuil sonraí ar fáil faoi dhruagaí agus saincheisteanna a bhaineann leo
- **Best Practice Guidelines in Substance Misuse Prevention Education** mar a bhfuil faisnéis do Bhoird Bhainistíochta, príomhoidí scoile agus múinteoirí faoin gcleachtas is fearr maidir le hoideachas i dtaobh mí-úsáid substaintí a chosc a thabhairt i mbunscoileanna, agus i dtaobh saincheisteanna gaolmhara.

Tá fócas fós ar mhí-úsáid substaintí a chosc sa chlár Misneach, ach is acmhainn chuimsitheach OSPS í anois, agus táthar ag súil gurb é seo an clár a roghnófar i mórán de bhunscoileanna na hÉireann.

Conclúid

Aithnítear tábhacht na scoileanna ó thaobh scileanna, luachanna agus dearcthaí mar atá imlínithe sa churaclam OSPS a éascú do pháistí, agus cláir scoilbhunaithe ar nós Misneach á bhforbairt. Táthar ag súil go mbeidh glacadh dearfach leis an eagrán nua seo de Misneach agus go gcuirfear i bhfeidhm é i mbunscoileanna agus go gcuirfidh sé ar chumas daoine óga roghanna dearfacha stíl bheatha a dhéanamh le bheith ina saoránaigh sláintiúla gníomhacha san 21ú haois.



TAGAIRTÍ

Treoirínte deachleachtais le cosc a chur ar mhíúsáid substaintí -Oideachas'

Brand, K. (2009). *'Keeping a watchful eye': the role of perceived parental monitoring in adolescent substance use.* (Tráchtas neamhfhoilsithe MA) Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Child Abuse Prevention Programme. (1998). *Clár Bí Sábháilte. Baile Átha Cliath: C.A.P.P.*

Obair Chiorcail Seirbhís Tacaíochta Misneach (in SFGM anois)

An Coiste Curaclaim um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (1999). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Curaclam Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.*

An Coiste Curaclaim um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (1999). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Treoirínte do Mhúinteoirí Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.*

An Roinn Oideachais (1998). *Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais*

Ciorcláin, An Roinn Oideachais agus Scileanna www.education.ie/en/Circulars-and-Forms

Hibell, B., Guttormsson, U., Ahlström, S., Balakireva, O., Bjarnason, T., Kokkevi, A., Kraus, L. (2012). *Tuarascáil ESPAD 2011* www.espad.org/Uploads/

Staidéir Measúnachta na Cigireachta (2009). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sa bhunscoil. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta* www.education.ie/en/Publications/

An Chéad Tuarascáil ó Thascfhórsa an Aire ar Bhearta le hÉileamh ar Dhrugaí a Laghdú (1996). Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath www.drugsandalcohol.ie/5058/1/309-3090251.pdf

Morgan, M. (2001). *Drug use prevention: An overview of research. An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí.*

Mosley, J. (1996) *Quality circle time in the primary classroom: Your essential guide to enhancing self-esteem, self-discipline and positive relationships. Wisbech, Cambridgeshire: LDA*

Mosley, J. (1998). *More quality circle time. Wisbech, Cambridgeshire: LDA*

An Chomhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (2008). *Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile: Céim a dó. Éire: NCCA*

<http://www.ncca.ie/en/Publications/>

Kelly, Gavin, Molcho and Nic Gabhainn, S. (2012). *The Irish Health Behaviour in School-aged Children (HBSC) Study 2010. NUIG and Department of Health* www.nuigalway.ie/hbsc/

Prendiville, P. (2008). *Developing facilitation skills: A handbook for group facilitators. Combat Poverty Agency.* www.combatpoverty.ie/publications/

TAGAIRTÍ

Reaper-Reynolds, S., Williams, J., Wolfe, E., Keane, R. (2005). Understanding substances and substance use: A handbook for teachers. Bord Sláinte an Iardheiscirt. Ar fáil ag: www.drugsandalcohol.ie/

Scott, C. (2010). The Enduring Appeal of Learning Styles. *In Australian Journal of Education, April 2010, Vol. 54, Issue 1.*

Vygotsky, L. (1962). *Thought and language* (E. Hanfmann & G. Vakar, Trans.). Massachusetts: The MIT Press. (Foilsíodh an bunsaothar 1934).

What is a Drug? (DVD). Seirbhís Tacaíochta Misneach (in SFGM anois).



LITIR SHAMPLACH TUISMITHEORA

Dáta _____

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir,

Táimid ag tosú ar chlár ar a dtugtar **Misneach** ar feadh roinnt seachtainí le teacht. Is cuid de churaclam Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte (OSPS) an clár seo. Tabharfaidh sé tacaíocht do mhúinteoirí chun eolas agus scileanna pearsanta, móthúchána, sóisialta agus sláinte páistí a fhorbairt. Ceann de phríomhaidhmeanna an chlár áirithe seo is ea cosc a chur le mí-úsáid substaintí (drugaí, idir dhleathach agus mhídhleathach). Tá sé mar aidhm aige freisin muinín iontu féin a thabhairt do pháistí agus an t-eolas agus na scileanna chun roghanna sláintiúla a dhéanamh. Tá an bhéim ar chabhrú le páistí scileanna saoil a fhorbairt a fhreastalóidh go maith orthu thar am.

Is iad na téamaí a chlúdaítear ag an leibhéal seo ná:

- Féinaitheantas
- Ag Tabhairt Aire do Mo Chorp
- Ag Fás agus Ag Athrú
- Braistintí agus Mothúcháin
- Sábháilteacht agus Cosaint
- Ag Déanamh Cinntí
- Mé féin agus Daoine Eile
- Mo Chairde agus Daoine Eile
- Ag Déanamh Caidrimh Le Daoine Eile
- Ag Forbairt Saoránachta
- Na Meáin

De bhrí nach féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí a bheith le páistí an t-am go léir ní mór do pháistí éirí níos neamhspleáí agus na dúshláin ina saolta sa tsochaí nua-aimseartha a bhainistiú go háirithe de réir mar a fhásann siad suas. Ag deireadh an chlár tá dóchas againn go mbeidh páistí níos fearr ag plé le haon deachrachaí a mbeidh os a gcomhair amach anseo.

B'fhéidir go n-iarrfar ort páirt a ghlacadh i bhfoghlaim do pháiste de réir mar a théimid trí na gníomhaíochtaí éagsúla sa chlár mar shampla fótagraif, eolas nó ábhair a chur ar fáil d'obair ealaíne. B'fhéidir gur mhian leat freisin ábhar ceachtanna ar leith sa chlár a phlé le do pháiste ó am go ham. Cuirfidh suim, tacaíocht, comhoibriú agus rannpháirtíocht uait i bhfoghlaim agus forbairt do linbh le haidhmeanna an chlár a bhaint amach.

Tá cóip den ábhar atá á úsáid ar fáil le breathnú air más mian leat. Má tá aon cheisteanna agat tá fáilte romhat iad a phlé liom.
Go raibh maith agat as do chomhoibriú.

An Múinteoir Ranga

NEARTÚ GRÚPA

(Conradh Seomra Ranga)

MISNEACH



CLÁR

NEARTÚ GRÚPA

(Conradh Seomra Ranga)

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a bhíonn baint ag páistí i gconradh seomra ranga a chumadh múintear ceachtanna luachmhara dóibh faoi dhaonlathas agus tiomantas.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: **Sábháilteacht agus cosaint**
Sábháilteacht phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóir Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar na rialacha agus rialacháin ar scoil, sa bhaile agus sa tsochaí agus an tábhacht a bhaineann le cloí leo

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: **Mo chairde agus daoine eile**

Cuspóir Ábhair

An tábhacht a bhaineann le cúram agus tuiscint, cúirtéis agus béasa le daoine eile a chleachtadh agus a aithint

Snáithaonad: **Caidrimh le daoine eile**
Cumarsáid

Cuspóir Ábhair

Éisteacht go gníomhach le daoine eile agus meas a bheith ar a bhfuil le rá ag gach duine

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: **Saoránacht a Fhorbairt**
Maireachtáil sa phobal áitiúil

CUSPÓIRÍ ÁBHAIR

Coincheap an ranga nó scoile mar phobal a iniúchadh.

Bealaí a chleachtadh chun oibriú le chéile agus muintearas a fhorbairt.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: **Labhairt**

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ba chóir don chonradh nó comhaontú ranga teacht le Cód Iompair/Smachta na scoile agus ag an am céanna riachtanais speisialta an ranga a chuimsiú.

NEARTÚ GRÚPA

(Conradh Seomra Ranga)

ACMHAINNÍ

- Leagnacha do pháistí de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (i Lift Off and Me, You, Everyone ar fáil le híoslódáil ó www.amnesty.ie) nó ó UNICEF ag <http://www.unicef.org/rightsite/filesuncrcchilldfriendlylanguage.pdf>
- Cóip de Chód Iompair na scoile
- Siosúr ag gach grúpa chun stiallacha de pháipéar smeach-chairte a ghearradh
- Greamáin, má tá an modh vótála le poncanna á úsáid chun rialacha a roghnú

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá (Roghanna 1 agus 2)
- Obair Chiorcail
- Modh Carnach
- Plé
- Taispeántas
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Rogha 1 (má tá cleachtadh ag na páistí ar chonarthaí nó comhaontais a chur le chéile).

Má tá an ceacht Neartú Grúpa (Conradh Seomra Ranga) críochnaithe i Rang a Cúig den chlár Misneach fiafraigh díobh cad is cuimhin leo faoi conas a chuir siad na rialacha seomra ranga le chéile nó déan tagairt d'aon chomhaontú eile atá déanta ag na páistí cheana. D'fhéadfadh na páistí an comhaontú roimhe seo a phlé maidir le chomh héifeachtach is a bhí sé agus na laigí a bhí ann, agus mar aidhm acu ceann níos fearr fós a chruthú i mbliana:

- *Ar oibrigh rialacha na bliana seo caite?*
- *Más ea, conas? Murar oibrigh, cad ba chúis leis sin?*
- *An féidir linn smaoineamh ar aon athruithe le feabhas a chur ar na rialacha?*
- *Cén rialacha a bhí tábhachtach/úsáideach/éifeachtach ach go háirithe?*
- *An gá dúinn aon rialacha eile atá ábhartha do Rang 6 ach go háirithe a chur san áireamh?*
- *An bhfuil rialacha ann gur cheart/gur féidir linn a bhaint amach?*
- *An bhfuil gá foclaíocht úr a chur ar chuid de na rialacha?*

Réamhrá

Rogha 2 (mura bhfuil cleachtadh a dhóthain ag an rang a gcuid conarthaí nó comhaontaithe féin a scríobh) Míneigh do na páistí go bhfuil cruthú conradh ranga i gceist san obair a bheidh idir lámha acu. Míneigh, go n-oibríonn ranganna níos fearr le chéile, sa chaoi chéanna le foirne rathúla, nuair a bhíonn comhaontú i bhfeidhm faoi rialacha bunúsacha. Iarr ar na páistí roinnt buntáistí a d'fhéadfadh a bheith le conradh ranga

a mholadh, á spreagadh le smaoineamh ar chuid de na gnéithe a theastaíonn le go bhfeidhmeodh foirne peile nó damhsa go maith lena chéile. Is féidir tagairt a dhéanamh don mhéid seo a leanas mura luann na páistí iad:

- captaen nó ceannaire maith
- caidreamh maith oibre
- tiomantas d'oibriú nó cleachtadh le chéile.

Cuir i gcuimhne do na páistí go scoiltear roinnt grúpaí nuair a labhraíonn baill éagsúla an ghrúpa go diúltach nó nuair a cháineann siad baill eile nó nuair nach n-éisteann siad le hábhair imní nó fadhbanna a chéile (mar shampla, popghrúpaí) agus go bhfuil sé riachtanach do gach duine a bheith sábháilte le tuairimí agus smaointe a chur in iúl agus fios a bheith acu go dtabharfar éisteacht dóibh.

Taispeáin [póstaer UNCRC](#) (leagan do pháistí) don rang, agus mura bhfuil cur amach ag na páistí air, míneigh conas a cuireadh le chéile é. Iarr orthu é a léamh go cúramach agus tabhair cuireadh do na páistí ceisteanna a chur faoi.

Obair Chiorcail

Go hidéalach ba chóir do na páistí a bheith ina suí i gcorcail don obair seo. Pléigh a bhfuil léite ag na páistí sa UNCRC (leagan do pháistí) agus a gcuid freagairtí dó:

- *An bhfuil aon rud gur mhaith libh ceist a chur faoi?*
- *Cad is maith libh san UNCRC?*
- *An bhfuil aon rud ann a chuireann ionadh oraibh?*
- *Cad é an rud is tábhachtaí ann in bhur dtuairim?*
- *An mbeadh sé sin amhlaidh do pháistí i dtíortha eile, an dóigh libh?*

NÓS IMEACHTA SONRACH

- *Conas a d'fhéadfadh sé sin cabhrú linn ár gcomhaontú nó cód ranga féin a chur le chéile?*

Modh Carnach

Iarr ar na páistí, i bpéirí, smaoineamh ar chúig mholadh don chonradh seomra ranga agus cóip chomhaontaithe díobh sin a scríobh ina gcóipleabhar OSPS nó ar leathanach. Téann gach péire le péire eile ansin agus pléann siad a bhfuil scríofa acu. Ceapann an grúpa taifeadóir agus tuairisceoir agus scríobhtar síos cúig mholadh a bhfuil aontú orthu sa ghrúpa. Ba chóir gach moladh a thairfeadh ar leathanach A4 agus a bheith inléite ag grúpa mór (agus ón gclár bán). Ba chóir dá gcuid moltaí a bheith simplí agus soiléir, agus cabhrú le gach duine a bheith compordach faoina gcuid tuairimí féin a chur in iúl agus faoi éisteacht go cúramach le tuairimí daoine eile.

Nuair atá na cúig mholadh nó tuairimí scríofa ag gach grúpa, iarr orthu dul isteach i ngrúpa in aice leo chun a gcuid moltaí a roinnt.

Ba chóir do na grúpaí ord a chur ar a gcuid leathanach de réir tuairimí atá cosúil nó bainteach lena chéile agus ba chóir míniú a thabhairt má iarrtar é ó bhaill an ghrúpa. Ansin ní mór dóibh teacht ar na cúig mholadh is fearr – b'fhéidir go mbeidh orthu dul i mbun díospóireachta nó argóna faoi bhuntaistí moltaí áirithe.

Tar éis 10-15 nóiméad, iarr ar an tuairisceoir i ngach grúpa cúig riail chomhaontaithe an ghrúpa a léamh amach agus iad sin a ghreamú ar an gclár bán. Tabhair cuireadh do ghrúpaí eile ceisteanna a chur ar ghrúpaí eile más maith leo. Mar rang iomlán, déan na cúig mholadh deireannacha gur chóir a chur san áireamh sa chonradh ranga a

chomhaontú. Ba chóir é sin a dhéanamh trí vóta rúnda, agus gach páiste ag léiriú a rogha ar na cúig cinn is fearr ar an leathanach. D'fhéadfadh grúpa beag páistí iad a ríomh ansin agus toradh an vóta a thabhairt.

Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh páistí a roghanna a léiriú trí tic a chur in aice le riail a cheapann siad atá tábhachtach. Ansin déanann na páistí na ticeanna a chomhaireamh agus na rialacha a mbíonn an líon is mó ticeanna acu, cuirtear sa chonradh ranga iad.

Ba chóir béim a leagan ar an bpointe gurb iad na páistí féin a roghnaigh na rialacha agus go bhfuil sé tábhachtach do gach duine glacadh leo.

Plé

D'fhéadfá tús a chur le plé ar an gcaoi a d'fhéadfaí déileáil le sárúithe:

- *An ngearrfar pionós ar shárú cód an tseomra ranga agus más ea, cé a dhéanfaidh é?*
- *An féidir linn liosta pionós a chomhaontú anois atá cothrom agus réasúnta?*
- *Conas a d'fhéadfadh nó ba chóir do mhúinteoir a chur in iúl do pháiste go ngearrfar pionós orthu má leanann siad ar aghaidh leis an iompar sin?*
- *Ar chóir go mbeadh na pionóis chéanna ag na rialacha go léir nó an bhfuil cuid acu níos tábhachtaí (m.sh. bainteach le sábháilteacht) gur chóir go mbeadh pionóis difriúla acu?*
- *Cad a tharlaíonn má bhíonn duine de shíor ag sarú na rialacha?*

D'fhéadfaí déileáil le pionóis trí bheartas scoile (Cód Iompair/Smachta) agus ba chóir go mbeadh na páistí ar an eolas faoina bhfuil i mbeartas na scoile.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Agus iad ag obair laistigh de chomhthéacs Chód Iompair/Smachta na scoile d'fhéadfadh na páistí teacht aníos le hiarmhairtí cuí ar aon sárúithe ar ar comhaontaíodh agus ba chóir na hiarmhairtí sin a léiriú in éineacht leis na rialacha sa chonradh nó sa chomhaontú. Ba chóir do bhaill an ranga agus don mhúinteoir cóip den chonradh a shíniú.

Taispeáint

D'fhéadfaí an conradh iomlán (comhaontuithe agus pionóis) a chur ar taispeáint in áit inar féidir le tuismitheoirí agus cúramóirí é a léamh agus tacú leis. Ba chóir é a chur ar taispeáint freisin in áit fheiceálach sa seomra ranga agus tagairt a dhéanamh dó ó am go ham, nó de réir mar is gá.

Conclúid

Déan measúnú rialta ar mar atá ag éirí leis an gconradh leis na páistí, b'fhéidir uair sa mhí. Tá sé seo rí-thábhachtach sna míonna luatha den chonradh, nó nuair a thagann dalta nua isteach sa rang. Ba chóir an rang go léir a spreagadh chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh go rialta ar na luachanna nó ráitis nó comhaontais agus a sheiceáil go bhfuil gach duine sásta leo. Más gá, bíodh plé ranga ann chun moltaí a fhail le feabhas a chur ar chúrsaí.

Síneadh

Cabhraíonn an cur chuige comhoibríoch leis an gconradh a chur le chéile le tiomantas a fheabhsú agus is nós imeachta daonlathach é do chinnteoireacht. D'fhéadfaí an nós imeachta a úsáid i gcomhthéacs eile mar shampla i gcinnteoireacht ranga faoi thurais scoile, tiomsú airgid nó idirbheartaíochtaí maidir le himeachtaí nó turais aon-uaire.

Ceartha agus Freagrachtaí

D'fhéadfaí roinnt ama a chaitheamh ar obair chiorcail le freagrachtaí a phlé. Iarr ar na páistí smaoineamh ar a gcuid freagrachtaí sa bhaile, ar scoil agus sa phobal. Cuir béim ar an nasc riachtanach idir ceartha agus freagrachtaí - d'fhéadfaí gach riail seomra ranga sa chonradh a chur ar bhealach eile i dtéarmaí freagrachtaí. Mar shampla D'fhéadfaí an riail *Tá sé de cheart ag gach duine sa seomra seo mothú sábháilte* a scríobh anois mar: *Tá freagracht ar gach duine gan mothúcháin aon duine a ghoineadh nó gan aon duine sa seomra a mhaslú.*

D'fhéadfadh na páistí abairt a chríochnú: *Ceapaim gur duine freagrach é an duine a ...* Déan taifead agus sábháil a gcuid tuairimí ar an CBI/páipéar smeach-chairte chun **Banc Tuairimí Freagrachta** a chruthú a bhféadfaí tagairt a dhéanamh dóibh i gceachtanna ina dhiaidh sin. D'fhéadfaidís an ráiteas seo a leanas a chríochnú freisin: *Ceapaim go mbím freagrach nuair a ...*

AONAD 1 FÉINAITHEANTAS

MISNEACH

CLÁR

AONAD 1

FÉINAITHEANTAS

SNÁITHE MISE

Snáithaonaid: Féinaitheantas

Ag fás agus ag athrú

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

RÉAMHRÁ DON AONAD

Tá sé mar aidhm ag na ceachtanna san aonad seo cabhrú le páistí:

- aithne a chur orthu féin mar dhaoine aonair uathúla a bhfuil cumas agus aidhm chinnte acu
- feasacht ar a gcuid láidreachtaí agus laigí a fhorbairt
- fios a bheith acu conas a láidreachtaí a fhorbairt
- glacadh leo féin agus iad féin a bhainistiú ar gach leibhéal, go fisiciúil, go hintleachtúil, go mothúchánach
- a bheith oscailte d'éagsúlacht agus glacadh léi
- muinín a mhéadú agus a bheith in ann a gcuid tuairimí a chur in iúl
- a bheith fulaingeach agus oscailte do thuairimí agus luachanna difriúla.

Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tuiscint a bheith agat go bhféadfadh leibhéal éagsúla féinmheasa a bheith ag daltaí. D'fhéadfadh féinmheas íseal a bheith ag roinnt daltaí. D'fhéadfadh daltaí a bhfuil cuma orthu go bhfuil siad an-mhuiníneach bunfhadhbanna féinmhuiníne a bheith acu freisin. Tá sé mar aidhm ag na ceachtanna san aonad seo cabhrú le páistí meas a bheith acu orthu féin agus ar a gcuid comhscoláirí maidir lena gcuid cosúlachtaí agus difríochtaí go léir.

D'fhéadfadh cuid de na saincheisteanna a thagann aníos sna ceachtanna a bheith íogair do pháistí ar nós struchtúr a dteaghlach, a léirthuiscint fúthu féin, a gcuid laigí, a n-íomhá choirp, srl. Mar mhúinteoir ranga acu a bhfuil aithne mhaith agat ar an rang, is tusa is fearr a bheidh in ann a mheas conas agus cathain na ceachtanna san aonad seo a éascú le bheith ar leas na bpáistí go léir sa rang. D'fhéadfadh baint a bheith ag féinaitheantas agus féinmheas páistí áirithe le luachanna eile ar fad; mar sin beidh sé tábhachtach fulaingeacht agus glacadh le héagsúlacht a spreagadh le linn na hoibre san aonad seo. D'fhéadfadh an conradh nó comhaontas ranga a bheith cabhrach an méid seo a chur i gcumhne dóibh.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Uaillmhianach

Ceacht 2

Táimid go léir Uathúil

Ceacht 3

Machnamh ar mo chuid Taithí

Ceacht 4

A bhfuil Bainte Amach againn a Cheiliúradh

Ceacht 5

Díospóireachtaí Ranga nó Grúpa

Ceacht 6

Síorathrú idéal na hÁilleachta

Ceacht 7

An Foghlaimeoir Éifeachtach

CEAHT 1

UAILLMHIANACH

A hAON:1

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhrófar le páistí ionchais réalaíocha agus straitéisí inniúlacha a fhorbairt nuair a cheadaítear dóibh machnamh ar a gcuid foghlama agus a mbainfidh siad amach sa todhchaí.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaitheantas
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Aidhmeanna agus spriocanna pearsanta réalaíocha a aithint agus na straitéisí atá ag teastáil chun iad sin a bhaint amach.

Féinmhuinín a fhorbairt

Cuspóirí Ábhair

Scileanna a fheabhsú chun feabhas a chur ar fhoghlaim

Níos mó freagrachta pearsanta a ghlacadh dóibh féin

Snáithaonad: Ag Fás agus ag athrú
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóirí Ábhair

An cumas agus an misneach a fháil chun réimse mothúcháin a aithint, a phlé agus a iniúchadh go háirithe iad siúd atá deacair a chur in iúl

Conas mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo a phlé agus a chleachtadh ar bhealach cuí

Tuiscint ar an gcaoi ina gcabhraíonn mothúcháin le féintuiscint

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúcháin agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonaid: Ag tarraingt

Ag féachaint agus ag freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

D'fhéadfaí an ceacht seo a thosú i Meán Fómhair, b'fhéidir sa chéad seachtain, mar go bhféadfaí aithint a gcuid aidhmeanna agus spriocanna pearsanta cuidiú leo díriú ar cad atá le déanamh acu chun a spriocanna a bhaint amach.

ACMHAINNÍ

- Páipéar A3/A4 peann luaidhe/ péinteanna agus scuaba do gach páiste
- Bosca bróg nó a mhacasamhail do gach páiste lena dtosófar Boscaí Cuimhne aonair
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna

CEACHT 1

UAILLMHIANACH

A hAON:1

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Spriocanna a Leagan Síos
- Gníomhaíocht

Réamhrá

Ar Chlé agus Ar Dheis

Tabhair bileog páipéir do gach páiste agus iarr orthu an peann luaidhe nó an scuab a thógáil agus líne a tharraint nó a phéinteáil síos lár an pháipéir. Iarr orthu carachtar ó leabhar scéalaíochta nó cartún mór a tharraingt nó a phéinteáil ar an taobh chlé den bhileog ag tabhairt cúig nóiméad dóibh na mionsonraí agus an cúlra a líonadh isteach. Ansin iarr orthu an rud céanna a tharraingt nó a pheinteáil ar an taobh dheas den bhileog ag úsáid a lámhe eile i.e. a lámh neamhcheannasach. Do pháistí nach bhfuil comhdheasach, tá sé seo an-deacair a dhéanamh, agus b'fhéidir go mbeidh frustrachas agus díomá ar roinnt páistí ag iarraidh na pictiúir agus na líníochtaí a bheith mar an gcéanna. Nuair atá gach duine críochnaithe pléigh conas a bhraith siad le linn na gníomhaíochta seo:

- *Cad iad na mothúcháin a bhí agat le linn na gníomhaíochta ar fad?*
- *Conas a mhothaíonn tú faoi do phictiúr nó líníocht chríochnaithe?*
- *Féach ar an obair a rinne tú le do lámh scríbhneoireachta nó le do lámh níos láidre - conas a mhothaíonn tú nuair a dhéanann tú rud éigin go maith?*
- *Conas a mhothaíonn tú faoi do phictiúr nó líníocht a rinne tú le do lámh neamhcheannasach?*
- *An gá go mbeadh toradh maith ar gach rud i gcónaí? An bhfuil sé ceart go leor muna mbíonn toradh maith ar rudaí uaireanta?*
- *Conas a bhíonn tú nuair nach mbíonn an toradh ba mhaith leat ar rudaí?*

Spreag na páistí a thuiscint go mbíonn díomá orainn uaireanta le torthaí ár gcuid iarrachtaí nó braithimid nach bhfuilimid sásta linn féin. B'fhéidir go mbeidh orainn

machnamh simplí a dhéanamh an bhfuil na spriocanna atá leagtha síos againn dúinn féin insroichte nó más spriocanna neamhréalaíocha iad, cinneadh a dhéanamh an gá dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna de bharr na dtorthaí.

Spriocanna a Dhéanamh

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun smaoineamh ar an mbliain amach rompu agus rudaí a aithint gur mhaith leo a fhoghlaim agus a bhaint amach roimh dheireadh na scoilbhliana. Is féidir leo na hábhair agus na gníomhaíochtaí seach-churaclaim go léir atá acu i Rang a Sé a aithint agus a scríobh síos.

Iarr orthu cúpla nóiméad a thógáil chun smaoineamh ar cad iad na spriocanna foghlama atá acu do Rang a Sé.

Chun cabhrú leo díriú ar spriocanna d'fhéadfaí roinnt ráiteas oscailte a scríobh ar an gclár bán nó ar smeach-chairt:

- Trí rud ba mhaith go mór liom a fhoghlaim i mbliana ná...
- Trí rud gur gá dom mo dhícheall a dhéanamh chun iad a bhaint amach i mbliana ná..
- Roinnt rudaí a mbeidh gá agam le cabhair chun iad a bhaint amach i Rang a Sé ná...
- Ábhar imní/roinnt ábhar imní atá agam i mbliana ná...

Nuair atá na ráitis oscailte críochnaithe ag na páistí is féidir leo péireáil suas agus a spriocanna agus ábhair imní a roinnt. Ní gá do na páistí ábhair imní a roinnt mura mbíonn siad compordach é a dhéanamh.

Anois is féidir leis na páistí machnamh ar na straitéisí atá ag teastáil chun a gcuid spriocanna a bhaint amach. Is féidir leo a ráitis a chur i bhfocail eile agus iad a

NÓS IMEACHTA SONRACH

A hAON:1

scríobh ina gcóipleabhair nó fillteáin OSPS. Faoi na bunráitis is féidir an méid seo a leanas a scríobh:

- Conas a fhoghlaim mé na trí rud gur mhaith go mór liom a fhoghlaim i mbliana...
- Conas a dhéanfaidh mé mo dhícheall ag na trí rud atá roghnaithe agam i mbliana...
- Na rudaí a bheidh ag teastáil uaim chun cabhrú liom na rudaí a theastaíonn uaim a bhaint amach a bhaint amach i Rang a Sé...
- Conas a rachaidh mé i ngleic leis na hábhair imní atá agam faoin mbliain seo...

D'fhéadfadh sé a bheith mar chuid de shearmanas bhronnadh teastas nuair a bheidh siad ag bogadh ar aghaidh ó Rang a Sé. Beidh cuimhní dá mbliain dheiridh ar scoil m.sh. ticéid ó thurais bhus, grianghraif nó aon teastas a bronnadh orthu.

Is féidir leis na páistí na míreanna cuí dá **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú a choinnítear le húsáid i gceachtanna amach anseo san aonad seo.

Gníomhaíocht

Bosca Cuimhní

Déan an tuairim a phlé leis na páistí go mbeadh Bosca Cuimhní ag gach duine acu i Rang a Sé.

- *Ar mhaith an rud é go mbeadh Bosca Cuimhní acu i Rang a Sé? Cén fáth?*
- *Cad a chuirfeá isteach ann, an dóigh leat?*
- *Cén sprioc a bheadh ag Bosca Cuimhní?*
- *Cén luach a bheadh ar Bhosca Cuimhní?*
- *Conas a d'úsáidfimis é?*
- *Cá gcoinneois é?*

Iarr ar na páistí Bosca Cuimhní a fháil le húsáid i Rang a Sé. Ba chóir go mbeadh an bosca sin mór go leor chun grianghraif agus teastais nó rudaí eile a choiméad ann. Is féidir é a choinneáil sa bhaile ach tabharfar isteach ar scoil é ó am go ham chun eispéiris agus a bhfuil bainte amach ag na páistí le chéile agus ina n-aonair a aithint agus a roinnt le comhpháirtithe.

Machnamh ar Cheachtanna

M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna fúm féin.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Uaillmhianach	
Táimid go léir uathúil	
Machnamh ar mo chuid taithí	
A bhfuil bainte amach againn a cheiliúradh	
Díospóireachtaí ranga nó grúpa	
Síorathrú idéal na hÁilleachta	
An foghlaimeoir éifeachtach	

CEACHT 2

A hAON:2

TAIMID GO LÉIR UATHÚIL

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach glacadh le cosúlachtaí agus éagsúlachtaí chun féinfheasacht, féinmheas agus caidrimh a fhorbairt.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaitheantas
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

A aithint agus a léirthuisicint gur duine uathúil é gach duine agus go gcuirtear an phearsantacht seo in iúl ina lán bealaí éagsúla.

Snáithaonad: Ag Fás agus ag athrú
De réir mar a bhím ag fás bím ag athrú

Cuspóir Ábhair

Na hathruithe a bhíonn ann ón bpáiste go dtí an duine fásta a aithint agus a phlé.

Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Bealaí sláintiúla a aithint agus foghlaim fúthu chun cabhrú leo a bheith dearfach fúthu féin.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúchán agus samhlaíocta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonaid: Ag tarraingt

Ag féachaint agus ag freagairt

OSCE - Stair

■ **Snáithe:** Saol,sochaí, obair agus cultúr san am a chuaigh thart

Snáithaonad: An saol i mbailte agus faoin tuath sna meánaoiseanna in Éirinn agus san Eoraip

TAIMID GO LÉIR UATHÚIL

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór an ghníomhaíocht *Tomhais Cé hÉ* a dhéanamh thar dhá sheisiún le go mbeidh an ghreille comhlánaithe roimh an dara seisiún.

Úsáid aon cheann de na rudaí seo a leanas don ghníomhaíocht tosaigh: pinn luaidhe, cásanna peann luaidhe, rialóirí, bróga.

ACMHAINNÍ

- Bileog Biongó do gach páiste agus fáisc-chlár má táthar ar fáil.
- Greille Tomhais Cé hÉ do gach páiste (ceann amháin méadaithe le cur ar taispeáint freisin)
- Bileog páipéir fillte le hainm an pháiste ar gach bileog agus coimeádán
- Samplaí de shuaitheantais nó sciatha araltais, daite, agus/nó rochtain ar an idirlíon
- Ábhair ealaíne chun sciatha araltais a dhearadh
- Treorófar iad ag innill chuardaigh go dtí an-chuid suímh a thacaíonn leis na bogearraí le sciatha nó suaitheantais a chruthú ar líne m.sh. www.yourchildlearns.com/heraldry.htm agus ag an am céanna tairgeann cuid eile acu imlínte bána de sciatha le híoslódáil saor in aisce. .
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Tosaigh
- Gníomhaíocht 1 agus/nó Gníomhaíocht 2
- Dearadh
- Conclúid

Gníomhaíocht Tosaigh

Mínigh don rang go mbeidh siad ag plé cosúlachtaí agus difríochtaí agus go mbeidh siad ag úsáid a bpinn luaidhe/cásanna peann luaidhe/bróga/rialóirí (an múinteoir a roghnaíonn). Iarr ar na páistí an rud a roghnaítear a bhailiú agus iad sin a chur i gcarn amháin. Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun a rud féin a ghabháil ar ais. Ansin iarr ar na páistí, cúpla duine acu ag an am céanna, a gcuid rudaí féin a thógáil ar ais ón gcarn. Iarr taispeántas lámh ar cé mhéad díobh a fuair a rud féin gan mórán deacrachta agus cuir plé ar bun ar chomh héasca nó chomh deacair is a bhí sé, agus na gnéithe speisialta a bhí ar a rud féin agus mar sin a bhí difriúil ó gach rud eile. Déan iarracht a léiriú dóibh go bhféadfadh na rudaí a bheith difriúil ach mar sin féin nach féidir a rá dáiríre go bhfuil siad uathúil sa mhéad is go bhfuil féidearthacht láidir ann go bhfuil an-chuid eile cosúil leis sa rang nó i ranganna eile nó i scoileanna eile.

Gníomhaíocht 1: Biongó Daoine

Tabhair cóip den **Bhileog: Biongó Daoine** do gach páiste agus má tá sé ar fáil, clár fáiscthe agus mínigh nach mór dóibh duine éigin a aimsiú a théann leis an gcur síos i ngach cearnóg agus ansin iarr ar an duine sin a (h)ainm a scríobh sa chearnóg. Ba chóir do na páistí ansin a gcuid cearnóg a líonadh chomh ciúin agus is féidir leo gan dearmad a dhéanamh ar dhuine difriúil a fháil chun gach cearnóg a shíniú.

Nuair atá an ghníomhaíocht curtha i gcrích ag roinnt páistí, iarr ar gach duine suí síos agus a gcuid torthaí a phlé i bpéirí nó i ngrúpaí beaga, ag úsáid na gceisteanna seo mar spreagadh:

- Cé mhéad duine a bhfuil deich gcearnóg comhlánaithe acu?
- Cúig chearnóg déag? Na cearnóga go léir?

- Ar bhain tú taitneamh as ceisteanna a chur ar dhuine eile fúthu féin?
- An féidir leat cúpla fáth a thabhairt?
- Cén chaoi a mhothaigh sé nuair a cuireadh ceisteanna ort fút féin?
- An raibh áthas ort eolas a roinnt nó an raibh beagáinín leisce ort cuid de na ceisteanna a fhreagairt? An féidir leat níos mó a rá faoi sin?
- Ar fhoghlaim tú aon rud faoi chomhpháirtí ranga nach raibh ar eolas agat cheana?
- Ar mhiste leat a rá cad a d'fhoghlaim tú?

Gníomhaíocht 2: Tomhais Cé hÉ?

D'fhéadfá conradh an tseomra ranga a chur i gcuimhne do na páistí ag an bpointe seo. Cuir in iúl go soiléir do na páistí go bhfuil an fócas sa ghníomhaíocht seo ar ghnéithe dearfacha amháin de dhaoine. Cuir i gcuimhne dóibh díriú ar na rudaí dearfacha a bhfuil ar eolas acu agus a bhfuil tugtha faoi deara acu faoina gcomhpháirtithe: talainn, caithimh aimsire, ábhair spéise, láidreacht, pearsantacht agus tréithe maithe.

Bíodh ainm gach páiste scríofa cheana féin ar pháipéir ar leith agus fillte suas agus cuir na páistí isteach i gcoimeádán. Cuir timpeall é agus iarr ar gach páiste ainm a phiocadh amach nach mór a choimeád faoi rún. Ansin ba chóir dóibh ceithre rud dearfacha a scríobh ar an leathanach sin faoin bpáiste a ainmníodh ar a mbileog ag úsáid a bhfuil ar eolas acu cheana féin agus a bhfuil tugtha faoi deara acu faoin gcomhpháirtí ranga seo. Is féidir a bhfuil faighte amach acu sa ghníomhaíocht Biongó Daoine a chur san áireamh anseo freisin. Nuair atá gach duine críochnaithe bailítear na páistí páipéir go léir isteach sa choimeádán.

Ba chóir píosa páipéir bán a thabhairt do gach páiste anois agus ba chóir dóibh ceithre rud dearfacha a scríobh fúthu féin. Coimeádann siad é sin slán go dtí an chéad ghníomhaíocht eile.

Má tá clár bán idirghníomhach agat clóscríobh na ceithre thuiriscín gach páiste ar ghreille uimhrithe 6 x 6 (chun 36 daoine a bheith san áireamh ionas gur féidir na liostaí go léir a thaispeáint). Mura bhfuil, tabhair greille do gach páiste den **Tomhais Cé hÉ?** atá uimhrithe ó 1 go 36 agus cóip amháin méadaithe le cur ar taispeáint ar smeach-chairt nó ar chlár bán. Léigh tuairiscíní na bpáistí os ard ceann ar cheann. Lig don rang plé a dhéanamh ar cé, dar leo, is fearr a dhéantar cur síos air nó uirthi sna trí nó ceithre pointe i ngach bosca. Nuair atá an cinneadh déanta acu ba chóir dóibh ainm an duine sin a scríobh sa chearnóg chuí ar a ngréille bhán. Sainaitníonn an múinteoir an páiste. Leantar ar aghaidh leis seo go dtí go sainaitnítear gach páiste ag an rang.

Anois tógann gach páiste a gcuid tuairiscíní féin amach atá scríofa cheana. I bpéirí pléann na páistí na rudaí is maith leo faoi na tuairiscíní atá scríofa ag duine eile agus conas mar atá sé i gcomparáid lena bhfuil scríofa acu féin. D'fhéadfaí plé ginearálta ranga leanúint inar féidir iarraidh ar pháistí ar mhaith leo tuairim a thabhairt ar an ngníomhaíocht agus aon rud a chuir ionadh orthu faoi na tuairiscíní a scríobhadh fúthu ag daoine eile.

Sciath a Dhearadh

Má tá foghlamtha ag na páistí faoi shaol na meánaoise sa Stair cheana féin, is dócha go mbeidh a fhios acu gur úsáid na ridirí armais chun iad féin a aithint mar is minic a bhíodh a n-aghaidheanna clúdaithe le clogaid iarainn agus cruaiche. Mura bhfuil ach beagáinín ar eolas acu faoi ridirí

mínigh go gairid gur cleachtas araltais é, armais agus suaitheantais a dhearadh, a thaispeáint, cur síos orthu agus iad a thairfeadh agus tá curtha síos air mar 'gearrscríbhneoireacht na staire'. Tar éis féachaint ar shampla de shuaitheantais agus sciatha b'fhéidir go ndearfadh na páistí a gcruthanna sciatha féin.

Iarr ar na páistí i ngrúpaí nó ina n-aonar smaoineamh ar roinnt rudaí atá bainte amach acu nó láidreachtaí nó rudaí gur féidir leo a chur san áireamh mar aitheantóirí (in ionad ainmneacha) ar a sciatha.

Fad is atá siad ag smaoineamh d'fhéadfaí cúpla moladh a scríobh ar an gclár bán:

- rud éigin a d'fhoghlaim mé anuraidh
- rud éigin gur féidir liom a dhéanamh go maith
- an chaoi ar mhaith liom cuimhneamh a bheith orm ar scoil
- an rud is mó a bhain mé amach go dtí seo
- an cuidiú is mó a thug mé ar scoil, i mo theaghlach, i mo phobal, don chomhshaol
- na tréithe is fearr atá agam
- an láidreachta is mó atá agam
- mo chuid talann.

Nuair a bheidh cúpla nóiméad acu le smaoineamh, iarr moltaí orthu agus cuir iad seo leis an liosta, ag iarraidh a chinntiú gur féidir leis na páistí éagsúlacht mhór roghanna a fheiceáil, cé gur chóir go mothódh siad saor rud ar bith a chur san áireamh a mheasann siad a bheith ina láidreachta nó bainte amach acu go dtí seo.

Cuir réimse ábhair ealaíne ar fáil do na páistí agus roinnt samplaí de sciatha araltais. D'fhéadfaí dearadh agus críochnú na sciath aitheantais aonair a

NÓS IMEACHTA SONRACH

A hAON:2

dhéanamh thar sheachtain nó coicís, nó nuair a bheadh obair eile críochnaithe, nó ar maidin sula dtosnaíonn múineadh foirmiúil.

Conclúid

Tabhair am do na páistí smaoineamh ar a láidreachtaí agus a bhfuil bainte amach acu mar atá léirithe ar a sciatha agus na láidreachtaí breise ar mhaith leo a fhorbairt nó oibriú orthu agus na rudaí ar mhaith leo a bhaint amach thar na 12 mhí rompu a scríobh ina gcóipleabhar nó fillteán OSPS. Is féidir leo na pleananna seo a thaifeadadh. D'fhéadfaí An **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a úsáid chun foghlaim na bpáistí san aonad seo a thaifeadadh. Coimeádtar í seo le húsáid i gceachtanna san aonad seo sa todhchaí.

Síneadh

Is féidir na sciatha a chur ar taispeáint sa seomra ranga nó ar chláir thaispeána ranga sa scoil. D'fhéadfadh na páistí a sciatha agus a bpleananna don todhchaí a thabhairt abhaile agus iad a thaispeáint dá dtuismitheoirí nó caomhnóirí agus don chlann níos leithne freisin.

Biongó Daoine!

Fáigh duine éigin chun a (h)ainm a scríobh i ngach cearnóg. Ná déan dearmad nach bhfuil cead ag éinne a (h)ainm a scríobh níos mó ná uair amháin ar do bhileog!

Fáigh duine éigin:

<p>Atá in ann rud éigin a chócaráil go han-mhaith...</p>		<p>Gur éisteoir an-mhaith é nó í...</p>	
<p>Gur féidir canadh...</p>		<p>Atá an-mhaith ag déanamh siamsaíochta dá gclann...</p>	
<p>Atá an-fhoighneach...</p>		<p>Atá in ann tadhall a dhéanamh le barr a sróin lena dteanga...</p>	
<p>Atá in ann rith go measartha tapaídh..</p>		<p>Atá go maith ag cur aithne ar dhaoine nua...</p>	
<p>A sheinneann uirlis cheoil...</p>		<p>Atá go maith ag insint scéalta grinn...</p>	
<p>Atá in ann suimeanna a dhéanamh ina gcloigeann...</p>		<p>Atá in ann meangadh gáire a chur ar dhuine...</p>	
<p>Gur cara maith é nó í...</p>		<p>Atá togha ar an ríomhaire...</p>	
<p>A d'imir spórt foirne...</p>		<p>A bhfuil ceann maith treonna air nó uirthi...</p>	

Tomhais Cé hÉ?



Léifidh an múinteoir cur síos ar dhuine éigin i do rang. Lón isteach an t-ainm atá á thomhas agat sna cearnóga uimhrithe - cuir do thomhas faoi dhuine 1 sa chearnóg marcáilte 1 agus lean ar aghaidh go dtí go gcuireann an múinteoir stop leis an gcluiche.

1.	2.	3.	4.	5.	6.
7.	8.	9.	10.	11.	12.
13.	14.	15.	16.	17.	18.
19.	20.	21.	22.	23.	24.
25.	26.	27.	28.	29.	30.
31.	32.	33.	34.	35.	36.

CEAHT 3

A hAON:3

MACHNAMH AR MO CHUID TAITHÍ

COINCHEAP LÁRNACH

Cothaítear athmhachnamh i bpáistí nuair a smaoinítear ar eispéiris agus nuair a roinntear cuid dá smaointe le daoine eile.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaitheantas
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid eispéireas agus na fáthanna le gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh.

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Caidreamh a dhéanamh le daoine eile
Cumarsáid a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Éisteacht go gníomhach le daoine eile agus meas a bheith agat ar a bhfuil le rá ag gach duine

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

ACMHAINNÍ

- Ceol bog chun cabhrú le hathmhachnamh agus machnamh (roghnach)
- Bileog Oibre: Athmhachnamh ar mo chuid eispéireas
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Athmhachnamh Aonair
- Obair i bPéirí
- Bileog Oibre:

Athmhachnamh Aonair

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun smaoineamh ar chur chuige a ghlac siad le déanaí (an tseachtain nó an mhí roimhe sin). Inis dóibh nach gá don chur chuige seo a bheith as an ngnáth - Rud éigin mar dul isteach i gclub, spórt a thosú, staidéar a dhéanamh do scrúdú, ceachtanna a thógáil, cara nua a dhéanamh, deireadh a chur le cairdeas, ag dul áit éigin le cairde, rún a ligint le duine éigin nó cabhair a iarraidh. Go hidéalach d'fhéadfadh gurb é an cur chuige an chéad rud a thagann isteach ina gcloigeann. Mínigh go mbeidh cúpla nóiméad acu smaoineamh a dhéanamh os íseal (nó le ceol bog suaimhneach sa chúlra) ar an eispéireas a roghnaigh siad, agus gur mhaith leat go ndéanfaidís machnamh ar an eispéireas sin agus é mar aidhm agat go bhfreagróidís roinnt ceisteanna air.

Seiceáil go bhfuil socrú déanta ag gach páiste ar chur chuige a rinne siad agus ansin tabhair cúpla nóiméad d'athmhachnamh ciúin dóibh agus le linn an ama sin, má roghnaíonn siad,scríobhfaidís cúpla abairt nó nath faoi na smaointe atá acu díreach anois - is iad seo smaointe pearsanta an pháiste agus níl siad le roinnt.

D'fhéadfadh na páistí iad féin roinnt ceisteanna féideartha a mholadh a mbeidh samplaí díobh scríofa ar an gclár bán nó ar smeach-chairt:

- *Cén cur chuige a thóg tú?*
- *Cén fáth gur shocraigh tú é sin a dhéanamh?*
- *An ndearna tú é cheana?*
- *An raibh aon duine eile páirteach?*
- *Cá ndeachaigh tú?*
- *Cad a tharla fad is a bhí tú ansin?*
- *Cad a rinne tú?*

- *Cad a chonaic tú? Cad a chuala tú? Cad a thug tú faoi deara fút féin nó faoi dhaoine eile?*
- *Cad a cheap tú?*
- *Ar/nár bhain tú taitneamh as a raibh á dhéanamh agat?*
- *An raibh nó nach raibh tairbhe duit ann?*
- *Conas a mhothaigh tú?*
- *An dtógfá an cur chuige seo arís? Cén fáth go/nach dtógfá?*
- *Cad a d'fhoghlaim tú ón ngníomhaíocht?*

Obair i bPéirí

Oibríonn páistí i bpéirí agus roinneann siad a gcuid eispéireas a bhfuil siad tar éis machnamh a dhéanamh air trí scéal an eispéiris sin a insint. Nuair atá an scéal inste ag an bpáiste is féidir leis an éisteoir ceisteanna a chur le taispeáint go raibh siad ag éisteacht go géar, ansin déantar an próiseas arís ionas go n-inseoidh gach páiste a scéal agus go dtugtar éisteacht ghéar dóibh.

Fiafaigh de na páistí:

- *An athraítear an bealach a mhothaímid faoin ár gcuid eispéireas trí cheisteanna a fhreagairt air?*
- *Conas? Cén fáth?*

Mura n-ardaítear é, cuir in iúl do na páistí go mbíonn dearcadh eile againn ar eispéiris uaireanta tar éis dúinn ceisteanna a fhreagairt ó dhaoine eile. Mar shampla d'fhéadfaí gur bhraith muid go 'raibh orainn' rud éigin a dhéanamh ach tar éis athmhachnaimh agus plé a dhéanamh bhí a fhios againn nach 'raibh orainn' é a dhéanamh agus go raibh rogha againn an t-am go léir.

NÓS IMEACHTA SONRACH A hAON:3

Bileog Oibre:

Comhlánaíonn na páistí an **Bhileog Oibre: Machnamh ar Mo Chuid Eispéireas** ina n-aonar. D'fhéadfaí aiseolas a iarraidh nuair a bheidh na páistí críochnaithe agus tús a chur le plé ag úsáid na gceisteanna seo a leanas:

- *An bhfuil aon rud a thug tú faoi deara faoi do mhothúcháin agus athmhachnamh á dhéanamh agat ar do chuid eispéireas?*
- *Ar ghníomhaíocht shuimiúil í sin?*
- *Cén fáth go/nach raibh?*
- *Cad a d'fhoghlaim tú ón athmhachnamh, más ann?*
- *An gcabhraíonn sé féachaint siar? Conas?*
- *An bhfuil aon rud foghlamtha agat ó bheith ag éisteacht le heispéiris agus athmhachnaimh páistí eile sa rang?*

D'fhéadfaí na páistí a spreagadh scríobh faoina bhfuil foghlamtha acu sa cheacht seo sa spás cuí ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Coimeádtar í seo le húsáid i gceachtanna san aonad seo amach anseo.

Machnamh ar Mo Chuid Eispéireas

Smaoinigh ar roinnt gníomhaíochtaí a rinne tú le linn na bliana seo caite agus líon isteach na boscaí thíos ag úsáid na leideanna agus na ceisteanna a chuirtear ar fáil:

Gníomhaíochtaí a rinne mé sa bhliain atá thart	An chaoi a mhothaím fúthu anois	Cad a d'fhoghlaim mé?
D'fhéadfaí gníomhaíochtaí ar bith a bheith i gceist anseo - beag nó mór - d'fhéadfaí gur rud éigin é a rinne tú i d'aonar, le daoine eile, a roghnaigh tú nó a roghnaigh duine eile duitse...	Cad iad na focail bainteach le mothúcháin a dhéanann cur síos ar an gcaoi a mhothaíonn tú anois? An mothúcháin chompordacha iad? An athróidh na mothúcháin amach anseo?	An féidir leat aon rud a aithint atá foghlamtha agat fút féin? Faoi dhaoine eile? Faoi conas a fheidhmíonn an domhan?
1.		
2.		
3.		

CEAHT 4

A hAON:4

A BHFUL BAINTE AMACH AGAINN A CHEILIÚRADH

COINCHEAP LÁRNACH

Má bhíonn páistí réalaíoch agus a gcuid aidhmeanna agus a bhfuil bainte amach acu á bpleanáil acu, d'fhéadfadh an tóraíocht orthu sin cur le muinín agus folláine.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaitheantas
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Aidhmeanna agus spriocanna pearsanta réalaíocha agus na straitéisí atá ag teastáil chun iad sin a bhaint amach a aithint.

Muinín a fhorbairt

Cuspóir Ábhair

Cumas níos fearr a fhorbairt le barúlacha, smaointe agus tuairimí pearsanta a chur in iúl agus éisteacht le, meas a bheith ar, smaoinemh ar agus barúil chriticiúil agus dearfach a thabhairt ar dhearcthaí daoine eile.

■ **Snáithe:** Ag Fás agus ag athrú

Snáithaonad: De réir mar a bhím ag fás bím ag athrú

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

Patrúin forbartha agus fáis a iniúchadh, ag cur forbairt reatha i gcomparáid le forbairt ag pointí níos luaithe: fisiciúil, sóisialta, mothúchánach, intleachtúil agus spioradálta

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ba chóir páistí a spreagadh a thuiscint go bhfuil an réimse leathan spriocanna atá bainte amach acu tábhachtach, agus nach cóir díriú ar na cinn acadúla amháin. Caithfidh tú a bheith réidh le páistí áirithe a spreagadh maidir lena bhfuil bainte amach acu.

ACMHAINNÍ

- Bileog Ghníomhaíochta: Is Féidir Liom, Déanfaidh Mé É (ceann do gach páiste)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Chiorcail/Sealaíochtaí
- Plé 1
- Plé 2
- Conclúid

Obair Chiorcail/Sealaíochtaí

Suíonn na páistí i gcorcal. Iarr ar na páistí smaoineamh go ciúin ar roinnt de na rudaí a bhfuil cead acu nó atá siad in ann a dhéanamh anois nach raibh cead acu a dhéanamh nó nach mbeadh siad in ann a dhéanamh nuair a bhí siad níos óige. Mínigh go bhfuil siad anois chun smaoineamh ar a gcuid éachtaí agus iad a phlé - *idir acadúil agus neamhadúil - i mbliaina nó sna blianta roimhe seo nó éachtaí a bhfuiltear ag súil leo amach anseo.*

D'fhéadfaí ceann nó dhó de na fréamhacha abairte seo a leanas nó cinn cosúil leo a úsáid de réir mar a chuireann siad an réad cainte timpeall an chiorcail:

Rud éigin gur féidir liom a dhéanamh anois nach raibh mé in ann a dhéanamh dhá bhliain/trí bliana ó shin ná..

Rud amháin atá foghlamtha agam i rith na bliana ná...

Rud amháin indéanta gur mhaith liom a fhoghlaim sa bhliain amach romham ná...

Bealach amháin ar bhain mé rud éigin amach ná...

Nuair nach n-éiríonn liom láithreach déanaimiarracht a chinntiú go mbainfidh mé m'aidhm amach

Rud amháin nach mór dom oibriú go dian air ná...

Ag deireadh na mbabhtáí, d'fhéadfadh gach páiste casadh ar an gcomhpháirtí ranga ar gach taobh de nó di agus fiafraí díobh cad é an rud is mó a bhfuil siad bródúil as a bhaint amach go dtí seo agus cén fáth, agus ansin comhghairdeas a dhéanamh leo faoi.

Plé 1

Tar éis dóibh athmhachnamh a dhéanamh ar chuid de na héachtaí atá bainte amach acu ba chóir iarraidh ar na páistí anois smaoineamh ar an gcineál daoine gur mhaith leo a bheith. Iarr ar na páistí cúig abairt nó níos mó a scríobh ag cur síos ar an gcineál duine gur mhaith leo a bheith.

Eagraigh na páistí i ngrúpaí 4-6. Ceap éascaitheoir le cinntiú go bhfaigheann gach páiste deis roinnt a dhéanamh, agus tuairisceoir a thógfaidh nótaí agus a thabharfaidh aiseolas don ghrúpa uilig. Roinneann páistí a gcuid abairtí ar a seal agus tógann an tuairisceoir nótaí. Tugann gach grúpa cosúlachtaí agus difríochtaí faoi deara sna hionchuir. Tóg aiseolas ó gach grúpa, ag fiafraí de gach tuairisceoir na cineálacha daoine gur mhaith lena ngrúpa a bheith.

Nuair atá cloiste agat ó gach grúpa, cuir plé ar siúl bunaithe ar an aiseolas ranga.

D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach chun plé a thosú:

- *An mbeidh sé éasca nó deacair a bheith mar an cineál daoine gur mhaith lenár rang a bheith? Cén fáth?*
- *An mbraitheann rath na ndaoine gur mhaith leis an rang a bheith, ar obair dhian, an méid a bhaineann siad amach, ar ádh, airgead, talann nó ar rud éigin eile?*
- *Cén sórt luachanna atá lárnach ag na cineálacha daoine gur mhaith lenár rang a bheith (ábharachas, cumhacht, altrúchas, féinsástacht, cairdeas, imní faoin gcomhshaol)?*
- *An bhfuil roinnt luachanna níos 'uaisle' ná cinn eile? Cén fáth?*

Mura molann na páistí iad seo a leanas d'fhéadfaí iad a lua:

- Is féidir le sealús, saibhreas, rath nó stádas cur le sonas ach sa saol ní shocraítear ár n-aitheantas nó sonas amháin ag an méid atá againn ná ag an obair a dhéanaimid.
- Tagann a lán den aitheantas agus den sástacht atá againn sa saol ón sórt daoine atá ionainn.
- D'fhéadfadh sé a bheith níos tábhachtaí a bheith i do dhuine le cairde maithe macánta seachas aon rud eile agus is mór an éacht é a bheith i do chara maithe.
- Nuair a bhíonn cothromaíocht mhaith

inár saol cabhraítear linn sonas a bhaint amach.

Cuir moltaí agus tuairimí na bpáistí leo siúd a scríobhadh cheana ar an gclár bán, smeach-chairt nó CBI.

Plé 2

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuilimid go léir difriúil agus go bhfuil láidreachtaí chomh maith le laigí againn go léir: tá rudaí áirithe gur féidir linn a dhéanamh go maith agus tá rudaí eile ann nach bhfuil muid in ann a dhéanamh chomh maith sin. D'fhéadfá samplaí a thabhairt ó do shaol féin chun plé a chur ar siúl.

Bí cinnte go dtuigeann na páistí go bhfuil rudaí áirithe nach mbeidh siad riamh an-mhaith á ndéanamh mar tá gach duine uathúil agus tá a gcuid talann féin acu chomh maith lena gcuid laigí. D'fhéadfá roinnt samplaí a thabhairt anseo de rudaí gur féidir leo a dhéanamh go maith, rudaí a chaithfidh siad a chleachtadh chun feabhas a chur orthu, agus rudaí nach mbeidh siad go maith á ndéanamh go deo. Cuir ina luí orthu nach gá go mbeadh siad go maith ag gníomhaíocht chun taitneamh a bhaint as. Iarr orthu smaoiniamh ar:

- rud nó dhó a dhéanann siad go maith
- rud nó dhó nach mór dóibh a chleachtadh chun feabhas a chur air
- rud amháin nach ndéanann siad go maith ach go mbaineann siad taitneamh as.

Iarr ar na páistí é sin a roinnt i bpéirí.

Conclúid

Tabhair cóip den **Bhileog Oibre: Is Féidir Liom, Déanfaidh Me É** do na páistí. Mínigh, toisc go bhfuil a lán lán rudaí gur féidir linn a dhéanamh, go mbíonn taobh amháin de na scálaí níos troime agus go mbeidh sí i gcónaí ag éirí níos troime de réir mar a fhoghlaimáimid rudaí nua. Iarr ar gach páiste na rudaí a cheapann siad gur srianta dóibh anois iad a scríobh ar an


taobh chlé de na scálaí. Nuair atá an taobh sin críochnaithe acu, iarr orthu a gcuid láidreachtaí a scríobh ar an taobh dheas de na scálaí. Mar mhalairt air sin, nuair atá taobh na laigí críochnaithe acu ar a scálaí, inis dóibh go mbeidh cúpla nóiméad acu le bogadh go ciúin agus go sábháilte timpeall an tseomra ranga agus láidreachtaí a scríobh ar an taobh dheas ar scálaí a gcomhpháirtithe ranga. Nuair a fhilleann siad ar a n-áit féin tabhair roinnt ama dóibh leis na láidreachtaí a scríobh siad féin nó atá scríofa ag daoine eile fúthu a léamh agus machnamh a dhéanamh ar an taithí dhearfach seo. D'fhéadfá **An Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a úsáid chun a gcuid foghlama sa cheacht seo a shainaithint. Coimeádtar í seo le húsáid i gceachtanna san aonad seo amach anseo.

Síneadh

D'fhéadfadh na páistí pictiúir agus eolas a bhailiú faoi dhaoine cáiliúla a bhfuil meas acu orthu mar gheall ar a bhfuil bainte amach acu, Spreag na páistí le díriú ar réimse leathan éachtaí -ealaíonta, poilitiúil, liteartha, eolaíoch, ceolmhar, spórtúil, daonnúil, gnó. D'fhéadfáidís machnamh a dhéanamh ar agus scríobh faoi conas a bhain gach ceann de na daoine cáiliúla atá roghnaithe acu a gcuid spriocanna amach - an talann faoi leith a bhí acu, an buanseasmhacht, tiomantas, díograis, obair chrua? Is féidir leo a bhfuil foghlamtha acu dá gcuid aidhmeanna féin ó na daoine cáiliúla seo a scríobh síos agus smaoiniamh air.

D'fhéadfá *Christy's Dream* le Caroline Binch (Frances Lincoln Children's Books; Leagan Nua. 2006), a léamh, leabhar maisithe faoi bhuachaill ó Bhaile Átha Cliath atá ina chónaí sna hárasáin atá an-tiomanta a bhrianglóid a fhíoradh agus atá, trí dhíograis agus buanseasmhacht a bheith ag obair i bpost, sábhálann sé go leor airgid chun an capall is mian lena chroí a cheannach.

Is Féidir Liom, Déanfaidh Mé É



CEAHT 5

A hAON:5

DÍOSPÓIREACHTAÍ RANGA NÓ GRÚPA

COINCHEAP LÁRNACH

Is féidir le díospóireacht foclóir, scileanna smaointeoireachta agus leibhéal tuisceana páistí a fhorbairt agus feasacht ar luachanna morálta agus sóisialta a ardú.

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaitheantas

Féinmhuinín a fhorbairt

Cuspóirí Ábhair

Cumas níos fearr a fhorbairt le barúlacha, smaointe agus tuairimí pearsanta a chur in iúl agus éisteacht le, meas a bheith ar, smaoinemh ar agus barúil chriticiúil agus dearfach a thabhairt ar dhearcthaí daoine eile.

Éirí níos neamhspleaiche agus níos féinrialaithe.

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Táthar ag súil leis go dtarlóidh na díospóireachtaí thar roinnt seisiún

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

ACMHAINNÍ

Gearrthóga de scéalta/ailt nuachta reatha chun díospóireacht a spreagadh agus tacú léi agus chun taighde na bpáistí a éascú

- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Tobsmaointeoireacht
- Ullmhú Díospóireachta
- Díospóireacht

Réamhrá

Eagraigh na páistí i ngrúpaí seisear. Scríobh an focal díospóireacht ar an gclár bán agus iarr ar gach grúpa sainmhíniú gearr a thabhairt ar cad is díospóireacht ann. Is féidir leat an méid seo a leanas a chur leis más gá:

Is éard is díospóireacht ann ná nuair a thugann daoine aonair nó foirne dearcthaí, ar son nó i gcoinne ráitis faoi leith ar a dtugtar rún de ghnáth. Imeacht eagraithe a bhíonn ann. Aontaítear ar rún, roghnaítear cainteoirí nó tagann siad chun tosaigh go deonach. Tugtar am le hullmhú. Tugtar am áirithe nach mór cloí leis do gach cainteoir nó foireann. Nuair atá an díospóireacht thart is féidir le painéal moltóirí nó an lucht féachana breith a thabhairt ar cén taobh den argóint b'éifeachtaí, ba mhó a chuaigh i gcion orthu nó a bhí níos mealltaí agus is iadsan a bhuann an díospóireacht.

Inis do na páistí go mbeidh díospóireachtaí acu sa rang agus fiafraigh díobh na treoirlínte a mhothaíonn siad gur chóir aontú orthu le cinntiú go ritheann an díospóireacht go réidh. Fiafraigh de na páistí na ról go léir nach mór a bheith ann don díospóireacht.

D'fhéadfá leid a thabhairt dóibh, coimeád ama, eagrúchán, moltóireacht agus fáilteachas a chur san áireamh.

Tobsmaointeoireacht

Ó bheith ag léamh ailt nuachtáin nó ag féachaint ar chláir nuachta d'fhéadfadh páistí topaicí a mholadh gur mhaith leo díospóireacht a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh cúrsaí reatha a bheith i gceist le cuid acu seo ach spreag na páistí le smaoineamh ar chúrsaí atá tábhachtach dóibh féin, don phobal, don chomhshaol, dá sochaí, dá dtír, don domhan, mar tugann sé seo deis dóibh taighde a dhéanamh agus smaoineamh ar ghnéithe suntasacha agus iad a thuiscint.

Iarr ar gach grúpa teacht aníos agus comhaontú ar thrí thopaic a bhraitheann siad atá tábhachtach díospóireacht a dhéanamh orthu. Tóg aiseolas ó gach grúpa agus déan taifead de na topaicí go léir a moladh, ag cur topaicí le chéile más cuí. D'fhéadfaí na topaicí go léir a thairfeadh ar leathanach smeach-chairte nó póstaer.

Roinnt Moltaí le haghaidh Rún

- Níor chóir ainmhithe a úsáid i dtastáil cógas.
- Bíonn leas ag an oideachas ní hamháin don duine aonair ach don phobal
- Ba chóir cosc a chur ar dhornálaíocht
- Ba chóir do gach duine athchúrsáil a dhéanamh chun cabhrú leis an gcomhshaol
- Níor chóir ach do dhaoine saibhre cánacha a íoc
- Ba chóir don lá scoile agus don scoilbhliain a bheith níos faide i mbunscoileanna
- Tá fir níos fearr ag tiomáint ná mná
- Ba chóir deireadh a chur le héidí scoile
- Ba chóir go mbeadh cúram sláinte agus cúram ospidéal saor in aisce do gach duine
- Bíonn cogadh mícheart i gcónaí
- Bíonn cogadh riachtanach uaireanta
- Níl gá le polaiteoirí
- Ba chóir cosc a chur ar reilifís
- Ba chóir go mbeadh cead vótála ag daoine sé bliana déag d'aois
- Tá mná níos fearr ná fir ag tabhairt aire do pháistí

Ullmhú Díospóireachta

Roghnaíonn gach grúpa nó tugtar rún dóibh le díospóireacht a dhéanamh air. Laistigh den ghrúpa labhróidh a leath dóibh ar son an rúin agus an leath eile ina choinne. Fiafraigh de na páistí conas a cheapann siad a ullmhóidh siad don díospóireacht atá le déanamh acu. D'fhéadfaidís moltaí mar seo a leanas a thabhairt, eolas ábhartha ar an topaic a fháil i nuachtáin, irisí, leabhair nó ar an idirlíon, nó ceisteanna a chur ar dhaoine chun a dtuairimí, eolas a fháil faoin topaic.

D'fhéadfaí freisin moltaí a lorg ó na páistí faoi nathanna a úsáidtear go minic le linn díospóireachta agus ansin iad a liostáil ar leathanach smeach-chairte:

- *Mar sin is í mo thuairim go bhfuil sé... ..*
- *Ón bhfianaise san alt seo ceapaim go bhfuil sé soiléir go ...*
- *Tar éis a lán eolais a léamh ar an ábhar táim cinnte dearfach go ...*

Is féidir cur leis na nathanna seo de réir mar a thagann na páistí ar nathanna nua agus iad a úsáid. Cuir in luí orthu gur iarracht ghrúpa í díospóireacht agus go gcabhróidh gach foghrúpa (ceann ar son agus ceann i gcoinne) lena gcainteoirí (triúr) taighde a dhéanamh ar an topaic, a gcuid pointí a ullmhú agus ansin na pointí atá ar intinn acu a dhéanamh a roinnt chun athrá a sheachaint.

Díospóireacht

Lorg grúpa a bheadh toilteanach a bheith rannpháirteach sa chéad díospóireacht, ag meabhrú dóibh taighde a dhéanamh ar an topaic, a gcuid pointí a choinneáil gonta agus samplaí a úsáid óna gcuid taighde chun tacú lena gcuid argóintí. Mol dóibh go gceapfadh gach foghrúpa cainteoir

chun tús a chur leis an díospóireacht, agus duine eile chun an argóint a fhorbairt agus an triú duine chun clabhsúr nó achoimre a dhéanamh ar an díospóireacht.

Meabhraigh dóibh go bhfuil teorainn ama ar leith ann, nach mór do gach rannpháirtí cloí go dian leis an am a thugtar agus nach bhfuil cead ag éinne cur isteach ar an gcainteoir fad is atá siad ag cur a gcuid argóintí tosaigh i láthair.

Nuair atá a gcuid argóintí curtha i láthair ag gach grúpa agus achoimre déanta orthu iarr ar an lucht éisteachta vótáil don foghrúpa a chreideann siad a chuir na hargóintí ba láidre agus b'éifeachtaí chun tosaigh. Cuir ina luí ar na páistí go gcaithfidh siad vótáil do na hargóintí mar a cuireadh i láthair iad, agus ní don foghrúpa gurbh fhearr leo buachan nó don tuairim lena dtacaíonn siad féin.

Conclúid

D'fhéadfaí iarraidh ar na foghrúpaí an méid atá foghlamtha acu a mheas ón díospóireacht a ullmhú agus labhairt inti araon. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do na páistí go léir a rá a bhfuil foghlamtha acu faoi chumhacht an áitithe agus faoi ról eolais fíorasáigh, pearsantacht agus cur i láthair agus an tionchar a bhíonn acu ar thuairimí. Is féidir é sin a thaifeadh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a choimeádtar le húsáid i gceachtanna san aonad seo amach anseo.

CEAHT 6

SÍORATHRÚ IDÉAL NA hÁILLEACHTA

A hAON:6

COINCHEAP LÁRNACH

Ní mór do pháistí a bheith feasach gur go cultúrtha a dhearbhaítear an 'Corp Idéalach' don chuid is mó agus nach bhfuil aon duine foirfe.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonaid: Féinaitheantas
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Glacadh lena n-íomhá choirp féin agus cuid de na tosca a bhfuil tionchar acu ar a bhféiniomhá agus tuairimí fúthu féin a iniúchadh.

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tuairimí, dearcthaí agus ionchais daoine eile ar an gcaoi a ndéanann daoine caidreamh lena cheile, go dearfach nó go diúltach.

Snáithaonad: Caidrimh le daoine eile
Cumarsáid a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar chumhacht an áitithe, an chaoi gur féidir í a úsáid go dearfach agus go diúltach araon, agus bealaí praiticiúla a mholadh agus moltaí praiticiúla a fhorbairt le dul i ngleic le brúnna agus tionchair

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Saoránacht a Fhorbairt
Pobail Náisiúnta, Eorpacha agus níos leithne

Cuspóir Ábhair

Éirí feasach ar ghnéithe dá n-oidhreacht chultúrtha agus traidisiúin féin

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Ag féachaint agus ag freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

D'fhéadfaí an ceacht seo a dhéanamh thar dhá sheisiún.

D'fhéadfadh sé a bheith deacair do roinnt páistí, go háirithe iad siúd atá ag dul isteach i gcaithreachas, tuairimí dearfacha faoina gnéithe coirp nó a gcuma féin nó faoi chinn páistí eile a scríobh. Spreag na páistí smaoineamh ar bhealach oibiachtúil faoina gcuma agus cuma a gcomhpháirtithe m.sh. aclaíocht, craiceann sláintiúil, súile glé, fiacla láidre/bána, gruaig láidir/shoilseach srl. agus a bheith réidh chun aon ráitis deiliúsacha nó diúltacha a fhreagairt le moltaí dearfacha.

CEACHT 6

A hAON:6

SÍORATHRÚ IDÉAL NA hÁILLEACHTA

Moltar portráidí/ pictiúir fhéideartha faoi Acmhainní. Mar sin féin b'fhéidir gur mhaith le múinteoirí portráidí/pictiúir difriúla a roghnú.

ACMHAINNÍ

- Bileog Eolais do Mhúinteoirí
- Íomhánna (portráidí agus/nó pictiúir ó ealaíontóirí Renaissance agus ealaíontóirí eile, m.sh. portráidí da Vinci, Botticelli nó Lucian Freud - ar líne nó fótachóipeáilte lándaite ar pháipéar A3 roimh an cheacht
- Páipéar A4 nó A5 (dhá cheann do gach páiste), pinn luaidhe, péinteanna, scuaba nó ábhair líníochta eile
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Tosaigh
- Plé
- Féachaint agus Freagairt
- Conclúid

Gníomhaíocht Tosaigh: Rudaí a Thugaim Faoi Deara Fúm Féin

Tabhair bileog pháipéir do gach páiste agus iarr ar na páistí imlínte dá lámha a tharraingt ar an mbileog. Iarr orthu an lámh dheas a lipéadú: **Rudaí a Thugaim Faoi Deara Fúm Féin** agus ansin a liostáil laistigh den imlíne na gnéithe coirp sin is fearr leo mar ghruaig ghlan shoilseach; lámha nó cosa láidre; guailne leithne; súile donna, gorma nó cnódhonna. Ansin iarr orthu imlíne a lámhe eile a lipéadú: **Rudaí a Thugaim Faoi Deara Fútsa** agus iarr orthu dul timpeall an ranga (nó chuig líon áirithe deascanna) chomh ciúin agus is féidir agus tuairimí dearfacha faoi pháistí a scríobh ar imlínte a lámh chlé.

Plé

Tabhair cúpla nóiméad do na páistí dul timpeall an tseomra agus ansin cuir tús le plé ar an gcaoi a bhraith siad faoin gceacht ag iarraidh tuiscint a ardú faoin gcáiréis agus faoin imní a mhothaíonn a lán daoine agus iad ag plé le híomhá choirp. D'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith mar chuid den phlé:

- *Conas a bhí sé tuairimí dearfacha a scríobh faoi do chuma?*
- *Ar mhaith leat é nuair a scríobh duine éigin rud éigin faoi do chuma?*
- *An féidir leat a rá cad iad na mothúcháin a speag sé ionat?*
- *Conas a bhraith tú nuair a scríobh tú rud éigin dearfach faoi dhuine eile?*
- *An raibh sé níos deacra nó ní chomh deacair tuairimí dearfacha a scríobh fút féin nó faoi dhaoine eile nuair nach bhféadfá scríobh ach ar chuma an duine?*
- *Conas a bhraith tú faoi sin?*
- *Cén fáth a mbeadh sé níos éasca rudaí dearfacha a scríobh faoin ár*

bpearsantacht seachas faoin ár gcuma?

- *Cad a thugann tú faoi deara nuair a labhraíonn daoine faoina gcorp?*
- *An gceapann tú go bhfuil aon duine sásta go hiomlán lena gcorp féin?*
- *Cén fáth gurb ea? Cén fáth nach ea?*

Féachaint agus Freagairt

Ag baint úsáide as clár bán idirghníomhach nó teilgeoir sonraí nó íomhánna daite A3 íoslódáilte cheana féin agus priontáilte, taispeáin trí nó ceithre pictiúr ina bhfuil an cruth daonna agus mínigh go bhfuil iarracht déanta ag a lán ealaíontóirí daoine a tharraingt chomh foirfe agus a b'fhéidir leo ach gur athraigh samhail na foirfeachta ó ealaíontóir go healaíontóir agus bhraith sé freisin ar ré agus tír an ealaíontóra. Cuir na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad a thugann tú faoi deara faoi dhaoine sna pictiúir seo?*
- *Cathain a cheapann tú gur tarraingíodh iad?*
- *Cén íomhá den chruth daonna foirfe a bhí ag an ealaíontóir?*
- *An mar an gcéanna inniu é, i do thuairim?*
- *Cén fáth gurb ea? Cén fáth nach ea?*
- *Cad a insíonn sé sin dúinn faoina bhfuil i gceist le háilleacht?*

D'fhéadfá an oiread eolais agus a cheaptar is iomchuí nó úsáideach a thabhairt ó **Bhileog Eolais an Mhúinteora**. Agus na híomhánna de phortráidí nó pictiúir roghnaithe le feiceáil ar scáileán nó ar an CBI, mar thaispeántas sleamhnán más féidir, le gur féidir leis na páistí an iliomad pictiúr a fheiceáil arís agus arís eile le linn an cheachta, cuir plé ar siúl faoi

na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ag na pictiúir seo agus pictiúir eile ar mhothúcháin daoine (páistí agus daoine fásta) mar gheall ar a gcorp féin agus coirp daoine eile.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar gach ceann de na portráidí nó na pictiúir, a rogha ceann a roghnú agus ansin cúpla nóiméad a chaitheamh ag machnamh air. Iarr ar gach páiste na fáthanna a roghnaigh siad an pictiúr áirithe sin a bhreacadh síos agus smaoineamh ar a mothúcháin faoi chuma agus méid an choirp sa phortráid nó sa pictiúr agus a gcuid smaointe a roinnt leis an rang má tá siad toilteanach é sin a dhéanamh.

Conclúid

An Todhchaí

Tabhair an dara bileog páipéir do gach páiste. Iarr orthu pictiúr a tharraingt de conas a léireofaí an corp daonna ag ealaíontóirí sa bhliain 2050. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar ghrúpa nó mar cheacht aonair. Spreag na páistí a bheith chomh cruthaitheach agus is féidir. Mar chonclúid, d'fhéadfadh na páistí a gcuid foghlama sa cheacht seo a thaifeadadh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Coimeádtar í seo le húsáid i gceachtanna san aonad seo amach anseo.

Síneadh

Gníomhaíocht: Cré

An Corp Daonna - Foirm agus Cuma

D'fhéadfadh na páistí roinnt íomhánna de shuiteálacha páirce le Antony Gormley a scrúdú agus mar thoradh d'fhéadfaí plé a dhéanamh ar an gcorp daonna maidir le héagsúlacht. Déantar suiteálacha páirce Gormley leis na mílte carachtar atá déanta de chré agus, tar éis iad a scrúdú ar dtús, tá siad uathúil maidir le cuma agus cruth, tá a chuma choirp uathúil ag gach ceann acu in ainneoin go bhfuil stíl bhunúsach shimplí acu. Sa chuid is mó dá chuid saothair tá an corp daonna mar ábhar aige agus tá a lán dá chuid saothair bunaithe ar mhúnlaí a tógadh óna chorp féin. Ag obair i ngrúpaí 4-5 d'fhéadfadh na páistí carn mór amháin cré a roinnt idir gach grúpa chun a gcuid 'suiteáilacha páirce' féin a dhéanamh, ag léiriú gné éigin de chruth an duine, gur féidir a chur ar taispeáint níos déanaí in ionad tionóil. D'fhéadfaí bileoga páipéir agus pinn luaidhe a chur ar fáil do thuairimí ó pháistí agus cuairteoirí agus d'fhéadfadh na páistí labhairt faoina gcuid mionstaidéar ar an gcruth daonna ag tionól sinsearach.

Bileog Eolais do Mhúinteoirí

(is féidir a úsáid de réir rogha an mhúinteora)

Gníomhaíocht Féachana agus Freagartha

Lorg Rubens, Ingres, Botticelli agus Raphael agus a lán ealaíontóirí cáiliúla eile foirfeacht ina léiriú ar mhná. Le déanaí chuir roinnt ealaíontóirí iontacha cuma an choirp as riocht d'aon ghnó ar mhaithe le háilleacht m.sh. Modigliani agus Picasso. Tá a lán íomhánna ar fáil ar líne inar féidir le páistí staidéar a dhéanamh ar na muineál fhadaíthe, súile móra áibhéalacha srl., ach bí ar an eolas gur coirp baininn nochta iad an-chuid de na híomhánna seo atá ar fáil ar líne. D'fhéadfadh cóipeanna ó ealaíontóir mar Duane Hanson a bheith úsáideach i dtéarmaí phróiseas an tsaoil réadúil, roghnú 'gnáthdhaoine' chun dealbha fótaréalaíocha a chruthú.

Meastar go mbeadh a lán de na léirithe d'áilleacht baininn in ealaín an Renaissance 'róthrom' agus freisin is dócha 'gearr' go leor nó ar easpa airde de réir caighdeán sa bhfichiú aonú aois, mar a bheadh amhlaidh leis an mainicín is cáiliúla ar domhan, an Mona Lisa. Le linn tréimhse áirithe staire, ba chomhartha bochtanais é a bheith tanaí:dá mbeadh duine tanaí thaispeáin sé nach raibh a dhóthain bia nó airgead acu chun iad féin ná a gclanna a chothú i gceart ach ar an lámh eile léirigh coirp a bhí dea-chumtha agus a beathaíodh go maith stíl bheatha chompordach.

Sandro Botticelli

Rugadh Sandro Botticelli i Florence a bhí (agus fós anois) ina lárionad ealaíne agus cultúir na hIodáile agus roghnaigh sé a shaol iomlán a chaitheamh sa chathair álainn sin. Is dócha gurb iad The Primavera agus Breith Véineas iad araon atá ar crochadh sa Ghailearaí Uffizi i Florence na saothair ealaíne is mó clú dá chuid. Choimisiúnaigh an Papa Sixtus IV Botticelli agus beirt phéinteírí cáiliúla eile le freascónna a phéinteáil don Séipéal Sistíneach. Bhí cáil air freisin dá léirithe leochaileacha áille den Mhaighdean Mhuire go háirithe sa Magníficat agus Maighdeán na Pomagránaite.

D'éirigh sé cáiliúil tar éis dó tosú ag péinteáil don chlann mhíchluíteach Medici agus nuair a phéinteáil sé bratach do dhuine de na Medicis le hiompar, chuaigh áilleacht Simonetta Vespucci a léirigh sé ar an mbratach go mór i bhfeidhm air. Deirtear gur thit sé i ngrá le Simonetta cé go raibh sí pósta cheana ar Marco Vespucci agus d'úsáid sé í mar mhainicín do bhandia an ghrá agus áilleachta ina shaothar iontach Breith Véineas chomh maith lena lán pictiúr eile. Bhí cuma ainglí ar a bhean idéalach, léirithe i Simonetta agus bhí sí dea-chumtha le gruaig fhada fhionn agus súile gorma. Níor phós sé riamh ach d'iarr go gcuirfí é ag cosa la Bella Simonetta, tríocha bliain tar a báis.

I gcodarsnacht le Botticelli, tugann La Grande Odalisque a péintéaladh i 1814 ag Jean Auguste Dominique Ingres léirmhíniú an-neamhréalaíoch agus nua-aimseartha go leor den áilleacht bhaineann. Tá an pictiúr, ina léirítear odalisque lomnocht (bean leapa) de staidiúir discréideach, sa Louvre, Páras anois agus tá sé cáiliúil fós mar gheall ar na comhréireanna fadaíthe agus an easpa réalaíochta anatamaíoch i gcorp na mban.

Gníomhaíocht Shínte

Antony Gormley

Rinneadh, Asian Field, suiteáil dealbhoireachta ollmhór ina bhfuil 190,00 dealbh cré de mhéid láimhe, ag 350 duine de gach aois ón sráidbhaile Xiangshan thoir ó thuaidh ón chathair Guangzhou i ndeisceart na Síne, faoi threoir an ealaíontóra Anthony Gormley. Ag úsáid cré áitiúil ó Chúige Guangdong, a bhfuil cáil air ar fud na Síne dá dhathúchán dearg saibhir, tharla an déanamh thar thréimhse cúig lá i mí Eanáir 2003. Bacáladh na dealbha ansin sna háitheanna i monarcha áitiúil do dhéantús brící.

CEAHT 7

A hAON:7

AN FOGHLAIMEOIR ÉIFEACHTACH

COINCHEAP LARNACH

Má bhíonn a fhios ag páistí conas smacht a fháil ar a gcuid foghlama braithfidh siad cumhachtaíthe chun iarracht a dhéanamh rudaí nua a fhoghlaim.

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaitheantas

Féinmhuinín a fhorbairt

Cuspóirí Ábhair

Scileanna a fheabhsú chun feabhas a chur ar fhoghlaim.

Níos mó freagrachta pearsanta a ghlacadh dóibh féin.

Éirí níos neamhspleáiche agus níos féinrialaithe.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Murar chríochnaigh na páistí an Ceacht: An Foghlaimeoir Éifeachtach ó Rang a Cúig (Aonad a hAon) d'fhéadfaí é a dhéanamh roimh an cheacht seo.

ACMHAINNÍ

- Bileog Eolais (fótachóip do gach grúpa, gearrtha i míreanna)
- Bileog Tráth na gCeist (d'úsáid an mhúinteora)
- Bileog Cluichí Comhoibritheacha (cóip de chluiche amháin in aghaidh an ghrúpa) - bíonn tacaí de dhíth do chluichí áirithe freisin (m.sh.málaí ponairí, cártaí ullmhaithe) gur gá a eagrú roimh an ngníomhaíocht.
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna
- Bileog Oibre: Cad a d'Fhoghlaim mé Fúm Féin

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Obair i bPéirí
- Athmhachnamh
- Taispeántas

Réamhrá

Mínigh go bhfuil na páistí chun díriú ar a gcuid foghlama féin agus foghlaim le daoine eile le linn an cheachta seo. Cuir i gcuimhne dóibh mar pháistí Rang a Sé go mbeidh siad ag aistriú go scoileanna dara leibhéal, áit a mbeifear ag súil leis go nglacfaidh siad níos mó freagrachta as a bhfoghlaim féin. Iarr ar na páistí ina n-aonar smaoineamh ar am nuair a d'éirigh leo rud éigin a fhoghlaim go rí-mhaith - is féidir é seo a bheith laistigh nó lasmuigh den scoil.

Obair i bPéirí

Oibríonn na páistí i bpéirí agus ar a seal pléann siad am nuair a d'éirigh leo foghlaim go rí-mhaith. Iarr ar na páistí lena gcomhphairtí ranga na gnéithe den fhoghlaim ba chúis léi a bheith chomh héifeachtach a shainaithint agus a fheiceáil an bhfuil aon rud i bpáirt acu lena gcomhphairtí maidir leis seo.

Is féidir leat aiseolas ginearálta a thógáil ó na péirí agus liosta gnéithe a chuireann le foghlaim éifeachtach a chur le chéile. Fiafraigh de na páistí:

- *An bhfuil rudaí ar an liosta seo a bhfuil smacht againn orthu?*
- *An bhfuil rudaí nach bhfuil smacht againn orthu?*
- *Conas a d'fhéadfaimis gach deis fhoghlama a dhéanamh níos fearr dúinn féin?*

D'fhéadfadh na páistí na trí ghné is mó den fhoghlaim éifeachtach dóibh féin a scríobh ina gcóipleabhair nó ina leabhair nótaí OSPS - beidh siad seo difriúil ó pháiste go páiste ach beidh cosúlachtaí ann. Scríobhfaidh gach páiste abairt amháin faoi rud éigin gur féidir leo a dhéanamh chun cabhrú leo foghlaim níos fearr i suímh éagsúla.

Foghlaim Chomhoibritheach

Téann gach péire isteach le péire eile anois chun grúpa ceathair a dhéanamh. Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí foghlama comhoibritheacha seo a leanas le críochnú ag na páistí.

Foghlaim Mhíreanna Mearaí

Tugtar bileog eolais do gach grúpa faoi rud éigin a cheapann tú a mbeadh suim acu ann. D'fhéadfaí é seo a thógáil ó théacsleabhar scoile agus bunaithe ar thopaic a bheadh na páistí ag staidéar sar i bhfad (sa Stair nó san Eolaíocht mar shampla). D'fhéadfaí an **Bhileog Eolais** atá curtha ar fáil a úsáid más fearr leat.

Faigheann gach páiste sa ghrúpa mír amháin den eolas agus ní mór dóibh an t-eolas sin a mhúineadh do na baill eile sa ghrúpa. Ní mór dóibh é a fhoghlaim iad féin ar dtús agus gan é a léamh ón leathanach. Tógann gach ball grúpa sealaíocht é sin a dhéanamh. Is féidir tráth na gceist gearr a úsáid chun foghlaim na bpáistí a thástáil sna grúpaí (féach ar an **mBileog Tráth na gCeist** mar shampla).

Múineadh Comhoibritheach

Tá liosta cluichí comhoibritheacha ar fáil le húsaid sna grúpaí (**Bileog Chluichí Comhoibritheacha**). Is féidir cluiche comhoibritheach difriúil a thabhairt do gach grúpa le múineadh do na grúpaí eile. Ní mór do na grúpaí oibriú le chéile chun na teoracha a chleachtadh ionas nach mbeidh aon mhearbhall ann. Tá fearais de dhíth ag cuid de na cluichí nach mór a eagrú roimh ré. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh le linn ceacht Corpoideachais nó a chríochnú i gcéimeanna le linn ceachtanna OSPS. Mar mhalairt air sin d'fhéadfaí cluichí comhoibritheacha a roghnú ó do chuid acmhainní féin más rogha leat.

NÓS IMEACHTA SONRACH

A hAON:6

Athmhachnamh

Iarr ar na páistí measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón múineadh agus foghlaim chomhoibritheach a raibh baint acu leo. Smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas nó cinn mar an gcéanna chun plé a chur ar siúl:

- *Conas a bhí sé a bheith ag múineadh agus ag foghlaim i ngrúpaí?*
- *Conas atá sé i gcomparáid le bheith ag foghlaim i d'aonar?*
- *An bhfuil rudaí áirithe a fhoghlaimítear níos fearr i ngrúpaí?*
- *Nó i d'aonar?*
- *Dá mbeadh rogha agat cé acu ba rogha leat - foghlaim i ngrúpa nó foghlaim i d'aonar?*
- *An ndéanann sé seo athrú ar ar scríobh tú níos luaithe faoi chabhrú leat féin foghlaim?.*
- *Conas?*

Tabhair cuireadh do na páistí cur lena bhfuil scríofa acu cheana ina gcóipleabhair nó leabhair nótaí OSPS trí na habairtí seo a leanas a chríochnú:

Ceapaim gur fearr a fhoghlaimím nuair atáim ...

Sa todhchaí is féidir liom mo chuid foghlama a dhéanamh níos éifeachtaí trí...

Conclúid

Ag baint úsáide as an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** (gur féidir a chomhlánú anois) is féidir leat meabhrú do na páistí na ceachtanna go léir a críochnaíodh san aonad seo agus tar éis sin críochnaíonn na páistí an bhileog do dheireadh an aonaid: **Bileog Oibre: Cad a d'Fhoghlaim mé Fúm Féin.**

Conas Trátaí a Fhás

Céim 1: Trátaí a Chur

Is pleisiúr milis iad trátaí baile, a bhfuil blas iomlán difriúil acu ó na cinn a cheannaítear in ollmhargadh. Is féidir linn síolta a chur aon uair idir mí Feabhra agus mí Aibreáin. Lean na céimeanna simplí thíos chun trátaí blasta súmhara a fhás.



Bíodh do phota réidh agus do lámha salach. Mionaigh roinnt múirín idir do lámha go dtí go mbeidh na cnapanna go léir imithe. Lión pota síolta beag le múirín go laistigh de 2 cheintiméadar ó bharr an phota.

Buail ar an mbord é cúpla uair chun cabhrú leis an múirín socrú síos. Cuir 3 -5 shíol ón bpaicéad ar bharr an mhúirín. Clúdaigh iad sin le sraith tanaí múirín. Cuir uisce ar an ithir agus fág ar leac fuinneoige ghrianmhar laistigh é. Seiceáil gach lá go bhfuil an ithir tais - mura bhfuil cuir uisce uirthi arís.

Ag Fás Trátaí: Céim a Dó

Péacfaidh na síológa (beidh siad le feiceáil) tar éis timpeall dhá sheachtain. Seiceáil do shíológa beaga gach lá an bhfuil uisce ag teastáil uathu. Dhá sheachtain tar éis dóibh péacadh a dhéanamh ní mór dúinn na síológa a 'thanú' - ciallaíonn sé sin go mbainimid iad go léir ach dhá nó trí cinn a fhágáil. Má fhágaimid na síológa go léir sa phota ní bheadh a dhóthain spáis acu le fás ina bplandaí móra. Mar sin pioc na síológa is lú le baint amach ag fágáil na gceann is mó le fás.



Bíonn an-ocras ar phlandaí trátaí agus tar éis timpeall cúig seachtaine beidh na cothaithe go léir atá san ithir ídithe acu. Ag an bpointe sin ní mór dúinn na síológa a aistriú go potaí níos mó agus iad a chur in ithir úr - tugtar 'athphlandáil' air sin. Beidh trí phota 12cm ag teastáil nó mar mhalairt air sin d'fhéadfá buidéal bainne 2 líotar a ghearradh ina leath agus an leath íochtair a úsáid mar phota (bí cinnte roinnt poll draenála a chur sa bhun). Cuir sraith 5cm múirín ilchuspóireach in íochtar an phota nua. Ansin ardaigh síológ agus ithir go cúramach as an seanphota (nuair a chuirtear uisce orthu timpeall uair a chloig roimh ré cabhrófar an múirín a choinneáil le chéile). Cuir gach planda isteach sa phota nua agus cuir níos mó múirín ilchuspóireach timpeall air. Brúigh síos go réidh agus cuir uisce air ansin.

Ag Fás Trátaí: Céim a Trí

In mí Iúil bíonn na trátaí réidh le dul isteach i mála fáis trátaí gur féidir a cheannach in ionad garraíodóireachta. Éireoidh níos fearr leo má choinnítear in áit the iad mar ghrianán nó teach gloine. Déan roinnt poll draenála ar bhun an mhála fáis agus gearr amach na cearnóga plándála réamh-mharcáilte. Scaob amach roinnt múirín chun poll a dhéanamh do na plandaí le cur ann. Tóg na plandaí tráta amach as a bpotáí agus cuir sna poill ansin iad, brúigh isteach go maith iad agus cuir uisce orthu. Cuir slat bambú in aice le gach planda agus de réir mar a fhásann an planda ceangail an tráta leis an slat gach 10 ceintiméadar. De réir mar a fhásann an planda scoith amach na buinneoga taoibh a thagann amach go rialta san uillinn idir an príomhghas agus gas na duilleoige. Coimeád súil ar líon na dtrusanna torthaí (géaga le torthaí orthu) atá ag teacht amach ar an bplanda - nuair atá ceithre thrus ar an bplanda scoith an barr fáis (barr an phríomhghais). Cuir uisce orthu go cothrom agus go rialta. Chomh luath agus a thagann bláthanna amach, cothaigh le bia tráta orgánach leachtach gach seachtain iad. Chun trátaí a shábháil fan go mbeidh na torthaí aibí. Is fearr iad a ithe nuair a bhíonn an aimsir fós te taobh amuigh.



Oideas ag Úsáid Trátaí

Tá trátaí baile chomh blasta sin go bhfuil gach seans ann nach sroichfidh siad an chistin fiú sula n-itear iad! Seo duit sailéad blasta gur féidir leat a dhéanamh leo má éiríonn leo an chistin a bhaint amach!. Gearr timpeall ocht dtráta móra go cúramach i sliseoga den mhéid chéanna. Ag tosú i lár pláta móir, cuir na sliseoga i bhfáinní ar an bpláta, ag dul thar a chéile de réir mar a théann tú ar aghaidh. Is féidir leat roinnt cáis ghabhair nó mozzarella a scaipeadh ar an mbarr. Tá sé seo níos fearr fós má chroitheann tú roinnt ola olóige ar na trátaí agus cúpla duilleog mionstiaillta basal a chroitheadh ar an mbarr. An-bhlasta go deo!



(Bunaithe ar eolas curtha ar fáil ag <http://www.giyinternational.org/>)

Tráth na gCeist: Ag Tastáil Do Chuid Eolais Faoi Thrátaí!

Is féidir leis an múinteoir cuid de na ceisteanna seo a leanas a ghlaoch amach le páistí ag uimhriú agus ag scríobh a gcuid freagraí (fíor/bréagach) ina gcóipleabhair nó leabhair nótaí OSPS:

1. Ba chóir síolta trátaí a chur i mí an Mheithimh.
2. Is fearr níos mó ná síol amháin a chur i bpota.
3. In Éirinn, is fearr trátaí a chur taobh amuigh.
4. Bíonn a lán taise ag teastáil ó phlandaí trátaí le fás go maith.
5. Buinneoga taoibh is ea na gais a fhásann idir an príomhghas agus gas na duilleoige.
6. Nuair atáthar ag athphlandáil plandaí tráta bíonn gá potaí 20cm a úsáid.
7. Trusanna an t-ainm atá ar na géaga le torthaí orthu.
8. Ní glasra iad trátaí.
9. Is maith le roinnt páistí agus daoine fásta trátaí a ithe díreach ón bplanda.
10. Luibh mhaith le húsáid le trátaí is ea miontas.
11. Ba chóir go mbeadh poill draenála i bpotaí do phlandaí tráta.
12. Dá gcuirfeadh gach duine cúpla síol tráta ní bheadh orainn trátaí a iompórtáil go hÉirinn.

Bileog Chluichí Comhoibríocha

Deir Simon

Imrítear é seo cosúil leis an ngnáth Deir Simon ach in ionad suí síos nuair a bhuaitear bob orthu, téann na páistí isteach i ngrúpa eile Deir Simon a bhíonn ar siúl ag an am céanna.

Treoracha: Roinn an rang i ndhá ghrúpa cothroma. Ceap ceannaire i ngach grúpa a thabharfaidh na treoracha. Mínígh don rang ar fad go mbíonn siad in ann dul isteach i ngrúpa eile agus leanúint leis an gcluiche má bhíonn siad 'amuigh' i ngrúpa amháin. Sa chaoi sin ní chailleann aon duine - agus ní bhuann aon duine. Is féidir deireadh a chur leis an gcluiche tar éis am áirithe (abair cúig nóiméad).

Práta Te

Beidh réad ag teastáil uait le cur timpeall an ghrúpa atá ina suí nó ina seasamh i gchiorcal - d'fhéadfaí práta réalaióch a úsáid nó réad eile atá slán agus éasca a láimhseáil (m.sh.liathróid bheag, bréagán bog). Ceap ceannaire a chuirfidh tús leis an gcluiche. Cuirtear an réad timpeall an chiorcail ar a seal go dtí go scairteann an ceannaire 'Práta Te!' Seasann an páiste a bhfuil an réad aige/aici ag an bpointe seo taobh amuigh den chiorcal agus bíonn siad ina gceannaire anois. Smaoiníonn an duine seo ar uimhir idir 1-10 agus déanann siad comhaireamh go dtí an uimhir sin go ciúin sula scairteann siad 'Práta Te!' Téann an duine ag a bhfuil an réad leis an gceannaire agus eatarthu cinneann siad ar uimhir idir 1-10, déanann siad comhaireamh go ciúin go dtí an uimhir sin agus scairteann an bheirt acu 'Práta Te!' Is féidir leanúint ar aghaidh leis an gcluiche go dtí go mbeidh beagnach an chuid is mó acu aistrithe go dtí an grúpa taobh amuigh, nó ar feadh cúig nóiméad.

Reoigh!

Beidh mála ponairí nó rud cosúil leis ag teastáil do gach duine don chluiche seo. Cuirtear iad sin ar a gcloigeann agus bogann na páistí timpeall an tseomra do cheol. Má thiteann an mála ponairí óna gcloigeann ní mór dóibh 'reoigh' san áit a bhfuil siad. Níl cead acu bogadh go dtí go bpiocann duine éigin a bhfuil mála ponairí ar a gcloigeann acu an mála ponairí a thit agus é a chur ar ais ar a gcloigeann. Is féidir leanúint ar aghaidh leis an gcluiche seo ar feadh timpeall cúig nóiméad.

Líne Breithlae

Níl aon fhearas ag teastáil don chluiche seo ach ní mór do gach duine comhoibriú chun líne breithlae a dhéanamh go ciúin. Inis do na páistí gurb í Eanáir ceann amháin den tseomra ranga agus gurb í mí na Nollag an ceann eile. Caithfidh siad dul isteach i líne in ord mí a mbreithe. Má tá líon páistí a rugadh sa mhí chéanna ní mór dóibh iad féin a shocrú in ord laistigh den mhí sin - mar shampla ba chóir go mbeadh duine a rugadh ar an 5ú Márta roimh dhuine a rugadh ar an 10ú nó 20ú Márta sa líne. Críochnaítear an cluiche nuair a bhíonn gach duine go ciúin ina áit sa líne. D'fhéadfadh an ceannaire iarraidh ar gach duine, ag tosú ag tús na líne (Eanáir) a mbreithlá a rá le féachaint an bhfuil sé i gceart acu!

Rainn agus Dánta

Don chluiche seo beidh ort línte a scríobh ó dhánta gearra nó rainn ar chárta - líne amháin ar gach cárta. Ba chóir go mbeadh go leor línte ann ionas go bhfaighidh gach duine líne amháin den dán nó den rann. Mar shampla má tá 28 páistí i do rang beidh 28 líne ag teastáil a chiallaíonn go mbeidh timpeall seacht rann do pháistí nó ceithre dhán 7 líne ag teastáil uait (nó meascán den dá cheann). Ná húsáid aon rann nó dán níos mó ná uair amháin sa chluiche seo. Faigheann gach duine líne de rann/dán agus ní mór dóibh na daoine ag a bhfuil an chuid eile den rann nó den dán a aimsiú. Ag deireadh an chluiche d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'aon duine gur mhaith leis nó léi a rann nó dán a aithris.

Cé Mise?

Don chluiche seo beidh lipéad greamaitheach ag teastáil ó gach rannpháirtí. Beidh ainm duine mór le rá ar gach lipéad - d'fhéadfaí gur den lucht spóirt, polaiteoirí, scríbhneoirí, aisteoirí, réaltaí pop nó réaltaí eile iad. Ba chóir gur daoine iad a bheadh na páistí in ann a aithint tar éis cúpla leid - murar amhlaidh rachaidh an cluiche ar aghaidh agus ar aghaidh. Cuirtear na lipéid ar dhroim gach páiste - ní féidir leo an lipéad a fheiceáil ach is féidir le daoine eile. Tá cead ag páistí ceist amháin a chur ar gach páiste sa rang, a bhfuil tá nó níl mar fhreagra uirthi, - ní cheadaítear aon cheist eile. Gnáthcheisteanna a d'fhéadfaí a chur ná: An fireann nó baineann mé? An Éireannach mé? An imrím aon spóirt? Tá cead ag páistí a n-'ainm' a thomhas chomh luath agus chomh minic agus is maith leo go dtí go mbíonn sé acu. Ag an bpointe seo baineann siad an lipéad óna ndroim agus greamaíonn é ar aghaidh an choirp. Leantar leis an gcluiche go dtí go mbeidh a n-'ainm' tomhaiste ag gach duine.

Bileog Oibre: Cad a d'Fhoghlaim mé Fúm Féin

Ainm _____ Dáta _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé...

Mhothaigh mé ...

Ba léir dom ...

Thaitin.....liom

Níor thaitin.....liom

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 go ró-mhaith agus 10 go hiontach cén marc a bhronnfá ar an gcaoi a nglacann tú leat féin agus le daoine eile? _____

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná...

AONAD 2
AG TABHAIRT AIRE
DO MO CHORP

MISNEACH



CLÁR

AONAD 2

AG TABHAIRT AIRE DO MO CHORP

SNÁITHE MISE

Mír A

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Sláinte agus Folláine

Mír B

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Bia agus Cothú
Eolas ar mo chorp

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

RÉAMHRÁ DON AONAD

De réir mar a éiríonn páistí níos neamhspleáiche bíonn siad oscailte do chásanna in ar ghá dóibh roghanna a dhéanamh a d'fhéadfadh toradh a bheith acu ar a sláinte agus folláine. Is féidir cabhrú leo tríd na cásanna seo ach treoir aois-oiriúnach agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus a gcuid feasachta a ardú maidir lena gcumas iad féin a choinneáil slán agus sláintiúil. Sna ceachtanna in Mír A pléann páistí torthaí drugaí ar an gcorp agus na cúiseanna a bhaineann duine triail astu nó a bhíonn siad tugtha dóibh. Déantar iniúchadh ar bhealaí chun plé le strus agus imní mar mhodh chun straitéisí déileála a chur ar fáil gur féidir le páistí a úsáid. Trí scéalta, cloiseann na páistí faoi pháistí a bhí i gcásanna deacra agus sainaithníonn siad bealaí agus modhanna le cur in aghaidh brú chun triail a bhaint as drugaí. Téann tógáil drugaí i bhfeidhm ní hamháin ar an duine aonair a thógann na drugaí ach d'fhéadfadh sé cur isteach freisin ar a dteaghlach agus ar a gcairde. Tugtar mothú cumasaithe do pháistí agus cuirtear lena bhforbairt mar shaoránaigh

ghníomhacha nuair a thugtar faoi ghníomh dhearfach chun cosc a chur le drugaí ag leibhéal an phobail.

Cé go mbaineann an-chuid den aonad seo le drochthorthaí drugaí áirithe (mar alcól agus nicitín) ba chóir a mheabhrú dóibh go bhféadfadh dea-thorthaí saoil a bheith acu freisin. D'fhéadfadh tinnis a bheith ag páistí nó ag baill dá dteaghlach a bhfuil gá acu drugaí leighis a thógáil. B'fhéidir go mbeadh sé amhlaidh freisin go mbeadh páistí thíos de bharr ball teaghlach a bheith ag tógáil drugaí mídhleathacha agus ba chóir tuiscint ar a leithéid treo na gceachtanna seo a stiúradh.

In Mír B den aonad seo tá an fócas ar ithe go sláintiúil agus aire a thabhairt dár gcorp trí bhia, cothú agus cleachtadh coirp. Foghlaimíonn páistí tábhacht sláinteachas bia agus na cúiseanna a leanann daoine áirithe aiste bia srianta. Déantar iniúchadh ar aclaíocht choirp don tsláinte agus múintear nósanna maithe sláinteachais tar éis aclaíocht choirp. Pléitear cumais fhisiciúla éagsúla i gCeacht 5. Sa deireadh tá infhabhtuithe agus an chaoi a leathnaítear iad mar ábhar do Cheacht 6. Bunphrionsabal ag dul tríd an dá mhír san aonad seo ná meas a bheith ort féin agus ar dhaoine eile.

AONAD 2

AG TABHAIRT AIRE DO MO CHORP

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

MÍR A: *Sláinte agus folláine*

Ceacht 1

Iompar Sláintiúil agus Míshláintiúil

Ceacht 2

Foghlaim Conas plé le hIlní

Ceacht 3

Cúiseanna le Drugaí a Thógáil

Ceacht 4

Áiteanna Baolacha - Roghanna Baolacha

Ceacht 5

Spleáchas agus Andúil

Ceacht 6

Cabhair agus an Pobal

MÍR B: *Bia agus Cothú agus Eolas faoi mo chorp*

Ceacht 1

Roghanna Bia

Ceacht 2

Aire le Bia

Ceacht 3

Fadhb le Bia?

Ceacht 4

Cúram Coirp

Ceacht 5

Cumais Éagsúla

Ceacht 6

Ionfhabhtuithe agus Cosaint Choirp

AONAD 2
Mír A: SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

MISNEACH

CLÁR

CEACHT 1: Mír A

A DÓ A:1

IOMPAR SLÁINTIÚIL AGUS MÍSHLÁINTIÚIL

COINCHEAP LÁRNACH

D'fhéadfaí cabrú le páistí cinntí faoina n-iompar agus sláinte féin a dhéanamh trí fheasacht a ardú maidir le réimse drugaí.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Sláinte agus folláine

Cuspóirí Ábhair

Iompar atá go maith don tsláinte agus iompar a dhéanann dochar don tsláinte a aithint agus a iniúchadh.

Idirdhealú a dhéanamh idir substaintí dleathacha agus mídhleathacha, ag aithint iad siúd is mó a úsáidtear, agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith acu a iniúchadh agus a thuiscint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

OSCE- Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: An Duine Daonna

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Beidh tuiscint ag teastáil má tá páistí sa rang a bhfuil fadhbanna sláinte acu agus/nó a bhfuil aithne acu ar dhaoine le fadhbanna sláinte bainteach le drugaí.

Is féidir an ceacht seo a roinnt i ndhá sheisiún.

Tá eolas úsáideach faoi dhruagaí in [Substaintí a Thuiscint agus a Úsáid](#)
[Substaintí: Lámhleabhar do Mhúinteoirí.](#)

ACMHAINNÍ

- Póstaer: Roghanna Sláintiúla?
- Bileoga móra páipéir
- Cártaí Drugaí
- Cartáí -Tionchar Drugaí ar an gCorp
- Bileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do Mo Chorp – Sláinte agus Folláine

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Tobsmaointeoireacht agus Plé
- Obair Ghrúpa agus Plé 1
- Obair Ghrúpa agus Plé 2
- Obair Ghrúpa agus Plé 3
- Conclúid

Réamhrá

Taispeáin an **Póstaer: Roghanna**

Sláintiúla? Fiafraigh conas is féidir na rudaí seo a ghrúpáil agus cén fáth. Pléigh:

- *Cad atá i bpáirt ag na rudaí seo?*
- *Cad iad na rudaí atá riachtanach nó tábhachtach don tsláinte?*
- *An bhfuil rudaí ann a dhéanann dochar don tsláinte?*
- *Ainmnigh cuid de na rudaí a dhéanann daoine a dhéanann dochar don tsláinte?*

Mínigh do na páistí go bhfuil siad le foghlaim faoin toradh a bhíonn ag drugaí ar dhaoine.

Tobsmainteoireacht agus Plé

Iarr ar na páistí an oiread drugaí agus is féidir leo a ainmniú. Déan iad sin a liostáil ar an gclár bán nó ar CBI. Tabhair faoi deara an bhfuil drugaí dleathacha mar leighis, tobac nó alcól san áireamh, agus mura bhfuil, cuir ar an liosta iad.

Tabhair píosa páipéir do gach páiste agus ar thaobh amháin iarr orthu an abairt a scríobh agus a chríochnú: *Rud amháin atá ar eolas agam faoi dhrugaí ná...* agus ar an taobh eile scríobh agus críochnaigh an abairt: *Rud amháin a bhfuil mé neamhchinnte faoi maidir le drugaí ná...* Faigh aiseolas agus cuir a gcuid freagairtí le chéile trí thuairimí comónta a shainaithint agus iad sin a chur ar an gclár bán nó ar an CBI.

Pléigh cad is druga ann - socraigh ar shainmhíniú a chuireann san áireamh an tuairim go bhfuil toradh ag drugaí ar an gcaoi a fheidhmíonn an corp agus gur féidir leo cur isteach ar an gcaoi a bhraithimid, cad a dhéanaimid agus ar an gcaoi a smaoinimid. Mínigh úsáid drugaí mar leigheasanna a bhaineann lena n-úsáid le tinnis a chóireáil nó a chosc.

Obair Ghrúpa agus Plé 1

Iarr ar na páistí smaoineamh ar na seomraí go léir i ngnáththeach. Roinn na páistí i ngrúpaí. Ag baint úsáide as bileog mhór, iarr ar gach grúpa na drugaí go léir a d'fhéadfaí a fháil i seomraí éagsúla a liostáil. Tóg aiseolas agus ar an gclár bán nó ar an CBI, scríobh freagraí na bpáistí. Pléigh na drugaí a sainaitníodh. D'fhéadfaí cuid de na ceistanna seo a leanas a úsáid chun plé a chur ar siúl:

- *An bhféadfá drugaí a fháil i ngach seomra sa teach?*
- *Cén fáth go mbeadh táibléid i seomra leapa?*
- *An úsáidtear cógais ar bhealach mícheart riamh? (m.sh. úsáid mhícheart, ródháileog, ag tabhairt táibléad do dhuine eile, á meascadh le halcól)*
- *An maith an rud é tobac a chaitheamh i dteach? I seomra ina bhfuil bia á ullmhú?*
- *An bhfuil baol ann tuaslagóirí mar ghreamacháin a stóráil i gcófra cistine.*
- *Cén fáth a choinneodh daoine alcól sa teach?*
- *An bhfuil sé ceart go leor alcól a bheith i dteach?*
- *An bhfuil aon bhaol ag baint le drugaí a bheith i dteach?*
- *An féidir leat smaoineamh ar dhrugaí eile a d'fhéadfadh a bheith i dteach?*
- *An bhfuil sé ceart go leor drugaí a úsáid i dteach?*
- *An druga dleathach é gach druga a bhíonn i dteach?*

Leis na páistí, déan liosta 'Déan' 'Ná Déan' maidir leis na drugaí a sainaitníodh. Mar shampla níor chóir ach don duine atá ainmnithe do dhrugaí iad a thógáil i gcás drugaí oidis agus níor chóir iad a roinnt ar chúis ar bith.

Obair Ghrúpa agus Plé 2

Dáil amach seiteanna de na **Cártaí Druga** do gach grúpa. Iarr orthu na cártaí a shórtáil i gcairn ag úsáid na gceannteideal seo a leanas: dleathach agus mídhleathach. Nuair atá sé déanta fiafraigh díobh an raibh sé éasca nó deacair comhaontú ar cén carn ar leo iad. Spreag na páistí a gcuid freagairtí a mhíniú. Tabhair faoi deara cá háit ar cuireadh toitíní agus alcól agus leag béim ar na saincheistanna dleathacha a bhaineann le toitíní nó alcól a cheannach. Ansin iarr ar gach grúpa na cártaí a eagrú ar leanúntas ón mbaol is lú go dtí an baol is mó.

An raibh sé éasca nó deacair comhaontú ar ord? Mínigh: Pléigh na baoil le substaintí neamhdhleathacha nó toitíní nó alcól a úsáid agus le mí-úsáid cógas. Cuir in iúl do na páistí go bhfuil baoil i gceist aon druga (dleathach nó mídhleathach) a thógáil agus nár chóir d'aon duine a bheith ar nós cuma liom faoina úsáid. ([Substaintí agus Úsáid Substainte a Thuiscint - Lámhleabhar do Mhúinteoirí](#) is féidir é a úsáid chun eolas a shoiléiriú.)

Obair Ghrúpa agus Plé 3

Roinn an rang i ngrúpaí. Tabhair bileog mhór do gach grúpa agus iarr orthu imlíne de chruth an duine a tharraingt. Iarr orthu príomhorgáin an choirp a tharraingt ar an taobh amuigh (inchinn, croí, scámhóga, goile agus ae agus eile mar is gá). Tabhair **Cárta Druga** agus **Cárta ar Thionchar Drugaí ar an gCorp** do gach duine. Iarr orthu torthaí an druga a scríobh ar imlíne an choirp. Iarr ar gach grúpa labhairt faoi thorthaí druga a bhfuil staidéar déanta acu air. (Cinntigh go dtuigeann na páistí go ndéanann leigheasanna ar oideas, a thógtar i gceart, maitheas don duine de ghnáth). Nuair atá tuairisc déanta ag na grúpaí

go léir úsáid na ceistanna seo a leanas chun plé a thosú:

- *Ar thug tú faoi deara go raibh aon rud i bpáirt ag na tuairiscí?*
- *Ar chuir aon rud ionadh ort? Cad é?*
- *An féidir le torthaí eile a bheith ag drugaí seachas torthaí ar an gcorp?*

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi shubstaintí dleathacha agus mídhleathacha ón gceacht. Is féidir leo taifead ar a gcuid foghlama a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do Mo Corp (Sláinte agus Folláine)** sa mhír don cheacht seo. Bailítear iad seo agus léitear iad mar chuid den mheasúnú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid sna gceachtanna eile san aonad seo.

Síneadh

Iarr ar na páistí torthaí drugaí eile a sainathnódh a bheith ábhartha don aoisghrúpa seo a fháil. I ngrúpaí ba chóir dóibh freagraí a ullmhú do na ceistanna seo a leanas:

- Cád a tharlaíonn má úsáideann tú...?
- Cad iad na baoil in úsáid...?
- Cad é an scéal dleathach...?

D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm tionscadail, le grúpaí éagsúla ag cur a bhfuil foghlamtha acu i láthair do pháistí eile.

Roghanna Sláintiúla?



Cártaí Drugaí

Nicitín

(i dtoitíní)

Caiféin

(i ndeochanna tae, caifé,
Red Bull, Cola)

Cóidín

(i dtáibléid agus
leachtanna do
chasachtaigh agus
faoiseamh ó phian)

**Frith
dhúlagair**

Hearóin

Alcól

Cannabas

Aspairín

Cócaon

Stéaróidigh

Eacstais

Tuaslagóirí/
Ionanálaigh

(i ngliú, peitreal, leachtanna
glántacháin, roinnt
marcóirí srl.)

Paraicéiteamól

(i dtáibléid agus capsúil
chun faoiseamh a fháil
ó phian)

Antaibheathaigh

Torthaí Drugaí ar an gCorp

Toitíní

Smálaítear agus déantar damáiste don chraiceann.
Laghdaítear blaiseadh agus boladh.
D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le galar croí agus strócanna.
D'fhéadfaí a bheith ina gcúis le broincíteas agus deacrachtaí anáilaithe.
D'fhéadfaí damáiste a dhéanamh do naíonán sa bhroinn.
Is féidir leo a bheith ina gcúis le hailse scámhóg, scórnach agus ghoile.
Ardriosca spleáchais.

Tuaslagóirí/ionanálaigh

D'fhéadfaí an córas anláilaithe a reo.
D'fhéadfaí a bheith ina gcúis le bás tobann.
Moillítear meabhairphróisis agus d'fhéadfadh duine a bheith gan aithne gan urlabhra mar thoradh orthu.
D'fhéadfaí a bheith ina gcúis le tachtadh.
Moillíonn siad buille an chroí.
D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le teip croí.
D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le cliseadh scámhóg. D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le dúlagar.
Riosca spleáchais.

Alcól

Moillítear meabhairphróisis.
D'fhéadfaí tionchar a bheith aige ar mheabharshláinte.
Moillítear buille an chroí.
D'fhéadfaí a bheith ina chúis le fadhbanna croí.
D'fhéadfaí a bheith ina chúis le damáiste inchinne, goile agus ae.
D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do naíonán sa bhroinn.
Riosca spleáchais.

Cócaon

D'fhéadfaí damáiste a dhéanamh do líneáil na sróine.
D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le fadhbanna meabharshláinte m.sh. paranóia.
D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le neamhchodladh, imní agus dúlagar.
Buailéann an croí níos tapúla – d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le teip croí.
D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do na scámhóga.
D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don ae.
Riosca spleáchais.

Cannabas

Moillítear meabhairphróisis.
D'fhéadfaí tionchar a bheith aige ar an gcuimhne.
D'fhéadfaí fadhbanna meabharshláinte a bheith mar thoradh air m.sh. dúlagar, paranóia agus scitsifréine.
D'fhéadfaí damáiste a dhéanamh do na scámhóga.
D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le broincíteas agus plúchadh.
Riosca spleáchais.

Hearóin

Moillítear meabhairphróisis.
D'fhéadfaí a bheith ina cúis le haiseag.
D'fhéadfaí cóma a bheith mar thoradh uirthi.
D'fhéadfaí a bheith ina cúis le cliseadh féitheacha.
D'fhéadfadh ionfhabhuithe agus galair ae a bheith mar thoradh uirthi má roinntear snáthaidí.
Ardriosca ródháileoige agus bás.
Ardriosca spleáchais.

Cógais ar Oideas (má mhí-úsáidtear)

D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le broincíteas agus deacrachtaí anáilaithe.
D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le damáiste don inchinn. D'fhéadfadaidís a bheith ina gcúis le teip croí.
D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le masmas agus aiseag.
Riosca spleáchais.

Eacstais

Méadaítear ráta croí. Cuirtear le luas chóras na nearóg.
D'fhéadfaí a bheith ina cúis le teip croí.
D'fhéadfaí a bheith ina cúis le pianta géara cliabhraigh.
D'fhéadfaí a bheith ina cúis le caillteanas cuimhne agus speabhraídí.
D'fhéadfaí a bheith ina cúis le bás tobann.
Riosca spleáchais.

Ag Tabhairt Aire do Mo Chorp (Sláinte agus leas)



M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna faoi aire a thabhairt do mo chorp.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Iompar sláintiúil agus míshláintiúil	
Ag foghlaim conas déileáil le himní	
Cúiseanna le drugaí a thógáil	
Áiteanna baolacha - roghanna baolacha	
Cleithiúnas agus andúil	
Cabhair agus an pobal	

CEACHT 2: Mír A

A DÓ A:2

FOGHLAIM CONAS PLÉ LE HIMNÍ

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhraítear le teannas agus strus a lagdú trí chaint faoi bhuarthaí agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun déileáil leo.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Sláinte agus folláine

Cuspóir Ábhair

Cúiseanna imní phearsanta a aithint agus straitéisí cuí le dul i ngleic leo a aithint

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán trí theanga

Snáithaonad: Labhairt

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Ag tarraingt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

B'fhéidir go mbeidh gá an léirshamhlú a ghiorrú do roinnt grúpaí ranga. Tá nasc ag an gceacht seo le hAonad 6: Mise agus Daoine Eile.

ACMHAINNÍ

- Script Léirshamhlaithe
- Ábhair Tarraingte
- Mála Páipéir
- Bileog Oibre: Aire a Thabhairt do Mo Chorp (*Sláinte agus Folláine*) ó Cheacht 1

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Tobsmaointeoireacht
- Plé
- Obair i bPéirí
- Léirshamhlú
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ A:2

Tobsmainteoireacht

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag plé mothúcháin faoi leith inniu: imní. Fiafraigh de na páistí cad iad cuid de na rudaí a d'fhéadfadh inmí a chur ar pháistí dá gcomhaois. Cuir i gcuimhne dóibh nach gá dóibh labhairt fúthu féin nó aon duine a bhfuil aithne acu orthu. Spreag na páistí le smaoineamh ar an oiread cásanna agus is féidir leo. Déan iad seo a liostáil ar an gclár bán nó ar an CBI.

Plé

Déan plé ar cad a bhaineann leis na himeachtaí seo go ginearálta a chuireann imní agus strus ar pháistí. Iarr ar na páistí duine éigin a bhfuil imní air/uirthi faoi cheann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas a shamhlú.

- *Cad a d'fhéadfadh an duine a bheith ag rá leis/léi féin?*
- *Conas a mhothódh a gcorp?*
- *Cad a d'fhéadfadh an duine a dhéanamh chun an imní a laghdú?*

Spreag freagairtí ar gach ceann de na ceisteanna ar a seal.

Obair i bPéirí

Roinn na páistí i bpéirí. Iarr ar gach péire an liosta ábhar imní a shórtáil sna catagóirí seo a leanas atá ar taispeáint agat ar an gclár bán nó ar an CBI:

- imní faoi rudaí a bhfuil gach seans ann go dtarlóidh siad a d'fhéadfaimis rud éigin a dhéanamh fúthu
- imní faoi rudaí gur dócha nach dtarlódh siad ar chor ar bith
- imní faoi rudaí nach féidir linn aon rud a dhéanamh fúthu.

Iarr ar gach péire a roghanna faoi gach catagóir a phlé le péire eile agus teacht aníos le smaoineamh chun dul i ngleic leis an imní gur féidir leo rud éigin a dhéanamh fúithi.

Tabhair cuireadh do na páistí cuid de na tuairimí atá acu a mhíniú agus iad a phlé leis an rang ar fad.

Inis do na páistí go gcabhraíonn sé uaireanta a shamhlú an t-ábhar imní á chur i mála nó i mbosca bruscair. Léirigh tríd an ábhar imní a scríobh ar pháipéir agus é a chur i mála páipéir. Dún an mála. D'fhéadfaí é seo nó rud éigin cosúil leis a úsáid mar mhíniú: *Nuair atá sé istigh ansin ní gá dúinn smaoineamh air. Is féidir linn é a thógáil amach más mian linn labhairt le duine éigin faoi nó is féidir é a chur sa bhosca bruscair toisc nach gá dúinn é a bheith linn níos mó.*

- *An gcabhródh sé seo?*
- *Conas a chabhródh sé?*

Léirshamhlú

Sula dtosaítear an léirshamhlú fiafraigh de na páistí cén áit taobh istigh dá gcorp a mhothóidís na mothúcháin seo a leanas: eagla; brón; sonas; fearg; imní. Mínigh dóibh go n-iarrfar orthu sa ghníomhaíocht seo na mothúcháin atá acu ina gcorp a thabhairt faoi deara mar go gcabhródh sé seo leo dul i ngleic níos éasca lena gcuid mothúchán, go háirithe imní. Tabhair cuireadh do na páistí a bheith compordach ina suíocháin, a ndroim go díreach agus a gcosa ar an urlár. Léigh an script don léirshamhlú go mall agus le sosanna nuair a chuirtear in iúl iad..

Script don Léirshamhlú

Tar éis nóiméid táim chun iarraidh ort do shúile a dhúnadh agus tógfaidh mé tú ar thuras samhlaíoch. Nuair atáimid críochnaithe is féidir leat rud éigin dá bhfuil feicthe agat agus cuid dar mhothaigh tú a tharraingt...

Anois ba mhaith liom go mbeidh tú chomh compordach agus is féidir leat agus do shúile a dhúnadh... Le do shúile dúnta mothaíonn tú an spás thart timpeall ort - áit a bhfuil do chorp agus an t-aer atá timpeall

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ A:2

ort... Is áit dheas í mar is í d'áit féin í, do spás féin...

Tabhair faoi deara a bhfuil ar siúl i do chorp... Tabhair faoi deara má mhothaíonn tú teannas aon áit... Ná déan iarracht na háiteanna a mhothaíonn tú teannas a bhogadh... Ná déan ach iad a thabhairt faoi deara ...

Conas atá d'alálú? An bhfuil tú ag tógáil análacha doimhne nó an bhfuil tú ag análú le hanálacha tapa beaga? Ba mhaith liom dá dtógfá cúpla anáil dhomhan..Scaoil amach an t-aer le roinnt fuaim...

Anois samhlaigh go bhfuil d'análú cosúil le tonnta séimhe ar an trá agus an tonn ag teacht isteach beireann sí fuinneamh léi agus glanann sí an strus amach as do chorp agus í ag trá... Mothaigh an fuinneamh ag teacht isteach... Mothaigh an strus á ghlánadh amach...Lean leis seo ar feadh cúpla nóiméad ag análú isteach agus amach...

Anois táimid ag dul ar thuras samhlaíoch. Féach an bhfuil tú in ann leanúint ...Déan iarracht ar a bhfuil á insint agam a shamhlú agus féach conas a mhothaíonn tú agus tú á dhéanamh...

Iarraim ort a shamhlú go bhfuil tú ag siúl i ngairdín... Féach ar an ngairdín, tabhair na bláthanna faoi deara...na toir...na crainn torthaí...Seasann tú ar feadh nóiméad agus tugann tú na dathanna faoi deara....boladh na mbláthanna...

Féachann tú i dtreo cúinne an ghairdín agus feiceann tú foirgneamh beag clúdaithe le heidhneán, féithleann agus bláthanna eile.. Siúlann tú go dtí an foirgneamh agus tugann tú doras faoi deara.

Osclaíonn tú é agus téann tú isteach ann agus tagann tu ar sheomra iontach le boscaí taisce áille, gach ceann agus ainm scríofa air... Tagann tú ar bhosca le d'ainm

air... Seasann tú ag stánadh air... Tá a fhios agat gur leatsa an bosca ... Osclaíonn tú é agus feiceann tú go bhfuil sé lán de rudaí luachmhara...Agus iad á bhfiosrú agat tugann tú faoi deara go léiríonn siad seo do chuid buanna agus cumas.... Smaoinigh ar do bhuanna agus ar do chumais uilig.

Déan iniúchadh ar na buanna agus na cumais seo ...Conas a mhothaíonn sé nuair a éiríonn tú feasach ar do chuid buanna agus ar do chumais...? Smaoinigh ar na buanna agus ar na cumais seo agus an chaoi inar féidir leo cabhrú leat nuair a bhíonn imní ort...nó conas is féidir leat cabhrú le daoine eile má bhíonn imní orthu (ag úsáid do bhuanna nó do chumas...) Smaoinigh ar na daoine go léir a d'fhéadadh cabhrú leat nuair a bhíonn imní ort...

Nuair a bheidh tú réidh, osclóidh tú do shúile agus beidh tú ar ais sa seomra seo... Nuair a osclóidh tú do shúile ba mhaith liom go bhfaighfeá roinnt páipéir agus criáin agus pictiúir, siombailí, focail a tharraingt chun do bhuanna agus do chumais a léiriú....ní gá ach a dtagann isteach i do chloigeann a tharraingt...Nuair atá tú réidh is féidir leat tosú.

D'fhéadfá fiafraí de na páistí ar mhaith leo a rá conas a mhothaíonn siad tar éis an léirshamhlaithe. Dáil amach na hábhair ealaíne agus tabhair cúig go deich nóiméad do na páistí a gcuid buanna, cumas agus mothúchán a iniúchadh ar pháipéar.

Conclúid

*Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi imní agus straitéisí chun dul i ngleic léi ó na gníomhaíochtaí. Ansin iarr orthu é sin a scríobh síos ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Sláinte agus Folláine)** san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid i gceachtanna a leanann san aonad seo.*

CEACHT 3: Mír A

A DÓ A:3

CÚISEANNA LE DRUGAÍ A THÓGÁIL

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach na cúiseanna le drugaí a thógáil a iniúchadh chun cabhrú le páistí cinntí feasacha a dhéanamh.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- **Snáithaonad:** Ag tabhairt aire do mo chorp
Sláinte agus Folláine

Cuspóir Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na cúiseanna a chaitheann daoine, a ólann siad alcól, a mhí-úsáideann siad aon chineál substaintí nó a thógann siad drugaí nach bhfuil aon úsáid leighis acu

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
- Forbairt mothúchán trí theanga

Snáithaonad: Labhairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

[Substaintí a Thuiscint agus a Úsáid](#)
[Substaintí - Lámhleabhar do Mhúinteoirí](#)
foinse mhaith a bheadh ann d'eolas ábhartha.

ACMHAINNÍ

- Cártaí: Cén Fáth a Thógann Daoine Drugaí? (seit amháin do gach grúpa)
- Bileog Oibre: Aire a Thabhairt do Mo Chorp (*Sláinte agus Folláine*) ó Cheacht 1
- Scéal

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Obair Ghrúpa
- Plé
- Conclúid

Réamhrá

Mínigh go bhfuil fócas an cheachta seo ar dhrugaí. Cuir i gcúimhne do na páistí an obair atá déanta acu cheana ar dhrugaí agus iarr orthu a rá cad is druga ann?

Sainaithin cad is féidir leo cuimhneamh air faoi dhrochthorthaí drugaí. Fiafraigh de na páistí:

Nuair a thuigtear go ndéanann úsáid agus mí-úsáid drugaí damáiste don tsláinte agus go mbíonn torthaí diúltacha ar a lán daoine, cén fáth a dtosódh daoine ag tógáil drugaí nuair nach bhfuil aon úsáid leighis acu?

Déan liosta dá bhfreagairtí.

Obair Ghrúpa

Roinn an rang i ngrúpaí 4-5. Tabhair an seit **Cártaí: Cén fáth go dtógann Daoine Drugaí?** do gach grúpa. (D'fhéadfá cuid de na freagairtí a thug na páistí níos luaithe a chur isteach ar chártaí). Iarr orthu na cártaí a rangú ón gcúis is mó go dtógfaí drugaí go dtí an chúis is lú le hiad a thógáil. Dhéanfaí é seo i líne nó le cruth diamaint (má bhíonn roinnt cúiseanna ar chomhthábhacht).

Plé

Nuair atá siad críochnaithe iarr ar gach grúpa tuairisc a thabhairt ar an rangú atá déanta acu. Ansin cuir na ceisteanna seo a leanas orthu:

- *An raibh sé éasca nó deacair na cúiseanna a rangú?*
- *Cén cúiseanna a spreag an plé is mó?*
- *An bhfuil aon rud a d'athrófá anois mar thoradh ar na grúpaí eile a chloisteáil?*

Scéal

Inis do na páistí go bhfuil siad chun scéal a chloisteáil faoi pháiste ar chomhaois leo a bhíonn ag caitheamh/ag tógáil drugaí/ ag ól alcóil/ag úsáid tuaslagóirí/

ionanálach (roghnaigh mar is cuí). Iarr ar na páistí éisteacht go géar leis an scéal agus iarracht a dhéanamh a fháil amach cén fáth gur thóg an páiste an druga agus cén toradh a bhí air.

Roghnaigh ó na scéalta thíos.

Scéal Shéain (a bhaineann le canabas)
Peil an spórt ba rogha le Séan. Ba mhaith leis gach rud fúithi. D'fhéachadh sé uirthi ar an teilifís agus leanadh sé a rogha foirne i gcónaí. D'imríodh sé peil freisin. Bhíodh sé i gcónaí ag pleidhcíocht timpeall leis an liathróid, uaireanta ar chúl an tí agus uaireanta ar an tsráid. Ba bhreá leis a scileanna a chleachtadh, ag coinneáil an liathróid den talamh lena chosa agus lena cheann. Thosaigh sé ag imirt leis an bhfoireann faoi 12 bhliain d'aois agus de ghnáth d'imir sé sna tosaigh. Scóráil sé a lán cúl agus cheap na gasúir ag an traenáil go raibh sé ar fheabhas.

Chroch páistí níos sine thart ag bun na sráide ar a raibh Séan ina chónaí. Ba ghnáth leis na páistí seo a bheith ag pleidhcíocht, ag caitheamh agus uaireanta ag ól. Bhí cuid de na gasúir ina gcónaí ar shráid Shéain agus d'imríodh sé peil ar an tsráid leo go minic. Lá amháin d'fhiafraigh duine de na gasúir de Shéan ar mhaith leis toitín. Bhain Séan triail as caitheamh uair éigin cheana ach mhothaigh sé tinn dá bharr. Dúirt sé nár theastaigh uaidh dáiríre. Dúirt an gasúr níos sine nár thoitín a bhí ann. Rud dífriúil a bhí ann. Bhraithfeadh sé go maith ina dhiaidh. Dúirt Séan go mbainfeadh sé triail as. D'fhág siad an tsráid agus dhreap siad taobh thiar de bhalla. Chaith Séan leis an mbuachaill níos sine. D'ionanáligh sé an deatach agus thosaigh sé ag casachtach beagáinín. Mhothaigh sé beagáinín tinn agus meadhrán ina cheann. Thosaigh sé ag gáire.

Bhí gach rud ag casadh timpeall de réir dealraimh. Mhothaigh sé beagáinín meadránach ach bhí sé ceart go leor. Chuaigh sé féin agus an buachaill níos sine ag imirt peile ina dhiaidh. Mhothaigh sé beagáinín tinn an tráthnóna sin ach bhí sé ceart go leor.

Tar éis sin chaitheadh Séan a lán ama ag crochadh thart leis na buachaillí níos sine ar a bhóthar. Mhothaigh sé tábhachtach ach uaireanta nuair a bhíodh sé leo ní raibh mórán muiníne aige as féin. Dhéanadh sé rudaí nach ndéanfadh sé le cairde dá chomhaois féin. D'fhoghlaim sé gur chanabas an toitín a chaith sé leis an mbuachaill níos sine. Chaitheadh sé é go minic lena chairde nua. Chaith sé níos mó agus níos mó chun an meadrán sin a fháil. Théadh sé fós chuig an traenáil peile ach ní chomh minic. Ní raibh sé chomh maith agus a bhíodh sé. Uaireanta tar éis toitín a chaitheamh ní bhíodh sé chomh maith ag coimeád smacht ar an liathróid. Bhí cuma ar an scéal go raibh sé ag cailliúnt a chuid scileanna. Fós féin cheap Séan go raibh sé go maith cairde nua iontacha a bheith aige. Bhí sé ag caitheamh a chuid airgead póca chun íoc as an druga. Uaireanta thógadh sé airgead as sparán a mháthar nuair nach mbíodh sí ag féachaint. Tar éis tamaill ní raibh sé ag baint taitnimh as a bheith ag caitheamh a thuilleadh. Cúpla uair tar éis dó é a thriail mhothaíodh sé an-dona. Mhothaíodh sé tinn agus míshona ann féin. Stop sé de bheith ag imirt peile agus rinne na páistí eile an beag is fiú de. Bhí sé i dtrioblóid cúpla uair as airgead a thógáil ó pháistí eile ar scoil. Thug a mháthair ide béil dó go minic. Níor tháinig a chairde ó thraenáil peile chuig a theach chomh minic sin anois. Uaireanta áfach, d'iarr siad air teacht ar ais ag imirt peile. Smaoinigh Séan go mb'fhéidir gur chóir dó.

Ní raibh cúrsaí go maith dó ar feadh i bhfad.

Pléigh an scéal leis na páistí. Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid do scéal Shéain:

- Cén fáth ar thosaigh Séan ag caitheamh canabais? (piarbhrú, fiosracht).
- Cad atá cailte ag Séan trí chanabas a úsáid? (féinmhuinín, meas óna mháthair, cairde, airgead, a scil sa spórt).
- Cad atá gnóthaithe ag Séan? (meidhréis ón druga, cairdeas ó pháistí níos sine).
- Cén roghanna atá ag Séan anois?
- Cén chríoch a d'fhéadfadh a bheith ag an scéal seo anois?

Scéal Pheadair (a bhaineann le caitheamh)

An duine ab óige ina chlann ab ea Peadar, agus d'imir siad go léir spórt. B'é rugbaí rogha spóirt Pheadair. Bhí a dheartháir níos sine ar fhoireann na scoile agus theastaigh ó Pheadar a bheith chomh maith leis lá éigin. D'imríodh sé uaireanta lena dheartháir agus a chairde tar éis scoile sa pháirc imeartha agus bhíodh an-chraic acu. Shiúladh siad abhaile le chéile de ghnáth agus stopadh siad go minic ag an siopa sceallóg chun bia tapa a fháil dá mbeadh ocras orthu.

Caiteoirí ab ea cuid de na buachaillí agus bheadh toitín acu taobh amuigh den siopa sceallóg fad is a bheadh an chuid eile ag ithe a gcuid sceallóg. Bhí Peadar fiosrach faoi chaitheamh agus lá amháin nuair nach raibh a dheartháir timpeall d'fhiafraigh sé de dhuine de na gasúir an bhféadfadh sé toitín a thriail. Thosaigh Jake ag gáire agus d'inis dó go raibh sé ró-óg ach lean Peadar air go dtí gur ghéill sé. Ar dtús ba bheag nár thacht Peadar agus é ag ionanálú ach tar éis tamaill bhí ag éirí leis. Bhain sé taitneamh as a

bheith mar chuid den gheaing. Tar éis tamaill d'inis Jake dó nach mbeadh sé ag tabhairt aon toitíní eile dó agus mar sin thosaigh Peadar á gceannach dó féin. Níor chaith sé ach leis na buachaillí níos sine mar níor theastaigh uaidh go bhfaigheadh a mháthair amach go raibh sé ag caitheamh. Bhí deartháir Pheadair ar buile nuair a fuair sé amach go raibh Jake ag tabhairt toitíní do Pheadar agus thug sé íde béil do Pheadar chomh maith. Ach ba chuma le Peadar mar theastaigh uaidh a bheith níos cairdiúla leis na buachaillí ná lena dheartháir.

Tar éis tamaill thug Peadar faoi deara go mbíodh sé as anáil nuair a bhíodh sé ag traenáil le foireann na scoile agus freisin go mbíodh níos mó slaghdán agus casachtach á bhfáil aige. Laethanta áirithe ní bheadh fonn air spórt a imirt ar chor ar bith - ní bheadh ag teastáil uaidh ach crochadh timpeall leis na gasúir. Lá amháin bhí sé ag caitheamh taobh amuigh den siopa sceallóg leis na gasúir nuair a shiúil a chomharsa béil dorais thart. Chonaic sí gan dabht é mar dúirt sí, 'Dia duit' leis d'aon ghnó. Anois tá imní ar Pheadar go bhfuil sí chun an scéal a insint dá Mham nó dá Dhaid agus ansin beidh sé i bponc ceart. Níl sé cinnte dáiríre cad ba cheart dó a dhéanamh ag an bpointe seo.

Pléigh an scéal leis na páistí. Is féidir na ceistanna seo a leanas a úsáid do scéal Pheadair:

- Cén fáth gur thosaigh Peadar ag caitheamh toitíní?
- Cén brú a mhothaigh sé chun tosú ag caitheamh?
- Cén fáth ar lean sé ag caitheamh cé nár thaitin sé leis?
- Cad atá á fháil amach ag Peadar de réir a chéile?

- An bhfuil a fhios ag éinne cad is 'andúil' ann?
- Cén roghanna atá ag Peadar anois?

Scéal Ava (a bhaineann le halcól)

Bhí Ava agus a cairde ina gcairde maithe ó bhí siad sna Naíonáin Shóisearacha. Cé go raibh Kate agus Ella ina gcónaí in eastát difriúil ó Ava chroch an triúr acu timpeall le chéile go minic agus bhíodh an-chraic acu ag spochadh as a chéile agus ag caint faoi rudaí éagsúla mar éadaí, a rogha popghrúpa agus na buachaillí a cheap siad a bhí gleoite. Ba mhaith leo dul go dtí an t-ionad siopadóireachta ag an deireadh seachtaine agus crochadh timpeall ag an scairdeán - bhíodh geaing ansin i gcónaí. Bhí cead á fháil acu de réir a chéile fanacht amuigh beagáinín níos déanaí oícheanta na deireadh seachtaine ach dá dtiocfadh Ava ar ais níos déanaí ná mar a ceadaíodh di bheadh sí i dtrioblóid agus coinníodh istigh í ar feadh seachtaine. Bheadh Kate agus Ella i dtrioblóid freisin dá mbeadh siad déanach agus mar sin chuireadh an triúr cailíní an t-am i gcuimhne dá chéile nuair a bhíodh siad amuigh.

Tráthnóna Shathairn amháin bhí an triúr cailín ag an ionad siopadóireachta nuair a tháinig grúpa déagóirí chucu. Bhí aithne ag Ava ar chuid acu óna heastát agus thosaigh siad ag pleidhcíocht agus ag gáire. D'fhiafraigh duine de na buachaillí de na cailíní ar mhaith leo teacht go dtí an pháirc leo nuair a bheadh na siopaí san ionad siopadóireachta dúnta. Níor theastaigh ó Ava dul léi féin agus mar sin mheall sí Kate agus Ella dul léi cé nach raibh suim ró-mhór acu. Nuair a shroich siad an pháirc bhí roinnt cannaí curtha i bhfolach sna sceacha níos luaithe ag duine de na gasúir agus cuireadh timpeall iad. Bheartaigh Ava é a bhlaiseadh cé gur

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ A:3

dhiúltaigh Kate agus Ella agus dúirt nach raibh suim acu ann. Ba bheag nár chaith sí amach é ach d'éirigh léi é a shlogadh siar díreach in am. Tar éis tamaill níor chuir an blas as di agus lean sí léi na cannaí a cuireadh timpeall a bhlaiseadh. D'éirigh Ava aerach agus thosaigh sí ag gáire faoi na jócanna amaideacha a bhí á ndéanamh ag na gasúir. Ní dhearna Kate agus Ella ach féachaint timpeall gan mórán a rá. Tar éis tamaill dúirt Kate agus Ella go raibh siad ag dul abhaile mar níor theastaigh uathu a bheith i dtrioblóid lena dtuismitheoirí. Theastaigh uathu go dtiocfadh Ava leo ach bhí orthu í a mhealladh sular shocraigh sí dul leo. Nuair a d'éirigh Ava le himeacht bhí sí ag tuisliú beagáinín agus bhí cos thall agus cos abhus aici. Ansin tháinig mearbhall uirthi agus mhothaigh sí tinn. Sula raibh a fhios aici d'éirigh sí tinn díreach ansin. Bhí imní ar Kate agus Ella fúithi ach ní dhearna na déagóirí níos sine ach gáire a dhéanamh agus dúirt siad gan imní a bheith orthu; go rachadh sí i dtaithí air an chéad uair eile.

Shiúil Ava abhaile leis na cailíní ach níor mhothaigh sí go maith ar chor ar bith. Bhí imní uirthi go dtabharfadh a máthair nó a hathair faoi deara go raibh rud éigin ar cearr léi nuair a shroichfeadh sí an baile. Níor theastaigh uaithi go mbeadh a fhios acu go raibh sí ag ól sa pháirc mar bhí a fhios aici go mbeadh uafás orthu. Bhí an-náire uirthi freisin a bheith tinn os comhair na ndéagóirí níos sine mar bhuailfeadh sí leo arís san eastát agus bheadh siad ag magadh fúithi. Bhí a fhios aici freisin nach mó ná sásta a bhí Kate agus Ella léi agus go raibh imní orthu fúithi chomh maith.

Pléigh an scéal leis na páistí. Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid:

- Cén fáth ar thosaigh Ava ag ól?
- Cad atá bainte amach ag Ava óna cinneadh a bheith ag ól?

- Cad atá cailte ag Ava óna cinneadh a bheith ag ól?
- Má leanann Ava ag ól, cad a cheapann tú a tharlóidh sa bhaile?
- Cad a tharlódh don ghrúpa cairdis?
- Cad a d'fhéadfadh Ava a dhéanamh anois?
- Conas a d'fhéadfadh an scéal seo críochnú nó dul ar aghaidh?

Scéal Lisa (a bhaineann le tuaslagóirí)
Bhí cúpla fadhb ag cur as do Lisa ar scoil. Ó bhog sí ó Bhaile Átha Cliath go dtí an tuath mar gheall ar phost a hathar, bhí sé deacair uirthi socrú isteach. Ní raibh na páistí eile ró-fháilteach agus uaireanta bhí sí ina haonar sa chlós agus ag siúl abhaile ón scoil. Rinne an múinteoir a dícheall na páistí eile a spreagadh Lisa a bheith páirteach ina gcuid gníomhaíochtaí ach nuair nach mbíodh an múinteoir timpeall dhéanadh na páistí dearmad nó ní dhéanadh siad iarracht agus níor theastaigh ó Lisa é a bhrú.

Deireadh seachtaine amháin tháinig a col ceathar Jack ar cuairt mar bhí a Mham agus a Dhaid ar shiúl don deireadh seachtaine. Bhí sceitimíní ar Lisa faoi seo mar bhí a fhios aici go mbeadh duine éigin aici le crochadh timpeall leis ag an deireadh seachtaine ar a laghad agus bhí sé ar intinn aici é a thabhairt go dtí an t-ionad pobail ag snámh mar bhí a fhios aici gur chroch cuid dá rang timpeall ansin. B'fhéidir dá bhfeicfidís le duine nua í, go dtabharfaidís aird uirthi..

Ar an mbealach go dtí an t-ionad pobail ar an Satharn bhí Jake agus Lisa ag caint faoin scoil agus d'aontaigh siad gur crá croí a bhí ann uaireanta ach go raibh na múinteoirí ceart go leor. Bhí am mór acu beirt sa linn snámha agus chonaic Lisa cúpla dá comhpháirtí ranga ansin agus

bheannaigh sí dóibh agus bhí beagáinín craic acu. Dúirt sí go bhfeicfeadh sí iad maidin Luain agus mhothaigh sí níos fearr faoi dhul ar scoil.

Ar an mbealach ar ais go dtí an teach thóg Jake amach a dhíbholaíoch spraeála óna mhála snámha agus thosaigh á spraeáil ar Lisa don chraic. Léim sí as an mbealach. Ansin stop Jake agus dúirt: ‘Dúirt duine éigin liom gur féidir leat meidhréis a fháil uaidh seo ach é a spraeáil isteach i do bhéal - ar mhaith leat é a thriail?’ Ní raibh a fhios ag Lisa cad ba cheart a dhéanamh. Díreach ansin spraeáil Jake an canna isteach ina bhéal féin. Thug sé an canna do Lisa agus dúirt: ‘Ní mharóidh sé thú, ar aghaidh leat, bain triail as’. Thóg Lisa an canna agus spraeáil beagáinín isteach ina béal. Bhí an blas céanna le cumhrán air. Thóg Jake sprae eile agus thug ar ais do Lisa arís é. Thóg sí sprae eile agus ansin mhothaigh sí go raibh meadhrán uirthi. Shuigh sí síos go tapa agus thóg sí cúpla anáil dhomhan. Bhí Jake ag spraeáil isteach ina bhéal féin arís agus thug sé ar ais do Lisa é. An t-am seo níor thóg sí é ar chor ar bith mar bhí eagla uirthi faoin toradh a bheadh aige uirthi. Thóg Jake roinnt eile agus thosaigh ag pleidhcíocht, ag insint jócanna agus a bheith ag gáire. Ní dhearna Lisa ach féachaint air agus ní dúirt sí mórán. Thug sí faoi deara go raibh féachaint fhiáin i súile Jake agus bhí saghas eagla uirthi. Bhí athas uirthi nár thóg sí níos mó ná mar a thóg sí.

Tar éis tamaill shocraigh Jake síos agus dúirt Lisa, ‘Rachaimís abhaile, beidh Mam agus Daid ag cur ceiste faoi cá bhfuil muid’. Shiúil siad beirt abhaile agus nuair a shroich siad an baile chuaigh Lisa díreach go dtí a seomra chun machnamh a dhéanamh, agus fágadh Jake sa chistin lena Mam a bhí ag ullmhú an dinnéir. Níos déanaí an tráthnóna sin d’fhiafraigh Mam

de Lisa an raibh gach rud ceart go leor mar go raibh Jake beagáinín aisteach nuair a tháinig siad ar ais ó bheith ag snámh. Ní dúirt Lisa aon rud.

Pléigh an scéal leis na páistí. D’fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a úsáid:

- Cén fáth go gceapann tú gur úsáid Lisa an sprae?
- An dóigh leat go bhfuil sé seo cabhrach?
- An dóigh leat go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh?
- Cad a chuir stop léi níos mó sprae a thógáil?
- Dá mbeartódh Lisa triail a bhaint as arís, cad a tharlódh, dar leat?
- Cad faoi Jake - ar chóir di insint dá máthair faoi, dar leat?
- Conas a d’fhéadfadh an scéal seo críochnú nó dul ar aghaidh?

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu sa cheacht seo faoi na cúiseanna a thógann daoine drugaí agus torthaí drugaí. Ansin iarr orthu é sin a scríobh ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Sláinte agus Folláine)** san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad seo mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid tar éis na gceachtanna san aonad seo.

Cén Fáth a Thógann Daoine Drugaí?

Gearr amach na cártaí seo agus dáil ar na grúpaí iad. Tá ceann amháin bán le haghaidh cúis(eanna) eile a shainaithníonn tú féin nó na páistí.

D'iarr cairde orthu nó mealladh ag cairde iad.

Chonaic siad aisteoirí ag tógáil drugaí i scannáin agus ar an teilifís agus cheap siad go raibh sé togha.

Cheap siad go gcabhródh sé leo dearmad a dhéanamh ar gcuid fadhbanna.

Níor theastaigh uathu a bheith fágtha i leataobh ón ngrúpa agus go gcaithfí anuas orthu.

Cheap siad nuair a bhí 'gach duine' eile á dhéanamh cén fáth nach ndéanfadh siadsan é.

Bhí siad fiosrach faoi na torthaí a bheadh aige.

Smaoinigh siad: 'Níl aon dochar ann triail a bhaint as'.

Bhí siad bréan den saol agus theastaigh uathu rud éigin baolach a dhéanamh don 'mheidhréis'.

Níor theastaigh uathu ach a bheith mar chuid den ghrúpa.

CEACHT 4: Mír A

A DÓ A:4

ÁITEANNA BAOLACHA - ROGHANNA BAOLACHA

COINCHEAP LÁRNACH

Is féidir na cinntí a dhéanann páistí maidir le dul i ngleic le dúshlán a bheith déanta agus neartaithe ag eolas ar straitéisí bunúsacha.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Ag tabhairt aire do mo chorp
Sláinte agus folláine

Cuspóirí Ábhair

Ról rogha phearsanta, tosca riosca agus tionchar daoine eile a iniúchadh nuair a roghnaítear substaintí neamhordaithe a úsáid.

Dearcthaí i leith mí-úsáid substaintí agus i leith iad siúd a mhí-úsáideann substaintí d'aon chineál a iniúchadh agus a scrúdú.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúcháin trí theanga

■ **Snáithaonad:** Labhairt

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le teacht ar thuiscint

■ **Snáithaonaid:** Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh

Machnamh ar dhrámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Nascann an ceacht seo le ceachtanna in Aonad a Cúig: Ag Déanamh Cinntí.

ACMHAINNÍ

- Scéal Jonathan
- 4-6 choimeádán a bhailiú atá gan lipéid le méid beag leachtanna daite inólta iontu (sú oráiste, sú líoma, liomanáid dhearg, cóc) agus gloine folamh amháin
- Bileog Eolais: Bealaí chun 'Ní hea' a rá
- Bileog Oibre: Aire a Thabhairt do mo Chorp(Sláinte agus Folláine) ó Cheacht 1.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Scéal agus Plé
- Rólghlacadh
- Plé
- Conclúid

Réamhrá

Cuir na coimeádáin i líne ar do dheasc ach ná hiniis do na páistí cad atá sna coimeádáin. Doirt agus measc cuid de na leachtanna isteach i ngloine folamh. Corraigh na hábhair atá sa ghloine seo. Fiafraigh de na páistí: *Cé ar mhaith leis nó léi é seo a ól? Má dhiúltaíonn na páistí é a ól fiafraigh: Cén fáth nár mhaith?*

Má ghlacann siad leis an gcuireadh, ceistigh iad faoina dtuiscint ar cad atá sa ghloine, na torthaí a d'fhéadfadh a bheith aige agus cad as ar tháinig na leachtanna. Fiafraigh díobh:

- *Dá mbeifeá amuigh le grúpa cairde agus go tobann agus gur thóg duine acu amach buidéal leachta nó mála piollaí nó rudaí a bhí cosúil le milseáin ach ní cinn a bhí feicthe agat cheana, cad a dhéanfá?*
- *Cén fáth?*

Scéal agus Plé

Léigh **Scéal Jonathan** don rang nó iarr ar na páistí é a léamh.

Scéal Jonathan

Is é Jonathan duine de na buachaillí sin lena mbuaileann tú anois agus arís. Tá sé mór dá aois, é glórach, fisiciúil agus tuairim aige faoi gach rud- fiú mura mbíonn ciall leis i gcónaí. Bíonn sé i gcónaí i dtrioblóid leis na múinteoirí, sa rang agus sa chlós, go minic as páiste eile a ghortú. Uaireanta is é an fáth a bhíonn leis ná nach stopann sé ag caint nó bíonn sé drochmhúinte do na múinteoirí - bíonn sé cróga mar sin. Bíonn sé mar an gcéanna sa bhaile - i gcónaí i dtrioblóid lena Mham nó Daid nó iad araon ag an am céanna. Níl cairde aige i ndáiríre ach amháin grúpa buachaillí ón rang ag crochadh timpeall air. Bíonn craic acu leis agus de ghnáth déanann siad mar a

deir sé ach ní maith leo é i ndáiríre - tá beagáinín eagla orthu roimhe.

Ba ghnáth le Jonathan crochadh thart le grúpa mór buachaillí garbha, an chuid is mó acu níos sine ná é. D'fheicfeá iad go minic in aice leis an teach tréigthe síos an bóthar nó sa pháirc tar éis di a bheith dúnta don lá. Bhí buachaillí ó áiteanna ar fud an domhain sa ghrúpa - níorbh fhéidir a chur ina leith go raibh siad eisiach nó ciníoch. Bhíodh siad ag screadaíl, ag caitheamh agus ag pleidhcíocht de ghnáth. Bhí Jonathan chomh maith (nó chomh dona) le héinne acu.

Uaireanta thógadh duine éigin an paca sé channa leis agus chuirfidís na cannaí timpeall. Is beag suim a bhí ag Jonathan ann tar éis dó an chaoi a chuaigh sé i bhfeidhm ar a athair a fheiceáil, ach thógadh sé an corrshlog. Uaireanta thógadh duine díobh, gasúr darbh ainm Tommy, mála plaisteach lán de phiollaí agus ábhar eile leis. Ní raibh Tommy ach cúig bliana déag d'aois ach bhí cuma 20 bliain d'aois air. Chuirfeadh sé timpeall an mála agus phiocfadh gach duine rud éigin as. Chuireadh gach duine a thógadh ábhar as cúpla euro isteach chun íoc as. Anois, is anseo a ghlac Jonathan seasamh. Ní raibh suim aige a bheith ag plé le piollaí agus mar sin ní thógadh sé aon cheann nuair a thagadh an mála ina threo. Bhí a fhios ag Jonathan go dtéadh Tommy isteach sa siopa nua sin agus a chuid ábhair a cheannach. Dhíoladh sé cuid de le páistí eile níos óige. Ca bhfios cá ndearnadh an stuif sin nó cén tionchar a bheadh aige ort?

Uair amháin thug Tommy faoi deara nach raibh aon rud á thógáil ag Jonathan ar chor ar bith. Dúirt sé leis 'Cad atá cearr? An é nach maith leat é?' Rinne Jonathan iarracht gáire faoi agus leithscéalta a ghabháil. 'Ní hea, Níl mé ag brath ró-

mhaith.’ Nuair a tharla sé arís bhí Tommy níos ionsaithí le Jonathan: ‘An bhfuil tú chun é seo a thógáil nó nach bhfuil?’ D’fhéach Jonathan suas ar Tommy, smaoinigh sé dó féin, ‘Seo é’, agus dúirt, ‘Nílím, níl sé ar intinn agam an stuif seo a bholadh fiú - féach cad a rinne sé do Selwyn. Chuaigh sé as a mheabhair ar na piollaí sin agus níl sé i gceart fós’. Bhí gach duine ina dtost agus bhog siad amach ón mbeirt bhuachaill.

D’fhéach Tommy timpeall an ghrúpa agus ansin stán sé ar Jonathan. ‘Seo mar atá sé - tóg a dtugtar duit nó imigh leat. Cé acu é?’ D’fhéach Jonathan timpeall an ghrúpa, chonaic eagla ar aghaidheanna a gcairde, ansin d’fhéach ar ais ar Tommy. ‘Tá deireadh liom anseo’, a dúirt sé de ghuth soiléir láidir. Agus é ag imeacht go mall chuala sé glaonna ‘meatachán’ taobh thiar de, ach ní raibh ann ach guth Tommy.

An oíche sin agus é ina shuí ar bhinse ag caitheamh smaoinigh Jonathan gur bhraith sé uaidh a chairde ach fuair sé amach gur mhothaigh sé ceart go leor ann féin dáiríre. Níor inis sé do Tommy nó d’aon duine den chuid eile faoi cad a rinne a mhúinteoir sa rang cúpla seachtain ó shin. Tháirg a mhúinteoir deoch don rang a chuir sí féin le chéile. Cheap sé go raibh sé beagáinín amaideach ag an am ach chuir sé ag smaoiniamh é - go háirithe nuair a chonaic sé cad a tharla do Selwyn. Bhí níos mó ama caite aige le Selwyn ná le haon duine eile go dtí gur thug a athair ar ais é go dtí a thír féin. Sea ‘meatachán’ ab ea é, a smaoinigh sé dó féin ach ní raibh sé amaideach, ba mheatachán beo slán é! Rinne sé an fhuaim cluck, cluck le cúpla duine a bhí ag dul thart. Ansin thosaigh sé ag smaoiniamh faoi cad a dhéanadh sé ar scoil don chraic. D’fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a

úsáid chun plé a chur ar siúl:

- Cad a cheapann tú faoi cad a rinne Jonathan?
- Ar bhain nó ar chaill Jonathan aon rud?
- Cad iad do smaointe agus do mhothúcháin faoi Tommy?
- An féidir leat tú féin a shamhlú i gcás mar Jonathan brú á chur ort rud éigin a thógáil nach raibh ag teastáil uait?
- Cad a chuirfeadh stop leat é a dhéanamh?
- Cad a bheadh ina chabhair?
- Cén sórt buachalla ab ea Jonathan? Déan cur síos air.
- Cad a cheapann tú faoi?
- Cad a mhothaíonn tú faoi?
- Cad a tharla dáiríre sa scéal?
- Cad a bhí sna málaí plaisteacha, an dóigh leat?
- An raibh a fhios ag éinne?

Rólghlacadh

Roinn an rang i ngrúpaí 4-5. Iarr ar gach grúpa dráma nó rólghlacadh a chruthú bunaithe ar an scéal. Iarr orthu a chinntiú go bhfuil an chaoi a dhiúltaigh Jonathan páirt a ghlacadh curtha san áireamh acu. Mínigh dóibh go mbeidh orthu a gcuid focal féin a chumadh agus b’fhéidir an scéal a athrú beagáinín. D’fhéadadh roinnt grúpaí a bheith toilteanach a gcuid drámaí a léiriú os comhair an ranga.

Plé

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- Cén difríochtaí a thug tú faoi deara sa tslí inar inis gach grúpa an scéal?
- Conas a bhí sé aisteoireacht a

dhéanamh ar na páirteanna sin.

- *Conas a mhothaigh tú i do ról?*
- *Cad atá foghlamtha agat ó d'eispéireas?*

Déan athbhreithniú leis na páistí ar na bealaí inar dhiúltaigh Jonathan. Déan iad sin a liostáil ar an gclár bán nó ar an CBI. *An bhfuil rudaí eile a d'fhéadfadh sé a dhéanamh?* Faigh moltaí eile ó na páistí agus déan iad a phlé. Úsáid an **Bhileog Eolais: Bealaí chun 'Ní hea'** a rá chun cur leis na moltaí ó na páistí.

Conclúid

Fiafraigh de na paistí cad atá foghlamtha acu faoi áiteanna agus roghanna baolacha ón gceacht. Ansin iarr orthu é sin a scríobh síos ar an **mBileog Oibre: Aire a Thabhairt do mo Chorp (Sláinte agus Follaine)** san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad seo mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid tar éis na gceachtanna san aonad seo.

Síneadh

Roinn an rang i ngrúpaí 3-4. Iarr ar na páistí smaoineamh ar chásanna ina gcuirtear faoi bhrú iad substaintí de chineál éigin a thógáil. Tabhair cuireadh dóibh teacht aníos le róil bunaithe ar na cásanna ina raibh siad. Iarr orthu an liosta bealaí chun 'Ní hea' a rá a úsáid ina rólghlacadh.

Bealaí chun 'Ní hea' a rá



1. **Abair 'Ní hea' go daingean. Abair arís é más gá.** *'Níl, go raibh maith agat. Níl suim agam sna piollaí cannaí... sin.'*
2. **Gabh leithscéal.** *'Tá brón orm! 'Ní hea, caithfidh mé dul ...'*
3. **Tabhair cúis mhaith.** *'Ní hea, níl aon airgead agam!'*
4. **Mol a mhalairt de ghníomhaíocht.** *'Ní hea, ní dóigh liom é -cad faoi dhul ag babhláil, féachaint ar DVD, dul ar líne srl.'*
5. **Athraigh an t-ábhar** *'An bhfaca tú an fógra dó sin aréir - bhí sé chomh greannmhar?'*
6. **Cuir an milleán ar dhuine fásta.** *'Beag an baol! Mharódh mo thuismitheoirí mé!'*
7. **Cuir an brú sa treo eile.** *'Cén fáth go bhfuil suim chomh mór agatsa ina ndéanann mise?'*
8. **Faigh tacaíocht ó chara den mheon céanna leatsa.** *'Níl suim agamsa é sin a dhéanamh – cad fútsa? Níl suim agamsa, ach an oiread.'*
9. **Bain úsáid as greann.** *'Cheap mé go raibh tú ag tairiscint milseán dom!'*
10. **Bailigh leat.** *'Táim ag bailiú liom. Slán.'*

CEACHT 5: Mír A

SPLEÁCHAS AGUS ANDÚIL

A DÓ A:5

COINCHEAP LÁRNACH

Ní mór go mbeadh a fhios ag páistí go mbíonn torthaí fadtéarmacha ag drugaí ar an duine a thógann iad agus go bhféadfaí toradh a bheith acu ar a gclann.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Sláinte agus folláine

Cuspóir Ábhair

Ról rogha phearsanta, toska riosca agus tionchar daoine eile a iniúchadh nuair a roghnaítear substaintí neamhordaithe a úsáid.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:**
- Cumas agus muinín in úsáid teanga
 - Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
 - Forbairt mothúchán trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Ag tarraingt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Bíonn tuiscint ar leith ag teastáil mar d'fhéadfaí go mbeadh páistí áirithe ina gcónaí i gcás ina bhfuil spleáchas ar shubstaint éigin nó ar iompar éigin.

Tá sé tábhachtach go mbeadh eolas ábhartha agat gur féidir a fháil i [Substaintí a thuiscint agus Úsáid Substainte - Lámhleabhar do Mhúinteoirí](#).

ACMHAINNÍ

- Bain úsáid as Scéal Phádraigín nó Dialann Maria (nó iad araon).
- Bileog Oibre: Aire a thabhairt do Mo Chorp (Sláinte agus Folláine) ó Cheacht 1

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé agus Tarraingt
- Scéal
- Plé
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ A:5

Plé agus Tarraingt

Fiafraigh de na páistí: Cén iompraíochtaí (nósanna) nó gníomhaíochtaí a bheadh deacair duit nó do pháistí eile a stopadh? D'fhéadfaí na freagairtí a scríobh mar liosta ar an gclár bán nó ar an CBI.

Iarr ar na páistí labhairt faoi na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann le cuid de na nósanna nó gníomhaíochtaí seo:

- *Cén fáth go ndéanaimid na rudaí sin?*
- *Cad a fhaighimid astu?*
- *An bhfuil míbhuntaistí leis na nósanna nó gníomhaíochtaí seo?*
- *Cad iad?*

Mínigh do na páistí go bhfuil seans ann nuair a fhaigheann duine pléisiúr nó taitneamh as rud áirithe a dhéanamh go ndéanfaidh siad é arís agus arís eile... agus mar sin bíonn sé ina nós. Bíonn roinnt nósanna go maith ach ag an am céanna bíonn cuid eile nach mbíonn ró-mhaith.

- *Cén nósanna a cheapann tú atá go maith? Cén fáth?*
- *Cén nósanna nach bhfuil go maith nó achrannach?*
- *D'fhéadfadh roinnt nósanna a bheith ina bhfadhbanna - an féidir leat smaoineamh ar cheann ar bith?*

Uaireanta nuair a bhíonn nósanna ina bhfadhbanna is é is cúis leis ná nach féidir leis an duine stop a chur leo - deirimid go bhfuil an duine sin 'gafa' nó ina andúil nó ina handúil.

Déan iniúchadh ar cad atá i gceist le bheith gafa nó i d'andúil trí iarraidh ar na páistí pictiúr a tharraingt de dhuine atá gafa le rud éigin. Lig do na páistí duine de na daoine seo a leanas a tharraingt:

- Piotr, a itheann an iomarca milseán
- Sally a bhíonn i gcónaí ar PlayStation
- Kristof a imríonn peil an t-am ar fad

- Daniela a úsáideann a fón póca an t-am ar fad
- Pamela a léann a lán
- Carmel a bhíonn i gcónaí ag féachaint ar an teilifís.

Iarr ar na páistí iarracht a dhéanamh a léiriú ina gcuid pictiúr an chuma atá ar an duine, mar a mhothaíonn sé, na rudaí a dhéanann an duine agus na torthaí le bheith gafa. Is féidir leo focail nó nathanna a úsáid ina bpictiúir. Nuair a bhíonn críochnaithe acu spreag na páistí labhairt faoi cad a chiallaíonn sé a bheith 'gafa'. Fiafraigh de na páistí conas a mhothódh na daoine a tharraing siad, dá mbainfí díobh cibé rud lena bhfuil siad 'gafa'.

Mínigh go bhféadfaí daoine a bheith gafa nó spleách ar rudaí mar thoitíní, alcól, leigheasanna ar oideas, canabás, agus drugaí neamhdhleathacha eile agus freisin iompraíochtaí mar chearrbhachas nó an t-idirlíon.

Nuair a thagann an pointe nuair a bhíonn an duine spleách ar shubstaint nó ar an iompraíocht, tugaimid andúil air sin. Mothaíonn siad nach féidir leo gníomhú gan é. Nuair a bhíonn daoine gafa le halcól nó drugaí, ólann siad nó úsáideann siad drugaí eile fiú má bhíonn sé mar chúis fadhbanna lena sláinte, lena gclanna, lena gcairde nó lena gcuid oibre.

Cuir in iúl gur gnáthdhaoine iad na daoine a éiríonn spleách nó gafa, a mbíonn cabhair de dhíth orthu chun éirí as.

Scéal agus Plé

Bain úsáid as Scéal Phádraigín nó Dialann Maria.

Scéal Phádraigín

Léigh os ard na heachtraí ó shaol Phádraigín nó iarr ar na páistí iad a léamh.

Scéal Phádraigín

Tá Pádraigín 19 mbliana d'aois anois. Is é seo cuid dá scéal.

Aois 12-13.

Téann Pádraigín ar scoil gach lá. B'fhearr léi aon rud eile a dhéanamh ach déanann sí a cuid oibre mar sin féin. Réitíonn sí go maith leis na daoine eile sa rang agus bíonn an-chraic acu le chéile. Baineann sí taitneamh as jócanna praiticiúla a imirt agus go ginearálta is cailín cineálta, cabhrach í. Thosaigh sí ag ól le linn na bliana. Tharla go raibh sí i dteach le roinnt cairde a bhí ag ól. Ghríosaigh siad í trína insint di go mbeadh sé go maith di 'an bobailín a scaoileadh amach' agus gan a bheith ina 'laoch' i gcónaí. I gcoinne a tola ghéill sí dá gcuid criongán.

Aois 15-16

D'fhreastail Pádraigín ar an-chuid tithe saora, páirceanna agus cóisirí le cúpla bliain anuas. Bhíodh ceirtlís nó vodca ann i gcónaí agus piollaí de chineál éigin go minic. Uaireanta bhíodh canabas ann ach ní raibh suim aici sa chaitheamh riamh. Lasmuigh den ghrúpa lena n-ólann sí, níl aon chairde eile aici. Coinníodh siar í agus cuireadh ar fionraí í ar scoil chomh minic sin go bhfuil dearmad déanta aici ar cé mhéid uair. An líon bheag ama a chaitheann sí sa bhaile, caitheann sí í ag argóint lena tuismitheoirí agus lena deartháireacha.

Aois 19

Tugann Pádraigín instealladh hearóine di féin agus bíonn sí ag úsáid drugaí eile murar féidir léi hearóin a fháil. Gabhadh í as gadaíocht siopa a dhéanamh agus fuair siad hearóin uirthi. Cuireadh ina leith freisin go raibh hearóin ina seilbh aici agus beidh an cás ag teacht os comhair na cúirte i gceann coicíse. Tá a saol go léir gafa le drugaí a fháil nó a úsáid. Tá scanradh uirthi agus tá sí gan dóchas. Deir a clann go gcaithfidh sí an teach a fhágáil mura stopann sí ag úsáid drugaí. Sa chilín príosúin tá am aici beagáinín machnaimh a dhéanamh. Nuair

a thosaigh sí ag ól níor cheap sí riamh go mbeadh fadhbanna aici le drugaí. Cheap sí nach dtarlódh sé sin di riamh. Ní raibh sé ar intinn aici go mbeadh a saol mar seo.

Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun an scéal a phlé:

- Cén chaoi a ndeachaigh an scéal i bhfeidhm ort?
- Cén sórt saoil atá ag Pádraigín anois?
- Conas a d'athraigh sí ó bhí sí dhá bhliain déag d'aois?
- Conas, dar leat, a thosaigh rudaí ag dul amú uirthi?
- Conas a d'fhéadfadh rudaí a bheith difriúil di?
- Conas a d'fhéadfadh a bheith gafa le drugaí dul i bhfeidhm ar shaol duine óig?

Dialann Maria

Cuir scéal Maria i láthair mar scéal a tharla i bhfad ón áit ina gcónaíonn na páistí. Leigh na hiontrálacha dialainne os ard nó iarr ar na páistí iad a léamh.

Dialann Maria

Dé Luain

Tá sé déanach agus níl Daid istigh fós. Is ar éigean a bhí sé istigh ar chor ar bith le cúpla lá anuas. Is dócha go bhfuil sé ag ól arís. Tá Mamaí spíonta. Um thráthnóna chuala mé í ag caoineadh fad is a bhí sí ag ullmhú an dinnéir. Thit sí ina codladh ar an tolg fad is a bhí mise ag déanamh m'obair bhaile. Bhí a lán obair bhaile againn inniu.

Dé Máirt

Bhí argóint sa bhaile inniu. Tháinig Daidí abhaile agus bhí sé ar meisce. Bhí Mamaí ar buile leis agus dúirt sé léi a clab a dhúnadh. Dúradh linn dul suas staighre. Chuamar go léir isteach inár seomraí codlata. Thosaigh Gillian ag caoineadh. Dúirt mé léi gan imní a bheith uirthi, go mbeadh sé ceart go leor, ach níor chreid mé é sin dáiríre. Ní rabhamar ábalta aon obair bhaile a dhéanamh agus

chuamar a luí go luath. Tháinig Mamaí aníos chugam i mo sheomra agus d'inis mé di go raibh orm m'obair bhaile a dhéanamh. Dúirt sí go dtabharfadh sí nóta dom ar maidin.

Dé Céadaoin

Bhí me i dtrioblóid ar scoil inniu. Ní raibh aon obair bhaile déanta agam mar gheall ar aréir. Chuaigh mé chuig Mamaí ar maidin chun nóta a fháil uathí. Dúirt sí gan imní a bheith orm mar go rachadh sí síos go dtí an scoil níos déanaí. Dúirt mé le mo mhúinteoir nach raibh aon obair bhaile déanta agam. Thug sé íde béil dom agus d'inis dom dul go dtí an príomhoide. Scríobh an príomhoide nóta abhaile chuig Mamaí. Nuair a tháinig mé abhaile bhí Mamaí sa leaba mar ní raibh sí ar fónamh. Rinne mise an dinnéar do Shorcha agus Gillian. Léigh Mamaí an nóta ón scoil ach ní dúirt sí aon rud faoi. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil gach rud bun os cionn. Bhí mé trína chéile tar éis scoile inniu, ach níor theastaigh uaim go gcloisfeadh éinne, agus mar sin tharraing mé na héadaí leapa anuas ar mo chloigeann.

Déardaoin

Bhí airgead le bheith agam inniu don snámh ach rinne mé dearmad air. Dúirt an múinteoir go raibh cead agam dul ach go mbeadh orm é a thabhairt isteach an tseachtain seo chugainn. Tá snámh agam mar nuair a bhíomar óg thugadh Daidí muid ag snámh. B'é sin sular thosaigh sé ag ól. Bhíodh rudaí go maith an t-am sin. Deir Mamaí gur alcólach é. Deir sí go bhfuil sé cosúil le galar.. Níl an chuma sin air mar de réir cosúlachta bíonn sé ceart go leor don chuid is den am. Cibé rud é, tá súil agam go bhfuil leigheas air.

Dé hAoine

Ar scoil inniu bhíomar ag déanamh tionscadail ar dhaoine gan dídean. Scríobh duine éigin nach raibh ach alcólaigh gan dídean. Ní dúirt mé aon rud ach tá

a fhios agam nach bhfuil sé sin fíor. Bhí dinnéar deas ag Mamaí dúinn inniu nuair a tháingamar abhaile. Dúirt sí go raibh brón uirthi faoin gcúpla lá a chuaigh thart ach go raibh sí tuirseach traochta tar éis na hargóinte le Daidí. Tháinig Daidí abhaile go luath inniu agus bhí an chosúlacht air go raibh spion maith air. Thug sé muid ag siopadóireacht. Táim crosta leis agus níor theastaigh uaim labhairt leis. Dúirt sé go raibh Mise taghdach. Grrrr!

Cuir na ceisteanna seo a leanas ar na páistí:

- Cén sórt spleáchais atá ar athair Maria?
- Cén tionchar atá ag a spleáchas ar chlann Maria?
- Cén sórt saoil atá ag Maria?
- Cad iad cuid de na mothúcháin atá ag Maria?
- Cad iad cuid de na mothúcháin atá ag a máthair?
- Cad a d'fhéadfadh Maria a dhéanamh dá mba rud é go raibh cúrsaí ró-dheacair di?
- Cén eagla a bheadh uirthi labhairt le duine éigin lasmuigh den chlann?

D'fhéadfá a lua go gcabhraíonn Al-A-Teen le páistí alcólach agus gur féidir le dochtúirí daoine a chur ar an eolas faoi na háiteanna gur féidir leo cabhair a fháil.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi andúil agus a cuid torthaí ón gceacht seo. Ansin iarr orthu é sin a scríobh síos ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Sláinte agus Folláine)** san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad seo mar chuid den mheasúnú leanúnach agus coimeádtar iad tar éis na gceachtanna san aonad seo.

CEACHT 6: Mír A

A DÓ A:6

CABHAIR AGUS AN POBAL

COINCHEAP LÁRNACH

D'fhéadfadh gníomhú dearfach a bheith mar thoradh ar a bheith ar an eolas faoi thionchar úsáid drugaí ar phobail agus ar dhaoine aonair.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp

Sláinte agus Folláine

Cuspóirí Ábhair

Róil daoine éagsúla a bhfuil cúram acu do shláinte daoine eile a aithint agus a phlé.

A aithint go bhfuil freagracht phearsanta agus pobail ann dá sláinte agus dá bhfolláine féin agus é siúd daoine eile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór nuachtáin, irisí le tuairiscí ar tharlúintí bainteach le drugaí a bhailiú. Níor chóir iad a bheith ón gceantar áitiúil.

Ba chóir an Tionscadal Gníomhach a chríochnú thar líon áirithe seachtainí.

ACMHAINNÍ

- Nuachtáin/irisí
- Bileoga nó bróisiúir ón leabharlann nó ionad sláinte áitiúil
- Siosúir, bileoga móra páipéir, gliú
- Bileog Oibre: Aire a thabhairt do Mo Chorp (*Sláinte agus Folláine*) ó Cheacht 1

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Ghrúpa
- Plé
- Obair Ghrúpa
- Plé
- Tionscadal Gníomhach
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ A:6

Obair Ghrúpa

Roinn na páistí i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Dáil amach na nuachtáin, irisí, bileoga srl. éagsúla ar na grúpaí. Iarr ar na páistí aon scéalta, tuairiscí nó ailt a bhaineann le húsáid drugaí a ghearradh amach. Iarr orthu na tuairiscí agus ailt a rangú san áit is fearr dóibh faoi chuid de na ceannlínte seo a leanas nó iad go léir, gur cóir a scríobh ar an gclár bán nó ar an CBI: coiriúlacht, sábháilteacht, daoine óga, dochar nó dainséirí, gabhálacha drugaí, sláinte, cosc.

Plé

Tabhair na grúpaí le chéile agus labhair faoina bhfuair siad amach ag úsáid na gceisteanna seo a leanas:

- *Cad a tharla sna scéalta, tuairiscí nó ailt?*
- *Cé a bhí páirteach?*
- *Cad iad na príomhcheisteanna a ardaíodh sna scéalta, tuairiscí nó ailt?*
- *Cén pictiúr a fhaigheann tú ar úsáid drugaí agus ar úsáideoirí drugaí?*
- *Cén saincheisteanna nár scríobhadh fúthu sna meáin sin?*

Obair Ghrúpa

Iarr ar na páistí fillleadh ar na grúpaí beaga agus líon saincheisteanna a aithníodh ina bplé faoi dhruagaí a roghnú. Iarr orthu ceannlíne do gach ceann de na saincheisteanna sin a scríobh. Cuirfear iad seo ar leathanach tosaigh nuachtáin. Tóg aiseolas agus fiafraigh:

- *Cad atá á rá ag na ceannlínte?*
- *Conas atá úsáid drugaí ag dul i bhfeidhm ar an bpobal?*
- *Cé chomh tábhachtach is atá an tsaincheist seo?*

Leis an rang go léir déan leagan amach

don leathanach tosaigh a dhearadh. Rachaidh an tsaincheist is mó sa spás is mó. Ní mór é seo a shocrú agus a phlé idir na páistí:

- *Cad í an phríomhcheist gur chóir a bheith ar ár leathanach tosaigh?*
- *Agus an chéad cheann eile is tábhachtaí?*

Lean ar aghaidh go dtí go ndéanfar ceithre nó cúig shaincheist a shocrú. Tugtar na ceannlínte ansin do na grúpaí - ceann amháin do gach grúpa - agus scríobhann an grúpa an t-alt le dul leis na ceannlínte anois nó ag céim níos déanaí.

Tionscadal Gníomhach

Ag leanúint ar aghaidh ina ngrúpaí iarr ar na páistí druga amháin gur mhaith leo cosc a chur ar dhaoine óga a úsáid a phlé agus a roghnú. Iarr orthu smaoineamh ar conas a thabharfaidís faoi chosc a chur lena úsáid agus cé air a mbeadh orthu tionchar a imirt le déileáil leis. Spreag iad an t-eolas a bheadh orthu a bhailiú a shainaithint. Leis na páistí, ceap cur chuige chun eolas a bhailiú agus a chur i láthair a phleanáil. Socraigh an lucht féachana le díriú orthu - cé dó a gcuirfear an t-eolas i láthair?

D'fhéadfadh cuid de na gnéithe seo a leanas a bheith san áireamh sa tionscadal:

- Ábhar chun toradh úsáid drugaí ar an duine, clann agus pobal a thaispeáint
- Agallaimh le daoine mar na Gardaí, Abhcóidí, Dochtúirí nó Altraí, Cúramóirí srl., chun an obair a dhéanann siad chun úsáid drugaí a chosc a phlé.
- Tabhair cuireadh do Gharda chun labhairt faoi chosc drugaí nó altra chun labhairt faoin gcúram a thugtar do lucht mí-úsáide drugaí agus andúilithe.
- Pléigh gníomhaíochtaí gur féidir leat a thógáil sa teaghlach

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ A:6

- Labhair le ceannairí an phobail faoin gcaoi a gcaitheann an pobal áitiúil le húsáid drugaí
- Bailigh eolas ar chosc. Faigh amach cad atá ag tarlú go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta agus féach ar conas a théann sé seo i bhfeidhm ar an bpobal áitiúil.
- Cuir liosta gníomhartha le chéile gur féidir le do phobal a dhéanamh chun cosc a chur le húsáid drugaí.

Nuair atá an t-eolas curtha le chéile pléann na páistí conas a chuirfear i láthair é agus cé dóibh agus cathain gur mhaith leo é a chur i láthair.

Conclúid

Iarr ar na páistí a bhfuil foghlamtha acu ón gceacht seo a shainaithint ó bhéal. Ansin iarr orthu é sin a scríobh ar **an mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Sláinte agus Folláine)** san alt don cheacht seo. Leis na páistí déan athbhreithniú ar an obair a rinneadh in Mír A den Aonad seo. Cabhróidh an bhileog oibre leis na páistí cuimhneamh ar a rinneadh agus ar cad a d'fhoghlaim siad.

AONAD 2: Mír B
BIA AGUS COTHÚ AGUS
EOLAS FAOI MO CHORP



CEACHT 1: Mír B

ROGHANNA BIA

A DÓ B:1

COINCHEAP LÁRNACH

D'fhéadfadh eolas ar Phirimid an Bhia, feasacht ar fhógraíocht agus a gcuid freagrachta féin atá ag forbairt de réir a chéile tacú le páistí roghanna sláintiúla bia a dhéanamh.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Bia agus cothú

Cuspóirí Ábhair

Tábhacht cothú maith don fhás agus don fhorbairt agus fanacht sláintiúil a léirtheiscint.

Roinnt freagrachta pearsanta chun roghanna ciallmhara bia a dhéanamh a aithint agus glacadh leo agus glacadh le haiste bia cothrom sláintiúil.

Cuid de na cothaitheigh thábhachtacha atá riachtanach in aiste bia cothrom agus na táirgí bia ina bhfaightear iad a aithint.

Na tosca a bhfuil tionchar acu ar roghanna bia a iniúchadh.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: Mé féin

Mata

■ **Snáithe:** Sonraí

Snáithaonad: Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Roimh an gceacht (seachtain nó mar sin roimh ré) iarr ar na páistí féachaint amach do phictiúir bheaga de bhianna éagsúla ó irisí srl., agus iad a bhailiú. Beidh timpeall 75 pictiúr beaga de ghnáthbhianna éagsúla ag teastáil uait.

Ní mór do mhúinteoirí eolas a bheith acu ar chúinsí eacnamaíocha na bpáistí agus biachláir lóin á bhforbairt.

ACMHAINNÍ

- 5x A3 creatlach de Phirimid an Bhia le míreanna na ngrúpaí bia marcáilte
- Bileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do ma Chorp (Bia agus Cothú agus Eolas ar Mo Chorp)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Tráth na gCeist
- Gníomhaíocht Sortála
- Suirbhé Bia
- Obair Ghrúpa

Plé

Cuir na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na buntaistí a bhaineann le roghanna sláintiúla bia do pháistí i Rang a Sé? Déan taifead dá gcuid freagairtí.
- An tionchair/spreagthaí láidre iad duit na buntaistí a bhaineann le bianna sláintiúla chun go roghnófá agus go n-íosfá iad?
- An bhfuil aon spreagthaí eile ann a bhfuil tionchar níos láidre acu ort le do roghanna bia agus le d'iontógáil bia? .
- Cad iad?
- An gcabhraíonn na tionchair/spreagthaí is láidre leat aiste bia cothrom agus sláintiúil a ithe?
- Cad a spreagfadh agus a chabhródh leat bia sláintiúil a roghnú agus a ithe? Déan taifead de do chuid freagairtí.

Tráth na gCeist

Roinn na páistí i ngrúpaí de chúigear nó seisear. Bunaithe ar a gcuid eolais ar phirimid an bhia roimhe seo (a d'fhéadfaí dul siar uirthi) cuir na ceisteanna seo a leanas ar gach grúpa:

1. Molann pírimid an bhia go n-ithimid aista bia éagsúil. Cén cineál bia gur chóir duit a ithe don chuid is mó gach lá?
2. Cé mhéad riar d'arán, rís, pasta agus bianna stáirsiúla eile ba chóir duit a ithe gach lá?
3. Cé mhéad riar de sneaiceanna, bia agus deochanna ardsaille agus/nó siúcra ba chóir duit a ithe gach lá?
4. Cé mhéad riar de ghlasraí ba chóir duit a ithe gach lá?
5. Cé mhéad riar de thorthaí ba chóir duit a ithe gach lá?
6. Cé mhéad riar de bhainne, cáis agus íogairt ba chóir duit a ithe gach lá?

7. Cé mhéad riar d'fheoil,iasc, pónairí, cnónna ba chóir duit a ithe gach lá?
8. Cén grúpaí bia ar leo rísíní, bríoscaí, uibheacha, sceallóga, seacláid i bpirimid an bhia?
9. Ainmnigh dhá bhia ar leis an ngrúpa glasraí iad?.
10. Cén bianna is lú cothaitheach agus nár chóir ach an chuid is lú díobh a ithe i d'aiste bia?

Téigh tríd na freagraí agus féach conas a d'éirigh le gach grúpa. Freagair aon cheisteanna a thagann aníos.

Gníomhaíocht Sortála

Roinn na páistí i ngrúpaí 5-6 nó is féidir leo fanacht sna grúpaí céanna ina raibh siad. Iarr ar gach grúpa comhaontú ar thuairisceoir a thuairisceadh ar ais chuig an rang uilig ar an gcaoi a ndearna a ngrúpa bainistiú ar an ngníomhaíocht, cad a bhí éasca nó deacair.

Tabhair leathanach mór A3 do gach grúpa le creatlach de phirimid an bhia leis na míreanna éagsúla marcáilte isteach.

Dáil amach na grianghraif agus na híomhánna de bhianna coitianta ó irisí agus tabhair timpeall 15 phictiúir do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa cinneadh a dhéanamh le chéile faoin gcuid de phirimid an bhia ar leis na bianna éagsúla nó arbh féidir le roinnt pictiúir dul isteach i níos mó ná cuid amháin.

Taispeánann gach grúpa a chuid oibre críochnaithe. Is féidir leis an tuairisceoir ó gach grúpa cuntas a thabhairt ar na bianna a bhí éasca nó deacair a chur ar phirimid an bhia agus cén fáth.

Suirbhé Bia

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a thabhairt mar obair bhaile. Iarr ar na páistí

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ B:1

(ag úsáid leabhar nótaí beag) nóta a dhéanamh de na fógraí a fheiceann siad do bhia ar an mbealach ar scoil thar thréimhse lá amháin agus iad sa charr, ar an mbus, san ionad siopadóireachta, ar an teilifís, ar an idirlíon, ar bhileoigíní a dháiltear ar thithe, i nuachtáin nó in irisí. D'fhéadfaidís féachaint siar ar a gcuid nótaí agus machnamh ar na bianna i dtéarmaí pírimid an bhia. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun plé a chur ar siúl:

- An bianna sláintiúla iad na bianna a fhógraítear?
- Cá mbeadh siad ar phirimid an bhia?
- Ar chóir duit neart codanna nó beagainín díobh a ithe sa lá?
- Dá mbeifeá chun na bianna go léir a fhógraítear a ithe, an gcuirfidís nó nach gcuirfidís le do shláinte?
- Conas is féidir leat roghanna sláintiúla bia a dhéanamh duit féin?
- Cad é an rud is mó a chabhródh leat?

Spreag na páistí chun a gcuid torthaí a thabhairt isteach le roinnt leis an rang agus freisin iad a roinnt lena dtuismitheoirí.

D'fhéadfaí cairt ranga a fhorbairt freisin ag léiriú na modhanna éagsúla fhógraíochta bhia (m.sh.póstaeir, irisí, teilifís, billeoigíní) agus na bianna a fhógraítear. D'fhéadfaidís an chairt seo feasacht agus plé a spreagadh ar ról na fógraíochta agus roghanna bia.

Obair Ghrúpa

Pleanáil Chlár Bia

Ag cur san áireamh a gcuid eolais ar phirimid an bhia agus a gcuid feasachta ar a ról féin atá fós ag forbairt bia sláintiúil a roghnú dóibh féin, is féidir cuireadh a thabhairt do na páistí lón pacáilte/clár bia lóin sláintiúil a chur le chéile don tseachtain.

Roinn an rang i ngrúpaí 5-6. Iarr ar gach grúpa clár bia éagsúil, sláintiúil,

eacnamaíoch agus praiticiúil do lón don seachtain rompu do pháiste i Rang a Sé a phlé. Cuir i gcuimhne dóibh a bheith faoi threoir ag an eolas atá acu faoi phirimid an bhia agus na moltaí a thugtar ann.

Lá	Deoch	Carbaihíodrát	Déirí	Torthaí/ Glasraí	Próitéin	Saill
Dé Luain						
Dé Máirt						
Dé Céadaoin						
Déardaoin						
Dé hAoine						

Tabhair cuireadh do gach grúpa a gclár bia lóin a chur ar taispeáint agus labhairt fúthu agus comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir pleananna na ngrúpaí. Is féidir leat na páistí a spreagadh freisin labhairt lena dtuismitheoirí sa bhaile faoi chláracha bia lóin féideartha ag cur béime ar fhócas eacnamaíoch agus praiticiúil chomh maith le fócas sláintiúil.

Conclúid

D'fhéadfaí cóipeanna a phriontáil de bheartas itheacháin sláintiúil na scoile le tabhairt do na páistí le léamh agus le plé i ngrúpaí i gcomhthéacs a gcuid eolais agus foghlama faoi bhia sláintiúil.

Má bhíonn níos mó moltaí acu chun sláinte a chur chun cinn a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa bheartas, d'fhéadfaí taifead a dhéanamh díobh seo agus iad a thabhairt don phríomhoide le plé nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar an mbeartas itheacháin sláintiúil.

Iarr ar na páistí a gcuid foghlama faoi bhia sláintiúil agus an chaoi a mbeidh tionchar aige ar a roghanna bia féin a roinnt i bpéirí. Is féidir leo taifead ar a gcuid foghlama a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp)** san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid sna ceachtanna atá fágtha san aonad seo.

Ag Tabhairt Aire do Mo Chorp

Bia agus Cothú agus Eolas ar Mo Chorp

M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna faoi aire a thabhairt do mo chorp.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Roghanna bia	
Cúram le bia	
Fadhb le bia?	
Cúram coirp	
Cumais éagsúla	
Ionfhabhtuithe agus cosaint choirp	

CEACHT 2: Mír B

AIRE LE BIA

A DÓ B:2

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhrófar le páistí a bheith níos freagraí as cúram agus sláinteachas maidir le bia trí eolas a bheith acu ar dhea-chleachtais in ullmhú agus stóráil bia.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Bia agus cothú

Cuspóir Ábhair

Éirí feasach ar thábhacht sláinteachais agus cúraim in ullmhú agus úsáid bia

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: Mé féin

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór duit a bheith tuisceanach ar staid theaghlach na bpáistí. D'fhéadfadh breoiteacht nó tinneas fad nó gearr théarmach a bheith ar bhail teaghlaigh na bpáistí.

Is féidir eolas úsáideach ar chúram agus dea-chleachtas le bia a fháil ar líon suímh creidiúnach mar shampla suímh an [Údaráis Bhia Shláintiúil](#) agus [Safefood](#).

ACMHAINNÍ

- Treoirínte um chúram maith agus sláinteachas le bia (féach Nóta don Mhúinteoir)
- Bileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (*Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp*) ó Cheacht 1.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Tobsmaointeoireacht
- Obair Ghrúpa
- Plé
- Tobsmaointeoireacht/Plé
- Conclúid

Tobsmainteoireacht

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar fhógaí ar an teilifís nó idirlíon do chúram maith bia agus sláinteachas. Tabhair cuireadh do roinnt páistí mím a dhéanamh ar fhógraí áirithe agus lig don rang a thomhas cad iad.

Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar na háiteanna go léir ina riartar nó itear bia:

- Cé hiad na daoine a bhfuil freagracht orthu as cúram bia agus sláinteachais?
- Cén fáth go bhfuil gá againn daoine a bheith i mbun cúram bia agus sláinteachais?

Spreag iad smaoineamh ar staideanna agus comhthéacsanna éagsúla. Déan taifead dá gcuid moltaí. Cinntigh go luaitear na comhthéacsanna seo a leanas mura molann na páistí iad: sa bhaile, ollmhargaidh, bialanna, bialanna gasta, óstáin, ospidéal, ionad bia taistil, veain uachtar reoite srl.

Obair Ghrúpa

Roinn na páistí in ocht ngrúpa (níos mó nó níos lú ag brath ar na comhthéacsanna atá á meas). Tabhair ceann amháin de na comhthéacsanna luaite thuas do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa plé agus achoimre a dhéanamh ar:

- An duine ar a bhfuil an fhreagracht is mó i ngach cás
- Na rudaí nach mór dóibh a dhéanamh chun cúram maith agus sláinteachas a chinntiú
- Daoine eile sna staideanna seo a bhfuil freagrachtaí orthu agus cad iad na freagrachtaí sin
- Na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mura gcinntíonn siad cúram maith bia agus sláinteachas agus cé a bheadh thíos leis dá bharr.

Tóg aiseolas ó gach grúpa agus déan a gcuid torthaí a phlé.

Plé

Iarr ar na páistí na treoirlínte do chúram maith agus sláinteachas a phléigh siad agus a d'fhorbair siad i Rang a Cúig a thabhairt chun cuimhne.

Mar mhalairt air sin is féidir leat liosta treoirlínte do chúram maith bia agus sláinteachas ón Údarás Sábháilteachta Bia nó eagraíocht chreidiúnach eile a thaispeáint nó a phlé leis an rang.

Tobsmainteoireacht/Plé

Cuir ceist:

- An bhfuil daoine áirithe níos mó i mbaol torthaí diúltacha a bheith acu má theipeann ar chúram bia agus sláinteachas?
- Cé a bheadh i gceist anseo?

Mínigh do na páistí go bhfuil grúpaí áirithe i mbaol níos mó seachas daoine eile sa chomhthéacs seo. Fiafraigh de na páistí cad a chiallaíonn 'i mbaol' dar leo? Mínigh de réir mar is gá. Fiafraigh díobh cén grúpaí atá i mbaol i dtéarmaí cúraim agus sláinteachas bia agus an chúis atá leis sin. Déan a gcuid tuairimí agus cúiseanna a liostáil agus a phlé.

Mura moltar aon cheann díobh seo a leanas ag na páistí, d'fhéadfá iad a mholadh: naíonáin, daoine scothaosta, daoine in ospidéal, ionaid téarnaimh nó tithe altranais, daoine le breoiteachtaí fadtéarmacha, máithreacha torracha, daoine le tinnis tromchúiseacha.

Conclúid

Iarr ar gach páiste smaoineamh ar na bealaí gur féidir leo cur le cúram agus cleachtadh maith bia sa bhaile agus ar scoil agus an chaoi gur féidir leo cur lena gcuid sláinte féin go ginearálta maidir leis an gcaoi ina gcleachtaíonn siad cúram agus sláinteachas maidir le bia a ullmhú agus a ithe. Tar éis smaoineamh air is féidir leo é sin a phlé le comhpháirtí agus a shainathint ‘Bealaí gur féidir liom cur le mo chuid sláinte mhaith féin maidir le cúram bia agus sláinteachas’. Ansin iarr orthu taifead ar a gcuid foghlama a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp)**

Bailítear agus léitear iad seo mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid tar éis na gceachtanna san aonad seo.

Spreag na páistí an plé a bhí acu sa cheacht seo a roinnt lena dtuismitheoirí.

Síneadh

Lón Ranga a Ullmhú

D’fhéadfá an fhéidearthacht a phlé go ndéanfadh na páistí lón blasta dóibh féin gur féidir leo taitneamh a bhaint as le chéile. Beidh na féidearthachtaí éagsúil ag brath ar na háiseanna atá ar fáil sa scoil. Tabharfaidh eagrúchán agus ullmhúchán don imeacht seo deis don rang machnamh a dhéanamh ar an iliomad gnéithe den sláinteachas agus den chúram maidir le hullmhúchán agus caitheamh bia: lámha a ní roimh bhia a ullmhú agus a dháileadh, bia a ithe roimh an dáta Ar fearr Roimhe é, teochtaí do bhianna éagsúla a stóráil, bianna amha agus cócaráilte a láimseáil, bianna a théamh, bianna a stóráil srl.

CEACHT 3: Mír B FADHB LE BIA?

A DÓ B:3

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach do pháistí anoireicse agus torthaí anoireicse ar an duine aonair agus ar an gclann a thuiscint.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Bia agus cothú

Cuspóir Ábhair

Cuid de na tinnis a bhaineann go háirithe le hiontógáil bia nó riochtaí sláinte speisialta a iniúchadh agus a scrúdú.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:**
- Cumas agus muinín in úsáid teanga
 - Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
 - Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: Mise

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Díríonn an ceacht seo ar anoireicse agus mar sin tá sé an-tábhachtach go deo nach n-ainmníonn páistí aon duine a bhfuil aithne acu orthu a bhfuil anoireicse orthu.

ACMHAINNÍ

- Pictiúir de dhaoine a úsáideadh i bhfógraí
- Scéal Áine
- Bileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (*Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp*) ó Cheacht 1.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Scéal agus Plé
- Smaoinigh-Peirí-Roinn
- Athmhachnamh Pearsanta agus Obair Bhaile

Réamhrá

Cuir pictiúir de dhaoine a úsáidtear i bhfógraí ar taispeáint. Iarr ar na páistí féachaint ar na pictiúir seo agus aoiseanna, airde, meáchan agus aon ghnéithe eile a fheiceann siad a thabhairt faoi deara. Pléigh na gnéithe sin agus iarr orthu cén íomhá a léirítear faoin gcaoi gur chóir dúinn féachaint.

- An bhfuil tionchar aige sin orainn? Conas?
- Conas a mhothóimis dá gcuirfimis muid féin i gcomparáid leis na daoine sin?
- An gceapann tú go léiríonn na pictiúir sin go cruinn an chuma atá ar an gcuid is mó de dhaoine?
- An mbíonn duine tarraingteach nuair a bhíonn cuma ar leith orthu?

Léirigh go mbíonn cuma coirp dhifriúla tarraingeach de réir cultúir dhifriúla.

Fiafraigh de na páistí ar chuala siad faoi anoireicse riamh agus cad a chiallaíonn sé. Pléigh cad a deir na páistí agus soiléirigh de réir mar is gá. (Neamhord itheacháin tromchúiseach is ea anoireicse ina mbíonn eagla neamhghnáth ar dhuine meáchan a chur suas agus bíonn nósanna dainséaracha itheacháin agus caillteanas méachain míchuibheasach mar thoradh air. Téann sí i bhfeidhm níos mó ar mhná óga sna déaga agus sna fichidí ach d'fhéadfadh tionchar a bheith aici fosta ar fhir agus ar mhná níos sine).

Scéal agus Plé

Léigh scéal Áine nó lig do na páistí é a léamh.

Scéal Áine

Tá Áine 18 mbliana anois. Is í an duine is óige de cheathrar páiste, beirt bhuachaill agus beirt chailín. Agus í ag fás aníos luaigh daoine go rialta chomh hálainn is a bhí sí - thug siad suntas d'aoibh an gháire ar a haghaidh agus ar a cuid gruaige fada dorcha. Ba bhreá le hÁine na barúlacha seo a chloisteáil. Ag deireadh

na bunscoile fuair a Mamó bás. Bhí brón mór ar Áine dá bharr mar chaitheadh sí a lán ama lena Mamó le linn laethanta saoire an tSamhraidh. Go gairid tar éis di tosú ar an meánscoil chaill a Daid a phost. Tar éis trí mhí fuair sé post nua ach bhí an post sin i Sasana agus ní bhíodh sé sa bhaile ach ag an deireadh seachtaine. Bhraith sí uaithi go mór é ach níor theastaigh uaithi go mbeadh a fhios ag a tuismitheoirí go raibh sí chomh trína chéile sin. Bhí sí tar éis roinnt méachain a chur suas freisin agus cheap si dá gcaillfeadh sí an meáchan sin agus dá n-éireodh sí níos aclaí go mbraithfeadh sí níos fearr. Bheartaigh sí gan feoil, arán agus gach bia milis a ithe. Níor mhaith lena Mam a raibh á dhéanamh aici agus d'inis sí di go raibh na bianna sin de dhíth uirthi le haghaidh fáis agus fuinnimh. Ansin bheartaigh sí nach gcuirfeadh sí a Mam ar an eolas nach raibh sí chun an bia seo a ithe mar bhí a fhios aici go mbeadh imní ar a Mam fúithi. Go minic thógfadh sí a dinnéar go dtí an seomra suite a rá gur theastaigh uaithi féachaint ar chlár faoi leith nó thógfadh sí é chuig a seomra agus déarfadh sí gur theastaigh uaithi roinnt obair bhaile a chríochnú. Chuirfeadh sí an bia nár theastaigh uaithi a ithe i mála plaisteach agus chuirfeadh si é sa bhosca bruscair níos déanaí nuair nach raibh aon duine ag féachaint.

Chaill Áine meáchan do na chéad sé mhí eile agus bhraith sí go maith go raibh sé sin á bhaint amach aici ach fós cheap sí go raibh an iomarca méachain uirthi cé go raibh sí tanaí. De réir a chéile d'éirigh Mam buartha fúithi mar bhíodh Áine antuirseach agus cantalach. Níor bhuail sí lena cairde chomh minic sin anois. Bhíodh imní ar a Mam faoina nósanna itheacháin agus thosaigh sí ag déanamh iarrachta monatóireacht a dhéanamh ar a raibh á ithe aici. Thug sí í go dtí an dochtúir freisin a thug plean bia le leanúint di. Níor smaoinigh Áine ar aon rud ach meáchan a chailleadh agus nuair a d'fhéachadh sí sa scathán cheapadh sí i gcónaí go raibh sé

NÓS IMEACHTA SONRACH A DÓ B:3

riachtanach di meáchan a chailliúint. Rinne a Mam iarracht í a spreagadh an plean bia a leanúint ach fuair Áine bealaí chun é seo a sheachaint. Ní itheadh sí dada fad is a bhíodh sí ar scoil agus shleamhnódh sí bia óna pláta isteach ina póca nó choimeádfadh sí bia ina béal go dtí go mbeadh a fhios aici nach raibh aon duine ag féachaint. Le linn na bliana ina dhiaidh sin lean sí ag cailliúint meáchain, bhíodh argóintí aici lena Mam a bhí ag iarraidh uirthi ithe. Faoin am a bhí sí cúig bliana déag d'aois bhí sí an-tanaí go deo, bhíodh meadhrán uirthi uaireanta agus bhí a craiceann mílteach agus bhí pianta ina cnámha. Bhí sí i bhfad ón gcailín álainn a raibh cion ag daoine uirthi ach fós ní raibh aon rud ar a hintinn ach meáchan agus calraí. Thit sí i laige tráthnóna amháin sa bhaile agus tugadh go dtí an t-ospidéal í. B'í seo a céad chéim ar a téarnaimh di. Bhí sí san ospidéal ar feadh míosa. Bhí sé an-deacair di ithe agus ar dtús níor theastaigh uirthi ithe. De réir a chéile thosaigh sí ag aithint go raibh fadhb aici agus, le comhairle thosaigh sí ag déileáil léi. D'fhreastail sí ar ghrúpa tacaíochta freisin do dhaoine le neamhoird itheacháin. Bhí sé go maith buaileadh agus labhairt le daoine eile a raibh an fhadhb chéanna acu léi féin. De réir a chéile chuaigh a corp i dtaithí ar ithe i gceart agus d'ith sí aiste bia chothrom fiú nuair nach raibh fonn uirthi. Don chéad bhliain eile mhéadaigh a meáchan go leibhéal slán. Mhóthaigh sí go raibh an saol deacair ar dtús agus uaireanta bhíodh sí ag iarraidh bia a sheachaint ach bhí a fhios aici nár rogha sábháilte di é..

Anois ag 18 mbliana, tá Áine tar éis tosú ar Choláiste. Tá sí sona sásta agus ag baint taitnimh as an dúshlán nua.

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun an scéal a phlé:

- Cad iad na rudaí a ba chúis le hathruithe i saol Áine?
- Conas a mhóthaigh sí nuair a chuaigh a Daid ag obair i Sasana?
- Cad a d'fhéadfadh sí a dhéanamh ansin a d'fhéadfadh cabhrú léi?

- Conas a cheap tú a mhóthaigh sí nuair a bhí sí gafa le meáchan a chailliúint?
- Conas mar a chonaic sí rudaí?
- Cén codanna dá saoil ar cuireadh isteach orthu leis an neamhord itheacháin?
- Conas a bhí an saol di ansin?
- Conas, dar leat, a bhí an saol dá Mam agus do bhaill eile an teaghlaigh?
- Cad iad na baobail a bhí ann di?
- Cad a d'athraigh sí le go mbeadh biseach uirthi?
- Cén sórt todhchaí, dar leat, a d'fhéadfadh a bheith aici anois?

Smaoinigh-Peirí-Roinn

Iarr ar na páistí smaoineamh ar ar féidir le daoine a dhéanamh nuair a bhíonn strus orthu nó míshásta leo féin nó le mothú go maith fúthu féin. (Thosaigh fadhbanna itheacháin ag teacht chun cinn d'Áine nuair a bhí sí míshásta - fuair a Mamó bás, chuaigh a Daid ag obair i Sasana agus chuir sí suas meáchan.) Lig nóimeád dóibh smaoineamh air sin agus b'fhéidir tuairim nó dhó a bhreacadh síos. Ansin iarr orthu dul le comhpháirtí agus a gcuid tuairimí a phlé agus trí nó ceithre rud a chabhraíonn le daoine mothú níos fearr fúthu féin agus déileáil le strus a liostáil. Tóg aiseolas agus déan iad a liostáil ar an gclár bán.

Athmhachnamh Pearsanta agus Obair Bhaile

Iarr ar na páistí cinneadh a dhéanamh faoi rud amháin a dhéanfaidh siad an tseachtain seo a chabhróidh leo mothú go maith fúthu féin. Ansin iarr orthu taifead ar a gcuid foghlama a dhéanamh ar an mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp) san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad seo mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid tar éis na gceachtanna san aonad seo.

CEAHT 4: Mír B CÚRAM COIRP

A DÓ B:4

COINCHEAP LÁRNACH

Ní mór do pháistí a bheith ar an eolas faoin ngá le cúram agus sláinteachas chun torthaí gníomhaíocht choirp ar a gcorp agus ar a gcuid éadaí a bhainistiú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuspóir Ábhair

Aithint go bhféadfadh an méadú i ngníomhaíocht agus an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp cur leis an ngá airid a dhíriú ar chúram coirp.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: Mise

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór duit a bheith tuisceanach do chúinsí na bpáistí sa bhaile. Beidh rochtain níos fearr ar chithfholcthaí, athrú éadaí laethúil agus táirgí sláinteachas pearsanta ag páistí áirithe seachas páistí eile. Ní ceart d'aon pháiste aon iompar drochmheasúil a fhulaingt mar gheall ar a gcúinsí sa bhaile. Má bhíonn aon fhadhb maidir le sláinteachas d'aon pháiste i do rang, d'fhéadfá labhairt le tuismitheoirí nó caomhnóirí chun an scéal a réiteach ar mhaithe leis an bpáiste.

ACMHAINNÍ

- Bileog Cásanna
- Gearrthóga de lucht spóirt éagsúla
- Bileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (*Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp*) ó Ceacht 1.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Obair Ghrúpa
- Conclúid

Réamhrá

Iarr ar na páistí iad féin a shamhlú ag imirt a rogha spóirt. Lig nóiméad nó dhó chuige sin. Ansin fiafraigh:

- *Cad atá á dhéanamh agat le do chorp, cad iad na gluaiseachtaí nó na gníomhartha atá ar siúl?*
- *Cad iad na torthaí ar do chorp?*
- *D'análú?*
- *Croíráta?*
- *Allas?*
- *Boladh?*
- *Cad faoi do chuid éadaí?*

D'fhéadfá rogha gearrhóg de lucht spóirt éagsúla ag imirt a thaispeáint agus iarraidh ar na páistí na gníomhartha agus freisin na torthaí ar a gcorp a thabhairt faoi deara?

Mar mhalairt air sin d'fhéadfá a iarraidh ar na páistí a rogha duine spóirt a shamhlú:

- *Cén gluaiseachtaí nó gníomhartha a bheidh á ndéanamh acu?*
- *Cad a bheidh ag tarlú dá gcorp, análú, cuisle, croíráta?*

D'fhéadfadh na páistí dornálaí, marcach, reathaí, peileadóir a shamhlú agus d'fhéadfaí na ceisteanna céanna a chur.

Obair Ghrúpa

Roinn na páistí i ngrúpaí 5-6. Comhaontaíonn gach grúpa éascaitheoir, taifeadóir agus tuairisceoir. Iarr ar gach grúpa an **Bhileog Cásanna** a léamh. Pléann siad gach cás ansin agus mar ghrúpa tagann siad ar chomhaontú maidir leis an gcaoi is fearr an cás a bhainistiú do gach páiste lena mbaineann sé. Tóg aiseolas ó gach grúpa agus déan comparáid idir an chomhairle ar ar shocraigh na páistí.

Conclúid

Pléigh an méid atá foghlamtha ag na páistí faoi thorthaí fiseolaíocha de ghníomhaíocht choirp ar a gcorp. Is féidir leis na páistí an fhoghlaim seo a roinnt i bpéirí. Iarr ar na páistí an fhoghlaim nua sin a thaifeadadh ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp)** san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad seo mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid tar éis na gceachtanna san aonad seo.

Bileog Cásanna

Is breá le Pól peil a imirt. Bíonn sé ag tnúth go mór leis na laethanta a ndéantar scileanna CLG/Sacair ar scoil. Tá súil aige go mbeidh sé ina imreoir iontach lá éigin. Tá a Mham beagáinín dearmadach agus uaireanta bíonn a fhearas peile fós ina mhála fearais sa charr ón uair dheireanach. Beireann sé greim air agus ar aghaidh leis ar scoil. Tá sé tar éis a thabhairt faoi deara go mbíonn boladh óna fhearas nuair a osclaíonn sé a mhála ach caitheann sé é ar aon nós. Níl a fhios aige an dtugann aon duine eile faoi deara é. Ní thugann sé faoi deara go mbíonn boladh ó fhearas peile páistí eile. Níl sé cinnte cad ba chóir dó a dhéanamh. Ach tá rud amháin cinnte ní éireoidh sé as an bpeil.

An bhfuil aon chomhairle agat do Phól?

Tá deirfiúr níos sine ag Emer darb ainm Tara a théann ar mheánscoil. Tógann Tara a lán ama chun í féin a réiteach ar maidin. Bíonn sí sa seomra folctha ar feadh i bhfad, níonn sí a cuid gruaige cúpla uair le linn na seachtaine agus úsáideann sí díbholaíoch. Is maith le hEmer scoil agus ní bhacann sí le fanacht go dtí go mbíonn Tara críochnaithe sa seomra folctha, cuireann sí a cuid éadaí uirthi agus ar aghaidh léi ar scoil. Bíonn Corpoideachas ar siúl dhá lá in aghaidh na seachtaine ar scoil de ghnáth. Tá sé tugtha faoi deara ag Emer nach mbíonn cuid de na cailíní ina rang sásta súgradh léi nó labhairt léi sa chlós ar na laethanta tar éis rang Corpoideachais. Ceapann sí go mb'fhéidir nach maith leo í a thuilleadh. Ach an chuid is mó de na laethanta bíonn an-chraic acu agus braitheann sí gur maith leo í agus go mbaineann siad taitneamh as a comhlúadar. An bhfuil aon chomhairle agat d'Emer?

Cara maith le Lana Jo is ea Casey. Ba chairde iad ó bhí siad sa naíonra agus cónaíonn siad gar go leor dá chéile. Caitheann siad am le chéile ar scoil agus lasmuigh den scoil. Tá siad beirt ag fás aníos agus tá a gcorp ag forbairt. Tá sé tugtha faoi deara ag Casey go mbíonn boladh ó Lana Jo uaireanta go háirithe tar éis lúthchleasaíochta. Tá díbholaíoch rollógach ceannaithe ag Mamá Casey do Casey le húsáid tar éis lúthchleasaíochta ar scoil agus tá sí teann air i gcónaí go mbíonn cithfholcadh aici an oíche sin tar éis na lúthchleasaíochta ar scoil. Tá sé tugtha faoi deara ag Casey go mbíonn cúpla cailín eile ag féachaint ar Lana Jo agus ag cogar fúithi tar éis lúthchleasaíochta agus freisin ar an lá tar éis na lúthchleasaíochta. Cad ba chóir do Casey a dhéanamh?

Tá Pieter ina chónaí lena sheantuismitheoirí. Fuair a athair bás agus tá a mháthair tinn. Bíonn Mamó agus Daideo an-chineálta air agus tá grá mór acu do Phieter. Tá siad an-sean. Tá a dteach seanfhaiseanta. Tá folcadán acu ach níl cithfholcadán acu. Tá an seomra folctha fuar go leor mar níl téamh lárnach acu, níl ach tine acu sa seomra suí agus roinnt téitheoirí i gcinn eile nuair a bhíonn sé fuar. Ní úsáideann Mamó an meaisín níocháin ach uair amháin sa tseachtain. Bíonn sé an-fhuar ag tógáil folctha sa seomra folctha ar maidin agus ar tráthnóna nuair a bhíonn sé fuar. Tá an folcadán uafásach, an-mhór agus tá roinnt smál air. Is maith le Pieter dornálaíocht agus téann sé chuig an gclub dornálaíochta áitiúil atá imithe i léig beagáinín. Níl sé d'acmhainn ann cithfholcadh a bheith aige tar éis dornálaíochta. Bíonn sé ag fuarú ar a bhealach abhaile, bíonn a shuipéar aige agus téann sé a luí. An mhaidin ina dhiaidh sin éiríonn sé agus gléasann sé é féin go tapa toisc é a bheith chomh fuar sin, bíonn a bhricfeásta aige agus ar aghaidh leis ar scoil. An bhfuil aon chomhairle agat do Phieter?

CEACHT 5: Mír B

CUMAIS ÉAGSÚLA

A DÓ B:5

COINCHEAP LÁRNACH

Ní mór do pháistí a bheith feasach agus a thuiscint gur féidir réimse cumas a bheith acu siúd a mbíonn míchumas orthu.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Eolas ar mo chorp

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

Roinnt míchumas fisiciúil a aithint agus conas is féidir leo dul i bhfeidhm ar shaol an duine.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

D'fhéadfadh míchumas fisiciúil a bheith ina ábhar íogaireach agus mothúchánach. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag múinteoirí cothroime tuisceana, glacthachta agus tacaíochta a fhorbairt le meas agus creidiúint i bpáistí ar mhaithe le hacmhainneacht agus cumais iad siúd a bhfuil míchumais fisiciúla orthu.

ACMHAINNÍ

- Chuirfeadh samplaí, scéalta nó ailt faoi pháistí agus daoine a dhéanann bainistiú ar a míchumais fisiciúla go mór leis an gceacht seo. Déan iarracht réimse leathan míchumas a chur san áireamh: daille, bodhaire, spina bifida, pairilis cheirbreach, póilió, teascaigh, tailídimíd, balbhán, pairilis, úsáideoir rothchathaoireach, diostróife mhatánach.
- Bileog Cásanna (gearrtha suas do gach grúpa)
- Bileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp) ó Cheacht 1.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Tobsmaointeoireacht
- Plé
- Léirshamhlú
- Obair Ghrúpa agus SuíochánTe
- Conclúid

Tobsmaointeoireacht

Iarr ar an rang ainmneacha daoine a bhfuil meas acu orthu a thabhairt agus na cúiseanna leis sin. Déan taifead díobh seo ar smeach-chairt nó ar chlár bán. Tabhair faoi deara an bhfuil míchumas fisiciúil ar aon cheann díobh siúd a moladh. Mura bhfuil bíodh roinnt samplaí de dhaoine (páistí, daoine fásta) a bhfuil clú agus cáil orthu as réimse rudaí a bhaint amach agus a míchumais a shárú m.sh. Christy Brown, Daranie Mulvihill, Stevie Wonder, Stephen Hawkins, Beethoven, Christopher Nolan, Parailimpeacha cáiliúla, Éireannaigh agus idirnáisiúnta araon.

Plé

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun plé a chur ar siúl:

- Cén fáth a cheapann tú gur *cuireadh nó nár cuireadh daoine le míchumas san áireamh i do liosta de dhaoine a bhfuil meas agat orthu?*
- *Cad a deir sé sin faoin gcaoi a fhéachaimid sa rang seo ar dhaoine le míchumais?*
- *Conas a mhothódh daoine le míchumas a bheith ina mbaill dar leat de chlann, de rang, de phobal?*

Léirshamhlú

Iarr ar na páistí iad féin a shamhlú le cumais difriúla leis na cinn atá acu anois. Glaoigh amach cuid de na samplaí seo a leanas agus iarr ar na páistí iad a léirshamhlú ar feadh nóiméid nó dhó. Cabhraigh leis na páistí díriú ar a mbeadh agus nach mbeadh siad ábalta a dhéanamh araon:

- *Conas a bheadh sé dá mbeadh lagú éisteachta acu nó dá mbeadh siad bodhar?*

- *Conas a bheadh sé dá mb'úsáideoir cathaoir rotha iad?*
- *Conas a bheadh sé dá mbeadh lagú amhairc acu, a bheith dall?*
- *Conas a bheadh sé do dhaoine le pairilis cheirbreach?*

Obair Ghrúpa agus Suíochán Te

Roinn na páistí i ngrúpaí 5-6 agus tabhairt cás ón **mBileog Cásanna** do gach grúpa. Iarr ar dhuine i ngach grúpa a bheadh toilteanach a bheith ina pháiste le míchumas sa chás ar leith. Smaoiníonn na páistí i ngach grúpa ar dhá cheist an duine gur mhaith leo a chur ar an bpáiste leis an míchumas. Má tá am agat is féidir le páiste eile sa ghrúpa deis a bheith aige nó aici a bheith sa suíochán te freisin. Tabharfaidh sé seo deis do bhaill an ghrúpa a gcuid ceisteanna a chur arís agus b'fhéidir freagraí difriúla a fháil. B'fhéidir go mbeadh ceisteanna breise acu freisin a d'éascródh ón gcéad bhabhta ceisteanna agus freagraí.

Tóg aiseolas ó gach grúpa, ón bpáiste nó ó na páistí sa suíochán te agus uathu siúd a chuir na ceisteanna.

Conclúid

Pléigh leis na páistí an méid atá foghlamtha acu faoi mhíchumas fisiciúil ó na samplaí sa cheacht seo. Iarr ar na páistí machnamh ar a bhfuil foghlamtha acu agus iad ag léirshamhlú, iad sa suíochán te nó nuair a bhí siad ag cur ceisteanna. Iarr ar na páistí taifead den fhoghlaim nua sin a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú agus Eolas ar mo Chorp)** san alt don cheacht seo. Bailítear agus léitear iad seo mar chuid den mheasunú leanúnach agus coimeádtar iad le húsáid tar éis na gceachtanna san aonad seo.

Bileog Cásanna

D'éirigh Alex bodhar de thoradh tinnis a bhí air nuair a bhí sé trí bliana d'aois. Nuair a thosaigh sé ar scoil bhí áis éisteachta aige ina dhá chluas. Tá ar a mhúinteoir bosca a chaitheamh chun a guth a theilgean ionas go gcloisfidh Alex é. Is maith leis scoil agus tá cairde déanta aige. Faigheann sé cuirí go cóisirí breithlae a chairde. Ní mór dó aire a thabhairt dá áiseanna éisteachta mar tá siad costasach. Tá rudaí áirithe nach féidir leis a dhéanamh ach tá a lán rudaí go bhfuil sé in ann a dhéanamh. Bíonn roinnt páistí a chuireann strainc orthu féin agus a ghlaonn ainmneacha air. Ní scaoileann sé riamh orthu, ní thugann sé aon aird orthu. Conas a cheapann tú a mhothaíonn sé agus cad ba chóir dó a dhéanamh i do thuairim?

Ba bhreá le Jessie marcaíocht capaill. Bhíodh sí ag marcaíocht capaill ó bhí sí trí bliana d'aois. Bhí Daid an-mhaith ag marcaíocht capaill agus bhuaigh sé an-chuid duaiseanna nuair a bhí sé ar chomhaois le Jessie. Timpeall sé bliana ó shin bhí titim an-dona óna capall ag Jessie. Bhí sí san ospidéal ar feadh ceithre mhí. Rinneadh damáiste dá dromlach. Úsáideann sí cathaoir rotha anois. Deir an dochtúir go bhféadfaí go dtiocfaidh feabhas uirthi agus go mbeidh sí in ann siúl le maidí croise amach anseo. Tá Jessie ar ais ar scoil le mí anuas. Tá sí an-chiúin. Is féidir léi a cathaoir rotha a láimhseáil í féin agus tá rampaí curtha isteach ag an scoil di. Tá cúntóir riachtanas speisialta aici chun cabhrú léi in úsáid leithris. Níl aon chabhair ó aon duine ag teastáil uaithe. Ní mheascann sí lena cairde chomh héasca anois. Tá an chuma uirthi go mbíonn sí an-chantalach uaireanta agus cúlanta uaireanta eile. Conas a cheapann tú a mhothaíonn Jessie? Cad ba chóir di a dhéanamh? Cén chaoi a mhothaíonn a cairde, dar leat? Cad ba chóir dóibh a dhéanamh?

Tá Maria i Rang a Sé. Tá beirt deirfiúr agus beirt deartháir aici. Caitheann siad go léir spéaclaí le lionsaí tiubha. Tá a Mam dall. Bhí a Mam dall i gcónaí. Tá madra treorach aici chun í a threorú nuair a théann sí amach. Is féidir le Mam feidhmiú go maith sa bhaile mar tá an teach curtha in oiriúint di. Uaireanta nuair a bhíonn ar Mham Maria teacht go dtí an scoil bíonn náire ar Maria fúithi mar bíonn na páistí eile ag stánadh uirthi. Bíonn Maria ag smaoineamh ar cad a cheapann siad faoina Mam agus súil aici nach mbíonn siad ag smaoineamh ar rudaí uafásacha fúithi. Cad a cheapann tú gur chóir do Maria a dhéanamh faoin imní agus náire atá uirthi?

Tá pairilis cheirbreach ar Amed. Bíonn cuma chiotach ar a chuid gluaiseachtaí mar gheall ar a bhreiteacht. Tá sé in ann siúl agus coinneáil suas lena dheirfiúr agus a chairde ach níl sé in ann rith agus deir a mhúinteoir nach féidir leis páirt a ghlacadh in aon spórt scoile. Ceapann Amed go bhfuil a mhúinteoir agus a chairde scoile an-chabhrach, ró-chabhrach. Bíonn siad i gcónaí ag tairiscint rudaí a dhéanamh dó, rudaí a iompar dó agus cabhrú leis go ginearálta. Bíonn sé mar an gcéanna sa bhaile de ghnáth lena chlann, ag déanamh gach rud dó. Ba mhaith leis dá mbeadh rudaí difriúil. Conas a cheapann tú a mhothaíonn Amed? Cad a cheapann tú gur chóir dó a dhéanamh?

CEACHT 6: Mír B

A DÓ B:6

IONFHABHTUITHE AGUS COSAINT CHOIRP

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach do pháistí a thuiscint go dtéann víris agus baictéir i bhfeidhm ar an tsláinte agus gur féidir baoil a laghdú nuair a leantar gnáthaimh bhunúsacha.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóirí Ábhair

Éirí feasach ar roinnt galair theagmhálacha agus iniúchadh a dhéanamh ar conas a leathnaítear galair agus ionfhabhtuithe.

Aithint agus a bheith feasach ar na bealaí éagsúla inar féidir an corp a chosaint ar ghalar agus ionfhabhtú.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: Mise

ACMHAINNÍ

- Bileog Eolais: Baictéir agus Víris do ghníomhaíocht míreanna mearaí.
- Bileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (*Bia agus Cothú agus Sláinte agus Folláine*) ó Cheacht 1.
- Bileog Oibre: Machnamh ar Aonad 2 (B): Ag Tabhairt Aire do mo Chorp

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Míreanna Mearaí
- Plé
- Conclúid

Gníomhaíocht Míreanna Mearaí

Eagraigh an rang i ngrúpaí timpeall boird. Dáil amach cóipeanna de mhír amháin eolais ar gach grúpa (sé sin Grúpa 1: Baictéir; Grúpa 2: Víris; Grúpa 3: Vacsaínithe; Grúpa 4: Cad a dhéanann an corp? agus Grúpa 5: Cad is féidir linne a dhéanamh?) chomh maith le bileoga móra páipéir agus marcóirí. Iarr orthu léamh tríd an eolas agus ceisteanna a chur ar a chéile le cinntiú gur thuig siad go léir an t-ábhar.

Mínigh dóibh go mbeidh orthu a bhfuil foghlamtha acu a mhúineadh do dhaoine eile. Ní mór dóibh smaoineamh air seo agus pleanáil conas é a dhéanamh m.sh. meabhairmhapáil, cairteacha le léaráidí nó modhanna múinte eile. Tabhair am dóibh é sin a dhéanamh agus cleachtadh a dhéanamh ar é a mhúineadh dá chéile. Nuair a bhíonn siad sásta go bhfuil a bplean oiriúnach ní mór dóibh cóipeanna a dhéanamh d'aon áiseanna teagaisc a bheidh á n-úsáid acu, ionas go mbeidh an t-ábhar ag gach páiste le húsáid.

Atheagraigh na grúpaí ionas go mbeidh duine ó gach bungrúpa ann sé sin duine amháin chun gach píosa de na cúig phíosa eolais a mhúineadh do na daoine eile laistigh de gach grúpa. Tabhair am do dhaoine aonair le sealáíocht a thógáil chun na cúig phíosa eolais a mhúineadh do dhaoine eile.

Plé

Nuair atá an ghníomhaíocht míreanna mearaí críochnaithe ag na páistí fiafraigh den rang a bhfuil foghlamtha acu faoi bhaictéir agus víris. Pléigh bealaí inar féidir linn ár sláinte a chosaint.

Conclúid

Leis an rang, pléigh agus soiléirigh aon cheisteanna atá ag na páistí. Iarr orthu ina n-aonar taifead a dhéanamh de trí bhealach inar féidir linn cabhrú chun ár gcorp a chosaint ó bhaictéir agus ó víris. Iarr ar na páistí a bhfuil foghlamtha acu ón gceacht seo a shainithint ó bhéal. Ansin iarr orthu é sin a scríobh síos ar an **mBileog Oibre: Ag Tabhairt Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú agus Sláinte agus Folláine)** san alt don cheacht seo. Déan athbhreithniú leis na páistí ar an obair a rinneadh in Mír B den aonad seo ag úsáid na Bileoige Oibre.

D'fhéadfaí An **Bhileog Oibre: Machnamh ar an Aonad** a úsáid chun tuairimí na bpáistí a fháil ar an aonad ina iomláine. Déanfar é seo níos éasca trí thagairt a dhéanamh don dá bhileog oibre a líon na páistí isteach ar gach ceacht in Mír A agus Mír B den aonad seo.

Bileog Eolais: Baictéir agus Víris

Grúpa 1: Baictéir

Bíonn baictéir san aer, san ithir, in uisce agus ní féidir iad a fheiceáil ach trí mhicreascóp. Cónaíonn baictéir inár ngoile, srón, béal, craiceann agus gruaig. Is féidir le baictéir a chónaíonn inár mbéal a bheith mar chúis dár gcuid fiacla lobhadh agus drandail a bheith pianmhar. D'fhéadfadh baictéir a bheith ina gcúis d'fhrídín goile. Uaireanta is féidir le baictéir a bheith mar chúis do ghalair agus ionfhabhtú mar níúmóine, scornaigh tinn, neascóidí agus goiríní. Tá roinnt baictéir úsáideach. Úsáidtear cuid acu chun cais agus iógart a dhéanamh agus i leigheas cumhachtach mar pheinicillin.

Grúpa 2: Víris

Tá víris níos lú ná baictéir fiú. Leathnaítear víris ina lán slite. Is féidir leo leathnú tríd an aer. Is féidir le sraoth na milliún micreascób bídeaca a chur ag taisteal tríd an aer. D'fhéadfaí víris a leathnú trí theagmháil choirp. Mar shampla leathnaítear verrucae ó dhuine go duine. D'fhéadfaí víris a leathnú trí bhia. Tá sé tábhachtach go ndéantar bia a chócaráil i gceart. Iompraíonn ainmhithe agus feithidíní víris. Ba chóir bia a chlúdach ionas nach féidir le cuileoga tuirlingt air. D'fhéadfaí víris a leathnú trí uisce. Fadhb níos mó í sin i dtíortha neamhfhorbartha ina mbíonn ar a lán daoine uisce a úsáid díreach ó thobar, abhainn nó seascann. Níl scagadh déanta ar an uisce seo mar atá againne. I measc na ngalar a bhíonn ann mar gheall ar víreas, tá an gnáthshlaghdán, fliú, plucamas, deilgneach agus an bhruitíneach.

Grúpa 3: Vacsaínithe

Is cineál insteallta speisialta é an vacsaíniú. Nuair a fhaigheann tú vacsaín instealltar méid beag bídeach den víreas is cúis leis an ngalar isteach i do chorp. Déanann do chorp na hantasubstaintí ansin chun na galair a throid. Faigheann a lán daoine vacsaínithe nuair a bhíonn siad óg ionas nach bhfaigheadh siad galair ionfhabhtaithe mar bhruitíneach, plucamas nó triuch. Má tá tú vacaínithe i gcoinne an bhruitínigh agus ansin 'faigheann' tú an víreas, déanann do chorp na hantasubstaintí don víreas sin chomh tapa sin go scriosann siad an víreas i ngan fhios duit. Nuair a dhéantar vacsaíniú i gcoinne galair, is mó an seans a bheidh ann tú a bheith imdhíonach ón ngalar sin.

Grúpa 4: Cad a dhéanann an corp?

Troideann an corp in aghaidh víreas agus baictéir chun tú a chosaint ó na galair a iompraíonn siad. Tagann fuilchealla bána ar fhrídíní ionsaitheacha agus ionsaíonn agus scriosann siad iad go minic. Cineál cealla eile is ea antasubstaintí a mharaíonn frídíní trí iad a thimpeallú agus a ithe. Nuair a thagann an antasubstaint i dteagmháil le frídín greamaíonn sé de agus slogann sé siar é. Bíonn antasubstaintí agus fuilchealla bána ag taisteal timpeall an choirp i sruth na fola.

Grúpa 5: Cad is féidir linn a dhéanamh?

Sláinteachas; nigh do lámha le gallúnach agus uisce tar éis dul go dtí an leithreas, a bheith ag súgradh le peataí, tráidirí easrach a fholmhú, a bheith ag obair sa ghairdín agus nigh do lámha i gcónaí sula n-itheann tú. Coimeád gearrhacha agus scríobthaí clúdaithe. Is féidir le frídíní dul isteach sa chorp tríothu. Leathnaítear galair trí chasachtaigh agus sraothanna. Clúdaigh do bhéal nuair a bhíonn tú ag casachtach agus úsáid do chiarsúr nuair a shraothann tú. Coimeád bia agus babhlaí do pheataí amach ó ghréithre an tí. Ná lig do pheataí leadbh a dhéanamh ar d'aghaidh. Déan bia a chócaráil go hiomlán. Clúdaigh bia ó chuileoga. Nigh torthaí agus glasraí sula n-itheann tú iad.

Machnaimh ar Aonad 2: Ag Tabhairt Aire

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.
D'fhoghlaim mé...

Mhottaigh mé...

Ba léir dom...

Ba mhaith liom...

Níor mhaith liom...

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 go ró-mhaith agus 10 go hiontach ar fad cé chomh cumasach is atá tú féin a choiméad sláintiúil? _____

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná:

Ainm: _____

AONAD 3
AG FÁS AGUS AG ATHRÚ

MISNEACH

CLÁR

AONAD 3

AG FÁS AGUS AG ATHRÚ

SNÁITHE MISE

Snáithaonaid: **Ag tabhairt aire do mo chorp Eolas faoi mo chorp**

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Ag fás agus ag athrú
Breith agus beatha nua

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

RÉAMHRÁ DON AONAD

Tá sé mar aidhm ag na ceachtanna san aonad seo a chur ar chumas na bpáistí a bheith feasach ar agus in ann an t-athrú go caithreachas a bhainistiú go rathúil. Is cruthú iontach é an corp agus ba chóir meas ar a chumasaíochtaí agus ar a éabhlóid a bheith mar threoir againn ar ár n-aistear tríd an saol. Príomhtheachtairacht atá ann ná go bhfuil gach duine againn uathúil agus mar sin déanfar éabhlóid ag rátaí agus ag céimeanna difriúla - bunphrionsabal sna ceachtanna seo is ea meas ar ár n-aistear féin agus ar aistear daoine eile.

Má tá tú ag cur coincheap an chaithreachais faoina mbráid, fás agus ag athrú, b'fhéidir gur mhaith leat tús a chur leis an aonad seo le Ceacht 1, Aonad 11 ó ábhair Rang a Cúig a leagann béim ar phríomhghnéithe na n-athruithe trína ngabhann gach duine ar an mbóthar go caithreachas.

Féachtar ar mhiotais agus finscéalta chruthú an domhain i gCeacht 1 chun ionadh agus draíocht ar an nádúr a

spreagadh sna páistí agus ansin bogtar ar aghaidh chuig córas atáirgthe an duine a chur i láthair. Cuireann Ceacht 2 caidreamh collaí i láthair i gcomhthéacs róil agus freagrachtaí daoine fásta a ghlacadh, agus spreagtar na páistí a fheiceáil, de réir mar a dhruideann muid le haosacht, go dtugtar cearta agus pribhléidí dúinn a éilíonn freagracht as ár ngníomhartha.

Chomh maith le gníomhartha agus acmhainní eile tá na ceachtanna ag brath ar an DVD Busybodies, atá ina acmhainn Éireannach a dearadh go sonrach chun eolas fíorasach a thabhairt ar bhealach soiléir páiste lách. Beidh an cinneadh faoi am, gníomhaíochtaí agus acmhainní do na ceachtanna seo faoi threoir ag Beartas OCG na scoile, gur chóir breathnú air roimh na ceachtanna seo. Chomh maith leis sin b'fhéidir go mbeidh ort cinneadh a dhéanamh faoi cibé ar chóir an t-ábhar a sheachadadh ar an rang uilig nó ar chóir difreáil ar bith san ábhar a dhéanamh do bhuaicail agus cailíní. Go hidéalach, beidh na cinní sin pléite agus curtha i gcrích i mBeartas OCG na scoile. Tabharfaidh cultúr agus éiteas na scoile araon treoir d'atmaisféar agus ábhar na gceachtanna seo agus ba chóir machnamh a dhéanamh roimh ré ar an gcaoi a rachfar i ngleic le saincheisteanna ar leith a thagann aníos (mar shampla, caidrimh chomhghnéasacha agus an comhthéacs do chaidreamh collaí).

Moltar gur chóir a gcóipeanna féin den DVD a thabhairt do na páistí (ar fáil saor in aisce ó healthpromotion.ie). Moltar é seo chun iad a spreagadh machnamh ar agus an t-eolas a chuirtear ar fáil ann a thuiscint, i gcuideachta a dtuismitheoirí nó caomhnóirí más féidir. Trí fógra maith a thabhairt dóibh seo faoi na topaicí a chlúdófar, cabhrófar le tuismitheoirí agus caomhnóirí tacú lena bpáiste dul trí chaithreachas, am a d'fhéadfadh a bheith ina thréimse athruithe mhearbhlaich inmíoch.

AONAD 3

AG FÁS AGUS AG ATHRÚ

Teanga/Forbairt Litearthachta (Teanga Íogair)

Tá treoir ar úsáid teanga agus téarmaíochta maidir le Caithreachas le fáil sna hábhair OCG do [Rang a Cúig](#) leathanaigh 82-84 agus tá na cinn anseo thíos san áireamh.

FORBAIRT FHSICIÚIL: Caithreachas

Athruithe fisiciúla do bhuachaillí:

- ráig fáis, magairlí, cadairne, péineas méadaithe
- caithir, gruaig aghaidhe agus gruaig eile choirp
- éiríonn an guth níos doimhne
- astaíocht oíche - tarlaíonn ‘brionglóidí fliucha’.
- allas, craiceann olúil, goiríní.

Athruithe fisiciúla do chailíní:

- forbraítear cíocha
- tosaíonn míostrú/ an fhuil mhíosta
- ráig fáis
- caithir agus gruaig ascaille
- leathnaítear na cromáin
- allas, craiceann olúil, goiríní.

Orgáin Atáirgthe Fireann: péineas, cadairne, lamhnán, magairlí.

Orgáin Atáirgthe Baineann:faighin, ceirbheacs, broinn, líneáil, feadán fallópoch, ubhagán/ubhagáin, ubhán/ubháin.

Téarmaí Eile: Ubhsceitheadh/míostrú; athruithe síceolaíocha, mothúchánacha agus sóisialta.

Tag. Acmhainní OCG do Rang a Sé
<http://www.pdst.ie/node/811>)

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Cruthú an Domhain

Ceacht 2

Pribhléidí agus Freagrachtaí

CEAHT 1

CRUTHÚ AN DOMHAIN

A TRÍ:1

COINCHEAP LÁRNACH

Feidhm daonna atá spreagúil agus ar dóigh is ea an cumas beatha nua a chruthú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóirí Ábhair

An tábhacht a bhaineann le meas agus dínit a bheith acu ar a gcorp féin agus ar chorp daoine eile a aithint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Glacacht le teanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonad: Labhairt

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: An Duine Daonna

Oideachas Ealaíona: Ceol

■ **Snáithe:** Ag éisteacht agus ag freagairt

Snáithaonad: Ag éisteacht agus ag freagairt do cheol

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá ábhair bhreise ar fáil sa chlár OCG ag <http://www.pdst.ie/node/811>, lena n-áirítear léaráidí d'orgáin atáirgthe fireann agus baineann.

Cosúil le ceachtanna eile sa tsraith seo ba chóir do mhúinteoirí féachaint ar an mBeartas OCG ina scoileanna agus aon mholtaí ann maidir le tráthúlacht agus ábhar oideachas gnéasachta a leanúint.

Cé go bhfuil líon áirithe acmhainní molta (leabhair agus suímh ghréasáin) liostaithe anseo gur féidir a chur san áireamh sa cheacht, ba chóir duit athbhreithniú a dhéanamh orthu sin roimh ré le seiceáil go bhfuil siad in oiriúint do chultúr agus éiteas na scoile.

ACMHAINNÍ

- DVD *Busybodies* agus leabhráin páistí (ba chóir iad sin a stóráil sa rang nó a thabhairt do thuismitheoirí le húsáid sa bhaile)
- Miotais/Finnsceálta faoi Chruthú-cuirtear roinnt acmhainní ar fáil sa cheacht ach d'fhéadfadh rochtain a bheith agat ar acmhainní eile sa seomra ranga/scoil.
- Gearrthóga ceoil - tá roinnt samplaí liostaithe sa cheacht ach d'fhéadfadh rochtain a bheith agat ar ghearrthóga oiriúnacha eile sa seomra ranga nó sa scoil.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Scéal
- DVD
- Ceol

Réamhrá

Má bhí Ceacht 1 Aonad 11 á úsáid agat ó Rang a 5 chun an t-aonad seo a chur i láthair (mar a moladh ag Tús an Aonaid) is féidir a raibh déanta sa cheacht roimhe seo faoi mheas a bheith acu ar a gcorp a chur i gcuimhne do na páistí. Mar mhalairt air sin is féidir a iarraidh ar na páistí na hathruithe fisiciúla a tharlaíonn do bhuachailli agus do chailíní nuair a éiríonn siad níos sine a aithint. Is féidir iad sin a liostáil ar an gclár bán. Cuir an focal caithreachas i láthair mura bhfuil sé déanta cheana:

Am speisialta inár saoil is ea caithreachas ina mbímid ag bogadh ó bheith inár bpáistí i dtreo na luath-aosachta. Tógann sé a lán ama le bheith i do dhuine fásta agus d'fhéadfaimis a bheith inár bhfichidí sula dtéimid trí na hathruithe fisiciúla agus mothúchána go léir atá mar chuid de bheith i do dhuine fásta. Caithreachas is ea an t-am nuair a tharlaíonn na hathruithe sin agus tosaíonn sé ag amanna difriúla do dhaoine difriúla ach tarlóidh sé do gach duine sa deireadh thiar!

Mínigh: *Inniu táimid chun cruthú an domhain agus cruthú an duine daonna a iniúchadh, rud a bhfuil scríofa ag scéalaithe faoi agus atá léirithe ag ealaíontóirí i bpictiúir agus sa cheol. Tosóimid leis an gcaoi ar cruthaíodh an domhan - nó ar a laghad roinnt scéalta faoi. B'fhéidir go bhfuil scéalta cloiste agaibh faoi seo ach inniu táimid chun finnséalta faoi chruthú an domhain a iniúchadh.*

Scéal(ta)

Ba chóir duit scéal faoin gcruthú a roghnú atá ag teacht le héiteas agus beartas na scoile - tá roinnt samplaí tugtha anseo agus is féidir leat cinneadh a dhéanamh faoi cheann nó dhó díobh seo a úsáid nó cuir do cheann féin ina ionad. Tá na gearrthóga tógtha ó How the World

Began: Creation in Myths and Legends le Gilly Cameron (Anness Publishing Ltd., 2003, 2006)

Brionglóideach

Foinse na beatha is ea am Brionglóidigh Dhúchasaigh na hAstráile. Tá leagnacha éagsúla den scéal ann ach tá an chreidiúint chéanna iontu uilig gur mhúnlaigh spioraid na sinsear an domhan ag tús ama. Maireann eachtraí na Sinsear fós inniu i searmanais, damhsa, amhráin agus pictiúir. Is gréasán casta de chonairí beannaithe í an mhóir-roinn.

Bhí an buachaill 12 d'aois ag féachaint ar a athair agus ag foghlaim uaidh agus iad ag leanúint na conaire. Marcáladh a mbealach ag géag bheag bhídeach bhriste, píosa carraige as áit nó rian dhoiléir de lorg bia a bheadh dofheicthe ag aon duine eile ach ball den chine chéanna. Bhí an t-athair agus an mac ag leanúint i gcoiscéimeanna spiorad na sinsear agus glúnta a gcine rompu. Ó am go ham ar an mbealach chonaic siad cangarúnna, éamúnna agus pasaim. Bhí lorg bolgaí d'fheosaí crainn agus toir ghoirt crannda ar na machairí gaineamhacha cothroma. Seachas sin, don tsúil neamhoilte, shín an tírdhreach ghriandóite go bun na spéire. Tar éis trí lá agus oíche ag trasnú na ndumhcha agus coillearnach trópaiceach scáinte tirim, tháinig siad go dtí an billabong, sioscarnach na gcrann tamaraisce timpeall ciúinuisce an tsrutháin. Sa scáth, faoin starrán tháinig siad ar chruthanna péinteáilte ar éadan na carraige i ndath donn, dubh agus bán.

Tús an tsaoil

'Is áit bheannaithe í seo, a mhic,' a mhínigh an fear aosach, 'cruthaithe ag na Sinsir, a chruthaigh muidne agus gach ní. Tá siad ina gcodladh anseo, anois, sna crainn seo, sa charraig agus san uisce.

‘An uair a chruthaigh na Sinsir an domhan, an Tráth Brionglóideach a bhí ann. Tá an Tráth Brionglóideach ann fós. Beidh an t-am i láthair ann go deo agus bhí i gcónaí. An saol féin is ea é agus foinse gach beatha.’ Chuaigh an fear agus an buachaill síos ar a ngogaidí in aice leis an bpoll uisce. Phioc siad na dealga óna gcosa lomnochta agus sháithigh siad a dtart leis an gciúinuisce. D’fhéach siad amach thar ollfhairsinge an mhachaire agus thar na sceacha goirt géagacha ar suanbhruith suaimhneach faoin ngrian a bhí ag dul faoi. D’éirigh dearg agus ór an mhachaire níos dorcha, agus fadaíodh scáilí na gcrann agus na gcarraigeacha. Thit an dorchadas go tobann mar bhlaincéad a ligeadh anuas ar an talamh.

‘Roimh an Tráth Brionglóideach,’ a lean an fear níos sine air ‘bhí machaire lom cothrom agus bhíodh sé dorcha i gcónaí. Ní raibh aon chrann nó poill uisce, cangarúnna nó nathracha ann. Ní raibh beatha ar bith ann, ná bás ach an oiread.’

Bhris na chéad réaltaí dorchadas veilbhite spéir na hoíche. ‘Roimh an tús,’ a mhínigh an t-athair, ‘bhí na réaltaí, an ghealach agus an ghrian ina gcodladh faoin machaire. Ní raibh solas ar bith ann. Chodail a lán de na Sinsir faoin machaire. Tháinig an t-am, áfach, nuair a dhúisigh siad go léir agus bhrúigh trí screamh an Domhain. D’fhéach cuid acu beagáinín cosúil linne, cinn eile ba changarúnna nó nathracha móra iad agus ba mheascáin d’ainmhithe agus plandaí cuid eile acu iad go léir sa chorp céanna.

Aistear na Sinsear ba iad

‘Djanggalwul agus a bheirt deirfiúr spioraid shinsearacha ár ndaoine’ a lean an t-athair air. ‘D’fhéach siad beagáinín cosúil liomsa agus leatsa. Thosaigh siad ar a dturas in Oileán na Marbh, thar na farraigí i bhfad san oirthuaisceart. Thosaigh siad amach

i gcanú coirte agus chéaslaigh siad siar thar na farraigí turcaide trópaiceacha, treoraithe ag an ngrian agus í ag taisteal tríd an spéir. Sa deireadh thiar shroich siad dumhacha agus corcaigh mhangróbh ár gcuid tailte.’

D’fhéach an fear níos sine ar a mhaide tochailte. ‘A bhuí leo siúd, a ólaimid,’ a dúirt sé. ‘Bhí maidí tochailte acu siúd freisin. ach amháin go raibh a gcuid maidí speisialta agus beannaithe. Agus iad ag siúl thar an ngaineamh scalltach greadfach, stopadh siad ó am go chéile agus sháifidís a maidí isteach sa Domhan. Phléasc uisce úr ó na poill agus rinneadh an-chuid poll uisce cosúil leis an gceann seo. Uaireanta nuair a sháigh siad a maidí isteach sa talamh d’fhás crainn bheo.

D’inis an t-athair gur thug Djanggalwul agus a dheirfiúracha, agus iad ag taisteal tríd an talamh, ainmneacha ar áiteanna agus plandaí, ainmhithe agus éisc; ar bhandacúit, pasaim agus goanna, cocatúnna dubha agus géanna agus sionnaigh eitilte. Uaireanta bhuaill siad le nithe sinsearacha eile ag dul timpeall agus mhalartaigh siad brontannais leo. Ó am go ham stopadh siad chun a scíth a ligean agus brionglóidí a chur síos, ar ar thug siad Brionglóidí, agus a n-áiteanna beannaithe a chruthú.

‘Chuir sinsir Djanggalwul fúthu ann agus rugadh páistí dóibh ann, an chéad dream dár dtreabh,’ a mhínigh an t-athair. ‘Sular bhog siad ar aghaidh, chinntigh siad go raibh a fhios ag na daoine conas coinneáil beo, cén áit le tochailt d’fheithidí inite agus conas bia a aimsiú. Sin atá á múineadh agam duit agus sin é an chaoi a d’fhoghlaim mé ó m’athair conas ár gcultúr agus ár dtalamh a choimeád beannaithe go deo.’

‘Ná déan dearmad go deo ar ar ‘inis mé duit,’ a dúirt sé. ‘Tiocfaidh an lá nuair a

bheidh páistí agat, agus déanfaidh tú an t-eolas a sheachadadh chucusan ansin’.

Brionglóidí laistigh agus lasmuigh

Bhí an domhan agus na daoine cruthaithe ag na Sinsir. Agus mar sin chuaigh siad ar ais ina gcodladh, cuid acu faoin Domhan agus ba charraigeacha agus crainn cuid eile acu. Tá a gcuid Brionglóidí thart timpeall orainn agus laistigh dinn freisin. Bhí siad ann i bhfad ó shin, tá siad ann anois agus beidh go deo freisin.

Breith ó Uisce

Ba thír í an Éigipt ársa ina raibh cathairstáit a bhí i gcoimhlint lena chéile. Bhí a dhia féin agus a mhíotais féin ag gach cathairstát a thug cuntas ar an gcaoi ar tháinig a ndéithe agus domhan faoi leith féin ann. Tagann an scéal seo as baile Heliopolis (an chiall atá leis ná ‘cathair na gréine’) áit atá ina bruachbhaile ar chathair nua-aimseartha Ciareo anois.

B’aigéan gan teorainn é Nun. Bhí sé ansin in ionad an Domhain, na spéire agus na réaltaí. Bhí na huiscí dorcha, lom agus socair go dtí le brúcht ó dheighilt na dtonnta, d’éirigh carnán tiubh téagartha talún - cosúil leis na hoileáin a fheiceann tú in Abhainn an Níl inniu - ó na huiscí. An chéad rud eile a tharla ná gur bhrúigh bláth loiteoige ollmhór tríd an ithir. Agus de réir mar a osclaíodh a choróin de pheitil chéiriúla, tháinig an dia cruthaitheora Atum amach óna lár.

Anáil na Beatha

Bhí cabhair de dhíth ar Atum. Freagracht mhór ab ea í a bheith mar an chéad rud, fíorthús gach ruda. Bhi air níos mó déithe a chruthú a chabhródh leis an domhan a chur le chéile. Mar sin d’úsáid sé a neart iomlán, agus lig anáil fhada uaidh. Bhí sé cosúil le séideog anála maidin seaca - ach amháin ar scála domhanda! Sa scamall bolgach anála nochtadh dhá thaibhse. B’í

Shu, Dia an aeir. Tháinig na mílte braoiníní taise le chéile agus cruthaíodh Tefnut, bandia na báistí.

Is beag den tógáil domhain a d’fhéadfadh Tefnut agus Shu a dhéanamh ina n-aonar, gan ábhair riachtanacha mar an ghrían, plandaí agus ainmhithe. Mar sin chaitheadh siad a gcuid ama ag fiosrú uiscí cosanta an aigéin, Nun. Ach bhí Nun fairsing agus dorcha - agus go luath bhí na déithe óga cailte go hiomlán sna doimhneachtaí duibheagánacha.

Bhí Atum trína chéile. Bhí a shúile mar dhioscanna rollacha trí thine agus iad ag dul isteach i ngach cúinne de na farraigí cianaosta.

Sa deireadh thiar fuarthas Shu agus Tefnut i nduibheagán dorcha i bhfad i gcéin. Bhí deora faoisimh le hAtum a chuid páistí a fheiceáil arís. Agus de réir mar a thit a dheora beannaithe tríd an bhfólús, chas gach ceann acu go míorúilteach ina dhuine.

Scaradh an Domhain agus an Spéir

Bhí tús an Domhain ann, ach fós ní raibh sé cruthaithe go hiomlán. Bhí sé in am do Shu agus Tefnut páistí a bheith acu a d’fhéadfadh cur le cruthú an domhain. Bhí cúpla acu - dia an Domhain, Geb agus bandia na spéire, Nut. Níorbh fhéidir an bheirt acu a scaradh óna chéile. Bhí Nut ina stua ar a Domhan ionúin, lena cosa ar fhíor amháin na spéire agus a lámha ar an bhfíor eile. Bhí éad ar Shu don ghrá a bhí ag an gcúpla dá chéile agus bhí sé chomh trína chéile sin gur stróic sé óna chéile iad.

‘Bígí scartha óna chéile as seo amach,’ a d’ordaigh sé. ‘Tá cead agaibh teacht le chéile uair sa lá, agus sin an méid.’

Ón am sin ar aghaidh, gach oíche, titeann dia na spéire, Nut, go séimh ar

an Domhan agus beireann sí barróg ar a leathchúpla. Is ansin a bhíonn dorchadas ann. Uaireanta bíonn Nut chomh mór trína chéile chun a bheith lena leathchúpla go dtéann sí chuige i rith an lae. Nuair a tharlaíonn sé seo, bailíonn scamail stoirme agus éiríonn an spéir dorcha de réir mar a chaitheann an oíche scáile ar sholas na gréine.

Céilí Comhraic don Chumhacht

Lean Atum, an dia cruthaitheora, air ag cruthú rudaí mar phlandaí agus feithidí, reiptílí agus créatúir eile a mhaireann ar an talamh ach bhí a chumhacht ag laghdú de réir mar a fuair déithe níos óige smacht ar an Domhan. Bhí dia na gréine Ra ag barr a nirt sna laethanta tosaigh sin an domhain. Deir daoine áirithe gur rugadh é ó Atum féin agus deir daoine eile gur éirigh sé ó na déithe Nut agus Geb, Talamh agus Spéir.

D'éirigh Ra gach maidin ó bhachlóg loiteoige le peitil ghorma a chuaigh trí dhromchla an aigéin, Nun. Chuaigh Shu, dia an aeir, in éineacht leis agus thaistil an bheirt acu tríd an Éigipt, ag tógáil solais agus beatha go dtí gach ceann de na cúigí ar a seal. Mhair an turas 12 uair an chloig - an 12 uair a chloig de sholas an lae. Ansin d'fhill Ra ar an mbláth loiteoige agus fáisceadh é laistigh dá pheitil, fad is a bhí siadsan agus an oíche ag dúnadh isteach.

D'éirigh Ra sean freisin ar a sheal agus chuaigh sé ar scor sna spéartha agus cuireadh déithe níos óige agus níos láidre ina áit. Déanann sé a thuras laethuil fós, ag éirí os cionn fhíor na spéire thoir, agus ag seoladh trasna aigéan na spéartha ina bhád, Barc na Miliún bliain. Ag luí na gréine seolann sé thar fhíor na spéire thiar isteach sa Spéir Íochtair.

An Fathach a chruthaigh an Domhan

Bhain miotais ársa na Síne leis an ngnáthshaol den chuid is mó seachas

rúndiamhara an chruthaithe. Tháinig scéal Pan Gu níos déanaí, timpeall na ceathrú haoise AD, chun fórsaí saoil yin agus yang a bhí ag croílár an chuid ba mhó de chreidimh Taoch a mhíniú.

Tugann an Tao

breith don Aon

Tugann an t-Aon breith don Dó. Tugann an Dó

breith don Trí-

Tugann an Trí breith do gach ní beo.

Coimeádtar gach rud in yin agus iompraíonn siad yang, Agus coimeádtar le chéile iad sa Ch'I den ollneart.

Tagann Tao, an t-Aon, an tSlí, ón bhfásach. Ní raibh dorchadas ná solas ann, cruth ar bith - ní raibh ann ach fásach agus céannacht. Ó Tao a tháinig an infinid, iomlán foirfe an domhain, i gcruth ubh circe. Chualathas osna laistigh den ubh - Ch'I a bhí ann, An Bhunanáil, a lig don Triúr teacht ar an tsaol - na malairtí, Yin agus Yang, agus an dia cruthaitheora, Pan Gu.

Luigh Pan Gu taobh istigh den ubh ina chodladh go suan ar feadh 18,000 bliain. Agus é ina chodladh, d'fhás sé go dtí go raibh sé ina fhathach ollmhór. Nuair a dhúisigh sé, bhí sé brúite taobh istigh den ubh chosmach, clúdaithe ag dorchadas tiubh a bhí gan chruth ar bith. Bhí Yin agus Yang ansin thart timpeall air ach bhí siad nasctha le chéile, socair agus gan cor astu. Bhí a gcumhacht i sáinn.

Tharraing Pan Gu é féin aníos go raibh sé ina lán airde. Chuir sé a neart iomlán ag feidhmiú, tharraing lámh ollmhór amháin siar agus réab an domhan a bhí timpeall air. Briseadh blaosc na huibhe agus osclaíodh í. Bhi pléascadh mór fuinnimh ann mar bholta leictreachais agus Yin agus Yang ag scaradh óna chéile, fórsa dearfach ceann amháin ag buaileadh i gcoinne fuinnimh diúltaigh an chinn eile.

D'éirigh Yang le bheith ina sholas agus ina spéir, fad is a chomhdhlúthaigh Yin ina ithir throm agus ina taise. Phléasc an Domhan Deich Míle Ní ina bheatha.

Iarracht Gargantuan

Bhí gá ag Pan Gu níos mó spáis a dhéanamh idir na Spéartha agus an Talamh, idir Yin agus Yang. Sheas sé go daingean ar an talamh agus a chosa ar scaradh aige agus dhaingnigh sé a ghuaillí. Gach lá, bhrúigh sé chun an bhearna a dhéanamh beagáinín níos mó. Gach lá, d'éirigh an spéir 10 dtroigh.

Bhí ar an bhfathach fás ag an ráta céanna chun teagmháil a choimeád leo. Ag an am céanna bhí air dúshráitheanna an domhain a shnoí lena chasúr agus siséal ollmhór ag tarraingt ar chomhchodanna de Yin agus Yang i ngach rud a rinne sé.

Thóg sé 18,000 bliain eile an fad ceart idir Neamh agus Talamh a shroichint, agus chun an Domhan a chruthú. Ag an deireadh, bhí Pan Gu 28,000 míle ar airde agus d'iompair sé na Spéartha mar philéar ollmhór. Bhíodh sé ag cur allais go trom agus é ag obair, agus uaireanta thosaíodh sé ag caoineadh leis an dua. Thiteadh a chuid allais agus deora mar bháisteach ar an Domhan.

Uaireanta, bhíodh sé sona sásta - agus ansin bhíodh an aimsir caoin agus socair. Uaireanta, áfach, mhothaíodh sé tuirseach agus uaigneach, gruaim air le méid an taisc. Ansin thagadh fearg air. Bhailigh scamail stoirme, agus réab drochaimsir tríd an Domhan agus na spéartha.

Bás fathaigh traochta

Faoin am go raibh a chuid oibre críochnaithe, bhí Pan Gu spíonta. Seachas sin, mhothaigh sé go mbeadh an spéir in ann í féin a thacú faoin am seo. Bhí sé chomh lagaithe sin ag an aois mhór

a bhí aige agus a chuid iarrachtaí, gur thit a chorp ar an Talamh ina charn brúite. Bhí an fathach ag fáil bháis. Ach de réir mar a bhí a chorp ag titim as a chéile, tharla athruithe iontacha. Bhí an ghaoth agus scamail na todhchaí ar foluain ó dhé deiridh Pan Gu, a chuid focal deireannach cráite mar thoirneach, agus tháinig an ghrian agus an ghealach amach óna shúile. Bhí géaga an choirp ollmhóir bhriste mar imill an domhain - an Tuaisceart, an Deisceart, an t-Oirthear agus an t-Iarthar, agus rith a chuid fola agus bhailigh mar locha, farraigí agus aibhneacha. Chas feoil Pan Gua ina cré ina bhféadfaí plandaí fás agus d'éirigh na cnámha agus fiacla ina gcarraig chrua agus ina bhféitheacha miotail a ritheann tríothu. D'athraigh smior ina seoda luachmhara.

Phreab crainn, féar agus plandaí bláthacha ón ghruaig ar cheann Pan Gu agus agus d'éirigh gruaig mhín a choirp sna spéartha chun réaltaí a chruthú. Chlúdaigh frídíní corp an fhathaigh a bhí ag lobhadh - agus chas siad ina ndaoine.

Bhí sé soiléir nach raibh mórán suntais ag baint le daoine mar chuid den saol, i gcomparáid le hiontas an domhain nuachruthaithe ar a laghad!

Mar Mhalairt ar na Scéalta

Mar mhalairt fiafraigh de na páistí:

- An bhfuil a fhios ag aon duine conas a cruthaíodh an domhan?
- Cén scéalta atá cloiste agat?

Mínigh:

Ag brath ar do chreidiúintí, tá a lán scéalta ann faoi conas a cruthaíodh an domhan. I dtraidisiún na Críostaíochta insíonn scéal an domhain gur chruthaigh Dia an domhan i sé lá agus gur lig sé a scíth ar an seachtú lá, agus is é sin an fáth go bhfuil traidisiún

ann an Domhnach a choimeád mar lá sosa i dtíortha na Críostaíochta. I dtíortha eile ba iad na Déithe (iolra) a chruthaigh an domhan - mar shampla i miotaseolaíocht na Gréige. Tá leagan eile den chruthú ag Dúchasaigh na hAstráile a thosaíonn leis an tráth brionglóideach ina raibh brionglóid ag Ka-Ro-Ra agus tugadh beatha d'ainmhithe agus do dhaoine. Fiafraigh:

- Cén fáth go gceapann tú go mbíonn scéalta difriúla ag cultúir dhifriúla faoi conas a cruthaíodh an domhan?
- Cad a déarfadh eolaí faoi na scéalta seo, an dóigh leat?
- Cad í do thuairim féin?

DVD

Mínigh:

Anois go bhfuil iniúchadh déanta againn ar thús na beatha ar an domhan sa mhiotas agus i bhfinscéalta, táimid chun féachaint ar an gcaoi a chruthaíonn muidne mar dhaoine beatha nua - agus tá sé seo réalaíoch! B'fhéidir go bhfuil scéalta cloiste ag cuid agaibh cheana féin faoi seo a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh a bheith cruinn. Táimid chun féachaint ar DVD a mhíníonn go sonracha an chaoi ina dtarlaíonn an próiseas iontach seo. Agus muid ag dul tríd, smaoinigh ar cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat gur féidir a bhreacadh síos níos déanaí. Agus ná déan dearmad, gur féidir leat i gcónaí ceisteanna a chur ar do thuismitheoirí agus caomhnóirí chomh maith.

Taispeáin an DVD Busybodies do na páistí (Mír a Ceathair). Spreag na páistí le smaoinemh ar a bhfuil feicthe acu agus tabhair cuireadh dóibh aon cheist atá acu faoi a scríobh síos. Is féidir é seo a chur i mbosca nó spás ainmnithe anois nó níos déanaí. Chomh maith leis sin tabhair cuireadh do na páistí rud amháin

atá foghlamtha acu ón DVD a roinnt le comhpháirtí; rud amháin a chuir ionadh orthu; rud amháin gur mhaith leo níos mó a fhoghlaim faoi. D'fhéadfá aiseolas a iarraidh ó na páistí ar aon cheann de na ceisteanna agus tuairim a thabhairt mar is cuí. Cuir i gcuimhne do na páistí gur féidir leo tagairt a dhéanamh do leabhrán agus DVD Busybodies más maith leo an t-eolas atá faighte acu a sheiceáil nó dul siar air - ba chóir iad a spreagadh é sin a dhéanamh sa bhaile lena dtuismitheoirí agus sa rang freisin. Inis dóibh go dtabharfaidh tú freagra ar aon cheist a cuireadh sa chéad cheacht nó seisiún eile agus cuir i gcuimhne dóibh arís gur féidir leo labhairt lena dtuismitheoirí nó caomhnóirí freisin.

Ceol

Mínigh:

Tá saothar ealaíne cruthaithe ag a lán ealaíontóirí a léiríonn scéalta éagsúla ar chruthú an domhain. Tá ceol cumtha freisin ag cumadóirí chun an t-ábhar iontais dochreidte seo a ghabháil. Táimid chun éisteacht le giota ceoil anois le críoch a chur ar chúrsaí. Féach cad a cheapann tú faoi léirmhíniú an chumadóir seo ar scéal chruthú an domhain.

Is ó YouTube na samplaí seo a leanas, agus tá an-chuid samplaí de cheol faoi chruthú an domhain ann: <http://www.youtube.com/watch?v=yAl0aYnuSm8?> <http://www.youtube.com/watch?v=LwGvfdtI2c0?>

Síneadh

D'fhéadfaí na páistí a spreagadh le roinnt taighde a dhéanamh ar scéalta faoi chruthú an domhain ó thimpeall an domhain agus iad a phlé i gceachtanna amach anseo.

PRIBHLÉIDÍ AGUS FREAGRACHTAÍ

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a bhíonn daoine ag dul in aois bíonn níos mó freagrachta orthu astu féin agus as daoine eile agus d'fhéadfadh sé seo a bheith fuinniúil agus dúshlánach araon.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag Fás agus ag athrú
Breith agus beatha nua

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóirí Ábhair

Caidreamh collaí, giniúint agus breith a thuiscint laistigh de chomhthéacs dílis grámhar.

Na freagrachtaí a bhaineann le bheith i do thuismitheoir agus an aibíocht mhothúchánach agus fisiciúil a theastaíonn le bheith i do thuismitheoir a phlé agus a iniúchadh.

COMHTHÁTHÚ**Gaeilge**

■ **Snáithí:** Glacacht le teanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Scribhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe beo

Snáithaonad: Beatha an Duine

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir le múinteoirí ábhair bhreise sa chlár OCG a fháil ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cé go bhféadfadh páistí sa rang teacht ó struchtúir agus cineál éagsúla teaghlaigh tá sé tábhachtach a chur ina luí orthu gur féidir le cineálacha éagsúla teaghlaigh páistí a thógáil go héifeachtach (agus tógtar). Tugtar grá do pháistí sna teaghlaigh ar leo iad.

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre: Cén Aois gur Chóir a Bheith agam Chun? (cóip do gach péire nó grúpa)
- Bileog Oibre: Ag dul in aois (ceann amháin do gach páiste)
- Bileog Eolais do Mhúinteoirí: Cén Aois gur Chóir a Bheith Agam Chun? (freagraí ar thráth na gceist)
- Leabhrán na bpáistí agus an DVD Busybodies (mar a bhí sa cheacht roimhe seo)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Tráth na gCeist
- Plé
- DVD (má tá á úsáid)
- Machnamh

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na páistí a bhfuil foghlamtha acu sa cheacht roimhe seo faoi shíolrú agus cruthú an domhain. Más cuí roghnaigh roinnt ceisteanna a chuir na páistí sa bhosca nó sa spás ainmnithe agus freagair iad sin ó bhéal nó trí thagairt a dhéanamh do Busybodies: leabhrán na bpáistí.

Mar mhalairt air sin d'fhéadfadh na páistí an méid seo a leanas a phlé i bpéirí nó i ngrúpaí beaga:

- Cad a d'fhoghlaim mé ón gceacht deireanach?
- Cad a chuir ionadh orm?
- Cad ba mhaith leo níos mó a fhoghlaim faoi?

Is féidir leat monatóireacht a dhéanamh ar an bplé seo agus cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid freagairtí a phlé mar rang má tá siad compordach é sin a dhéanamh.

Tráth na gCeist

Mínigh:

De réir mar a théimid in aois, chomh maith le hathruithe inár gcorp agus inár gcuid mothúchán, tugtar níos mó freagrachtaí dúinn sa bhaile agus sa tsochaí go ginearálta. Cuir ceist: Cad a cheadaítear duit a dhéanamh anois nach raibh cead agat a dhéanamh i Rang a 4 nó a 5? Faigh freagraí ó na páistí agus tabhair suntas dóibh siúd a thaispeánann méadú i bhfreagracht as an duine féin agus as daoine eile. Cuir ceist:

- *An mbaineann tú taitneamh as níos mó freagrachta a fháil?*
- *Cén fáth go mbaineann? Cén fáth nach mbaineann?*
- *Cad leis a bhfuil tú ag súil sa todhchaí maidir le freagrachtaí nua?*
- *Cén fáth?*

Cuir an ceacht seo a leanas i láthair atá curtha in oiriúint ó Ábhair OCG (Rang a 5 agus a 6 : lth. 187). Socraigh na páistí

i bpéirí nó grúpaí beaga agus tabhair amach **an Bhileog Oibre: Cén Aois gur Chóir a Bheith Agam Chun?**

Faigh roinnt aiseolais ar a gcuid freagraí agus tabhair na freagraí cearta nuair is gá. Cuir ceist:

- *Cad a bhí suimiúil duit faoin gceacht seo?*
- *Ar chuir aon rud ionadh ort?*
- *An bhfuil aon teorainn aoise gur mhaith leat a athrú?*
- *Cad ba mhaith leat go bhfanfadh mar atá?*

Inis dóibh go bhfuil siad chun an bosca deireanach a líonadh isteach i gceann cúpla nóiméad.

Plé

Cuir i gcuimhne do na páistí a bhfuil foghlamtha acu sa cheacht deireanach faoi chruthú na beatha. Fiafraigh: *Cén aois a cheapann tú a bheadh ag daoine le bheith in ann aire a thabhairt do naíonán nuabheirthe? Pléigh é seo le do chomhpháirtí/grúpa agus scríobh síos é ar do bhileog oibre sa spás cuí agus fág i leataobh ar feadh nóiméid í. Táimid chun féachaint anois ar a bhfuil i gceist le haire a thabhairt do naíonán nua.*

Cuir liosta le chéile, leis na páistí de na riachtanais a bhíonn ag teastáil ó naíonán le maireachtáil agus fás. D'fhéadfadh iad seo a leanas a bheith san áireamh:

Na rudaí a bhíonn ag teastáil ó naíonán

Bia	Clúidíní a athrú
Folcadh/Glanadh	Éadaí Codladh/spás ciúin
Coimeád te	Coimeád sábháilte
Cothú cothrom	
Súgradh	

Cosaint ó thinneas/ionfhabhtú
Spreagadh chun forbartha
Grá agus gean

Déan an liosta a gineadh a rangú mar riachtanais fhisiciúla (coirp), sóisialta

(caidreamh) agus mothúchána (grá agus gean), leis na páistí. Fiafraigh:

- *Cén fáth go bhfuil na riachtanais fisiciúla tábhachtach?*
- *Agus na riachtanais sóisialta - cén tairbe atá acu don naíonán?*
- *Cad faoi na riachtanais mhothúchána (m.sh. grá agus gean) - cad a tharlódh mura ndéanfaí freastal ar riachtanais mhothúchána an naíonáin?*

Anois iarr ar na páistí smaoineamh ar an naíonán agus é nó í ag dul in aois - abair dha bhliain d'aois. Fiafraigh:

- *Cén riachtanais a bheadh ag an naíonán ag an bpointe seo?*
- *An mbeadh siad mar an gcéanna nó difriúil? Cén fáth?*
- *An ndéanfadh sé sin obair na dtuismitheoirí nó caomhnóirí níos éasca nó níos deacra? Cén fáth?*
- *Cad, an dóigh leat, a bheadh de dhíth ar na tuismitheoirí nó caomhnóirí ag an bpointe seo le go mbeadh siad ina dtuismitheoirí nó caomhnóirí maithe?*
- *An bhfuil sé sin difriúil le haire a thabhairt do naíonán nuabheirthe?*

Spreag na páistí le feiceáil gurb iad na tuismitheoirí nó caomhnóirí príomhchúramóirí an naíonáin cé go bhféadfadh daoine eile (siblíne agus an chlann níos leithne san áireamh) cuid de riachtanais naíonáin a chur ar fáil, is orthusan a bhíonn an fhreagracht don naíonán fiú má thugann daoine eile aire don pháiste ó am go ham. Iarr ar na páistí féachaint arís ar an aois a scríobh siad ar a mbileog oibre maidir le haire a thabhairt do naíonán nuabheirthe. Fiafraigh:

- *An gceapann tú anois go bhfuil an aois a bhreac tú síos tamall ó shin ceart?*
- *Cén fáth go bhfuil? Cén fáth nach bhfuil?*
- *Da mba mhaith leat an aois a bhreac tú síos a athrú cén t-athrú a dhéanfa? Cén fáth?*
- *Cén aois a cheapann tú gur mhaith leat a bheith i do thuismitheoir don chéad uair? Cén fáth?*

- *An gceapann tú go n-athrófa d'intinn níos moille ar aghaidh?*

Tá sé tábhachtach a chur in iúl do na páistí cé go mbíonn difríochtaí i dteaghlach sa chaoi a mbíonn siad curtha le chéile, níl sé seo ina bhac acu a bheith an-mhaith ag tabhairt aire do naíonáin agus páistí.

DVD

Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, d'fhéadfá an chuid dheireanach (Cuid 5) den DVD Busybodies a thaispeáint, a chuireann sláinte agus folláine na bpáistí chun cinn i dtéarmaí páistí ag tabhairt aire dóibh féin agus iad ag dul in aois. D'fhéadfaí é seo a phlé ag deireadh an taispeána agus d'fhéadfaí na páistí a spreagadh lena gcuid freagrachtaí a aithint maidir leis na saincheistanna a ardaíodh agus cá mbeadh acmhainní nó cabhair bhreise ag teastáil uathu


Machnamh

D'fhéadfaí na páistí a spreagadh **an Bhileog Oibre: Ag Dul in Aois** a chomhlánú a ligean dóibh machnamh ar a bhfuil foghlamtha acu sa cheacht seo agus sna ceachtanna roimhe seo san aonad seo.

Mar mhalairt air sin tabhair cuireadh do na páistí pictiúr a tharraingt díobh féin amach anseo a léiríonn conas ba mhaith leo a bheith nuair is daoine fásta iad.

Nó d'fhéadfadh na páistí focal a roghnú chun cur síos a dhéanamh ar conas a mhothóidís faoi bheith fásta suas (m.sh. corraitheach, eaglach, sona nó imníoch). Leis an bhfocal atá roghnaithe acu, d'fhéadfaidís iad féin a dheasú chun an focal atá roghnaithe acu a léiriú. Má bhíonn siad sásta é sin a dhéanamh d'fhéadfaí ceist a chur ar pháistí aonair cad é an focal a roghnaigh siad? Má tá focal acu nach bhfuil chomh dearfach sin, d'fhéadfaí iad a spreagadh smaoineamh ar bhealach chun dearcadh dearfach a chruthú maidir le fás aníos.

Cén Aois gur Chóir Dom a Bheith Chun?



Déan taifead de d'fhreagra (i mblianta) do gach ceann de na ráitis seo a leanas. Mura mbíonn tú cinnte tabhair buille faoi thuairim!

- Vótáil _____
- Post páirt-aimseartha a fháil _____
- Carr a thiomáint _____
- Eitleán a eitilt _____
- Dul go príosún do dhaoine fásta _____
- Ól i dteach tábhairne _____
- Deontóir fola _____
- Orgáin a dheonadh le trasphlandú _____
- Suí ar ghiúire _____
- Seasamh do thoghcháin áitiúla _____
- Seasamh don Dáil _____
- Seasamh don Uachtaránacht _____
- Scoil a fhágáil _____
- Pósadh _____
- Dul isteach san arm _____
- Alcól a cheannach i siopa eisceadúnais _____
- Toitíní a cheannach _____
- Ticéad crannchuir a cheannach _____
- A bheith i d' fheighlí páiste _____
- Gluaisrothar a thiomáint _____
- Do phas féin a fháil _____

Cuirfidh do mhúinteoir ceist amháin eile ort níos déanaí sa cheacht agus ba chóir duit d'fhreagra a chur anseo!

Bileog Eolais don:

Cén Aois gur Chóir Dom a Bheith Chun?
(Curtha in oiriúint ó Ábhair OCG)

- Vótáil (18)
- Post páirtaimseartha a fháil (14)
- Carr a thiomáint (17)
- Eitleán a eitilt (17)
- Dul go príosún do dhaoine fásta (18)
- Ól i dteach tábhairne (18)
- Deontóir fola (18-65)
- Orgáin a dheonadh le trasphlandú (18-74)
- Suí ar ghiúire (18)
- Seasamh do thoghcháin áitiúla (18)
- Seasamh don Dáil (21)
- Seasamh don Uachtaránacht (35)
- An scoil a fhágail (16 nó nuair atá trí bliana d'oidreachas iarbhunscoile críochnaithe cibé acu is déanaí)
- Pósadh (18)
- Dul isteach san arm (18)
- Alcól a cheannach i siopa eisceadúnais (18)
- Toitíní a cheannach (18)
- Ticéad crannchuir a cheannach (18)
- A bheith i d'fheighlí páiste (Níl aon íosaos dleathach d'fheighlí páiste)
- Gluaisrothar a thiomáint (16 do mhóipéidí agus gluaisrothair faoi bhun 125cc, 18 do ghluaisrothar)
- Do phas féin a fháil (Ó bhreith le cead tuismitheora; 18 mbliana chun iarratas a dhéanamh gan chead)

Is féidir uasdátú ar shonraí a sheiceáil ar shuíomh gréasáin Eolas do Shaoránaigh http://www.citizensinformation.ie/en/reference/checklists/checklist_at_what_age_can_i.html

Ag Dul in Aois

Ainm _____ Dáta _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé...

Mhothaigh mé...

Ba léir dom...

Ba mhaith liom...

Níor mhaith liom...

Ar scála 1-10 áit nach bhfuil 1 go ró-mhaith agus 10 go hiontach cén marc a bhronnfá ort féin as d'eolas faoi na hathruithe fisiciúla agus mothúchána a tharlóidh de réir mar a théann tú in aois? _____

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná ...

AONAD 4
MOTHÚCHÁIN AGUS
BRAISTINTÍ

MISNEACH

CLÁR

AONAD 4

MOTHÚCHÁIN AGUS BRAISTINTÍ

SNÁITHE MISE

Snáithaonad: **Ag fás agus ag athrú**
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

RÉAMHRÁ DON AONAD

Is í an aidhm atá ag na ceachtanna san aonad seo ná:

- cabhrú le páistí éagsúlacht leathan mothúchán a bhíonn acu a ainmniú
- feasacht a fhorbairt ar leibhéal déine mothúchán
- a shoiléiriú do pháistí gur gnáthmhothúcháin iad na mothúcháin a bhíonn acu agus gur féidir leo, le tacaíocht uaireanta, oibriú tríothu agus iad a bhainistiú
- go mbeadh na páistí feasach go gcaithfidh na hiompraíochtaí a mbeartaíonn siad orthu agus a bhíonn acu de dheasca mothúchán meas a leiriú agus a bheith cuí dóibh féin agus do dhaoine eile.
- cabhrú le páistí idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais agus a mianta chun sásamh a mhoilliú.
- cabhrú le páistí a bheith dearfach fúthu féin.

Ba chóir go mbeadh an múinteoir ar an eolas go bhféadfadh leibhéal éagsúla compoird agus muiníne a bheith ag páistí agus mothúcháin á bplé. Chabhródh sé dul siar ar an gconradh nó comhaontú ranga mar tá sé rí-thábhachtach go mothódh na páistí sábháilte agus iad ag caint (nó gan a bheith ag caint) faoi mhothúcháin. Ní mór an rogha ‘pas’ nó gan páirt a ghlacadh a bheith ar fáil i gcónaí.

D’fhéadfadh sé a bheith níos deacra do pháistí ar Neamhord de Chuid Speictream an Uathachais nó le riachtanais oideachais speisialta eile mothúcháin a thuiscint agus a aithint.

Do pháistí ó chultúir eile, caithfear a bheith tuisceanach maidir le haon phlé ar mhothúcháin, mar ina gcultúr d’fhéadfadh cur chuige difriúil a bheith ann maidir le mothúcháin a chur in iúl agus a bhainistiú.

Tá sé tábhachtach go gcuirfear tuismitheoirí nó caomhnóirí nó cúramóirí ar an eolas nuair a bheidh an t-aonad seo á dhéanamh le páistí ionas go mbeidh siad in ann tacú leis an obair.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Mothúcháin a Iniúchadh agus a Aithint

Ceacht 2

Mothúcháin a Bhainistiú 1

Ceacht 3

Mothúcháin a Bhainistiú 2

Ceacht 4

Formad agus Éad

Ceacht 5

Cailteanas agus Brón

Ceacht 6

Cad a Tharlaíonn nuair a Bhraithim?

Ceacht 7

Riachtanais agus Mianta

Ceacht 8

Mé Féin a Dheimhniú agus Glacadh Liom Féin

CEAHT 1 A CEATHAIR:1

MOTHÚCHÁIN A INIÚCHADH AGUS A AITHINT

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhraítear linn muid féin a thuiscint agus a chur in iúl níos fearr agus cuirtear ar ár gcumas níos mó roghanna a bheith againn faoin gcaoi a iompraímid muid féin trí na smaointe a aithint a threoraíonn muid freagairt ar imeachtaí.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** **Ag Fás agus ag athrú**
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

An cumas agus an muinín a fháil chun réimse mothúcháin a aithint, a phlé agus a iniúchadh go háirithe iad siúd atá deacair a chur in iúl.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** **Labhairt**

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Féach an réamhrá don aonad seo.

Tógtar coincheapa an cheachta seo ón réimse Teiripe Chognaíoch Iompraíochta (TCI). De réir TCI tagann an chaoi a mhothaímid agus na rudaí a dhéanaimid ón gcaoi a smaoinimid. Toisc gur féidir linn an chaoi a smaoinimid a athrú, is féidir linn conas mothúcháin a bhainistiú a fhoghlaim. D'fhéadfadh an coincheap seo cabhrú le páistí cuid den ghaol idir imeachtaí, mothúcháin, creidiúintí agus iompraíochtaí a thuiscint.

ACMHAINNÍ

- Gnáthbhosca simplí dúnta (bosca bróg nó gránaigh) le rud rúnda ann (m.sh. bréagán beag, ornáid).
- Bileog Oibre Ag Smaoineamh agus Ag Déanamh
- Bileog Oibre Machnamh ar Cheachtanna

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhghníomhaíocht /Obair Chiorcail
- Plé
- Bileog Oibre:
- Roinnt
- Conclúid

A CEATHAIR: 1

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhghníomhaíocht/Obair Chiorcail

Leis na páistí i gcorcal, cuir an bosca sa lár. Mar bhabhta, fiafraigh de na páistí cad a cheapann siad atá sa bhosca. Glac leis na moltaí go léir. Nuair a bhíonn na moltaí go léir tugtha, úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé gairid a spreagadh ar an ngníomhaíocht:

- *Cad a thug tú faoi deara maidir leis na moltaí sin?*
- *Cén fáth go bhfuil an oiread sin difríochtaí eatarthu? (Tá gach duine difriúil. Beireann muid go léir taithí, ionchais agus mianta difriúla chuig tasc.)*

Bí ullamh le rud beag ón bhosca a thaispeáint do na páistí mar beidh siad fiosrach! B'fhéidir go spreagfar níos mó plé faoin éagsúlacht sna freagairtí mar beidh roinnt páistí sásta nó beidh díomá ar pháistí eile leis an rud.

Mínigh do na páistí go bhféadfadh sé a bheith mar an gcéanna le mothúcháin uaireanta:

An rud a chuireann fearg nó imní nó áthas ar dhuine amháin go bhféadfadh an rud céanna mothúchán eile nó a mhalairt ar fad a spreagadh i nduine eile. D'fhéadfaí féachaint ar gach cás i mbealaí éagsúla. Braitheann an chaoi a thugaimid aghaidh ar chásanna ar ár gcuid taithí, ionchais, mianta agus tuiscint. Braitheann sé ar an gcaoi a fheicimid é, nó ar cad a insímid dúinn féin faoina bhfuil ag tarlú. Socróidh siad seo freisin cad a dhéanfaimid faoi.

Iarr samplaí ar na páistí ar an gcaoi gur féidir le beirt nó níos mó taithí a bheith acu ar an imeacht chéanna, ach fós freagairtí difriúla a bheith acu. Mínigh do na páistí nach í an imeacht is cúis leis na mothúcháin, ach an chaoi a bhféachann daoine uirthi. Is féidir cuid de na samplaí seo a leanas a iniúchadh:

- Fuair Hiral agus Séamas beirt 'C' sa bhFraincís sa Teastas Sóisearach. Tá Séamas an-sásta go deo leis féin. Tá an-díoma ar Hiral - bhí 'A' ag teastáil uaithi.
- Tá fógraithe ag an múinteoir go mbeidh foirne díospóireachta ann le linn na míosa seo chugainn. Tá Andrea corraitheach mar is breá léi ag díospóireacht. Ní maith le Robin é mar bíonn imní uirthi faoi labhairt os comhair daoine.
- 5 a chlog maidin Dé Sathairn atá ann. Tá Daid á ullmhú féin do thuras iascaireachta lena chairde. Déanann sé a lán clampair agus é ag fáil a chuid trealaimh as an gcófra. Tá gach duine sa teach ina dhúiseacht. Ligeann Sophie osna, éiríonn feargach le Daid agus anois ní féidir léi dul ar ais a chodladh. Éiríonn Jonathan agus meangadh gáire air. Anois tá níos mó ama aige imirt lena chluiche ríomhaire nua.
- Tá sé ag cur báistí anois. Ní mó ná sásta atá Sally mar theastaigh uaithi leadóg a imirt. Tá áthas ar Harry anois mar ní bheidh air uisce a chur ar na plandaí mar a d'iarr a Mham air.

Bileog Oibre

Dáil an **Bhileog Oibre: Ag Smaoineamh agus Ag Déanamh** ar na páistí agus téigh tríthi leo ag úsáid an sampla críochnaithe thíos mar eiseamláir. Is féidir é seo a thaispeáint ar an CBI nó é a dhéanamh ó bhéal leis na páistí.

A CEATHAIR: 1

NÓS IMEACHTA SONRACH

Sampla Críochnaithe den Bhileog Oibre: Ag Smaoineamh agus Ag Déanamh

Cad a tharla nó cad atá ag tarlú?	Cad a chreideann nó cad a cheapann sé faoi cad a tharla?	Cad iad torthaí a gcuid smaointe?
Is fuath le Diran am clóis. Ní bhíonn sé ag súgradh leis na páistí eile	<i>Ceapann Diran: Ní maith leo mé. Is cuma leo fúm. Is amadán iad: Níl aon mhaitheas ionam. Níl cairde agam.</i>	Éiríonn sé uaigheach. Éiríonn sé diúltach ina chuid smaointe. Éiríonn sé feargach agus ionsaitheach. Nó éiríonn sé ciúin agus andúnta isteach ann féin.

Taispeáin na ceisteanna seo a leanas ar an gclár bán nó ar an CBI:

- *Conas is féidir le Diran cúrsaí a athrú?*
- *Cad a d'fhéadfadh sé a dhéanamh a bheadh difriúil?*
- *Cén smaointe difriúla a d'fhéadfadh a bheith aige?*
- *Cén difríocht a dhéanadh sé sin?*

Líon isteach freagraí na bpáistí de réir mar a chuirtear in iúl iad.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar ghníomh ar leith (nó imeacht) a mhothaíonn siad imníoch nó diúltach faoi, agus gur mhaith leo tuilleadh machnaimh a dhéanamh air. Ansin críochnaítear an Bhileog Oibre ina n-aonar.

D'fhéadfá cinneadh a dhéanamh an bhfuil na páistí compordach go leor chun labhairt lena chéile i bpeirí faoina mbileog oibre nó nach bhfuil. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfá aiseolais ginearálta a iarraidh ón rang ar fad faoin gceacht ag úsáid cuid de na ceisteanna seo a leanas:

- *An raibh aon chuid den bhileog oibre a bhí éasca nó deacair duit?*
- *Ar chabhraigh sé leat ar chaoi ar bith? Conas?*
- *Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach an chaoi a smaoinimid a athrú uaireanta?*
- *Gathain nó cá mbainfimis triail as seo a dhéanamh sa chéad seachtain nó mí eile amach romhainn?*

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht. D'fhéadfaí **an Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chur i láthair agus is féidir leis na páistí taifead a choinneáil ar a gcuid foghlama i ngach ceacht san aonad seo ag úsáid na bileoige oibre seo. Ní mór í sin a choinneáil in áit inrochta le húsáid amach anseo.

Síneadh

D'fhéadfadh páistí tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar mhothúcháin láidre a láimhseáil, ag aithint a lán bealaí inar féidir le páistí (nó daoine fásta) mothúcháin a bhainistiú. D'fhéadfaí an liosta a chuirfí le chéile a úsáid mar bhúnus chun plé a dhéanamh leis na páistí ar bhealaí a chabhródh nó nach gcabhródh le mothúcháin a bhainistiú, agus/nó d'fhéadfaidís na bealaí is rogha leo chun na mothúcháin seo a láimhseáil a roghnú agus iad a scríobh ina gcóipleabhar OSPS.

Ag Smaoineamh agus Ag Déanamh

Cad a tharla?	Cad a chreid tú nó cad a cheap tú faoin ar tharla?	Cad a rinne tú agus cad iad na hiarmhairtí?

Féachaimis arís ar ar tharla!

Cén smaointe difriúla a bheadh agat?

Cad a dhéanfá difriúil?

Cén difríocht a dhéanfadh sé sin?

Machnamh ar Cheachtanna Braistintí agus Mothúcháin

M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna ar bhraistintí agus mothúcháin.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Mothúcháin a aithint agus a iniúchadh	
Mothúcháin a bhainistiú 1	
Mothúcháin a bhainistiú 2	
Cailteanas agus brón	
Formad agus Éad	
Cad a tharlaíonn nuair a bhraithim?	
Riachtanais agus Mianta	
Mé Féin a dheimhniú agus Glacadh liom féin	

CEAHT 2 A CEATHAIR: 2

MOTHÚCHÁIN A BHAINISTIÚ 1

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil bealaí sláintiúla agus míshláintiúla ann chun plé le mothúcháin. Nuair a bhíonn a fhios ag páistí go bhfuil roghanna acu tugtar rogha níos fearr dóibh.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag Fás agus ag athrú
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Conas mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo a phlé agus a chleachtadh go cuí

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR:

Déanfaidh na páistí an Bhileog Oibre: Smaoiním, Braithim, Déanaim a chomhlánú - beidh sé seo ag teastáil arís sa chéad cheacht eile agus mar sin spreag na páistí é a choiméad in áit éigin sábháilte.

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre: Smaoiním, Braithim, Déanaim (ceann do gach péire)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Phéire/Plé
- Obair Phéire/ Bileog Oibre
- Plé
- Conclúid

A CEATHAIR: 2

NÓS IMEACHTA SONRACH

Obair Phéire/Plé

Iarr ar na páistí dul i bpéirí. Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar an sórt daoine ab ea iad nuair a bhí siad sé bliana d'aois, cad as ar bhain siad taitneamh ansin, agus a gcuimhní a roinnt lena gcomhpháirtí. Iarr ar na páistí smaoiniamh ar na bealaí inar athraigh siad ina gcuid iompraíochtaí ó bhí siad sé bliana d'aois agus ansin iad a phlé. D'fhéadfaidís an fréamh abairte seo a leanas a úsáid chun cabhrú leo díriú ar na bealaí ina bhfuil athrú orthu: *Anois ní ...*

Nuair atá an chéad chuid den ghníomhaíocht seo críochnaithe acu, iarr orthu a gcuid cuimhní a roinnt le péire eile. Iarr ar an ngrúpa ceathair tuairisciú ar ais ar na príomhbhealaí a bhfuil athrú tagtha ar a gcuid iompraíochta ó bhí siad sé bliana d'aois.

Ansin mínigh go bhfoghlaimimid conas déileáil lenár gcuid mothúchán i mbealaí éagsúla, de réir mar a théimid in aois. Uaireanta foghlaimimid bealaí míshláintiúla:

- *Uaireanta déanann daoine iarracht gan lígean dá gcuid mothúchán teacht amach - trí gan smaoiniamh orthu, gan ithe, ag obair ró-dhian srl.,*
- *Uaireanta nuair a mhothaíonn daoine goilleadh éiríonn siad feargach b'fhéidir chun goilleadh a cheilt mar shampla nuair a ghlaotar ainmneacha orthu.*
- *Cuireann daoine eile a gcuid mothúchán in iúl i mbealach a ghoilleann ar dhaoine eile, mar shampla, ag éirí maslach nuair a bhíonn fearg orthu.*

Foghlaimíonn daoine eile iad a chur in iúl ar bhealach sláintiúil:

- *Uaireanta labhraíonn daoine leis an duine lena mbíonn fadhb acu agus déanann siad iarracht teacht ar chomhréiteach. .*

- *Labhraíonn roinnt daoine le duine eile nuair a bhíonn imní orthu nó mearbhall orthu nó nuair a bhíonn siad trína chéile.*

Obair Phéire/ Bileog Oibre

Roinn an rang i bpéirí arís (d'fhéadfadh siad seo a bheith mar an gcéanna leis na cinn roimhe seo) agus tabhair amach na **Bileoga Oibre: Smaoiním Braithim Déanaim** do gach péire. Mar rang léigh an chéad trí chás agus pléigh na roghanna atá ag gach páiste i ngach cás.

Iarr ar na páistí an chuid eile de na bileoga oibre a líonadh isteach ina bpéirí. Iarr orthu go háirithe díriú ar mhothúcháin an pháiste tríd síos. Mura bhfuil am acu, d'fhéadfadh na páistí cuid de a líonadh isteach sa chéad cheacht eile.

A CEATHAIR: 2

NÓS IMEACHTA SONRACH

Plé

Pléigh na bealaí is cuí le déileáil leis na mothúcháin. Cén rogha a dhealraítear is fearr i ngach cás? Spreag na páistí chun buntáistí agus míbhuntáistí gach rogha a chuirtear i láthair sna cásanna a phlé agus ansin teacht ar chinneadh cibé an rogha maith nó olc í an rogha a rinne siadsan. Is í an ghné thábhachtach anseo ná smaoineamh trí gach ceann acu ó mhothúcháin go hiarmhairtí, seachas an ndearna siad rogha mhaith nó nach ndearna.

Cuir béim ar na pointí seo a leanas leis na páistí:

- Bíonn iarmhairtí ag na rudaí a dhéanaimid
- Nuair a mhothaímid go láidir faoi rud éigin, b'fhéidir gur mhian linn an mothúchán seo a chur in iúl ar bhealach áirithe. Bíonn iarmhairtí ag na gníomhartha seo fosta.
- Má dhiúltaímid don chaoi a mbraithimid faoi rud éigin tagann frustachas orainn. Ní chabhraíonn sé má dhiúltaítear do mhothúchán nó má thugaimid neamhaird air.
- Beidh gá ár gcuid mothúchán láidre faoi chúrsaí áirithe a chur in iúl fiú má dhéanaimid iarracht iad a cheilt agus d'fhéadfaí go mbeimis níos measa as nó go mbeadh cúrsaí níos measa.
- Is féidir linn bealaí sláintiúla a fhoghlaim chun ár gcuid mothúchán a chur in iúl - is maith an rud é labhairt le duine eile, ach tá a lán bealaí sláintiúla eile ann freisin chun déileáil lenár mothúcháin.

Tabhair faoi deara: larr ar na páistí a gcuid bileoga oibre a choinneáil mar beidh siad ag teastáil don chéad cheacht eile.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht. Is féidir taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a choimeádtar le húsáid i gceachtanna níos déanaí.

Smaoiním, Braithim, Déanaim

Le do chompháirtí, labhair faoi gach cás anseo thíos agus le chéile comhlánai gí an bhileog. Tá an chéad cúpla cás comhlánaithe duit mar threoir.

Cás	Cad a cheapfaim?	Conas a mhothóim?	Cad a dhéanfaim?	Conas a rachadh mo bhfeidhm orm?	Conas a rachadh mo ghníomhartha i bhfeidhm ar dhaoine eile?
Tugann do chairde neamhaird ort.	Tá siad ag iarraidh cur isteach orm.	Gortaithe	Béicil ar mo chairde agus troid a thosú	Bím i dtrioblóid as troid a thosú. Ní labhraíonn mo chairde fós liom.	Tá fearg ar mo chairde.
Feiceann tú do mháthair ag caoineadh.	Tá sí trína chéile nó goillte ag duine nó rud éigin.	Imníoch	Barróg a bhreith uirthi agus fiafraigh 'Cad atá cearr?'	Motháim níos fearr mar d'éist mé nó chabhraigh mé léi.	Mothaíonn mo mháthair níos fearr.
Insíonn do mhúinteoir duit go bhfuil tú ar fheabhas.	Táim ar fheabhas!		Aoibh an gháire a chur orm. An scéal a insint do mo chairde agus do mo chlann. Iarracht a dhéanamh déanamh go maith arís ar scoil chun moladh breise a fháil.	Faighim marcanna/gráid maithe ar scoil.	Tá mo mhúinteoir sásta liom.
Insíonn do chara rún do dhuine éigin a d'inis tusa dó/di.					
Deir do mháthair/ d'athair ' Tá grá agam duit'.					
Tugann do mháthair póg duit os comhair do chairde.					
Coimeádtar istigh tú ar feadh seachtaine.					
Faigheann do chara íde béil ó dhuine dá dtuismitheoirí le linn duit a bheith leis/léi.					
Iarrann do mhúinteoir do thuismitheoirí a fheiceáil.					
Tugann cara toitin duit.					

CEAHT 3 A CEATHAIR: 3

MOTHÚCHÁIN A BHAINISTIÚ 2

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil bealaí sláintiúla agus míshláintiúla ann chun plé le mothúcháin. Nuair a bhíonn a fhios ag páistí go bhfuil roghanna acu tugtar rogha níos fearr dóibh.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Ag Fás agus ag athrú
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Conas mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo a phlé agus a chleachtadh go cuí.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le ~ teacht ar thuiscint

■ **Snáithaonaid:** Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh

Machnamh ar dhrámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

ACMHAINNÍ

- Cóipeanna de scéal Danielle (ceann amháin do gach páiste)
- Bileog Oibre comhlánaithe nó comhlánaithe i bpáirt: Smaoiním Braithim Déanaim ón gceacht roimhe seo
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Scéal
- Plé
- Obair Ghrúpa
- Rólghlacadh
- Conclúid

A CEATHAIR: 3

NÓS IMEACHTA SONRACH

Scéal

Tabhair amach cóipeanna de scéal Danielle. Iarr ar na páistí é a léamh dóibh féin ar dtús. Ansin iarr ar cúpla páiste é a léamh os ard.

Plé

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- *Cad a tharla sa scéal?*
- *Cén mothúcháin a bhí ag Danielle?*
- *Cén smaointe a bhí ag Danielle?*
- *Cad ba chúis le fearg Danielle, dar leat?*
- *Cén pointe a mbeadh sé go maith do Danielle déileáil lena cuid mothúchán?*
- *Conas a d'fhéadfadh sí é sin a dhéanamh?*

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun ginearálú a dhéanamh ón bplé thuas agus ansin díriú ar a saol féin:

- *Ar dhuisigh tú riamh agus drochspion ort?*
- *Nuair a dhúisíonn tú agus drochspion ort, an gcuireann sé isteach ar an gcuid eile den lá?*
- *Conas a bhíonn a fhios agat go mbíonn drochspion ort?*
- *An féidir drochspion a bheith ort taobh istigh agus gan é a léiriú ar an taobh amuigh?*
- *An féidir le daoine eile a fheiceáil go bhfuil drochspion ort? Conas?*
- *Cad is spion ann?*
- *Cad is féidir linn a dhéanamh ionas nach mbeadh tionchar ag ár gcuid spion ar ár guid oibre nó ar dhaoine eile?.*

Obair Ghrúpa

Iarr ar na páistí **an Bhileog Oibre: Smaoiním, Mothaím, Déanaim** a fháil ón gceacht roimhe seo agus dul i bpéirí mar a rinne siad cheana. Iarr orthu dul isteach le péire eile. Tabhair cás amháin ón mbileog oibre do gach grúpa ceathair. Iarr orthu rólghlacadh a ullmhú bunaithe ar an gcás.

Rólghlacadh

Nuair atá cleachtadh déanta ag gach grúpa ar a rólghlacadh tabhair cuireadh dóibh é a léiriú don rang (ní gá do gach duine é a léiriú). Tar éis gach rólghlactha, spreag an lucht féachana chun ceisteanna a chur, agus spreag na haisteoirí freagairt a thabhairt i ról, agus teacht amach as na ról ina dhiaidh trína n-ainmn (fíor) a rá leis na páistí ina ngrúpa. D'fhéadfá na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun cabhrú le plé a spreagadh:

- *Conas a chríochnaigh an cás?*
- *Conas a mhothaigh gach carachtar?*
- *An raibh áthas/goilleadh/fearg srl., ar aon bhall den ghrúpa?*
- *Conas a chaith gach carachtar lena chuid mothúchán?*
- *Ar cuireadh a mothúcháin faoi cheilt nó in iúl?*
- *Cén gníomhartha nó freagairtí a cheap tú a bhí cuí? Cén fáth?*
- *Cén cinn a cheap tú a bhí míchuí? Cén fáth?*
- *Cén gníomhartha eile a d'fhéadfaí a dhéanamh?*
- *Conas a d'fhéadfaimis a bhfuil feicthe agus pléite againn inniu a úsáid?*

Tar éis plé a dhéanamh agus tuairimí a gcomhpháirtithe ranga a chloisteáil,

A CEATHAIR: 3

NÓS IMEACHTA SONRACH

b'fhéidir go mbeadh fonn ar roinnt grúpaí a rólghlacadh a athdhéanamh ar bhealach difriúil. Tabhair am dóibh chuige seo.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht. Is féidir taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a choimeádtar le húsáid i gceachtanna níos déanaí.

Scéal Danielle

Tá Danielle dhá bhliain déag d'aois. Cónaíonn sí lena Mam agus a triúr deartháir níos óige i dteach sraithe ina bhfuil trí sheomra codlata. Chomh maith le haire a thabhairt do na páistí agus a dteach, oibríonn a Mam go páirtaimseartha i ndhá phost lasmuigh den teach. Cabhraíonn Danielle go mór le haire a thabhairt do na páistí agus le hobair an tí. Mar sin féin, tá an chuma ar an scéal go mbíonn an bheirt acu ag argóint agus ag troid i gcónaí.

An oíche roimhe sin, ag an deireadh seachtaine, tháinig Daid Danielle ar cuairt. Thug Danielle na buachaillí suas go dtí a seomra codlata chun scéalta a léamh dóibh agus seans cainte a thabhairt do na daoine fásta. Bhí Danielle ag iarraidh leabhar a fháil le léamh nuair a chuala sí a Mam ag caoineadh. Stop sí agus cluas le héisteacht aici. Chuala sí í ag rá lena Daid: 'Bíonn sí i dtrioblóid ar scoil an t-am go léir agus ní féidir liom deileáil léi a thuilleadh. Níl a fhios agam cé mhéad eile dá cuid drochspion agus dá cuid éileamh a bheidh mé in ann a sheasamh. Caithfidh tusa déileáil léi as seo amach....' Bhí a Mam ag caoineadh ar feadh tamaill ina dhiaidh sin. Ansin bhí a deartháireacha ag glaach uirthi. Theastaigh ó Danielle leanúint ar aghaidh ag éisteacht ach bhí a fhios aici go n-éireoidís níos measa agus ansin bheadh a fhios ag a tuismitheoirí gur dócha go raibh sí ag éisteacht. Léigh sí dá deartháireacha ach ní raibh a croí ann - bhí sí ag smaoineamh fós ar a raibh cloiste aici. An oíche sin níor chodail sí rómhaith agus dhúisigh sular bhuaill an t-aláram.

D'imigh Danielle chun an bus a fháil ar scoil. Ní dúirt sí aon rud lena Mam níos luaithe agus níor lig a Mam uirthi go ndúirt sí aon rud an oíche roimhe sin. Ní raibh a fhios aici ar chóir áthas nó fearg a bheith uirthi. Nuair a shroich sí an scoil chuaigh sí lena cairde chun labhairt faoina raibh ar siúl acu go léir thar an deireadh seachtaine. Bhí éad ar Danielle lena cairde faoin am saor a bhí acu agus an méid airgead póca a bhí acu. Ansin bhí sé in am do na ceachtanna.

An chéad rud a bhí acu na Mata. Bhí fuath ag Danielle don ábhar sin mar cheap sí go raibh sí go dona aige. Thóg sí amach a leabhar agus a cóipleabhar agus ansin thosaigh sí ag dul siar ina haigne ar a raibh cloiste aici an oíche roimhe sin. Bhí sí ag smaoineamh ar cad a déarfadh sí dá mbeadh sí ansin. Ansin thosaigh sí ag smaoineamh ar cén fáth ar labhair a máthair fúithi mar sin. Ba chóir di rud éigin a rá léi - ní raibh sé cothrom. Chaith a Mam léi mar dhuine fásta nuair ba mhaith léi ...Thóg sé tamall uirthi a thabhairt faoi deara go raibh an múinteoir ag caint léi. Seans fiú go raibh sí ag caint léi ar feadh tamaillín. Níor chuala Danielle – bhí sí i ndomhan eile. Bhí an múinteoir ag siúl i dtreo a boird, ag caint go feargach agus ag croitheadh méire léi, díreach cosúil lena máthair.

Sular smaoinigh sí air fiú, léim sí suas os comhair an mhúinteora. Ní raibh gíog as aon duine. Bhí gach duine ag féachaint uirthi. Bhí sí ag béicíl leis an múinteoir 'Dún do chlab agus ná bí ag cur isteach orm'. Leag sí na cóipleabhair agus na pinn luaidhe den bhord agus d'imigh sí de rúid amach as an seomra...

CEAHT 4 A CEATHAIR: 4

FORMAD AGUS ÉAD

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil bealaí sláintiúla agus míshláintiúla ann chun plé le mothúcháin. Nuair a bhíonn a fhios ag páistí go bhfuil roghanna acu tugtar rogha níos fearr dóibh.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** **Ag Fás agus ag athrú**
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Conas mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo a phlé agus a chleachtadh go cuí.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le teacht ar thuiscint

■ **Snáithaonaid:** **Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh**

Machnamh ar dhrámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

ACMHAINNÍ

- Samplaí de rólghlacadh (gearrtha suas - ceann amháin do gach grúpa)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Scéal/Plé
- Rólghlacadh
- Plé
- Conclúid

A CEATHAIR: 4

NÓS IMEACHTA SONRACH

Scéal/Plé

Léigh an scéal seo a leanas do na páistí:

Scéal Mateus

Tá Mateus ceithre bliana d'aois. Tá a dheartháir níos óige Filip 18 mí. Tá Mateus díreach tar éis teacht ar ais ó bheith ag siopadóireacht lena Dhaid. Nuair a thagann sé isteach feiceann sé a Mham ar an tolg ag imirt cluiche 'Dónall Damhán Alla' le Filip. De réir dealraimh tá an bheirt acu an-sona. Tá a Mham chomh tógtha sin leis an gcluiche nach ndeir sí 'Dia duit' fiú le Mateus. Ritheann Mateus go dtí an tolg agus téann idir í agus Filip. Deir sí 'Dia duit' le Mateus agus beireann sí barróg air. Ansin bogann sí Mateus ar leataobh agus leanann ar aghaidh ag imirt le Filip. Brúnn Mateus é féin idir a Mham agus Filip. Ardaíonn a Mham Mateus go réidh agus cuireann é ina sheasamh ar an urlár. Iarrann sí air dul chun cabhrú lena Dhaid na málaí siopadóireachta a dhíphacáil. Cuireann Mateus pus air féin agus druideann isteach go teann i gcoinne a Mham. Brúnn sí amach é go réidh. D'éirigh Mateus dearg san aghaidh agus rinne sé a chuid fiacla a chogaint...

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- Cad atá ag tarlú sa scéal?
- Cad atá ar siúl le Mateus?
- Cad atá ar siúl dá Mham?
- Cén smaointe a d'fhéadfadh a bheith ag Mateus?
- Cén mothúcháin atá ag Mateus? (Mura luaitear é tabhair isteach an focal éad anseo)
- Cad is éad ann?
- Conas atá sé mar mhothúchán?
- An rud éigin é seo a tharlaíonn i dteaghlaigh eile?

- Cén áit eile ina dtarlaíonn éad?
- Cad a dhéanann daoine de ghnáth nuair a bhíonn éad orthu?
- Céard a d'fhéadfaidís a dhéanamh? (Tabhair faoi deara agus cuir ainm ar an mothúchán, aithin é agus labhair faoi le duine éigin.)

Rólghlacadh

Roinn an rang i sé ghrúpa. Tabhair ceann de na cásanna don rólghlacadh do gach grúpa agus iarr orthu oibriú air chun é a léiriú. Spreag na páistí go léir a bheith páirteach sa phlé ach cuir i gcuimhne dóibh nach gá do gach duine sa ghrúpa a bheith páirteach sa rólghlacadh agus/nó sa chur i láthair. Is féidir cuireadh a thabhairt do na grúpaí a rólghlacadh a chur i láthair don rang go léir.

Plé

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- Cén mothúcháin a bhí agat i do ról?
- Conas a mhothaíonn sé éad a bheith ort nó a bheith éadmhar?
- Conas a bhíonn sé nuair a bhíonn éad ar dhuine nó duine in éad leat?
- Cén mothúcháin eile a bhí agat sa rólghlacadh?
- An bhfuil aon rud foghlamtha agat ó do rólghlacadh féin nó ó rólghlacadh grúpaí eile.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht. Is féidir taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a choimeádtar le húsáid i gceachtanna eile níos déanaí.

Samplaí don Rólghlacadh

Cairde maithe is iad Nikolai agus Andre. Chuaigh an bheirt acu faoi lámh easpaig sa séipéal Dé Sathairn. Maidin Luain atá ann anois. Tá na páistí go léir ag caint faoina ndearna siad tar éis an tsearmanais agus ag déanamh comparáide idir an méid airgid a 'rinne' siad. Fuair Andre i bhfad níos mó ná Nikolai ...

Téann clanna Emer agus Tanya ar shaoire campála le chéile beagnach gach bliain. Réitíonn siad go maith lena chéile de ghnáth agus ní bhíonn mórán argóintí acu. I mbliana tá cara nua ag Emer, cailín ón bhFrainc. Téann siad ag súgradh lena chéile an t-am go léir. Níl aon duine eile ag Tanya le súgradh leo. Ní maith léi an cailín Francach...

Dlúthchairde is iad Isobel agus Mirari. Is maith leo beirt na héadaí agus an ceol céanna. Déanann siad gach rud le chéile. Tá an bheirt acu an-chliste agus an-lúfar freisin. Is minic a chríochnaíonn rásaí eatarthu i gcomhbhua. An lá a piocadh na foirne do Sheantrabh, bhí Mirari tinn. Piocadh Isobel le dul. Ní mór do Mirari fanacht sa scoil an lá sin. Tá siad ag siúl, ar a mbealach ar scoil ...

Tá Fabien agus Yusuf sa rang céanna. Bíonn Fabien i gcónaí i dtrioblóid leis an múinteoir. Dalta cliste is ea Yusuf a dhéanann mar a iarrtar air. Lá amháin tugann an múinteoir faoi deara go bhfuil Fabien ag obair go dian agus go bhfuil sé ag tabhairt aire dá bhfuil á rá aici. Tugann an múinteoir moladh ar leith do Fabien láithreach os comhair an ranga. Níor dhúirt an múinteoir aon rud mar sin riamh le Yusuf ...

Téann Norma agus Adanna timpeall leis na cairde céanna ar scoil. Faoi láthair níl ceachtar de thuismitheoirí Norma ag tuilleamh mórán airgid ach ní dúirt sí é sin le héinne. Ligeann sí uirthi go bhfuil siad chomh maith as le haon duine eile. Nuair a bhíonn siad ar ais ar scoil tar éis laethanta saoire na Nollag, tá gach duine sa ghrúpa ag rá cad a fuair siad don Nollaig. D'inis Adanna do gach duine faoi na rudaí iontacha a fuair sí. Is í Norma an chéad duine eile....

Is cairde iad Aziz agus Colm ó thosaigh siad ar scoil. Imríonn siad peil go minic lena bhfoireann áitiúil. Deir an cóitseálaí leo i gcónaí gur imreoirí an-mhaithe iad. Tá an fhoireann peile a bheidh ag imirt ar son na scoile á roghnú. Roghnaítear Aziz, ní roghnaítear Colm fiú mar ionadaí...

CEAHT 5 A CEATHAIR: 5

CAILLTEANAS AGUS BRÓN

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach do na páistí straitéisí a fhorbairt gur féidir leo a úsáid chun déileáil le mothúcháin láidre agus bealaí a fhoghlaim chun cabhrú le daoine eile atá ag dul i ngleic le mothúcháin láidre.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Ag Fás agus ag athrú
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Conas mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo a phlé agus a chleachtadh go cuí.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

B'fhéidir gur bhásaigh duine muinteartha le páistí áirithe le déanaí agus mar sin beidh ort a bheith tuisceanach dá gcás. B'fhéidir go mbeidh ort an ceacht a chur in oiriúint do riachtanais do ranga. B'fhéidir go mbeidh teaghlach agus cairde páiste in ann cabhrú leis seo. Ná seachain an topaic, ach trí bheith tuisceanach dóibh siúd a raibh na mothúcháin sin acu tabharfar deis dóibh labhairt más mian leo. Cuir in iúl do na páistí nach bhfuil aon bhrú nó dualgas orthu labhairt fúthu féin.

Nuair a bhíonn cailteanas nó scaradh faoi chaibidil, bí feasach ar:

- pháistí le cara nó ball clainne a fuair bás
- pháistí atá ag dul trí nó tar éis dul trí scaradh clainne
- pháistí le cairde nó baill chlainne atá an-tinn nó san ospidéal.
- pháistí le riochtaí a chiorraíonn a saol
- pháistí i do rang i gcúram cónaithe nó altrama nach bhfeiceann tuismitheoirí nó baill eile teaghlaigh a thuilleadh
- pháistí le baill teaghlaigh atá ag obair nó ina gcónaí i dtíortha eile nó atá sna fórsaí armtha
- pháistí le baill teaghlaigh i bpríosún.

Fiú mura mbíonn aon chaillteanas ag na páistí b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus príomhoide na scoile sula dtosaíonn tú an ghníomhaíocht seo. Ba chóir go gcuirfeá do chuid taithí féin ar bhás duine muinteartha san áireamh agus an ceacht seo á phleanáil.

Clár le tacaíocht ó phiaráí, do dhaoine ar bhásaigh duine muinteartha leo, dírithe ar pháistí, aosaigh óga agus daoine fásta is ea Rainbows - féach Rainbowsireland.com le haghaidh tuilleadh eolais.

ACMHAINNÍ

- Scéal Phádraig
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

CEAHT 5 A CEATHAIR:5

CAILLTEANAS AGUS BRÓN

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá/Plé
- Scéal
- Obair Ghrúpa
- Caint
- Conclúid

A CEATHAIR: 5

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá/Plé

Mínigh do na páistí go bhfuil tú chun labhairt inniu faoi chailteanas agus bás duine muinteartha agus faoi chuid de na mothúcháin a bheadh ag daoine nuair a fhaigheann duine a raibh siad mór leo bás. Bailigh an rang i gciorca agus cuir na bunrialacha d'obair chiorcail i gcuimhne dóibh. Is féidir na ceistanna seo a leanas a úsáid chun plé a spreagadh: Ag an gcéim luath seo, is fearr iad a ligean ag caint ar feadh tamaill agus plé mionsonraithe ar na ceistanna seo a sheachaint.

- An bhfuil taithí ag aon duine ar pheata a fuair bás?
- an bhfuil taithí ag aon duine ar dhuine a raibh siad mór leo bás a fháil?
- Cé ón rang a bhí ag sochraid riamh?
- Conas a chuimhníonn muid ar dhaoine nó peataí a fuair bás?
- Cé chomh tábhachtach is atá sé cuimhneamh orthu?
- Cén fáth go gceapann tú é sin?

D'fhéadfá ráitis tostacha a úsáid freisin. Mar shampla iarr ar na páistí áiteanna a athrú má:

- Tá taithí agat ar rud a bhí tábhachtach duit a chailliúint
- Tá taithí agat ar pheata a chailliúint nó a fuair bás.
- Tá taithí agat ar dhuine a raibh tú mór leo bás a fháil.

Scéal

Léigh scéal Phádraig don rang.

Scéal Phádraig

Tá Pádraig dhá bhliain déag d'aois. Nuair a bhí sé deich, fuair a athair bás i dtimpiste bóthair. Bhí Pádraig sa bhaile lena Mham nuair a fuair siad an scéal. Bhí a Mham

trína chéile. Níor fhéad sé ar chuala sé a chreidiúint. Ní raibh uaidh ach a Dhaid a fheiceáil. Cheap sé nach bhféadfadh sé a bheith fíor. Níor mhothaigh sé rud ar bith. Is ar éigean is cuimhin leis an tsochraid. Dúirt roinnt daoine leis go mbeadh air aire a thabhairt dá Mham, as seo amach, rud a chuir imní air anuas ar na mothúcháin eile go léir. Bhí an-bhrón ar Phádraig agus mhothaigh sé míchompordach agus trína chéile an lá sin agus ní raibh uaidh ach dul i bhfolach ina sheomra, ach níor theastaigh uaidh a Mham a fhágáil. Bhí sí chomh mór sin trína chéile agus theastaigh ó Phádraig a bheith léi. Cheap sé nach gcabhródh sé léi dá mbeadh seisean trína chéile agus mar sin chuir sé cuma an mhisnigh air féin.

Bhí cuid de chairde Phádraig ró-neirbhíseach caint leis faoina Dhaid ag an am sin agus fiú ina dhiaidh. Ar aon nós níor theastaigh ó Phádraig labhairt faoi Dhaid an t-am go léir. Sin a rinne a Mham. Bhíodh fearg air, bhíodh sé trína chéile agus mhothaigh sé ciontach freisin. Ag an tús bhíodh áthas air súgradh - aon rud chun dearmad a dhéanamh ar ar tharla. Ansin theastaigh uaidh a bheith ina aonar a lán den am. Ar feadh i bhfad, sa bhaile, ní raibh aon rud mar a bhíodh. Chaith sé a lán ama ag stánadh ar an teilifís. Ní bhíodh sé chomh cúramach lena chuid obair bhaile agus a bhíodh. Ní chaitheadh sé an méid céanna ama lena chairde ach oiread. Ar feadh tamaill bhí sé an-neirbhíseach ag dul isteach i gcairr nó busanna freisin.

Anois tá sé go léir cosúil le brionglóid dó. Ba mhaith leis labhairt faoina Dhaid. Féachann sé ar albaim ghriangraf agus físeanna atá acu de Dhaid. Tá cuma ar an scéal nach bhfuil suim ag aon duine ina bhfuil le rá aige.

Uaireanta mothaíonn sé an-bhrónach agus uaigneach. Tagann na smaointe

A CEATHAIR: 5

NÓS IMEACHTA SONRACH

air go tobann nuair a fheiceann sé páistí eile ag gáire lena n-athair. Dealraítear go mbíonn sé níos measa um Nollag agus ag breithlá Dhaid. Is ócáidí fíorbhrónacha iad agus bíonn sé ag caoineadh nuair a bhíonn sé ina sheomra codlata.

Obair Ghrúpa

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear agus iarr orthu na mothúcháin a bhí ag Pádraig a scríobh síos. Iarr ar gach grúpa tuairisceoir a ainmniú chun aiseolas a roinnt leis an gcuid eile den rang. Ag leanúint uaidh sin iarr ar na grúpaí a gcuid freagraí ar na ceisteanna seo a leanas a phlé (agus a scríobh síos) (is féidir é seo a thaispeáint ar an gclár bán nó ar an gclár bán idirghníomhach).

- *Cad a chabhródh le Pádraig ag an am seo?*
- *Cad a d'fhéadfadh a chairde a dhéanamh?*
- *Cad a d'fhéadfadh a theaghlach a dhéanamh?*
- *Cad nó cé a d'fhéadfadh cabhrú leis?*

Is féidir leis an múinteoir an míniú seo a leanas a úsáid:

Úsáidtear an focal méala chun cur síos a dhéanamh ar an gcaillteanas a mhothaíonn daoine nuair a fhaigheann duine a raibh siad mór leo bás. Is féidir leis dul i bhfeidhm ar dhaoine i mbealaí éagsúla, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis lena lán mothúchán éagsúla mar bhrón, fearg, eagla agus ciontacht, agus uaireanta faoiseamh nach bhfuil pian níos mó ag duine a bhí an-tinn le fada.

Go minic is meascán de mhothúcháin a bhíonn i gceist. Tá na mothúcháin seo go leir nádúrtha agus cé go mbíonn sé deacair dul i ngleic leo, don chuid is mó glacann daoine leis an gcaillteanas nó an méala de réir a chéile.

Caint

Fiafraigh de na páistí an féidir leo bealaí a mholadh le cúram a léiriú do dhaoine a bhfuair duine muinteartha leo bás. D'fhéadfadh na pointí seo a leanas a bheith úsáideach murar moladh iad cheana:

- Ná seachain an duine. Déan iarracht bualadh leo chomh luath agus is féidir agus a rá *Ní maith liom do thrioblóid...*
- A thuiscint go mbíonn brón ar dhaoine tar éis méala. Lig dóibh a bheith brónach. Pléigh a bhfuil i gceist le bheith brónach.
- A thuiscint go mbíonn taithí dhifriúil ag gach duine ar chaillteanas agus go bhfuil mothúcháin éagsúla mar shampla séanadh, fearg agus ciontacht mar ghnáthfhreagairtí ar chaillteanas.
- Tabhair seans don duine caint agus a bheith brónach
- Ná hiniis d'éinne riamh conas ba chóir dóibh mothú nó ná héist le héinne ag insint duitse conas ba chóir duitse mothú.
- Tabhair an deis dóibh gnáthrudáí a dhéanamh mar shampla súgradh, ach ná bíodh brón ort mura mbíonn fonn orthu. Lean ort ag tabhairt cuiridh dóibh a bheith páirteach i rudaí
- D'fhéadfadh sé am fada a thógáil chun glacadh le bás duine a raibh tú mór leo.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht. Is féidir taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** agus í a choiméad le húsáid i gceachtanna ina dhiaidh sin

A CEATHAIR: 5

NÓS IMEACHTA SONRACH

Síneadh

Leabhar Cuimhní

In ár saol, bíonn taithí againn go léir ar bhrón agus cailteanas. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh de bharr bás a fháil nó bogadh go háit eile nó b'fhéidir go scarann tuismitheoirí. Go minic bíonn sé deacair déileáil leis na mothúcháin go léir a mhothaímid sna cásanna seo, agus uaireanta bíonn gá againn le rudaí chun cabhrú linn ciall a bhaint as mothúcháin a bhíonn go hiomlán nadúrtha. I ngrúpaí beaga nó i bpéirí, tabhair cuireadh do na páistí taithí phearsanta ar chailteanas agus brón a phlé (mar shampla má bhog a ndlúthchara go háit eile nó má fuair peata bás).

Cuir in iúl dóibh nach mbíonn orthu labhairt murar mian leo nó má tá sé ró-dheacair. Tar éis dóibh labhairt sa ghrúpa, is féidir leo leabhar cuimhní a chruthú chun a gcuid cuimhní ar an duine (nó ainmhí/rud) sin a thaifeadadh. Mínigh go bhfuil an leabhar príobháideach agus nach bhféachfaidh aon duine eile air mura roghnaíonn siad é a thaispeáint do dhuine éigin. Cuir i gcuimhne dóibh freisin meas a bheith acu ar phríobháideacht páistí eile de réir mar a fhorbraíonn siadsan a gcuid leabhar, go háirithe mar go mbeidh siad ag obair gar dá chéile ag deascanna agus boird. Toisc gur dóibhsean amháin an leabhar, mínigh dóibh gur féidir leo aon rud is mian leo a chur ann. Tá roinnt moltaí anseo thíos:

- D'fhéadfaidís scríobh chuig an duine agus uasdátú a dhéanamh ar a bhfuil á dhéanamh acu agus ar na bealaí ina bhfuil a saol athraithe.
- D'fhéadfaidís a insint dóibh freisin cuid de na rudaí gur mhian leo a rá leo ach nár éirigh leo.
- D'fhéadfaí rudaí eile a chur san áireamh mar shampla griangraf nó pictiúr; rud éigin ba ghnáth leo a rá; agus/nó rud

éigin a rinne an duine nó an t-ainmhí a chuir aoibh an ghéire ar an bpáiste.

Scríobh Haiku

Cineál dáin is ea haiku a tháinig ón tSeapáin. Tá trí líne ann agus ina fhoirm thraidisiúnta tá 17 siolla (béim i bhfocal) ann san iomlán. Is é a cúig, a seacht, a cúig patrún na siollaí. Is féidir an cineál dáin seo a úsáid chun nóiméad nó mothú doimhin a chur in iúl ar bhealach simplí. Iarr ar do chuid páistí haiku a scríobh faoina gcuid taithí féin ar chailteanas nó brón. Mar shampla baineann an haiku seo le bás peata:

Fionnadh bán bog, aghaidh gheal
Briseann mo chroí nuair a smaoiním
Mar a tháinig bás ró-luath

CEAHT 6 A CEATHAIR: 6

CAD A THARLAÍONN NUAIR A BHRAITHIM....?

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhraítear linn ár mothúcháin a thuiscint agus a bhainistiú nuair a bhímid feasach ar a mbíonn ar siúl sa chorp agus aire a thabhairt dó.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- **Snáithaonad:** Ag Fás agus ag athrú *Braistintí agus mothúcháin*

Cuspóir Ábhair

Tuiscint ar an gcaoi ina gcabhraíonn mothúcháin chun iad féin a thuiscint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

- **Snáithe:** Líníocht
- **Snáithaonaid:** Tarraingtí a dhéanamh **Ag féachaint agus ag freagairt**

NÓTA DON MHÚINTEOIR

B'fhéidir go mbeadh sé deacair ar pháistí áirithe a súile a dhúnadh nó iad a choinneáil dúnta le linn machnaimh agus tá sé sin ceart go leor - iarr orthu díriú ar phointe ar an urlár nó ar an mballa laistigh de dhá mhéadar os a gcomhair.

Sa chás go bhfuil treoracha i lúibíní sa script machnaimh is féidir iad sin a úsáid nuair nach mbíonn taithí ag na páistí ar an sórt seo gníomhaíochta a dhéanamh - is féidir iad a fhágáil ar lár nuair a bhíonn níos mo taithí acu air.

Ní bheidh sé riachtanach i gcónaí an chuid mhachnamhach den ghníomhaíocht seo a leanúint le gníomhaíocht léiritheach/ealaíne. Uaireanta déanfaidh sé cúis dóibh focal amháin a rá nó uaireanta dada.

ACMHAINNÍ

- Páipéar, criáin, pinn luaidhe daite, márla, péinteanna srl., (aon rud lenar féidir leis na páistí rud éigin a léiriú faoina gcuid mothúcháin srl.)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Gníomhaíocht: Cuimhne Chéadfach
- Plé
- Machnamh Treoraithe
- Obair Ealaíona
- Roinnt/Conclúid

A CEATHAIR: 6

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Spreag na páistí cuimhneamh ar an bplé go léir ar mhothúcháin agus ag plé le mothúcháin sna ceachteanna roimhe seo. Cuir i gcuimhne do na páistí go mbraitear mothúcháin sa chorp:

- *An bhfuil a fhios agat cén áit i do chorp a mhothófá mothúchán?*
- *Conas a bheadh a fhios agat go raibh áthas ort?*
- *Sceitimíní?*
- *Brón?*
- *Cad a mhothófá i do chorp?*

Úsáid an míniú seo a leanas: *Ní thugann an chuid is mó de dhaoine aon aird ar a mbíonn ar siúl laistigh dá gcoirp agus mar sin b'fhéidir nach mbeadh a fhios acu i gcónaí conas atá siad ag mothú. Freisin deir a lán daoine 'Mothaím go...Is í an bhrí a bhíonn leis seo de ghnáth ná go bhfuil siad ag smaoineamh seachas ag mothú. Faisnéis dúinn atá i mothúcháin. Cabhraíonn siad linn muid féin a thuiscint agus cabhraíonn siad linn cinntí a dhéanamh. Mar sin, a mhéad is a thuigimid iad is ea is mó a thuigimid muid féin agus is ea is fearr a bhíonn ár roghanna. Is é an bealach is fearr chun aithne a chur ar ár mothúcháin ná éisteacht lenár gcorp.*

Gníomhaíocht: Cuimhne Chéadfach

Iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chur faoina ndeasca nó as an mbealach agus iarr orthu seasamh don ghníomhaíocht seo. Mínigh dóibh go ndéanfaidh siad an ghníomhaíocht seo ina dtost don chuid is mó. Beidh seans acu labhairt faoi ina dhiaidh. Is féidir leat cuid de na cuir síos seo nó iad go léir a úsáid nó is féidir leo a gcuid féin a chumadh nó iarr moltaí ar na páistí faoi éisteacht lena bhfuil ar siúl laistigh dá gcorp.

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar cad leis a bhfuil sé cosúil greim a thógáil as liomóid nó sú liomóide a bhlaiseadh. Iarr orthu cur síos a dhéanamh dóibh féin ar an mothú a bhí acu ina gcorp nuair a rinne siad é sin. Iarr

orthu cumhneamh ar conas a bhí sé rud éigin an-fhuar go deo mar phíosa oighir nó uachtar reoite a ithe. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar a mhothaigh siad ina gcorp nuair a rinne siad é sin.

Iarr orthu éisteacht ina gcloigeann le píosa ceoil a thaitníonn leo. Iarr orthu a mothaíonn siad ina gcorp nuair a dhéanann siad é sin a thabhairt faoi deara.

Iarr orthu a súile a dhúnadh agus cuimhneamh ar bholadh bácála...bláthanna... aoileach....peitreal....srl. Iarr orthu a mothaíonn siad ina gcorp nuair a dhéanann siad é sin a thabhairt faoi deara.

Iarr orthu rith ar an láthair ar feadh 30 soicind agus ansin seasamh gan ghíog astu agus a lámha a chur ar a mbrollach chun buille a gcroí/a n-análú a chloisteáil.

Iarr orthu a súile a choimeád dúnta agus cuimhneamh ar am nuair a bhí an-fhearg orthu (tabhair timpeall 30 soicind) ...
...am nuair a bhí an-áthas orthu ...
...am nuair a bhí siad ar a sáimhín só...
... Iarr orthu a mothaíonn siad ina gcorp nuair a chuimhníonn siad ar na cuimhní sin a thabhairt faoi deara.

Plé

Suíonn na páistí siar ina suíocháin agus d'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas plé gairid a spreagadh:

- *Conas a bhí sé dul i dteagmháil leis na mothúcháin seo?*
- *Cén cinn a bhí éasca/deacair dul i dteagmháil leo?*
- *Cén fáth go gceapann tú é sin?*

Mínigh do na páistí gurbh é an tslí is fearr aithne a chur ar ár mothúcháin ná trí éisteacht le agus a bheith feasach ar ár gcorp.

Machnamh Treoraithe

Socraigh na hábhair ealaíne roimh ré.

A CEATHAIR: 6

NÓS IMEACHTA SONRACH

Iarr ar na páistí suí go compordach ina gcathaoireacha (sé sin suí go díreach, cosa ar an urlár, lámha ar a nglúine nó ar an mbord - pinn luaidhe nó aon rud eile as fad láimhe). Léigh an méid seo a leanas go mall ag stopadh nuair a luaitear é:

Script

Tóg nóiméad le bheith compordach i do chathaoir ... agus b'fhéidir go gcabhródh sé leat do shúile a dhúnadh le linn an cheachta nó díriú ar spota ar an mballa ...

I do shuí go socair, tosaigh ag tabhairt do chorp faoi deara ... ar dtús an taobh amuigh ... ag tosú le do chosa (b'fhéidir gur mhaith leat méara do chosa a bhogadh beagáinín) ... agus tabhair faoi deara mothú na talún faoi do chosa (b'fhéidir gur mhaith leat do chosa a bhrú beagáinín ar an urlár) ... anois tabhair faoi deara do chosa agus cad leis a bhfuil siad i dteagmháil ... (má tá sé sin deacair duit, bog do chosa go mall agus beagáinín agus tabhair an difríocht faoi deara ... ansin díriú d'aird ar do lámha (agus arís b'fhéidir gur mhaith leat iad a bhogadh beagáinín, an-réidh) ... tabhair do lámha faoi deara ... arís ag tabhairt faoi deara a bhfuil siad i dteagmháil leis... (agus dá mba mhaith leat iad a bhogadh beagáinín, b'fhéidir do mhéara a bhogadh, lámh amháin ar dtús agus ansin an lámh eile) ... agus anois tabhair teagmháil an choirp faoi deara lena bhfuil tú i do shuí air... agus b'fhéidir gur mhaith leat bogadh beagáinín, go réidh agus tabhair an difríocht faoi deara)... tabhair faoi deara mar a thacaíonn an chathaoir thú agus tú i do shuí ansin agus bí ar do shuaimhneas leis an tacaíocht sin ...

Agus anois gan iarracht a dhéanamh é a athrú nó aon rud difriúil a dhéanamh leis tabhair d'análú faoi deara ... tabhair faoi deara mar a éiríonn agus mar a thiteann do chliabhrach le gach anáil isteach agus amach ... (agus b'fhéidir gur mhaith leat do lámh a chur ar do chliabhrach chun é sin a thabhairt faoi deara níos mó) agus go réidh, ar an gcéad ... anáil isteach eile lean d'anáil síos isteach sa chuid mhór sin laistigh de do chorp, do scornach... do chliabhrach.... do ghoile... agus do bholg

... agus tóg beagáinín ama chun an mothú a thabhairt faoi deara ...

Agus sa chuid láir sin de do chorp, tabhair faoi deara conas atá tú díreach anois, amhail is dá mbeifeá ag fiafraí díot féin istigh ansin, 'Conas atáim?' ... agus fan le do chorp freagairt ... D'fhéadfadh sé sin a bheith mar dhath nó mothú nó mothú coirp... (mar drithlíne, preabarnach, trom, te srl.) B'fhéidir gur cuimhne í ... Mura dtagann aon rud bí ar do shuaimhneas agus tabhair faoi deara conas a mhothaíonn tú i do chorp ... agus nuair a thagann rud éigin, cuir fáilte roimhe agus bí cairdiúil le pé rud é, gan é a cháineadh nó breith a thabhairt nó gan iarracht é a athrú - b'fhéidir gan ach 'Dia duit' nó 'Sea, tá a fhios agam go bhfuil tú ansin' a rá ...

Go hachomair, agus an chuid seo den ghníomhaíocht ag teacht chun críche (agus beidh seans agat rud éigin dar tharla taobh istigh díot a chur in iúl ... tabhair faoi deara cad ba mhaith leat a chur in iúl ón am seo a chaitheamh leat féin sa chaoi speisialta seo) ... agus mar sin tabhair aon fhuaimneanna sa seomra faoi deara ... na fhuaimneanna taobh amuigh den seomra agus san fhoirgneamh ... agus nuair atá tú réidh lig do do shúile oscailt (agus fós i do thost, ag leanúint leis an mothú síochánta, téigh go dtí na hábhair ealaíne agus tóg pé rud atá cuí chun tú féin a chur in iúl...)

Obair Ealaíona

Ag deireadh an mhachnaimh, iarr orthu pé ábhair gur mhaith leo chun a gcuid mothúchán a léiriú le linn an mhachnaimh a thógáil.

Roinnt/Conclúid

Tabhair cuireadh dóibh siúd gur mhaith leo rudaí a roinnt faoina gcuid obair ealaíne/ próiseas. Fiafraigh de na páistí a bhfuil foghlamtha acu ón gceacht, agus taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a choimeádtar le húsáid i gceachtanna níos déanaí.

CEAHT 7 A CEATHAIR: 7

RIACHTANAIS AGUS MIANTA

COINCHEAP LÁRNACH

Uaireanta bíonn dearcadh fadtéarmach ar riachtanais agus mianta ag teastáil chun a bhfuil uainn a bhaint amach.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Ag Fás agus ag athrú
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais agus mianta agus coincheap an tsásaimh mhoillithe a aithint agus a iniúchadh

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

Oideachas Ealaíona- na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

■ **Snáithaonad:** Ag tarraingt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Sainmhínte: D'fhéadfaí iarraidh ar na páistí na focail seo a chuardach iad féin san fhoclóir nó ar an idirlíon. Séard is **gá** ann ná rud nach mór a bheith ag duine le maireachtáil. Rud éigin atá riachtanach le maireachtáil agus don tsláinte (fisiciúil agus meabhrach); rud éigin nach mór a bheith ag duine m.sh. bia, aer, dídean, cleachtadh coirp, grá, féinmheas.

Séard is **mian** ann ná rud éigin gur mhaith le duine a bheith aige nó aici. Níl sé riachtanach go hiomlán, ach d'fhéadadh sé a bheith ina rud maith a bheith agat e.g. milseáin, earraí leictreonacha, ealaíon nó ceol.

Sásamh Moillithe is ea an cumas scaoileadh le pléisiúr nó luach saothair láithreach chun ceann níos mó a fháil níos déanaí. Is é an tairbhe ghearrthéarmach a ligint tharat ar mhaithe le luachanna saothair fadtéarmacha. Leis an scil seo, fanann duine anois chun rud éigin atá ag teastáil uaidh/uaithi a fháil níos déanaí.

ACMHAINNÍ

- Bileog: Riachtanais agus Mianta (fótachóipeáilte cúig nó sé huairé agus gearrtha suas roimh ré)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Obair Ghrúpa/Gníomhaíocht Rangaithe
- Plé
- Suirbhé
- Díospóireacht
- Plé

A CEATHAIR: 7

NÓS IMEACHTA SONRACH

Plé

Fiafraigh de na páistí cad is cuimhin leo ón obair atá déanta acu ar riachtanais agus mianta sna blianta roimhe seo:

- *an bhfuil a fhios ag éinne cad í an difríocht idir riachtanas agus mian?*
- *An féidir leat sampla de riachtanas a thabhairt?*
- *Mian?*
- *Conas a thuigeann muid an difríocht eatarthu?*

Obair Ghrúpa/Gníomhaíocht Rangaithe

Roinn an rang i ngrúpaí cúigear nó seisear. Tabhair sampla de riachtanais agus mianta do gach grúpa (ón **mBileog: Riachtanais agus Mianta** gearrtha suas). Ní mór do gach grúpa a shocrú ar dtús cé acu de na rudaí gur riachtanais iad agus cé acu gur mianta iad. Ansin cinntíonn siad cé acu de na riachtanais is tábhachtaí. Nuair atá a rangú críochnaithe ag na grúpaí, is féidir leat gníomhaíocht rangaithe a éascú trí na riachtanais is tábhachtaí sa rangú ag na grúpaí a aithint agus liosta iomlán ranga a chomhaontú.

Plé

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- *An raibh sé seo ina thasc éasca nó deacair don ghrúpa? Cén fáth?*
- *Conas a bhí sé a bheith ag obair i ngrúpa?*
- *Conas a mhothaigh tú?*
- *Ar ndearna aon duine argóint láidir ar son riachtanais ar leith a bheith mar an riachtanas is tábhachtaí?*
- *An raibh comhaontú ann?*
- *Cén fáth go raibh/cén fáth nach raibh?*

Suirbhé

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur ó bhéal ar na páistí chun coincheap an tsásaimh mhoillithe a chur i láthair:

Cad ab fhearr leat?

Milseog ag an tús nó ag an deireadh?
Obair bhaile roimh theilifis nó tar éis teilifise?
Milseán amháin anois nó dhá cheann níos déanaí?
Ceannaigh anois nó sábháil do níos déanaí?
Coimeád do ghealltanais nó rud éigin níos suimiúla a dhéanamh le cairde?
Déan staidéar anois. bíodh spórt agat níos déanaí nó bíodh spórt agat anois, déan staidéar níos déanaí? (um thráthnóna?)
(D'fhéadfaí rogha nó dhó eile a chur a bheadh cuí don rang ghrúpa.)

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- *An roghanna éasca nó deacra iad seo? Cén fáth?*
- *Cad iad torthaí na roghanna?*
- *Cad é an rud is fearr a dhéanamh? Cén fáth?*
- *Cad atá i bpáirt acu sin go léir? (Bheadh seans mhaith anseo chun 'sásamh moillithe' a mhíniú)*
- *Cad iad samplaí eile de seo i saol duine? (Mar shampla, sábháil do chluiche ríomhaire nua, éirí as toitíní a chaitheamh chun sláinte a fheabhsú, éirí as bianna sailleacha a ithe chun meáchan a chailliúint.)*

Díospóireacht

Iarr ar na páistí díospóireacht a dhéanamh ar an topaic seo a leanas: *Tá sé níos fearr seachtain níos giorra a oibriú agus níos lú airgid a thuilleamh agus níos mó ama a bheith agat ná oibriú níos faide agus níos déine ach níos mó airgid a*

A CEATHAIR: 7

NÓS IMEACHTA SONRACH

bheith agat chun rudaí a cheannach. Cuir i gcuimhne dóibh an plé a bhí ann cheana sa cheacht seo chun tacú lena gcuid argóintí ar son agus in aghaidh an rúin.

Plé

Tar éis na díospóireachta úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- *Cad a tharla sa díospóireacht?*
- *An raibh sé éasca nó deacair duit do phointe a chur trasna? Cén fáth?*
- *Ar athraigh tú d'intinn le linn na díospóireachta? Cén fáth?*
- *An bhfuil aon rud eile foghlamtha agat faoi riachtanais agus mianta?*

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht. Is féidir taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a choimeádtar le húsáid i gceachtanna níos déanaí.

Síneadh

Cuireann an ceacht seo bunús ar fáil le féachaint ar riachtanais, mianta agus slite maireachtála páistí i dtíortha éagsúla. Leis seo thosóidís le roinnt riachtanas domhanda a fheiceáil agus a fheiceáil freisin conas a bhíonn mianta áirithe faoi thionchar ár gcultúir (m.sh. teilifís agus scannáin, fógraíocht, piaraí).

Tá ábhair deartha go sonracha ag eagraíochtaí mar Amnesty, Trócaire agus Concern do bhunscoileanna don chuspóir seo.

Riachtanais agus Mianta

(fótchóipeáil cúig nó sé huaire agus gearr suas seit do gach grúpa)

Leapa	Glacadh
Cairde	Feoil
Spéaclaí gréine	Vótáil
Peata	Cluichí ríomhaire
Ríomhaire/ríomhaire glúine	Éadaí
Teas	Bréagáin
Bia	I-pod
Fón baile	Fón póca
Rothar	Adhradh/Guí
Uisce	Súgradh
Carr	Seomra féin
Bróga reatha	Airgead póca
Leithreas	Cóisir breithlae
Clann	Éadaí nua
Uisce te	Laethanta saoire
Cuisneoir	Oideachas
Glasraí	Taos Fiacla
Go n-éistfí leat	Sábháilteacht

CEAHT 8

A CEATHAIR: 8

MÉ FÉIN A DHEIMHNIÚ AGUS GLACADH LIOM FÉIN

COINCHEAP LÁRNACH

Bealach úsáideach le mothú níos dearfaí ná smaointe dearfacha fút féin a chur in ionad smaointe diúltacha

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag Fás agus ag athrú
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Bealaí sláintiúla a aithint agus foghlaim fúthu chun cabhrú leo a bheith dearfach fúthu féin.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Ag tarraingt

ACMHAINNÍ

- Dáileán: Tú féin a Dheimhniú
- Leathanach Bán (do gach páiste)
- ábhair ealaíne (criáin, marcóirí, pinn luaidhe, daite, péint srl.)
- Irisí (le haghaidh íomhánna)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna
- Bileog Oibre: Cad A D'fhoghlaim Mé Faoi Mhothúcháin

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Léirshamhlú
- Scríbhneoireacht
- Obair Ealaíne

A CEATHAIR: 8

NÓS IMEACHTA SONRACH

Plé

Má tá an ceacht céanna déanta ag na páistí i Rang a 5 (Aonad 3: Ceacht 7 A Bheith Dearfach fúm Féin) fiafraigh díobh cad is cuimhin leo faoi rudaí dearfacha a rá leo féin. (D'fhéadfaí an ceacht seo a chríochnú anois mura bhfuil sé déanta cheana). Nuair a thugann siad smaointe diúltacha faoi deara ba chóir dóibh Stop a rá agus smaoiniamh dearfach a chur ina n-ionad. Bíonn rogha acu i gcónaí i suíomh ar bith.

Mínigh dóibh go bhfuil siad chun a ráitis dhearfacha féin a scríobh dóibh féin an t-am seo. *Smaoinigh ar an oiread rudaí dearfacha fút féin agus is féidir leat. Scríobh síos roinnt díobh seo i do chóipleabhar OSPS.*

Léirshamhlú

D'fhéadfaí an píosa seo a leanas a léamh amach i nguth réidh, ag stopadh nuair a bhíonn trí lán stad ann (...)

Tóg nóiméad chun éirí compordach i do chathaoir ... agus b'fhéidir go gcabhródh sé leat do shúile a dhúnadh le linn an cheachta seo ...

Tabhair aon fhuaimneanna faoi deara i bhfad uait ... tabhair faoi deara aon fhuaimneanna a chloiseann tú taobh amuigh den seomra ...taobh istigh den seomra...díriú d'aird ar do chorp ag tabhairt do chosa ar an urlár faoi deara... do dhroim i gcoinne na cathaoireach... agus bí feasach ar a bhfuil do lámha i dteagmháil leis ...agus díriú d'aird ar d'análú - gan ach é a thabhairt faoi deara...

Anois cuimhnigh ar na rudaí dearfacha a d'aithin tú fút féin ...pioc ceann amháin díobh seo le rá leat féin i do cheann ...abair é sin leat féin cúpla uair...Lig duit

féin é sin a chreidiúint dáiríre - lig duit féin é a dhul i bhfeidhm ort go hiomlán ... Feic cad a fheiceann tú ...éist leis na fuaimeanna ...mothaigh dáiríre cad a mhothaíonn tú ...tabhair faoi deara chomh maith is atá sé mothú mar sin ...seo é tusa go fírinneach...agus tá tú sona ionat féin ...tóg cúpla nóiméad eile chun é seo a shú isteach ina iomláine.

Anois tosaigh ag tabhairt d'análú faoi deara arís ...tabhair faoi deara cá háit a bhfuil do lámha ... tabhair na fuaimeanna timpeall ort faoi deara, sa seomra, ag teacht ón taobh amuigh ...agus go mall tosaigh ag oscailt do shúile agus tar ar ais sa seomra ...

Tabhair cuireadh d'aon duine gur mhaith leis nó léi rud éigin a rá faoin gceacht agus é a roinnt leis an rang.

Scríbhneoireacht

Dáil amach na leathanaigh bhána agus iarr ar na páistí a gcuid teachtaireacht dhearfach roghnaithe a scríobh chucu féin air. Cabhraíonn meabhrúchán scríofa físeach chun cuimhniú ar an dearbhú agus é a threisiú.

Obair Ealaíne

Iarr orthu a ndearbhú a mhaisiú ag úsáid ábhair ealaíne. Is féidir leo iad a thabhairt abhaile agus iad a chur áit éigin inar féidir leo iad a fheiceáil go rialta. Nó má aontaíonn na páistí d'fhéadfaí iad a bhailiú agus colláis a dhéanamh astu agus iad a chur in áit fheiceálach sa seomra ranga.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht gur féidir a thaifeadadh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Is féidir leis na páistí athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil scríofa acu ar an mbileog oibre seo cheana

A CEATHAIR: 8

NÓS IMEACHTA SONRACH

agus é sin a úsáid chun an **Bhileog Oibre:**
Cad atá Foghlamtha agam faoi mo
Mhothúcháin a chomhlánú..

Síneadh

Ag Pleanáil do Ghnóthachtáil

D'fhéadfá an ceacht dearbhaithe a shíneadh trí iarraidh ar na páistí díriú ar sprioc nó spriocanna. D'fhéadfaí gur gnóthachtálacha iad seo a shocraigh na páistí atá tábhachtach dóibh. Ba chóir don mhúinteoir iad a spreagadh a bheith réalaíoch faoina gcuid spriocanna. D'fhéadfaí na céimeanna seo a leanas a úsáid leis na páistí mar threoir don obair seo:

Socraigh ar conas ba mhaith leat tú féin a fheiceáil: *Ba mhaith liom cairde a bheith agam; Ba mhaith liom go n-éireodh níos fearr liom i scrúduithe; Ba mhaith liom mothú go maith fúm féin; Ba mhaith liom a bheith socair, suaimhneach, srl.*

Cuir an mhian sin in iúl go dearfach (seachas go diúltach). In ionad a rá: *Níl gean orm abair: Is cara maith mé.* Abair do ráiteas ag díriú ar a bhfuil tú in ann a dhéanamh nó atá ar intinn agat a dhéanamh seachas rudaí nach féidir leat a dhéanamh.

Abair san am i láthair iad amhail is dá mbeadh siad fíor cheana. In ionad a rá: *Beidh mé...abair: Táim ...*

Abair i slí shimplí ghearr iad. Bíonn sé níos éasca cuimhneamh orthu dá bharr.

Déan an ghnóthachtáil a shamhlú. Samhlaigh cás nuair nach mbeidh gá leis an dearbhú, mar go bhfuil tú ann cheana féin nó gur éirigh leat a bhfuil ag teastáil uait a bhaint amach. Lig duit a chreidiúint dáiríre gur éirigh leat! Samhlaigh cad a d'fheicfeá, clois na fuaimeanna a chloisfeá, mothaigh cad a mhothófá.

Cad a D'fhoghlaim mé faoi Mhothúcháin

Topaic: _____ Dáta: _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé...

Mhothaigh mé...

Ba léir dom...

Ba mhaith liom...

Níor mhaith liom...

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 go ró-mhaith agus 10 go hiontach, cén marc a bhronnfá ar do chumas do mhothúcháin a bhainistiú? _____

Ainm: _____

AONAD 5
SÁBHÁILTEACHT AGUS COSAINT

MISNEACH

CLÁR

AONAD 5

SÁBHÁILTEACHT AGUS COSAINT

SNÁITHE MISE

Snáithaonad: Sábháilteacht agus Cosaint

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

RÉAMHRÁ DON AONAD

Is ábhar cúraim do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí le chéile tacú le páistí coinneáil sábháilte. Tá ról tábhachtach ag múinteoirí tacú le faisnéis agus scileanna a fhorbairt lena bpáistí a chuireann sláinte chun cinn sa scoil. Tá sé tábhachtach aird na bpáistí a dhírú ar an ngá iad féin a choinneáil sábháilte. Tá sé mar aidhm ag na ceachtanna san aonad seo cabhrú le páistí feasacht níos fearr a fháil ar a sábháilteacht féin. Déanfar iniúchadh ar an ngá le rialacha ina lán comhthéacsanna agus a ról i sábháilteacht. Cuirfear béim ar thábhacht leigheasanna chun sláinte mhaith a chothú. Díreofar ar an ngá cloí le treoirínte agus cleachtais shabháilte bainteach le leigheasanna. Foghlaimíonn páistí gur drugaí iad leigheasanna agus go bhféadfaí torthaí dearfacha agus diúltacha araon a bheith acu ag brath ar a n-úsáid. I roinnt ceachtanna, gheobhaidh páistí deiseanna cásanna a phlé atá ina n-ábhar sábháilteachta pearsanta, agus tar éis plé a dhéanamh, teacht aníos le bealaí chun cásanna den tsórt seo a mheas agus a bhainistiú go sábháilte. I gceachtanna eile, féachfaidh páistí ar straitéisí le coinneáil sábháilte in áiteanna poiblí, ar na bóithre, le huisce, leictreachas agus substaintí nimhiúla nó dainséaracha.

Leagtar amach i gCiorclán 0065/2011 Nósanna Imeachta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna go gcaithfidh

'gach bunscoil an Clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm ina iomláine'.

Clár scileanna sábháilteachta pearsanta is ea an clár Bí Sábháilte a dearadh le húsáid le páistí bunscoile ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Sé. Le haghaidh níos mó eolais téigh go dtí <http://www.staysafe.ie>

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Leigheasanna

Ceacht 2

Dul san Fhiontar?

Ceacht 3

Coinneáil Sábháilte

Ceacht 4

Timpiste/ Teagmhas a Chosc

Ceacht 5

Cúram le Substaintí

CEACHT 1

LEIGHEASANNA

A CÚIG:1

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach do pháistí treoirínite a bheith acu chun leigheasanna a úsáid go cuí agus a bheith feasach ar na baoil a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena n-úsáid.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- **Snáithaonad:** **Sábháilteacht agus cosaint**
Saincheisteanna
sábháilteachta

Cuspóir Ábhair

Úsáid leigheasanna a scrúdú agus a iniúchadh

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga
- Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

- **Snáithe:** Ábhair
- **Snáithaonad:** Airíonna agus tréithe ábhar

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Bailigh réimse leathan coimeádán folmha leigheasanna thar an gcuntar do pháistí agus do dhaoine fásta araon (ar a laghad 24 sampla). Is féidir leat féin na coimeádáin fholmha a bhailiú nó iarraidh ar na páistí iad a thabhairt isteach.

ACMHAINNÍ

- Samplaí de leigheasanna thar an gcuntar
- Bileog Oibre: Faisnéis a Fháil ar Leigheasanna
- Bileog Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint (má tá á húsáid)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé 1
- Obair Ghrúpa
- Plé 2
- Plé 3
- Conclúid

Plé 1

Roinn na páistí ina 5-6 ghrúpa agus iarr orthu liosta a dhéanamh de na 10 leigheas thar an gcuntar is coitianta atá ar eolas acu, cad dó a úsáidtear iad agus conas a thógtar iad. Tóg aiseolas ó gach grúpa agus déan comparáid idir na torthaí..

Obair Ghrúpa

Taispeáin na coimeádáin de ghnáthleigheas thar an gcuntar. Roghnaíonn gach grúpa ceithre leigheas agus tugtar an **Bhileog Oibre: Faisnéis a Fháil ar Leigheasanna** dóibh le comhlánú. Tar éis na bileoige oibre a chomhlánú tuairiscíonn gach grúpa a gcuid torthaí don rang.

Plé 2

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- *Cad é an rud is mó a d'fhoghlaim tú faoi leigheasanna ón ngníomhaíocht seo a dhéanamh?*
- *Seachas leigheasanna thar an gcuntar an bhfuil aon chineálacha eile leigheasanna ann?*
- *Cén fáth go gceapann tú go bhfuil gá le hoideas do roinnt leigheasanna agus ní do chinn eile?*
- *Cén fáth go bhfuil gá le leigheasanna difriúla do thinnis agus fadhbanna sláinte difriúla.*
- *Cén fáth go mbíonn bileoga eolais, treoracha agus rabhaidh in éineacht le leigheasanna?*
- *Cad a tharlódh murar lean duine na treoracha don úsáid nó don dáileog?*
- *Cad a tharlódh murar léigh duine an bhileog eolais nó rabhaidh nó murar thug siad aird uirthi.*
- *Cad a tharlódh dá dtabharfadh duine a*

c(h)uid leighis thar an gcuntar do dhuine eile?

- *Cad a tharlódh dá dtabharfadh duine a ((h)oideas leighis do dhuine eile?*
- *Má leanann tú na treoracha, an bhfuil aon bhaol ag baint le leigheas a thógáil?*
- *Cén suntas a bhaineann leis an dáta éagtha a bhíonn ar leigheas?*
- *An bhfuil aon eolas agat faoi na substaintí a bhí sna leigheasanna a bhí agat?*
- *Cé a chinntíonn go mbíonn leigheasanna slán agus sábháilte dúinn a thógáil?*

Plé 3

Rialacha do Leigheasanna

D'fhéadfá na rialacha atá foghlamtha acu cheana nó atá ar eolas acu maidir le leigheasanna a mheabhú do na páistí. Glaonn páistí amach na rialacha gur cuimhin leo agus is féidir leat taifead a dhéanamh ar chlár bán nó ar CBI nó ar smeach-chairt. Iarrtar ar na páistí ansin smaoineamh ar aon rialacha breise a bheadh ag teastáil maidir le ceartúsáid leigheasanna. Nuair atá na rialacha atá foghlamtha cheana agus aon rialacha nua a moladh scríofa suas, is féidir iad a chur i gcomparáid leis na treoirínte dea-chleachtais thíos:

- Léigh an lipéad i gcónaí
- Ná tóg ach an méid a mholtar nó a ordaítear
- Ná roinn do chógas ordaithe.
- Ná tóg cógas ordaithe duine eile.
- Ná húsáid an leigheas ach amháin don chuspóir a moladh.
- Ná tóg aon leigheas nó substaintí atá cosúil le leigheas nuair nach bhfuil a fhios agat cad dó iad nó cad as ar tháinig siad.

NÓS IMEACHTA SONRACH A CÚIG:1

- Má bhíonn amhras ort, cuir ceist ar phoitigéir nó dochtúir faoin leigheas ceart agus an dáileog cheart duitse.
- Seiceáil an dáta éagtha agus ná húsáid leigheas tar éis an dáta éagtha.

D'fhéadfaí na treoirleint seo a chur ar taispeáint sa rang le linn an aonaid seo a bheith á chur i láthair.

Conclúid

Iarr ar na páistí a gcuid foghlama a líonadh isteach sa spás cuí ar an **Bhileog Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint** nó scríobh ina gcóipleabhair OSPS a bhfuil foghlamtha acu faoi leigheasanna agus aon cheist bhreise ar mhaith leo freagra a fháil uirthi. Is féidir an bhileog oibre a choimeád le húsáid i gceachtanna eile san aonad seo.

Síneadh

D'fhéadfaí cuairt ó phoitigéir áitiúil a shocrú chun tógáil ar aon cheist a eascraíonn as fiosrú na bpáistí ar leigheasanna agus a gcuid úsáidí. D'fhéadfadh ceisteanna a bheith ann freisin faoi fhadhbanna sláinte éagsúla a d'éirigh as díriú ar leigheasanna. D'fhéadfaí an chuairt a thaifeadadh nó d'fhéadfaí scríobh fúithi do nuachtlitir an ranga nó scoile.

Faisnéis a Fháil ar Leigheasanna



Ceisteanna	Leigheas 1	Leigheas 2	Leigheas 3	Leigheas 4
Cad is ainm don leigheas?				
Cén fhadhb sláinte di é?				
An bhfuil sé oiriúnach do dhaoine fásta nó páistí/naíonáin?				
Cad iad na treoracha dá úsáid?				
Cén substaintí atá sa leigheas seo?				
An bhfuil aon rabhaidh faoi úsáid an leighis seo?				
Cad é an dáta éagtha?				
Aon rud tábhachtach eile le tabhairt faoi deara faoin leigheas seo?				
Ceisteanna faoin leigheas seo				

Sábháilteacht agus Cosaint



M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna ar shábháilteacht agus cosaint.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Leigheasanna	
Ag dul san fhiontar?	
Ag coinneáil sábháilte	
Timpiste/ timpiste a chosc	
Cúram le substaintí	

CEACHT 2

A CÚIG: 2

DUL SAN FHIONTAR?

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a dhéantar machnamh agus plé ar chásanna baolacha a láimhseáil cabhraítear le páistí a bheith ullmhaithe níos fearr le déileáil go héifeachtach leis na cásanna seo, má thagann said aníos.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: **Sábháilteacht agus cosaint**
Sábháilteacht phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóirí Ábhair

Cásanna agus áiteanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint.

Éagsúlacht cásanna agus iompraíochtaí baolacha a phlé agus conas na baoil seo a sheachaint nó a laghdú agus impleachtaí rioscaí a thógáil a mheas.

A thuiscint go méadaítear freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a mhéadaíonn neamhspleáchas agus go gcaithfidh gach duine straitéis chun coinneáil slán a fhorbairt agus cloí léi.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Cé go gcuirtear réimse cásanna ar fáil sa cheacht seo, b'fhéidir go gcabhródh sé cásanna a chur faoi bhráid na bpáistí a bheadh níos ábhartha agus cuí do shaol na bpáistí sa scoil.

ACMHAINNÍ

- Cás Cartaí
- Leathanaigh smeach-chairte agus marcóirí do gach grúpa
- Bileog Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint (ó cheachtanna roimhe seo)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Obair Ghrúpa
- Gníomhaíocht Roithleagáin Ró
- Plé
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH A CÚIG: 2

Plé

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun plé a dhéanamh ar cad ba chóir dóibh a dhéanamh i gcásanna baolacha. Roghnaigh cás ó na cásanna samplacha nó cásanna eile mar is cuí. Cuir i láthair na bpáistí é agus iarr orthu é a phlé agus na ceisteanna thíos a fhreagairt:

- *Cad iad na dainséir atá ann? (Cuir san áireamh dainséir do pháiste, do dhaoine eile agus do chaidrimh mar is cuí.)*
- *Cad é/iad an rud nó na rudaí ab fhearr a dhéanamh?*
- *Cén fáth?*
- *Cén fáth go mbeadh sé deacair do dhuine óg an rud nó na rudaí is fearr a dhéanamh?*
- *Cad a chabhróidh le duine óg na rudaí is fearr a dhéanamh?*

Déan taifead d'fhreagraí an ranga ar na cúig cheist thuas ar smeach-chairt agus an cás luaite air agus cuir ar taispeáint ar an mballa é.

Obair Ghrúpa

Roinn na páistí i ngrúpaí 4-5. Comhaontaíonn gach grúpa ar éascaitheoir, taifeadóir agus tuairisceoir. Roghnaigh cásanna ó na cásanna samplacha tugtha nó roghnaigh cinn níos oiriúnaí. Tabhair cás do gach grúpa le plé. Iarr orthu an cás a phlé agus ansin na cúig cheist thuas a phlé agus a fhreagairt. Tabhair bileog mhór nó páipéar smeach-chairte do gach grúpa agus iarr orthu a gcás cárta a ghreamú uirthi agus taifead a dhéanamh dá gcuid freagairtí.

Gníomhaíocht Roithleagáin Ró

Mínigh do na páistí chomh luath agus atá an cás cíortha, pléite, agus

comhaontaithe agus taifead déanta dá gcuid freagairtí, go bhfuil siad chun a mbileog mhór a ghreamú ar an mballa. Beidh cead ag gach grúpa bogadh go saor timpeall an tseomra ansin agus na samplaí agus freagairtí atá ar bhileoga grúpaí eile a léamh. Fanfaidh ball amháin den bhunghrúpa leis an mbileog ionas go mbeidh siad in ann a gcuid freagairtí a mhíniú do pháistí ó na grúpaí eile.

Is féidir leis na bunghrúpaí teacht le chéile arís tar éis féachaint ar na bileoga eile agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid freagairtí féin. Má bhíonn comhaontú sa ghrúpa is féidir leo athruithe a dhéanamh dá mbileog féin.

Plé

Tóg gach cás agus bileog ar a seal agus pléigh na baoil nó dainséir sa chás sin agus na freagairtí a taifeadadh. Fiafraigh de na grúpaí ar aontaigh nó ar easaontaigh siad le freagairtí grúpaí eile, nó má tá aon rud foghlamtha acu uathu.

Conclúid

Is féidir leis na páistí taifead a dhéanamh ina gcóipleabhair OSPS dá bhfuil foghlamtha acu faoi iompar sábháilte. Mar mhalairt air sin is féidir leo an chéad chuid eile den **Bhileog Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint** a chomhlánú (ón gceacht roimhe seo).

Cás Cártaí

Tá tú sa chlós. Feiceann tú grúpa páistí ó do rang ag spochadh as agus ag magadh faoi chailín/ bhuachaill nua a tháinig isteach sa rang dhá sheachtain ó shin. Tá cuma eaglach ar an gcailín/ mbuachaill agus tá siad ar tí caoineadh.

An chuid is mó de laethanta ar do bhealach abhaile ón scoil, stopann duine fásta ó d'eastát a charr nuair a bhíonn tú i d'aonar agus fiafraíonn ar mhaith leat síob abhaile. Braitheann tú míchompordach faoi seo.

Lá deas is ea é agus tá tú i dteach do charad. Tá a Mam ag dul go dtí an gruagaire agus ansin ag siopadóireacht. Molann do chara an beárbaiciú a lasadh agus roinnt borgairí a chócaráil don lón.

Téann tú go dtí an linn snámha le do chara gach Satharn. Tá snámh agat agus tá tú ábalta dul isteach sa cheann doimhin. Lá amháin feiceann tú páiste cúig bliana d'aois le bandaí snámha sa cheann doimhin. Ní féidir leat aon Mham nó Daid a fheiceáil in éineacht leis.

Tá tú sa bhaile i d'aonar. Buailleann duine fásta cloigín an dorais agus nuair a osclaíonn tú é insíonn sé/sí duit go bhfuil siad ann chun an méadar gáis nó leictreachais a léamh agus teastaíonn uathu teacht isteach sa teach chun é a dhéanamh.

Tá tú sa charr le d'uncail/aintín agus tugann tú faoi deara go bhfuil siad ag dul níos tapúla ná na comharthaí teorainn luais a ngabhann tú tharastu. Tá fón póca acu ina lámh freisin agus bíonn siad ag léamh agus ag cur téacsanna anois is arís.

Tugann tú páiste níos óige i do scoil faoi deara taobh amuigh de bhalla na scoile gach maidin. Beagnach gach maidin dealraítear go mbíonn buachaill/cailín ó do rang ag caint go dáiríre leis nó léi. Tugann tú faoi deara go dtugann an páiste níos óige rud éigin don bhuachaill/ chailín. Ní bhíonn cuma shona ar an bpáiste níos óige riamh.

Faigheann tú amach go mbíonn do dheartháir/dheirfiúr atá 14 bliana ag caitheamh/ól nuair a théann siad amach lena gcairde. Tá a fhios acu go bhfuil a fhios agatsa agus d'inis siad duit gan é a insint do do thuismitheoirí riamh agus go bhfuil ort a rún a choimeád.

Beannaíonn agus fágann duine fásta, a bhfuil aithne ag do thuismitheoirí air, slán agat le barróg an-docht agus uaireanta tugann siad póg duit freisin. Is fuath leat é seo gan amhras.

Tá tusa agus do chara ag féachaint ar DVDanna ina t(h)each. Fad is a bhíonn tú ag cuardach DVD eile, tagann tú ar DVD do dhuine lánfhásta. Teastaíonn ó do chara féachaint air.

CEACHT 3

COINNEÁIL SÁBHÁILTE

A CÚIG: 3

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach do pháistí a bheith feasach ar thorthaí a gcuid iompair, agus ar a gcumas smacht a chur air.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Sábháilteacht agus cosaint
Sábháilteacht phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóirí Ábhair

Éagsúlacht cásanna agus iompraíochtaí baolacha a phlé agus measúnú a dhéanamh ar conas na baoil seo a sheachaint nó a laghdú agus ar impleachtaí rioscaí a thógáil.

An ról atá ag gach duine aonair daoine eile a choimeád slán a phlé agus a thuiscint agus ócáidí nuair a d'fhéadfadh a ngníomhartha sábháilteacht daoine eile a chur faoi bhagairt a shainithint.

Saincheisteanna sábháilteachta

Áiteanna ina bhfuil sé níos sábháilte súgradh a shainithint agus conas tú féin a iompar i slí fhreagrach nuair a bhíonn tú ag súgradh.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

ACMHAINNÍ

- Dán: Ní Raibh Mé Ach Ag Pleidhcíocht (gearrtha i véarsaí aonair má tá na páistí á léamh os ard)
- Bileog Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Dán
- Plé
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH A CÚIG: 3

Plé

Iarr ar roinnt páistí véarsaí/míreanna den **Dán: Ní Raibh Mé Ach Ag Pleidhcíocht** a léamh os ard don rang.

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a chur ar siúl:

- *Cad iad na cásanna baolacha nó dainséaracha a bhí sa dhán?*
- *Cad a chiallaíonn ‘pleidhcíocht’?*
- *An raibh an scéalaí ag ‘pleidhcíocht’ i ndáiríre?*
- *Cén fáth go gceapann tú é sin?*
- *Cén sórt duine é seo i do thuairim?*
- *Cé atá freagrach as na timpistí/timpistí a seachnaíodh/gortuithe sa dhán?*
- *An dtógann an scéalaí sa dhán freagracht as a c(h)uid gníomhartha?*
- *Cén fáth go gceapann tú é sin?*
- *An aontaíonn tú leo? Cén fáth?*
- *Ar tharla aon rud cosúil leis na himeachtaí sa dhán duitse nó do dhuine éigin a bhfuil aithne agat air nó uirthi?*
- *An raibh tú féin riamh ‘gan ach ag pleidhcíocht’?*
- *Ar dhúirt aon duine ‘Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht’ riamh leat?*
- *Cad iad do smaointe ar ‘gan ach ag pleidhcíocht’ anois?*

Conclúid

Iarr ar na páistí achoimre a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu faoi fhreagracht agus iompar sábháilte ón gceacht ag úsáid na **Bileoige Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint** (ó Cheacht 1).

Síneadh

D’fhéadfadh na páistí cásanna ina raibh siad thíos mar thoradh ar phleidhcíocht a phlé, gan aon duine a ainmniú. I ngrúpaí, scríobhann gach grúpa véarsa de dhán ó dhearcadh íospartaigh pleidhcíochta, ag cur mothúchán an íospartaigh san áireamh.

Ní Raibh Mé Ach Ag Pleidhcíocht

Nuair a bhí ar Wu dul go dtí an fiacloír chun cóir leighis éigeandála a fháil toisc go bhfuair sé buille trom dá rialóir ar a bhéal. Níor bhuail mé ach bosóg éadrom ar a cheann.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a bhi taom croí ag an tseanbhean Uí Dhálaigh de bharr geite nuair a chuir duine éigin (mise) mála cac madra ina bosca litreach.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a bhuail páiste Bhean Uí Rathailigh a cheann nuair a d'iompaigh a bhugaí bun os cionn isteach i gcúinne an chosáin de bharr mise agus mo chairde ag bualadh ina coinne nuair a bhíomar ag ligean orainn go rabhamar ag troid.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a bhí ar'mo dhuine' Joe dul go dtí an t-ospidéal le haghaidh obráide ar a shúil toisc gur buaileadh é ag ceann de na liathróidí sneachta sin ar chuir mé clocha iontu le linn an tseaca anuraidh.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair ba bheag nár bádhdh Lucy san abhainn toisc nach raibh aon bhaoi tarrthála le caitheamh chuici toisc gur thóg mise é chun mo chairtín a dhéanamh níos compordaí.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair nár mhór Lee a thabhairt go dtí an t-ospidéal ón gclós toisc gur bhuail sé a ghlúin agus a ghualainn den talamh, agus é ag iarraidh teitheadh agus 'bulladóir' ar siúl agus mise ag iarraidh breith air agus mo chos a shíneadh amach chun é a stopadh.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a phléasc roicéad tine ealaíne i lámh Shíle toisc gur thug mise ceann de na tinte ealaíne sin di a fuair mo Dhaid in lúr Chinn Trá. Mar, conas a bhí a fhios agamsa nach mbeadh sí in ann é a úsáid?

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint ormsa? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a thit Sophie dá clár scátála agus ghortaigh sí a huilinn agus a ghualainn go dona toisc gur chaith mise maide faoi na rotha le feiceáil cad a tharlódh.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a thóg an t-otharcharr an iomarca ama chun teacht amach chuig an timpiste mar gheall ar na huaireanta ar fad a ghlaoigh mise orthu ag insint dóibh go raibh timpiste ann nuair nach raibh.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a bhí taom ag Jamie agus ba bheag nach bhfuair sé bás toisc gur thug mise roinnt de na piollaí sin dó nuair a bhí tinneas cinn air - na cinn a fuair mé i mála ar an mbóthar. Bhí mé fiosrach faoi cad a dhéanfaidís.

Cén fáth go bhfuil tú ag féachaint orm? Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht!

Nuair a bhrúigh mo chairde mé síos an cnoc sin sa tralaí siopadaóireachta sin agus iompaíodh bun os cionn mé agus bhuail mé mo cheann ar an talamh agus gortaíodh go dona mé.

Cén fáth go raibh mé ag féachaint orthu? Ní raibh siad ach ag pleidhcíocht!

CEACHT 4

A CÚIG: 4

TIMPISTE/ TEAGMHAS A CHOSC

COINCHEAP LÁRNACH

Dá mhéad a bhíonn páistí feasach ar cad is cúis le timpistí is ea is fearr an rogha a bhíonn acu faoi cad ba chóir dóibh a dhéanamh chun iad a chosc nó cad ba chóir a dhéanamh i gcás timpiste.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- **Snáithaonad:** **Sábháilteacht agus cosaint**
Saincheisteanna
sábháilteachta

Cuspóirí Ábhair

Fios a bheith agat conas coinneáil sábháilte nuair atáthar ag taisteal agus a thuiscint conas is féidir le daoine aonair daoine eile a choinneáil sábháilte.

Meon freagrach a fhorbairt i leith timpistí a chosc agus fios a bheith agat cad atá le déanamh i gcás timpiste

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
- **Snáithaonaid:** **Labhairt**
Léitheoireacht
Scríbhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Cé go gcuirtear réimse cásanna ar fáil sa cheacht seo b'fhéidir go gcabhródh sé cásanna a chur faoi bhráid na bpáistí a bheadh níos ábhartha agus cuí do shaol na bpáistí sa scoil.

ACMHAINNÍ

- Cás Cártaí (seit do gach grúpa)
- Bileog Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Obair Ghrúpa
- Díospóireacht Siúil
- Conclúid

Plé

D'fhéadfá na hathfhriotal seo a leanas a léamh (nó a thaispeáint ar an gclár bán nó ar an CBI):

Ní tharlaíonn timpistí - cúisítear iad

Is fearr cosc ná leigheas

Fiafraigh de na páistí:

- *Ar chuala sibh na hathfhriotal seo riamh cheana?*
- *Cad a cheapann tú a chiallaíonn na hathfhriotal seo?*
- *Cén bhaint atá acu le timpistí?*
- *An aontaíonn tú leis na hathfhriotal seo?*
- *Cén fáth? Cén fáth nach n-aontaíonn?*

Obair Ghrúpa

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Tabhair líon cás cártaí do gach grúpa. D'fhéadfaí na cásanna céanna a bheith ag roinnt grúpaí. Taispeáin na ceisteanna seo a leanas ar an gclár bán nó ar an CBI agus iarr ar na páistí iad a phlé maidir le gach cás:

- *Cad a tharla?*
- *Cad ba chúis leis an timpiste/eachtra?*
- *Cé a bhí freagrach?*
- *Cad ba chóir a dhéanamh/gan a dhéanamh chun an timpiste/eachtra a chosc?*
- *Cad ba chóir a dhéanamh nuair a tharla an timpiste seo?*

Iarr ar na grúpaí a gcuid freagairtí a thuairisciú maidir le cás amháin a pléadh. Déan comparáid idir na freagairtí ó na grúpaí éagsúla agus pléigh iad.

- *Cad iad na cúiseanna coitianta le timpistí?*

- *Ar aithin tú aon bhealaí maithe chun timpistí a chosc.*

- *Cad iad na straitéisí a chabhródh nuair a tharlaíonn timpiste?*

Díospóireacht Siúil

Cuir cártaí leis na seasaimh seo a leanas:

Aontaím go Láidir; Easaontaím go Láidir; Is Dócha; Níl a Fhios Agam

scríofa orthu i gcló mór ar an mballa nó ar an urlár sa seomra ranga áit a bhfuil siad sofheicthe ag na páistí. Bíodh spás maith idir na ceithre sheasamh ionas go mbeidh a dhóthain spáis do ghrúpa páistí seasamh in aice le gach cárta.

Mínigh go bhfuil tú chun ráiteas a léamh amach agus gur chóir do na páistí seasamh in aice leis an gcárta a léiríonn a dtuairim faoin ráiteas. Léigh amach an ráiteas seo a leanas: *Is tusa an duine is mó atá freagrach as do chuid sábháilteachta féin.*

Nuair atá na páistí ina seasamh in aice lena dtuairim, fiafraigh de roinnt ionadaithe ó gach grúpa cén fáth gur roghnaigh siad an seasamh sin. Tar éis éisteacht le tuairimí éagsúla, fiafraigh de na páistí an dteastaíonn ó aon duine seasamh a athrú mar thoradh ar a bhfuil cloiste acu. Déan tuairimí an tromlaigh agus an mhionlaigh faoin ráiteas a phlé agus déan an réasúnaíocht taobh thiar díobh a chíoradh. Más cuí, d'fhéadfaí cuid de na tuairimí a cheistiú nó cuireadh a thabhairt do pháiste nó beirt tuairimi malartacha a phlé.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi thimpistí nó timpistí a chosc. Is féidir leo taifead a dhéanamh den fhoghlaim seo ina gcóipleabhar OSPS nó ar an **mBileog Oibre: Sábháilteacht agus Cosaint** (ó Cheacht 1).

NÓS IMEACHTA SONRACH A CÚIG: 4

Síneadh

Tabhair cuireadh do Gharda Pobail, Garda ón gCór Tráchtá, ionadaí ón tSeirbhís Otharchairr/ Dóiteáin, ón Údarás um Bhóithre Náisiúnta, ón tSeirbhís Ospidéal Timpistí/Éigeandála teacht go dtí an rang chun labhairt faoi dheachleachtas i gcás timpistí agus freisin faoi conas timpistí a chosc.

Cas Cáirtaí

Tosaíonn bean, atá ag teacht abhaile déanach tar éis cuairt a thabhairt ar ghaolta, ag titim ina codladh ag an roth stiúrtha. Casann sí go dtí an taobh mhícheart den bhóthar agus buaileann faoi charr eile



Déanann cailín iarracht éacht nua a dhéanamh ar a clár scátála, titeann sí agus gortaíonn sí í féin. Ní raibh aon ghíar cosanta á chaitheamh aici.



Tá clann amuigh ag bíalann mhearbhia. Imíonn an duine is óige ón mboard agus ritheann trasna an urláir ag buailleadh i gcoinne mná atá ag iompar trádair. Titeann an trádair ar an bpáiste agus caitear tae dearg te uirthi.



Léimeann buachaill dhá bhliain déag d'aois isteach i gcábán tarracóra atá á thiomáint ag a Dhaid. Cuireann an buachaill isteach ar an athair a chasann isteach sa díog. Iompaíonn an tarracóir bun os cionn agus sáinnítear an buachaill faoi.



Aimsíonn grúpa páistí poll i sconsa atá timpeall láthair tógála. Seasann duine acu ar phíosa adhmaid agus téann tairne trína bhróga reatha isteach ina chos.



Tá buachaill ag caitheamh bun toitín ina sheomra. Cloiseann sé duine éigin ag teacht isteach. Go tobann cuireann sé an bun dearg faoin tocht ag ceapadh go múchfaidh an méachan é. Anois tá deatach i ngach áit.



Dreapann grúpa buachaillí thar bhalla chun úlla a ghoid ón úllord. Titeann duine acu go trom agus é ag léim anuas agus gortaíonn sé a chos.



Téann beirt chailín ag spaisteoireacht síos an trá agus thar na bratacha rabhaidh. Téann siad ag snámh, gan a fhios acu go bhfuil sceir san fharraige. Tá duine acu i dtrioblóid agus ní féidir leis an duine eile cabhrú.



Tá sé ag stealladh báistí agus an cailín ag teacht amach ón scoil. Tá achar fada go leor le síúl abhaile aici. Fiafraíonn fear, atá feicthe aici cheana taobh amuigh den scoil, an bhfuil síob ag teastáil uaithe. Glacann sí leis an gcuireadh.





Bhí cailín ag cabhrú leis na múinteoirí an t-airgead a tháinig isteach don chonair airgid a chomhairleamh. Tógann sí amach a lón agus itheann sí é. Níos déanaí déanann sí gearán go bhfuil pian an-mhór aici ina bolg agus éiríonn sí tinn sa rang.



Téann cailín ar shuíomh líonraithe shóisialta. Tá a lán cairde déanta aici. Teastaíonn ó bhuaichail amháin, ar chomhaois léi, buaileadh léi. Aontaíonn sí buaileadh leis.



Téann beirt bhuaichail isteach sa bhaile mór. Caitheann siad a gcuid airgid ar bhia agus ar na sliotáin. Nuair atá sé in am dul abhaile, tugann siad faoi deara nach bhfuil a dhóthain airgid acu do tháillí an bhús. Tá fón póca ag duine acu ach níl aon chreidmheas aige. Ní mór dóibh siúl abhaile.

I rith na laethanta saoire, bhíodh an bheirt bhuaichail ag súgradh gach lá faoin ngrian. Uaireanta d'úsáideadh siad uachtar gréine agus uaireanta eile ní úsáideadh. Tá torthaí tastálacha ar mheall faighte ar ais ag duine acu. Ní mór dó cóir leighis a bheith aige anois.




Tógann buaichail madra ag siúl sa pháirc. Déanann an madra a ghnó in aice le háit a mbíonn páistí ag súgradh. Titeann páiste trí bliana d'aois agus cuirreann a lámh ar fhuíoll ghnó an mhadra. Níos déanaí éiríonn sé tinn agus tógtar go dtí an t-ospidéal é



Tosaíonn buaichail ag cur téacsanna ar ais chuig a chara. Siúlann sé amach ar an mbóthar gan féachaint. Buaileann carr atá ag teacht é.



Ritheann beirt chailín síos go cúil bus atá beagnach folamh. Níos déanaí, tagann grúpa ceathrar déagóirí ar an mbus agus ar aghaidh leo go cúil an bhús freisin. Tógann duine acu scian amach, tugann rabhadh dóibh a bheith ciúin agus éilíonn a gcuid airgid.



Tá buaichail déanach ag teacht abhaile ó theach a charad. Tá sé ag éiri dorcha freisin. Beidh a mháthair crosta. Ní dhéanann sé é seo de ghnáth, ar a laghad ní ina aonar, ach beartaíonn sé dul abhaile an t-ailcearra, ar lána iargúlta. Stopann síua é agus iarrtar air a fhón nua agus airgead a thabhairt dóibh. Buaitear go dona é freisin.



Tá cailín ag rothaíocht ar chosán rothaíochta. Buaileanna a fón póca. Cuirreann sí a lámh isteach ina póca chun é a fháil. Cailleann sí smacht ar hanlaí an rothair agus téann an rothar amach ar an mbóthar agus buaileann sé carr.



CEAHT 5

A CÚIG:5

AIRE LE SUBSTAINTÍ

COINCHEAP LÁRNACH

Is féidir le feacht ar an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann ó ghnáththáirgí agus substaintí cabhrú le páistí foghlaim faoi straitéisí sábháilteachta chun déileáil leo.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** **Sábháilteacht agus cosaint**
Saincheisteanna sábháilteachta

Cuspóirí Ábhair

Feacht a fhorbairt ar shláinte agus sábháilteacht ar scoil, sa bhaile agus san ionad oibre.

Na substaintí sa bhaile agus ar scoil nó ar an bhfeirm a d'fhéadfadh a bheith dainséarach muna n-úsáidtear i gceart iad a aithint agus a chinntiú gur foghlaim sé/ sí straitéis sábháilteachta chun déileáil leis na substaintí anaithnide dainséaracha.

Baoil a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte agus sábháilteacht sa timpeallacht a aithint agus a iniúchadh.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** **Labhairt**

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Ábhair

■ **Snáithaonad:** **Airíonna agus tréithe ábhar**

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre: Machnaimh ar Aonad (Sábháilteacht agus Cosaint)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Tobsmaointeoireacht
- Obair Ghrúpa 1
- Obair Ghrúpa 2
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH A CÚIG: 5

Réamhrá

Chun an topaic seo a chur i láthair fiafragh de na páistí cén áit a cheapann siad a bheadh na rudaí seo a leanas le fáil ina dtithe:

- fochlóiríte sóidiam (buidéal tuarthóra)
- Sármeitirín (nimh cuileog)
- Clóirín (chun doirteal a réiteach)
- Fosfonáit (púdar níocháin)
- Hexyl cinnamal (glantóir urláir).

Mínigh go bhfuil a lán ceimiceán inár dtithe agus ní mór dúinn a bheith an-chúramach agus iad á n-úsáid againn.

Tobsmainteoireacht

Iarr ar na páistí smaoineamh ar na focail a scríobhfaí ar tháirgí chun a insint dúinn go bhféadfaidís dochar a dhéanamh dúinn. Déan taifead de na focail a moladh. Mura moltar aon cheann de na rudaí seo a leanas d'fhéadfaí iad a chur leis an liosta:

Tocsaineach
Creimneach
Díobhálach
Nimhiúil
Dainséarach
Greannaitheoir
Fainic
Aire
Inlasta
Pléascach
Indóite
Dainséar
Nimh
Rabhadh
Imoibríoch
Contúirteach
Loiscneach
Marfach

D'fhéadfaí deis a thabhairt do na páistí cuid de na focail rabhaidh a chuardach, ina bhfoclóirí.

Plé

Déan plé leis na páistí ag úsáid na gceisteanna seo a leanas:

- *Cén sórt táirgí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dúinn?*
- *Conas atá a fhios agat gur féidir le táirge dochar a dhéanamh duit?*
- *An mbíonn rabhaidh scríofa ar gach táirge díobhálach?*
- *Cén áit is dóichí go bhfaighfí táirgí nó substaintí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dúinn - sa bhaile, ar scoil, ar an bhfeirm, áit eile?*

Obair Ghrúpa 1

Roinn na páistí i sé ghrúpa. Tabhair ceann amháin de na háiteanna seo a leanas do dhá ghrúpa: sa bhaile; ar scoil; ar an bhfeirm. Iarr ar gach grúpa plé agus taifead a dhéanamh de na táirgí agus substaintí a cheapann siad a d'fhéadfadh a bheith díobhálach sna háiteanna a tugadh dóibh. Tóg aiseolas ó gach grúpa, agus déan comparáid idir na liostaí a cuireadh le chéile ag na grúpaí a phléigh na háiteanna céanna. Pléigh:

- *Cén áit a cheapfá ina mbeadh na táirgí is dainséaraí?*
- *Cén fáth go gcheapann tú go bhfuil sé seo amhlaidh?*
- *An bhfuil aon áit atá saor ó tháirgí díobhálacha?*
- *Cad is féidir linn a fhoghlaim uaidh seo?*

Obair Ghrúpa 2

Straitéisí Sábháilteachta

Cuir na focail rabhaidh i gcuimhne do na páistí ag tús an cheachta. Fiafraigh de na páistí an eol dóibh aon treoracha ar shubstaintí dainséaracha a chabhródh dá mbeadh timpiste ag duine éigin leis an tsubstaint. Is féidir leat sampla amháin nó dhó a thabhairt m.sh. nigh súile le huisce fuar, téigh i gcomhairle le do dhochtúir láithreach. Roinn na páistí i ngrúpaí. Iarr ar gach grúpa cúig straitéis sábháilteachta ghinearálta a cheapadh chun déileáil le substaintí dainséaracha. Tóg aiseolas ó gach grúpa agus déan taifead de na straitéisí a moladh ar smeach-chairt nó ar chlár bán nó CBI. Is féidir na straitéisí sábháilteachta seo a leanas a chur leis mura bhfuil siad ann cheana féin.

Treoirínte Sábháilteachta do Shubstaintí/Táirgí Baolacha

- Coimeád táirgí amach ó pháistí agus ainmhithe. Stóráil táirgí contúirteacha ar sheilfeanna arda nó i gcófraí atá foi ghlas, amach ó bhia.
- Cinntigh go bhfuil na clúdaigh agus caipíní dúnta go daingean agus sábháilte do pháistí
- Stóráil táirgí creimneacha, inlasta agus nimhiúla ar sheilfeanna ar leith. Bí cinnte go gcoimeádtar na coimeádáin tirim chun cosc a chur ar chreimeadh. Déan na táirgí seo a stóráil in áiteanna nach dócha go reofaidís
- Coimeád táirgí ina mbunchoimeádáin, leis an eolas inleite ar na lipéid. Ná cuir táirge contúirteach tí i gcoimeádán bia nó dí riamh
- Coimeád táirgí amach ón teas, spréacha, lasracha nó foinsí adhainte. Tá sé seo rí-thábhachtach le táirgí inlasta agus cannaí aerasóil.

Conclúid

Is féidir leat na páistí a cheistiú faoin méid atá foghlamtha acu sa cheacht seo ag úsáid na gceisteanna seo a leanas:

- *Cad é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim tú sa cheacht seo?*
- *Cad é an rud a d'fhoghlaim tú is mó a chabhraigh leat?*
- *Cad é an rud is suimiúla a d'fhoghlaim tú?*
- *Cad é an rud is neamhghnáiche a d'fhoghlaim tú?*
- *An mbeidh aon tionchar ag an méid atá foghlamtha agat san aonad seo ar d'iompar amach anseo?*

Is féidir leis na páistí taifead dá gcuid foghlama i gceachtanna an aonaid seo a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Machnaimh ar Aonad (Sábháilteacht agus Cosaint)**. D'fhéadfá a aithint trína gcuid freagraí má tá breis oibre ag teastáil.

Síneadh

D'fhéadfadh páistí taifead de na treoirínte sábháilteachta do shubstaintí contúirteacha a dhéanamh ina gcóipleabhair OSPS agus iad a phlé lena dtuismitheoirí nó caomhnóirí sa bhaile.

Machnaimh ar Aonad (Sábháilteacht agus Cosaint)

Topaic: _____ Dáta: _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé ...

Bhraith mé ...

Ba léir dom ...

Ba mhaith liom ...

Níor mhaith liom ...

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 ró-mhaith agus 10 go hiontach, cé chomh muiníneach is atá tú maidir leat féin a chosaint ó thimpistí a d'fhéadfadh tarlú agus faoi cad a dhéanfa dá dtarlódh timpistí _____?

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná...

Ainm: _____

AONAD 6
CINNÍ A DHÉANAMH

MISNEACH



CLÁR

AONAD 6

CINNÍ A DHÉANAMH

SNÁITHE MISE

Snáithaonaid **Cinntí a dhéanamh**
Sábháilteacht agus
cosaint

SNÁITHE MISE AGUS AN DOMHAN MÓR

Snáithaonad **Saoránacht a fhorbairt**

RÉAMHRÁ DON AONAD

Bíonn tionchar ag na córais luachanna atá againn ar na cinntí a dhéanaimid. Luachanna a iniúchadh is ea túsphointe an aonaid seo. Scrúdaítear torthaí cinntí a dhéanamh freisin, sa ghearrthearma agus san fhadtearma araon, chomh maith le measúnú riosca mar chuid lárnach de chinntí freagracha a dhéanamh. Déantar samhail shimplí cinnteoireachta a leagan amach agus cuirtear i bhfeidhm í i gcásanna atá ábhartha do thaithí na bpáistí. Beidh cabhair ón gclann agus ó dhaoine suntasacha eile ina saol de dhíth ar pháistí ó am go ham chun cabhrú leo cinntí a dhéanamh agus a scileanna a fhorbairt maidir leis seo. Spreagtar páistí daoine a aithint chun iad a threorú ina gcuid cinnteoireachta. Sa deireadh, déanann na páistí iniúchadh ar chásanna ó dhearcthaí éagsúla chun tuiscint agus scileanna saoránachta a chur chun cinn.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1
Cinntí Feasacha a dhéanamh

Ceacht 2
Bíonn Torthaí ar Chinntí

Ceacht 3
Cé hiad na Daoine gur Féidir Cabhrú le
Cinntí?

Ceacht 4
Modh Cinnteoireachta

Ceacht 5
Dearcthaí Éagsúla

CEAHT 1

CINNÍ FEASACHA A DHÉANAMH

A SÉ:1

COINCHEAP LÁRNACH

Bíonn tionchar ag ár gcóras luachanna ar ár gcinntí.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Cinntí a Dhéanamh

Cuspóirí Ábhair

An tábhacht a bhaineann le cinntí feasacha a dhéanamh ag an-chuid leibhéal a fhoghlaim de réir a chéile agus cuid de na cinntí a bhíonn le déanamh acu a aithint.

Na tosca agus leibhéal smaointeoireachta a mbíonn tionchar acu ar chinntí agus roghanna a iniúchadh agus foghlaim conas iad a chíoradh go criticiúil.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Ag tarraingt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Nascann an ceacht seo leis an gcéad cheacht sna hábhair seo (Nearthú Grúpa/ Conradh an tSeomra Ranga).

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre: Cad atá tábhachtach Dom?
- Bileoga Móra Bána Páipéir
- Ábhair Ealaíne m.sh. Criáin, Marcóirí srl.
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (má tá a húsáid)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Bileog Oibre
- Plé
- Póstaer

Réamhrá

Mínigh go mbeidh na páistí i gceacht an lae inniu ag caint faoi luachanna agus faoi cad a cheapann siad atá tábhachtach, nó cad atá tábhachtach dóibhsean. Iarr orthu smaoiniamh ar an maoin atá an-tábhachtach dóibh. Tabhair cuireadh dóibh plé a dhéanamh ar an bhfáth go bhfuil na rudaí seo tábhachtach dóibh. Iarr orthu a shamhlú go bhfuil ar a gclann aistriú go teach eile agus nach bhfuil cead acu ach ceann amháin de na rudaí a bhfuil an-mheas acu orthu a thabhairt leo. Cad a roghnófa a thabhairt leat? Iarr ar na páistí an rud amháin a thógfaidís leo a roinnt. Leag béim ar an bpointe go bhfuil rudaí éagsúla ag gach duine a mheasann siad atá tábhachtach.

Bileog Oibre

Tabhair isteach an **Bhileog Oibre: Cad atá tábhachtach Dom?** Cuir in iúl nach bhfuil aon fhreagra ceart nó mícheart. Dáil amach an bhileog oibre. Déan plé gairid ar gach ráiteas leis na páistí agus déan aon phointí nach bhfuil siad cinnte fúthu a shoiléiriú. Mínigh do na páistí go bhfuil siad anois chun rangú a dhéanamh ar gach ráiteas óna haon go dtí a ceathair déag. Is é a haon an scór don luach is tábhachtaí dóibh agus a ceathair déag an scór don luach is lú tábhachta dar leo - ní chiallaíonn sé nach bhfuil sé tábhachtach, níl ann ach go bhfuil níos lú tábhachta ag baint leis ná an rud ar thug siad rangú níos airde dó. Arís, cuir in iúl nach bhfuil aon fhreagra ceart nó mícheart. Nuair atá sé seo críochnaithe acu, iarr orthu a mbileog oibre a úsáid chun labhairt lena c(h)omhpháirtí faoina bhfuil tábhachtach dóibh.

Plé

Pléigh an ceacht leis na páistí ag úsáid na gceisteanna seo a leanas:

- *An raibh sé éasca nó deacair?*
- *Nuair a labhair tú le do chomhpháirtí, an bhfuair tú cosúlachtaí agus/nó*

difríochtaí?

- *Ar chabhraigh an plé leat a shoiléiriú cad a bhí tábhachtach duit?*

Labhair leis na páistí faoin gcaoi a mbíonn tionchar ag luachanna ar chinnteoireacht. Úsáid an sampla seo a leanas mar léiriú: *Creideann Máire go bhfuil sé tábhachtach a bheith umhal dá tuismitheoirí, ach ba mhaith léi freisin a bheith mór lena cairde. Má chaitheann a cairde toitíní, ach a tuismitheoirí a bheith i gcoinne caitheamh, beidh uirthi cinneadh a dhéanamh faoin luach is tábhachtaí di féin.*

Tabhair cuireadh do na páistí samplaí a thabhairt de chinntí atá déanta acu, mar gheall ar a raibh tábhachtach dóibh.

Póstaer

Déan tagairt don cheacht ar Nearthú Grúpa/ Conradh an tSeomra Ranga (Ceacht 1 sna hábhair do Rang a 6) nó d'aon chaipéis le rialacha an tseomra ranga. Déan athbhreithniú ar na rialacha leis na páistí. Fiafraigh:

- *Cad a insíonn na rialacha dúinn faoi na luachanna atá muid ag iarraidh cloí leo sa rang seo?*
- *Cad iad na luachanna i do thuairim atá tábhachtach dúinn sa rang seo?*

Déan freagairtí na bpáistí a liostáil. Fáigh samplaí faoi conas a chuirtear na luachanna seo i bhfeidhm ar bhonn phraiticiúil sa seomra ranga ó lá go lá. Iarr ar na páistí grúpaí a dhéanamh agus póstaer a chruthú de luachanna an ranga, gach grúpa ag togáil luacha amháin agus á léiriú le focail, pictiúir nó manaí.

Conclúid

Cuireann gach grúpa a phictiúr i láthair. D'fhéadfadh na páistí an chuid ábhartha den **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú. Coimeádtar an bhileog oibre seo le húsáid i gceachtanna ina dhiaidh seo san aonad seo.

Cad atá tábhachtach Dom?

Déan cur síos, le do thoil, ar a bhfuil tábhachtach duit trí Uimh. 1 a chur in aice leis an ráiteas a thaispeánann cad é an rud is tábhachtaí duit. Cuir Uimh. 2 in aice leis an gcéad cheann eile is tábhachtaí duit agus mar sin de.

Tá sé tábhachtach dom ...

- A. **A bheith go maith ar scoil**
- B. **A bheith mór le mo chomhpháirtithe ranga**
- C. **Gan bheann a bheith agam ar aon duine eile (neamhspleách)**
- D. **A bheith macánta**
- E. **A bheith cinéalta le mo thuismitheoirí/chlann**
- F. **A bheith cáiliúil/clúiteach**
- G. **Cúpla dlúthchara a bheith agam**
- H. **A bheith freagrach/iontafa**
- J. **Cabhair agus aire a thabhairt do dhaoine eile**
- K. **A bheith sláintiúil**
- L. **Am corraitheach fiontrach a bheith agam**

Machnamh ar Cheachtanna



M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna ar chinnteoireacht.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Cinntí feasacha a dhéanamh	
Bíonn Torthaí ar chinntí	
Cé hiad na daoine gur féidir cabhrú le cinntí?	
Modh Cinnteoireachta	
Dearcthaí éagsúla	

CEAHT 2

A SÉ: 2

BÍONN TORTHAÍ AR CHINNTÍ

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a smaoinimid ar thorthaí ár gcinntí cabhraítear linn roghanna feasacha agus freagracha a dhéanamh.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Cinntí a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

A aithint go mbíonn torthaí ar chinntí agus nach ndéanann gach duine na cinntí céanna an t-am go léir

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Sábháilteacht agus cosaint

Sábháilteacht phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóir Ábhair

Éagsúlacht cásanna agus iompraíochtaí baolacha a phlé agus measúnú a dhéanamh ar conas gur féidir na baoil sin a sheachaint nó a laghdú agus ar impleachtaí baol a thógáil

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá sé tábhachtach nach mothaíonn páistí go bhfuil orthu cásanna baolacha pearsanta a nochtadh - tá deis sa cheacht seo gnáthchásanna a phlé.

B'fhéidir gur gá an ceacht léirshamhlaithe a bheith níos giorra do ghrúpaí nach bhfuil léirshamhlú déanta acu cheana. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh tríd an 3ú céim a bhaint sa léirshamhlú.

ACMHAINNÍ

- Bileog: Cásanna Baolacha (1) - cóipeáilte dhá uair agus gearrtha suas
- Bileog: Cásanna Baolacha (2) - fotachóipeáilte nó ar taispeáint ar CBI
- Script Léirshamhlaithe (san áireamh sa cheacht)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (má tá á húsáid)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Obair Ghrúpa
- Plé
- Léirshamhlú
- Plé
- Conclúid

Réamhrá

Mínigh go mbíonn gach duine i gcás baolach am éigin. Bíonn baoil áirithe beag, roinnt eile níos mó. Iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar roinnt cásanna baolacha ina mbeadh páistí dá gcomhaois. Fiafraigh:

- *Conas a bhraithimid i gcásanna baolacha?*
- *Má bhíonn rud éigin dainséarach conas a bheartáimid é a dhéanamh nó gan é a dhéanamh?*

Obair Ghrúpa

Roinn na páistí i ngrúpaí triúir nó ceathrair agus roghnaigh líon cásanna ón **mBileog: Cásanna Baolacha (1)**. Dáil amach iad ar na grúpaí agus iarr orthu na cásanna a phlé ag úsáid na gceisteanna ar **Bhileog: Cásanna Baolacha (2)**. (D'fhéadfaí na ceisteanna seo a thaispeáint ar an CBI nó dáilte amach ar na páistí mar bhileog eolais.)

Plé

Ag úsáid na hoibre atá déanta ag na páistí, pléigh gach ceann de na cásanna a léirítear. Cuir straitéis shimplí le chéile leis na páistí chun measúnú a dhéanamh ar bhaoil. Cad iad na dainséir domsa? Cad iad na dainséir do dhaoine eile? Cad iad buntáistí nó míbhuntáistí an cháis?

Léirshamhlú

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun gníomhaíocht chiúin a dhéanamh ina bhfaighidh siad deis smaoineamh ar cad a d'fhéadfaí tarlú nuair a dhéanann siad cinneadh. Iarr ar na páistí smaoineamh ar chinneadh gur mhaith leo a dhéanamh, rud éigin a bhfuil siad ag iarraidh a n-intinn a dhéanamh suas faoi - ní gá gur cinneadh mór é. Seiceáil gur smaoinigh siad go léir ar chinneadh gur mhaith leo a

dhéanamh. Iarr cúpla sampla.

Ansin léigh an léirshamhlú go mall.

Script

Léigh an méid seo a leanas go mall ag stopadh nuair atá ...

Tóg cúpla nóiméad le bheith compordach i do shuíochán le do dhroim díreach agus do chosa cothrom ar an urlár ...Cuir do lámha go héadrom ar do ghluine nó ar do bhord ...

Agus má mhothaíonn sé ceart go leor, dún do shúile nó díriú do shúile ar spota ar an urlár os do chomhair ... Agus tú i do shuí mar sin, tosaigh ag tabhairt aon fhuaimneanna faoi deara a thagann ón taobh amuigh den tseomra ...aon fhuaimneanna sa seomra seo ...agus tú i do shuí ansin bí feasach ar an teagmháil idir do chorp agus an chathaoir ...agus tabhairt faoi deara mar a thacaíonn an chathaoir leat ...anois tóg cúpla nóiméad chun d'anáil a thabhairt faoi deara, ná déan iarracht é a athrú, ná déan ach do chliabhach a thabhairt faoi deara ag éirí agus ag titim agus tú ag anáil isteach ...agus amach ...Anois samhlaigh go bhfuil tú ag siúl san áit is rogha leat sa dúlra, is áit shábháilte go hiomlán í ...tá tú ag siúl ar an gcosán ... agus tú ag siúl ar an gcosán tabhair na radharcanna faoi deara timpeall ort ...bí feasach ar na fuaimneanna ... bí feasach ar na bolaidh ...mothaigh an t-aer timpeall ort ...agus an talamh faoi do chosa ...

Agus tú ag siúl leat, cuimhnigh ar an gcinneadh gur mhaith leat a dhéanamh ... smaoinigh ar dhá rogha atá agatansin os do chomhair amach tugann tú faoi deara go dtéann an cosán i ndhá threo, cosán amháin ag dul ar dheis agus an ceann eile ar chlé ... tosaigh ag siúl ar chosán amháin - seo é do chéad rogha ... agus tú ag dul síos an chosáin sin, samhlaigh go bhfuil an rogha sin roghnaithe agat cheana ... tabhair

faoi deara conas atá sé é sin a bheith déanta agat ... tabhair faoi deara cad air a bhfuil tú ag smaoineamh ... bí feasach go hiomlán ar an gcinneadh atá déanta agat ... tabhair faoi deara conas a mhothaíonn tú taobh istigh...

Siúil ar ais go dtí an gabhal ar an gcosán agus bain triail as an gcosán eile, an dara rogha agat... agus tú ag dul síos an chosáin sin samhlaigh go bhfuil an rogha sin roghnaithe agat cheana ... tabhair faoi deara conas atá sé é sin a bheith déanta agat ... bí feasach dáiríre ar an gcinneadh atá déanta agat, tabhair faoi deara cad air a bhfuil tú ag smaoineamh, tabhair faoi deara conas a mhothaíonn tú taobh istigh ...bí feasach go hiomlán ar an gcinneadh atá déanta agat.

Siúil ar ais arís go dtí an gabhal ar an gcosán feiceann tú anois go bhfuil trí chosán ann, cosán nár thug tú faoi deara cheana, tóg an cosán seo agus féach an bhfuil an triú rogha ann nár smaoinigh tú air cheana ... má tá, siúil isteach ann ... samhlaigh go bhfuil an rogha seo roghnaithe agat cheana ... tabhair faoi deara conas atá sé é sin a dhéanamh ... bí feasach go hiomlán ar an gcinneadh atá déanta agat... tabhair faoi deara cad air a bhfuil tú ag smaoineamh, tabhair faoi deara conas a mhothaíonn tú taobh istigh ... bí feasach go hiomlán ar an gcinneadh atá déanta agat.

Lean ar aghaidh anois ar an gcosán agus tar éis tamaill gearr tabhair faoi deara go dtagann na trí chosán le chéile arís .. agus tú ag siúl leat tugann tú faoi deara go bhfuil tú i bhfad níos soiléire faoi do chinneadh ...

Anois agus muid ag teacht go deireadh na gníomhaíochta seo ná déan ach d'anáil a thabhairt faoi deara arís ... do chliabhrach ag éirí agus ag titim ... agus tosaigh ag tabhairt aon fhuaimneanna ag teacht isteach

sa seomra faoi deara ... agus i d'am féin, nuair atá tú réidh, oscail do shúile. Agus coinnigh an spás ciúin sin go dtí go bhfuil a súile oscailte ag gach duine.

Tar éis an léirshamhlaithe, d'fhéadfaí iarraidh ar na páistí na cosáin a shamhlaigh siad a tharraingt agus a gcuid smaointe agus mothúcháin a chur san áireamh i ngach cosán.

Plé

Tar éis an léirshamhlaithe úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- Cad iad na smaointe agus na mothúcháin a bhí agat le linn na gníomhaíochta?
- Cé chomh maith agus a shamhlaigh tú torthaí na roghanna éagsúla?
- Ar chuir aon rud ionadh ort?
- Cé chomh soiléir is atá tú anois faoi do chinneadh?
- Mura bhfuil d'intinn déanta suas agat faoi cad atá le déanamh, cad is gá duit a dhéanamh chun an cinneadh a dhéanamh?
- An gá duit labhairt le duine éigin faoi?

Conclúid

Leis na páistí déan athbhreithniú ar an straitéis a úsáideadh chun baoil a mheas nuair atá na cásanna baolacha á bplé agat.

D'fhéadfaí an spás le haghaidh machnaimh ar an gceacht seo a chomhlánú ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna.**

Coimeádtar an bhileog oibre seo le húsáid i gceachtanna ina dhiaidh seo.

Bileog: Cásanna Baolacha (1)

- 1 Tá tú sa bhaile i d'aonar. Tá cnag ar an doras. Níl tú ag súil le héinne agus iarradh ort fanacht istigh.**
- 2 Tá tú ag siúl abhaile i d'aonar tráthnóna amháin. Tá tuirse ort. Stopann carr agus iarrann an tiománaí treoracha. Tugann siad cuireadh duit taisteal sa charr go dtí do theach.**
- 3 Tá roinnt cairde ag déanamh pleananna gan freastal ar scoil. Tá a fhios agat cad atá á dhéanamh acu agus go mbeidh súil acu go rachaidh tú leo.**
- 4 Tá do chairde ag imirt i seanfhoirgneamh. Tugann siad faoi dhúshláin ag úsáid seanstaighre, féachaint cé acu is airde a dhreapfaidh. Tá cuma mhíshábháilte ar an staighre.**
- 5 Tá airgead de dhíth ort le caitheamh ar thuras scoile. Ní féidir leat é a fháil ó do thuismitheoirí. Feiceann tú roinnt airgid ar an mbord sa chistin i dteach do charad.**
- 6 Tairgíonn do dheartháir nó deirfiúr níos sine toitín duit. Nuair a deir tú 'Ní hea' bíonn siad ag spochadh asat faoi bheith i do leanbh agus eagla a bheith ort triail a bhaint as toitíní a chaitheamh.**
- 7 Deir cara má bholaíonn tú gliú go mbraithfeá go hiontach. Deir siad go bhfuil siad chun triail a bhaint as ag an deireadh seachtaine. Tugtar cuireadh duit teacht agus a bheith páirteach.**
- 8 Beartaíonn grúpa de do chairde dul ag snámh in abhainn in aice láimhe. Tá a fhios agat nach bhfuil an abhainn seo sábháilte ach tá gach duine ag tnúth le dul.**

Bileog: Cásanna Baolacha (2)



Cad iad na baoil a bhaineann leis an gcás seo?

Cad is féidir leis an duine a dhéanamh chun an baol a laghdú?

Tabhair trí chinneadh a d'fhéadfadh duine a dhéanamh sa chás seo.

Cad a dhéanfa?

CEAHT 3

A SÉ: 3

CÉ HIA NA DAOINE GUR FÉIDIR CABHRÚ LE CINNTÍ?

COINCHEAP LÁRNACH

Forbraíonn cumas páistí cinntí a dhéanamh dóibh féin de réir mar a fhásann siad. Bíonn roinnt cabhrach ag teastáil ó pháistí de ghnáth leis na cinntí a dhéanann siad i rith a saol.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Cinntí a Dhéanamh

Cuspóirí Ábhair

An ról tábhachtach agus dlistineach a bhíonn ar dhaoine fásta a imirt chun cinntí a dhéanamh agus teorainn a leagan síos do dhaoine óga a aithint .

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cogaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá gníomhaíocht le plé le tuismitheoirí san áireamh sa cheacht seo.

ACMHAINNÍ

- Comharthaí (tú féin, tuismitheoirí nó caomhnóirí, cara (cairde), múinteoir, Garda, gairmí sláinte, líne chabhrach, eile) curtha timpeall an tseomra roimh ré
- Cnámha scéil
- Bileog Oibre: Cé Leis a Labhrófá?
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (má ta á húsáid)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Roghanna Siúil
- Plé
- Obair Ghrúpa/Scribhneoireacht
- Plé
- Conclúid

Roghanna Siúil

Ba chóir na comharthaí a chur timpeall an tseomra roimh ré. Dírigh aird na bpáistí ar chomharthaí de dhaoine agus bailigh na páistí i lár an tseomra. Léigh amach gach ceann (nó cuid) de na cásanna thíos agus iarr ar na páistí cinneadh a dhéanamh faoin duine is dóichí ar a n-iarrfadh siad eolas nó cabhair chun cinneadh a dhéanamh faoin gcás sin agus ansin seasamh in aice leis an gcomhartha sin. Nuair atá siad ag an gcomhartha, iarr orthu a thabhairt faoi deara cén comhartha ar shiúil an chuid is mó de na páistí chuige. Iarr orthu labhairt go gairid faoi cén fáth ar roghnaigh siad an duine sin.

Mar mhalairt: Úsáid an **Bhileog Oibre: Cé Leis a Labhrófá ...?** inar féidir leis na páistí líne a tharraingt ón gcás go dtí an duine.

Plé

Nuair atá na cnámhscéalta críochnaithe iarr ar na páistí cad atá tugtha faoi deara acu faoin ngníomhaíocht, mar shampla cé hiad na daoine a roghnaíodh níos minice.

- *Cén fáth a cheapann tú gurbh amhlaidh a bhí?*
- *Cén sórt rudaí a chaithfidh tú a chur san áireamh nuair atá tú ag lorg duine éigin chun cabhair nó eolas a iarraidh orthu? (m.sh. cúram, taithí, saineolas).*

Spriag na páistí an **Bhileog Oibre: Cé Leis a Labhrófá ...?** a thógail abhaile agus é a phlé lena dtuismitheoir(i)/caomhnóir(i).

Obair Ghrúpa/Scribhneoireacht

Roghnaigh cnámhscéal amháin nó líon cnámhscéalta ó na Cnámhscéalta agus pléigh iad leis na páistí.

Ina dhiaidh sin mínigh do na páistí go bhfuil siad chun na scéalta seo a

athscríobh ó dhearcadh duine éigin eile. Tá an duine seo ar an eolas faoin scéal agus scríobhann sé/sí a c(h)uid smaointe faoin gcás. I ngrúpaí de cheathrar iarr ar gach grúpa an scéal a athscríobh ó cheann de na dearcthaí seo a leanas:

- máthair/athair/caomhnóir an pháiste
- dlúthchara an pháiste
- deirfiúr nó deartháir is sine an pháiste
- múinteoir an pháiste
- duine ó cheann de na grúpaí lena bhfuil an páiste
- ball den phobal áitiúil
- dearcadh eile.

Plé

Tabhair cuireadh do pháistí atá sásta a gcuid scéalta a léamh don rang. Ag úsáid na scéalta athscríofa seo, fiafraigh conas a d'fhéadfadh na daoine seo cabhrú leis an bpáiste sa scéal:

- *An mbeadh na daoine fásta in ann cabhrú? Conas?*
- *An mbeadh na páistí in ann cabhrú? Conas?*
- *Conas a mhothódh an páiste dá ndéanfadh duine éigin iarracht an méid a dhéanann siad a athrú.*

Conclúid

Fiafraigh de na páistí machnamh ar cé a chabhraíonn leo le cinntí deacra agus a chur in iúl ina leabhar nótaí OSPS conas a chabhraíonn an duine nó na daoine sin.

D'fhéadfaí an chuid ábhartha den **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú. Coimeádtar an bhileog oibre seo le húsáid i gceachtanna ina dhiaidh seo san aonad seo.

Bileog Oibre: Cé Leis a Labhrófá?



Cás/Cinneadh	Duine
Cad a dhéanfaidh tú do do bhreithlá	
Ag smaoineamh ar chaitheamh toitíní mar bíonn do dhlúthchara ag caitheamh	Mé féin
Cad ba chóir a thógáil do scornach tinn	Tuismitheoirí nó Caomhnóirí
Do chorp a choiméad sláintiúil	Cara (Cairde)
Cé mhéad codlata gur ceart a fháil toisc go n-imríonn tú a lán spóirt	Múinteoir
Cleachtadh coirp a fháil	Gairmí sláinte
Pianta i do chorp	
Deartháir ag tógáil marijuana	Garda
Bia sláintiúil a ithe	Líne chabhrach teileafóin
Cad ba cheart a dhéanamh faoi chara a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi	Eile
A bheith sábháilte ar an mbóthar	Duine ar bith
A bheith amuigh faoin ngrian	
Cá rachaidh tú i d'aonar	
Cá rachaidh tú le cairde	
Alcól a ól	
Ag coimeád do chuid fiacla sláintiúil	
Cúrsaí sláinte	
Uaireanta an chloig ceadaithe le fanacht amuigh	
Eile	

Cnámhscéalta

Tá Emma tar éis tosú ag caitheamh le cuid dá cairde. Ceapann sí go bhfuil sé ceart go leor caitheamh mar, nuair a chaitheann sí, mothaíonn sí mar chuid den ghrúpa. Chuala sí faoi na dainséir a bhaineann le toitiní a chaitheamh, ach dar léi is cuma faoi. Caitheann an-chuid daoine agus bíonn siad ceart go leor, a deir sí. Ar aon chuma is maith le hEmma éalú amach lena cairde chun toitiní a chaitheamh. Dealraíonn sé go bhfuil sé beagáinín dainséarach agus baolach. Uaireanta caitheann Emma mar nach bhfuil aon rud eile le déanamh, a deir sí.

Tá Jack ag comhrá lena chara Marc ar líne nuair a thagann teachtaireacht aníos ar an scaileán. Dealraítear gur ó chara eile, Pól, í a bhfuil aithne acu beirt air. Nochtann an teachtaireacht tuairimí maslacha faoi Jack. Tá náire agus fearg ar Jack ach, ní deir sé aon rud lena thuismitheoirí nó le Marc. An lá ina dhiaidh sin, téann Jack ar cuairt ar Phól, a shéanann gur chuir sé an teachtaireacht chuige.

Labhraíonn Maitiú faoi pháistí ina rang agus ina scoil a thagann ó chúlra cultúrtha difriúil ná é féin. Déanann sé iarracht magadh a dhéanamh faoin gcaoi a labhraíonn siad, an chuma atá orthu nó faoin mbia a itheann siad. Uaireanta bíonn cuma ar a mbíonn á rá aige greannmhar agus bíonn daoine eile ag gáire faoina bhfuil á rá aige. Mothaíonn sé dá bharr go bhfuil gean air ina measc.

Thosaigh Grace ag ól le cairde thíos sa pháirc. Bhí cuid de na cailíní thíos ansin níos sine agus bhí sé go maith a bheith ansin leo. Bhí sé iontach. Nuair a thairg duine acu deoch do Grace bhí áthas uirthi mar mhothaigh sí mar chuid den ghrúpa. Oíche amháin d'ól sí cúpla canna agus d'éirigh sí tinn. Bhí na cailíní go léir ag gáire. Tháinig cuid acu chun í a fheiceáil an lá ina dhiaidh sin agus d'fhiafraigh siad di an raibh sí ceart go leor.

Uaireanta cloiseann na daoine a mbíonn sé ag caint fúthu é agus tagann cuma bhrónach ar a n-aghaidheanna. Cé nach féidir le cuid acu gach a mbíonn á rá aige a thuiscint, bíonn a fhios acu go mbíonn sé ag magadh fúthu agus gur cosúil go mbíonn an chuid eile den ghrúpa páirteach sa 'ghreann' fosta.

Bhí áthas ar Grace cairde nua a bheith aici. Níl a fhios ag a Mam go bhfuil sí ag ól agus tá a fhios ag Grace go mbeadh sí i dtrioblóid dá bhfaigheadh sí amach.

Faigheann Sophie grianghraf de Lucy, cailín eile ina rang, ar a fón póca. Léirítear duine éigin ann atá ag iarraidh sciorta Lucy a ardú agus í ag siúl abhaile ón scoil. Tosaíonn Sophie ag gáire nuair a fheiceann sí an grianghraf agus tá sí ar tí é a chur chuig cara eile ina grúpa ach ansin éiríonn sí ciontach nuair a smaoiníonn sí ar conas a mhothódh Lucy.

Bolaíonn Tomás gliú. Chonaic sé cuid dá chairde á dhéanamh agus ceapann sé go bhfuil meidhréis mhór uaidh. Mothaíonn sé amhail is dá mbeadh sé ar foluain san aer. Tá cneácha ar a bheola agus ar a shrón. Uaireanta déantar magadh faoi ar scoil fúthu. Tá a fhios ag Tomás go bhféadfadh siad a bheith ag teacht ó bheith ag boladh gliú, ach fós féin déanann sé é. Lá amháin bhí meabhrán mór air fad is a bhí sé ag boladh agus bhí imní mhór air.

CEAHT 4

A SÉ: 4

MODH CINNTEOIREAHTA

COINCHEAP LÁRNACH

Is scileanna riachtanacha saoil iad meon cumhachta agus bróid páistí a fhorbairt fiú chun cinntí beaga a dhéanamh agus iad a spreagadh le freagracht a thógáil.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Cinntí a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Straitéis shimplí chinnteoireachta a phlé agus a chleachtadh

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cogaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir an ceacht seo a roinnt i ndhá sheisiún. D'fhéadfaí tabhairt faoin mír ar mhí-úsáid tuaslagóirí sa dara seisiún.

ACMHAINNÍ

- Bileog Eolais: Conas Cinneadh a Dhéanamh
- Scéal Gregor
- Bileog Eolais: Tuaslagóirí
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (má tá á húsáid)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEAHTA

- Réamhrá
- Tobsmaointeoireacht
- Scéal
- Bileog Eolais: Tuaslagóirí
- Plé

Réamhrá

Déan athbhreithniú leis na páistí ar na daoine a labhróidís leo sula ndéanfaidís roinnt cinntí agus faigh aiseolas ar na comhráit a bhí acu faoi seo lena dtuismitheoirí nó caomhnóirí (Ceacht 3). Cuir in iúl do na páistí go bhféadfadh mearbhall a bheith orainn agus a bheith éiginnte faoi cad ba cheart dúinn a dhéanamh nuair a bhíonn cinntí a ndéanamh againn. Ar mhothaigh éinne mar seo riamh? Más cuí d'fhéadfá sampla simplí de do chuid féin a roinnt agus cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid scéalta féin a insint. Déan iniúchadh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don mhearbhall seo, ar nós éiginnteacht faoi cén cinneadh atá déanta, gan na torthaí go léir a bheith ar eolas nó eagla nach dtuigfidh nó nár mhaith le daoine do chinneadh.

Tobsmainteoireacht

Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar na cinntí go léir a dhéanann daoine gach lá. Déan plé ar an mbealach gur féidir leis na cinntí seo a bheith mór nó beag. Mínigh gurb iad torthaí cinnidh a chinntíonn an cinneadh mór nó beag é: beidh torthaí fadtéarmacha ag cinneadh mór, mar ag aistriú tí, agus b'fhéidir go mbeadh athruithe móra i do shaol dá bharr. Luaigh freisin go bhféadfadh torthaí móra (lobhadh fiacla nó drochshláinte) a bheith ag cinntí beaga má itear milseáin nó má oltar deochanna súilíneacha ar bhonn rialta. Déan na cinntí laethúla a mholtar ag na páistí a rangú i ngrúpaí tábhachtacha nó grúpaí gan mórán tábhacht. Pléigh na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ag na cinntí seo.

Roinn na páistí i ngrúpaí de cheathrar agus dáil amach an **Bhileog Oibre: Conas Cinneadh a Dhéanamh**. Ba

chóir focail mar roghanna agus torthaí a thabhairt isteach agus a mhíniú. Léigh trí na céimeanna leis na páistí ag úsáid an tsampla thíos chun léiriú a dhéanamh ar cad a d'fhéadfaí tarlú ag gach céim.

Sampla

Úsáid an sampla de bhróga reatha a cheannach chun gach céim a léiriú.

1. Ag bailiú eolais

Cé mhéad atá le caitheamh agat? Cá háit gur féidir na bróga a cheannach?

2. Roghanna eile a aithint

Féach ar na stíleanna, dathanna, brandaí agus praghasanna go léir.

3. Torthaí féideartha a thuiscint. Cad a tharlódh dá roghnófá péire dubh seachas péire bán? Gearrtha go hard seachas gearrtha go híseal. Branda faoi leith? Cinn daora nó cinn níos saoire?

4. Cinneadh a dhéanamh?

Socraigh go soiléir cad ba mhaith leat a dhéanamh.

5. Toradh

Féach cad a tharlaíonn nuair atá do chinneadh déanta agat. B'fhéidir go mbeifeá ar mhalairt tuairime, ag brath ar an toradh a bhíonn agat. Cad a tharlódh má roghnaíonn tú stíl agus branda áirithe ach go bhfaigheann tú amach go bhfuil gach duine eile ag caitheamh branda difriúil?

Má tá am agat iarr ar gach grúpa a sampla féin de chinneadh gan mórán tábhacht agus cinneadh mór a phlé agus a scríobh síos.

Scéal Gregor

Léigh scéal Gregor

Is é Mick an cara is fearr ag Gregor. Chuaigh siad ar scoil le chéile ar an gcéad lá dóibh agus shuíodh siad le chéile i gcónaí sa rang. Bhí Gregor i gcónaí níos ciúine ná Mick. Ní dheachaigh sé sa

seans mar a dhéanadh Mick. Nuair a bhí siad óg bhris Mick a chos nuair a thit sé de chrann. Bhí Gregor ansin agus bhéic sé ar Mick a bheith cúramach. Ach níor éist Mick.

An tseachtain seo caite d'inis Mick do Gregor go raibh faighte amach aige go bhféadfaí tuaslagóirí a ionanálú agus gur chuir sé meidhréis ort. Dúirt Mick go raibh sé chun triail a bhaint as Dé Sathairn agus gur theastaigh uaidh go mbainfeadh Gregor triail as freisin. Bhí Gregor go mór trína chéile agus níor chodail sé néal an oíche sin. Bhí imní air go ndéanfadh Mick rud éigin amaideach agus é féin a ghortú. Bhí eagla air freisin faoi féin mar bhí cloiste aige go raibh sé an-dainséarach tuaslagóirí a ionanálú. Níor theastaigh uaidh a bheith ina mheatachán. Bhí eagla air go mbeadh Mick ag spochadh as. Níor theastaigh uaidh a insint dá mháthair nó dá athair mar bheadh siad an-chrosta. Bhí imní ar Gregor agus ní raibh a fhios aige cad ba chóir a dhéanamh.

Roinn na páistí i ngrúpaí de cheathrar. Iarr orthu an straitéis chinnteoireachta a chur i bhfeidhm do chás Gregor. (Is féidir leis na páistí teacht chugat má tá eolas ar mhí-úsáid tuaslagóirí ag teastáil uathu. Ba chóir an bhileog eolais a thabhairt d'aon ghrúpa a dhéanann amhlaidh.)

Iarr ar gach grúpa tuairisciú ar ais ar an gcinneadh a cheapann siad a rinne Gregor. Scrúdaigh gach cinneadh agus féach ar úsáideadh na céimeanna go léir chun teacht ar an gcinneadh. Pléigh na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar na cinntí a mholann na grúpaí.

Bileog Eolais: Tuaslagóirí


Murar iarr na grúpaí eolas le linn an phróisis cinnteoireachta dáil amach an **Bhileog Oibre: Tuaslagóirí** anois. Léigh tríd an eolas agus soiléirigh aon phointí a ardaíonn na páistí. Déan plé, an mbeadh tionchar ag an eolas seo ar an gcinneadh a rinne a ngrúpa do Gregor.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ón gceacht agus iarr orthu an **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú.

Síneadh

D'fhéadfadh na páistí torthaí éagsúla an scéil seo a fhiosrú ó thaobh dhearcadh carachtar éagsúil trí chríocha difriúla a scríobh don scéal.



Conas Cinneadh a Dhéanamh

D'fhéadfadh cinnteoireacht a bheith deacair. Seo bealach chun í a dhéanamh:

1 Bailigh Eolas.

Faigh amach an oiread agus is féidir faoin gcinneadh. Cuir ceisteanna más féidir.

2 Aithin roghanna eile.

Féach ar na roghanna féideartha atá agat.

3 Torthaí.

Féach ar thorthaí gach rogha a dhéanfá.

4 Déan an cinneadh.

Socraigh go cinnte cad ba mhaith leat a dhéanamh

5 Toradh.

Féach cad a tharlaíonn nuair a dhéanann tú cinneadh. B'fhéidir go mbeifeá ar mhalairt tuairime ag brath ar an toradh a bhíonn ann.

Tuaslagóirí



Séard atá i gceist le mí-úsáid tuaslagóirí ná gás, múch, nó gail a ionanálú d'aon ghnó chun meidhréis a fháil nó a bheith ar na ribí.

Is iad torthaí tuaslagóirí a ionanálú ná:

- D'fhéadfadh lagú teacht ar radharc na súl.
- Lagú ar do bhreithiúnas, sa chaoi go bhféadfá drochchinntí a dhéanamh.
- D'fhéadfadh siabhráin a bheith agat. Séard is siabhrán ann ná nuair a chreideann tú go bhfuil rud éigin ag tarlú nach bhfuil i ndáiríre. D'fhéadfadh na siabhráin seo eagla mhór a chur ort.
- D'fhéadfadh d'iompar a bheith foréigneach nó ionsaitheach.
- D'fhéadfadh póit a bheith ort de barr tuaslagóirí a úsáid. Nuair a bhíonn póit ort bíonn tinneas cinn ort agus mothaíonn tú tinn.

D'fhéadfadh úsáideoirí tuaslagóirí don chéad uair bás a fháil fiú.

D'fhéadfadh bás tarlú trí:

- Tachtadh trí aiseag a ionanálú nuair atá tú gan aithne nó de bharr toraidh reoite ar an scornach.
- Timpistí mar shampla titim, bá srl.
- Plúcadh, nuair a chuireann mí-úsáideoir mála thar a gcloigeann agus bíonn sé nó sí ró-mheisciúil chun é a bhaint.
- Cliseadh croí.

CEAHT 5

DEARCTHAÍ ÉAGSÚLA

A SÉ: 5

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a fhorbraítear scileanna cinnteoireachta cuirtear saoránacht agus gníomhaíocht chun cinn ar leibhéal phearsanta, áitiúla agus domhanda.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Cinntí a Dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Idirdhealú a dhéanamh idir barúil, cur isteach, fíric, ráfla agus tuairim maidir le cinnteoireacht.

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Saoránacht a Fhorbairt

Cuspóirí Ábhair

Ról an duine aonair agus grúpaí éagsúla sa phobal a aithint agus a thuiscint.

Roinnt ábhar imní áitiúla a aithint agus iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíocht gur féidir a thógáil chun na fadhbanna a réiteach.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le teacht ar thuiscint

Snáithaonaid: Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh

Machnamh ar dhrámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Úsáideann an ceacht seo ‘Múinteoir i ról’ mar mhodh, agus mar sin treoraíonn tú an ceacht trí bheith sa ról, ar dtús mar iriseoir agus ansin mar mhéara an bhaile.

ACMHAINNÍ

- Cártaí Róil (curtha ar fáil)
- Clár fáiscthe, leabhar nótaí agus peann, seaicéad.
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (má tá á húsáid)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Gníomhaíocht réamhdhramaíochta
- Drámaíocht
- Scribhneoireacht
- Conclúid

Réamhrá

Iarr ar na páistí na céimeanna chun cinneadh a dhéanamh a thabhairt chun cuimhne (pléite sa cheacht roimhe seo). Leag béim ar an chéad chéim: bailigh eolas. *An gceapann tú go bhfuil an chéim seo tábhachtach? Cén fáth?* Mínigh go mbeidh siad ag féachaint ar thuairimí grúpaí éagsúla daoine faoi chás áirithe sa cheacht seo.

Gníomhaíocht Réamhdhrámaíochta

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun cloisteáil faoi chás sa phobal. Iarr orthu a shamhlú go raibh ráfla ann go mbeidh an pháirc (ainmnigh mar is cuí don cheantar) le dúnadh go buan de bhrí go ndearna roinnt daoine gearán leis na gardaí go raibh daoine óga ag ól inti. Tá beartaithe ag an méara cruinniú a ghlaoch agus tá cuireadh tugtha aige do ghrúpaí éagsúla freastal ar an gcruinniú seo. Beidh iriseoir ag teacht chun tuairimí na ngrúpaí éagsúla a fháil.

Roinn an rang i 5 ghrúpa agus tabhair cártaí róil do na grúpaí éagsúla. Mínigh dóibh gur iriseoir thú nuair a thógann tú an clár fáiscthe, leabhar nótaí agus peann agus nuair a chaitheann tú an seaicéad fhoirmiúil gur tusa an méara. Spreag na páistí go léir ról an duine nó an ghrúpa ar a gcárta a ghlacadh. Ba chóir go samhlódís iad féin mar na daoine a ndéantar cur síos orthu ar a gcártaí róil agus iarracht a dhéanamh labhairt amhail is dá mb'iad an duine sin.

Drámaíocht

Iarr ar na páistí, i ról ina ngrúpaí, an scéal a phlé; labhairt faoi cad a cheapann siad faoin bpáirc a bheith dúnta agus réitigh eile a bheadh acu. Bogann an t-iriseoir (múinteoir sa ról) timpeall agus cuirtear gach grúpa faoi agallamh. Iarrann ar t-iriseoir orthu cad a cheapann siad

faoin bpáirc a bheith dúnta agus má tá aon réiteach eile acu ar an scéal. Críochnaíonn an t-iriseoir an t-agallamh.

Tagann an Méara isteach (múinteoir sa ról) agus míníonn go ndearna tuismitheoirí páistí óga gearán mar gheall ar an torann agus dúirt go mbíonn imní orthu nuair a théann siad go dtí an pháirc. Tá an Méara ag iarraidh réiteach a fháil a mbeadh gach duine sásta leis. Fiafraítear de ghrúpaí éagsúla cad a cheapann siad gur chóir a dhéanamh agus déantar taifead de sin ar smeach-chairt nó ar an gclár bán. Tar éis éisteacht a thabhairt do na grúpaí éagsúla éascaítear plé chun teacht ar chinneadh.

Ag deireadh an chruinnithe, tar amach as an ról trí iarraidh ar gach páiste a ainm/a hainm ina ngrúpa a rá. Mínigh go bhfuil an rang anois chun plé a dhéanamh ar cén tionchair a bhí ar a gcinntí fad is a bhí siad sa dhráma. D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a úsáid.

- *Cén tionchar a bhí ag an ráfla go raibh an pháirc le dúnadh ar mhothúcháin daoine?*
- *An raibh sé éasca nó deacair teacht ar chinneadh i do ghrúpaí? Cén fáth?*
- *Cad iad na smaointe a bhí agat nuair a chuala tú tuairimí na ngrúpaí eile?*
- *Ar athraigh aon duine a t(h)uairim faoin réiteach ab fhearr, dar leo, nuair a chuala siad na réitigh eile a moladh?*

Scribhneoireacht: Alt Nuachtáin

Iarr ar na páistí ligint orthu gurb iad an t-iriseoir a thug cuairt agus a labhair leis na grúpaí, agus alt nuachtáin a scríobh ar an gcinneadh a rinneadh. Ní gá go mbeadh sé seo níos faide ná deich líne, agus d'fhéadfaidís teideal a scríobh don alt a spreagfadh an pobal áitiúil é a léamh. Iarr ar roinnt páistí an t-alt seo a léamh agus cuir an obair ar taispeáint.

Conclúid

D'fhéadfadh na páistí an **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú. Leis na páistí, déan athbhreithniú ar an obair a rinneadh san aonad seo, ag úsáid na bileoige oibre comhlánaithe. D'fhéadfaí **an Bhileog Oibre: Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Chinnteoireacht** a úsáid don athbhreithniú nó d'fhéadfaí é a dhéanamh ó bhéal.

Cártaí Róil

Tuismitheoirí. Tuismitheoirí páistí óga sibh. Ba mhaith libh a bheith in ann an pháirc a úsáid mar is beag spás glas atá sa cheantar, ach tá imní oraibh faoi bhualadh le daoine óga atá ag ól.

Tá oraibh labhairt faoi cad a cheapann agus cad a mhothaíonn sibh faoi dhúnadh na páirce agus teacht aníos le réitigh a chabhródh libh.

Comharsana. Tá sibh in bhur gcónaí in aice na páirce. Thaitin sé i gcónaí libh go raibh an pháirc in aice láimhe agus a bheith in ann siúl inti, ach anois ós rud é go mbíonn daoine óga ag ól inti níl fonn oraibh dul ann a thuilleadh.

Tá oraibh labhairt faoi cad a cheapann agus cad a mhothaíonn sibh faoi dhúnadh na páirce agus teacht aníos le réitigh a chabhródh libh.

Comhairleoirí. Toghadh sibh ar an gcomhairle áitiúil agus ba mhaith libh iarracht a dhéanamh gach duine sa phobal a shásamh.

Tá oraibh labhairt faoi cad a cheapann agus a mhothaíonn sibh faoi dhúnadh na páirce agus teacht aníos le réitigh a bheadh, dar libh, ar leas gach duine a chónaíonn sa cheantar.

Páistí deich agus aon bhliain déag d'aois. Páistí sibh a chónaíonn sa cheantar in aice leis an bpáirc. Uaireanta téann sibh chuig an bpáirc tar éis scoile agus ag an deireadh seachtaine.

Tá oraibh labhairt faoi cad a cheapann agus a mhothaíonn sibh faoi dhúnadh na páirce agus teacht aníos le réitigh a chabhródh libh.

Gardaí. Is Gardaí áitiúla sibh agus rinne daoine gearán libh faoi dhaoine óga ag ól sa pháirc. Tá grúpaí daoine óga feicthe agaibh ansin ach ní fhaca sibh ag ól iad. Tá buidéal agus cannaí feicthe agaibh caite timpeall na páirce. Níor éirigh libh dul ann go minic mar go bhfuil a lán rudaí eile le déanamh agaibh ach tá sé i gceist agaibh súil ghéar a choimeád ar an bpáirc as seo amach.

Tá oraibh labhairt faoi cad a cheapann sibh faoi dhúnadh na páirce agus teacht aníos le réitigh a bheadh, dar libh, ar leas gach duine a chónaíonn sa cheantar.

Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Chinntí a Dhéanamh

Topaic: _____ Dáta _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé ...

Bhraith mé ...

Ba léir dom ...

Ba mhaith liom ...

Níor mhaith liom ...

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 go ró-mhaith agus 10 go hiontach ar fad, cén marc a thug tú ar do chumas cinntí maithe a dhéanamh _____

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná ...

Ainm: _____

AONAD 7
MISE AGUS DAOINE EILE



AONAD 7

MISE AGUS DAOINE EILE

SNÁITHE MISE AGUS DAOINE EILE

Snáithaonaid **Mise agus mo theaghlach**

RÉAMHRÁ DON AONAD

Is é an teaghlach an chéad agus an grúpa is tábhachtaí i saol páiste. Tugtar aire, cosaint agus cúram dóibh ansin. Is ansin a thosaítear ar a bhféinmheas, féiniúlacht agus a gcumas a fhorbairt. Leagann an taithí a bhíonn ag páistí sa teaghlach síos an chaoi dá dtaithí saoil. Is í an aidhm atá ag an aonad seo ná feasacht agus tuiscint páistí ar chúrsaí sa bhaile a fhorbairt lena n-áirítear ról agus freagrachtaí bhall teaghlaigh. Foghlaimíonn páistí meas a bheith acu ar a dteaghlach agus conas ról dearfach a imirt sa theaghlach. Tá sé mar aidhm ag an aonad freisin forbheathnú a thabhairt ar na cineálacha éagsúla struchtúir atá le feiceáil inniu i dteaghlaigh in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta. Pléitear an chaoi a léirítear teaghlaigh sna meáin agus déantar é sin a mheas go criticiúil chun páistí a chur ar an eolas faoi thionchar na meán ar a gcuid dearchtaí agus luachanna.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Bíonn Teaghlaigh Uathúil

Ceacht 2

Cearta agus Freagrachtaí i dTeaghlaigh

Ceacht 3

Teaghlaigh Éagsúla

CEAHT 1

A SEACHT:1

BÍONN TEAGHLAIGH UATHÚIL

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhraítear le páistí glacadh lena gcás teaghlaigh féin agus é a thuiscint nuair a thuigeann siad go bhféadfadh struchtúir agus taithí éagsúla a bheith ag teaghlaigh.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Mise agus mo theaghlach

Cuspóirí Ábhair

Clanna agus teaghlaigh agus conas is féidir leo a bheith éagsúil ina lán bealaí a iniúchadh agus a phlé

Iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na tosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shaol an teaghlaigh

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

ACMHAINNÍ

- Píosaí beaga bána de chárta
- Bileoigíní A4
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Tobsmaointeoireacht
- Obair Ghrúpa
- Liosta Focal
- Conclúid

A SEACHT: 1

NÓS IMEACHTA SONRACH

Tobsmainteoireacht

Iarr ar na páistí eachtraí a d'fhéadfadh tarlú i saol an teaghlaigh a mholadh - eachtraí iontacha nó deacra. Déan taifead díobh seo ar chlár bán nó ar CBI agus bí cúramach gan ach na heachtraí sin gur féidir a phlé sa chéad chuid eile den cheacht a chur san áireamh.

Obair Ghrúpa

Tabhair píosa beag cárta do gach páiste agus iarr orthu a rogha eachtra (ón liosta roimhe seo) a scríobh ar an gcárta. Bailigh na cártaí go léir.

Eagraigh na páistí i ngrúpaí de 5-6. Mínigh gur gá dóibh comhaontú ar éascaitheoir, amadóir agus tuairisceoir. Cinntigh go bhfuil siad soiléir faoi na rólí seo gur chóir a athrú go rialta i ngníomhaíochtaí grúpa. Tabhair cúig nó sé cárta do gach grúpa. Mínigh do na páistí go dtógfaidh gach páiste cárta ar a s(h)eal agus go léifidh sé/sí an eachtra atá air. Ansin pléifidh gach grúpa conas a bheadh an eachtra sin don chlann: deacair, iontach, taitneamhach nó brónach. Ansin pléifidh siad conas a bheadh an eachtra do na tuismitheoirí agus do na páistí, agus conas a bhraithfeadh baill teaghlaigh agus conas a d'iompróidís iad féin mar thoradh ar an eachtra sin.

Tabhair timpeall 30 nóiméad do na páistí an ghníomhaíocht seo a chríochnú. Cuir i gcuimhne dóibh go gcaithfear gach cás a léamh amach agus a phlé ar feadh cúig nóiméad roimh dhul ar aghaidh go dtí an chéad cheann eile.

Tóg aiseolas ó na grúpaí de réir sealaíochta. Fiafraigh díobh cén eachtra a phléigh siad, agus tabhair suntas don taithí choiteann a bhí ag grúpaí. Ansin déan comparáid idir aiseolas grúpaí ar

eachtraí a bhí mar an gcéanna:

- *Ar pléadh freagairtí éagsúla i do ghrúpa?*
- *Ar aontaigh tú ar mhothúcháin a d'fhéadfadh eascairt ón eachtra nó ó na heachtraí?*
- *Ar moladh iompraíochtaí éagsúla don eachtra chéanna i do ghrúpa?*
- *Cad a insíonn sé sin dúinn faoi dhaoine agus teaghlaigh?*

Cuir in iúl do na páistí, cé go bhféadfadh rudaí atá mar an gcéanna tarlú, go gcaitheann teaghlaigh leo ar bhealaí éagsúla go minic.

Liosta Focal

Cuir na focail: *altramas, leas, singil, uchtáil, breith, teach* ar an gclár bán nó ar an CBI agus fiafraigh de na páistí cad atá i bpáirt ag na focail seo - cineálacha éagsúla tuismitheora is ea iad. Iarr ar gach grúpa na cineálacha tuismitheora sin go léir a mhíniú. Tóg aiseolas ó ghrúpaí agus soiléirigh aon mhearbhall nó míthuiscint atá ann. Iarr ceisteanna ó na páistí faoi aon ghné den phlé.

Conclúid

Cé atá i mo Theaghlach?

Tabhair bileog A4 do gach páiste nó úsáid a gcóipleabhair OSPS agus iarr ar na páistí na baill teaghlaigh go léir atá ina gcónaí ina dteach faoi láthair a tharraingt agus a ainmniú. Nuair atá an tarraingt déanta acu agus iad ainmnithe, d'fhéadfaidís iad a roinnt lena gcomhpháirtí.

D'fhéadfaí plé ginearálta a éascú agus ceist a chur cé mhéad páistí ag a bhfuil teaghlaigh mhóra, teaghlaigh bheaga, a bhfuil athrú tagtha ar bhaill den teaghlach agus iad ag fás aníos. D'fhéadfaí
An Bhileog Oibre: Machnamh ar

A SEACHT:1

NÓS IMEACHTA SONRACH

Cheachtanna a úsáid chun taifead a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí. Coimeádtar é sin le húsáid i gceachtanna níos déanaí.

Síneadh

D'fhéadfadh páistí crann ginealaigh de bhail a dteaghlach a dhearadh ag dul siar chomh fada le seantuismitheoirí. D'fhéadfadh an dearadh a bheith an-simplí ag úsáid boscaí do dhaoine aonair le dátaí breithe sna boscaí agus siombail chomhaontaithe do bhásanna, póstaí, colscarthaí srl. Tá fáil ar roinnt teimpléad do chrainn ghinealaigh ar a lán suímh do chrainn ghinealaigh nó ar shuímh oidhreacht.



Machnamh ar Cheachtanna Mé Féin agus Daoine Eile

M'Ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna fúm féin agus faoi dhaoine eile.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Bíonn teaghlaigh uathúil	
Ceartha agus freagairtí i dTeaghlaigh	
Éagsúlacht Teaghlach	

CEAHT 2

A SEACHT: 2

CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ I dTEAGHLAIGH

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhrófar le páistí tairbhe a dhéanamh d'fholláine a dteaghlach nuair a bhíonn feasacht acu ar chearta agus freagrachtaí i dteaghlach.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus daoine eile
- **Snáithaonad:** Mise agus mo theaghlach

Cuspóirí Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar cad atá i gceist le bheith mar chuid de theaghlach.

Athruithe a d'fhéadfadh tarlú i gcaidrimh agus in ionchais teaghlaigh de réir mar a fhasann sé/sí aníos agus mar a théann sé/sí in aibíocht agus an chaoi gur féidir leis/léi déileáil leo.

Snáithe: Mé féin

- **Snáithaonad:** **Ag Fás agus ag athrú**
*De réir mar a bhím
ag fás bím ag athrú*

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha páistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóirí Ábhair

Na hathruithe fáis a bhíonn ann ón bpáiste go dtí an duine fásta a aithint agus a phlé.

Patrúin forbartha agus fáis a iniúchadh, ag cur forbairt reatha i gcomparáid le forbairt ag céimeanna níos luaithe: fisiciúil, sóisialta, mothúchánach, intleachtúil agus spioradálta.

An gá le spás aonair agus príobháideacht de réir mar a bhíonn siad ag fás aníos agus ag forbairt a thuiscint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

D'fhéadfadh cásanna, caidrimh nó cúinsí teaghlach a bheith an-íogair, agus mar sin ní mór do pháistí an-mheas a bheith acu ar a chéile. Cuir i gcuimhne do na páistí freisin gan ach a bhfuil siad compordach leis a roinnt.

ACMHAINNÍ

- Bileoga móra paipéir/cárta trom do phóstaer
- Marcóirí, criain, pinn luaidhe
- Dáileán: Caidrimh Teaghlach a Choimeád Láidir
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Tobsmaointeoireacht
- Póstaer
- Obair Ghrúpa 1 nó 2
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Scríobh na focail **Cearta** agus **Freagrachtaí** ar an gclár bán agus fiafraigh de na páistí cad a thuigeann siad leo agus roinnt samplaí a thabhairt duit.

Tobsmainteoireacht

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun díriú ar chearta agus freagrachtaí páistí i dteaghlaigh. Iarr ar na páistí na cearta go léir a bhíonn acu i dteaghlaigh a mholadh agus déan taifead díobh ar an gclár bán nó ar smeach-chairt faoi Chearta, mar shampla:

- grá a fháil
- cúram a fháil
- éisteacht a fháil
- oideachas a fháil
- meas a fháil
- spreagadh a fháil
- comhionannas i measc siblíne
- bia a fháil
- cóir leighis cuí a fháil
- dídean a bheith acu
- cuimsiú a bheith acu
- a bheith san áireamh
- roinnt príobháideachta a bheith acu
- A bheith curtha ar an eolas mar is cuí.

Iarr orthu na freagrachtaí a bhíonn ar pháistí sa teaghlach a mholadh agus déan taifead díobh ar an gclár bán nó ar smeach-chairt faoi Fhreagrachtaí mar shampla:

- cabhrú
- tacú
- meas a bheith ar bhaill teaghlaigh
- macánta
- a ndícheall a dhéanamh

- caitheamh mar is cuí le baill teaghlaigh
- acmhainní teaghlaigh a roinnt
- foghlaim de réir a gcumais.

Fiafraigh de na páistí an raibh sé deacair no éasca smaoineamh ar na cearta/freagrachtaí a bhíonn ag páistí i dteaghlaigh agus cén fáth. *Cé acu ab éasca smaoineamh orthu - cearta nó freagrachtaí? Cén fáth?*

Póstaeir

Mínigh go bhfuil na páistí chun oibriú i ngrúpaí agus go bhfuil gach grúpa chun póstaer a dhéanamh dar teideal **Cearta agus Freagrachtaí páistí i dTeaghlaigh**. Tabhair bileog mhór páipéir/cárta trom leis an teideal priontáilte air/uirthi ina bhfuil colún do chearta agus colún d'fhreagrachtaí. Pléann páistí ina ngrúpaí na cearta agus freagrachtaí a n-aontaíonn siad orthu gur cóir a scríobh ar an bpóstaer. Is féidir leo na cearta agus na freagrachtaí a ndearnadh taifead orthu roimhe seo a úsáid chun plé a spreagadh, ach tá cead acu cearta agus freagrachtaí nach ndearnadh taifead orthu a chur san áireamh freisin.

Nuair a bheidh na póstaer críochnaithe d'fhéadfaí iad a chur i gcomparáid agus is féidir leis na páistí na cosúlachtaí agus difríochtaí a phlé. D'fhéadfaí na póstaer a chur ar taispeántas sa seomra ranga. D'fhéadfaí iad a chur ar taispeántas ar chlár na bhfógraí don rang sa scoil freisin.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Obair Ghrúpa 1

Caidrimh Teaghlach a Choimeád Láidir

Fiafraigh de na páistí an gceapann siad go bhfuil a gcaidrimh le baill teaghlaigh athraithe le dhá bhliain anuas ó a bhí siad níos óige agus conas. Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun na deacrachtaí i gcaidrimh le baill teaghlaigh a phlé agus conas a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu.

Tarraing sé chearnóg mhóra ar an gclár bán nó ar smeach-chairt. Iarr roinnt samplaí ginearalta de dheacrachtaí i gcaidrimh. Scríobh sampla amháin i ngach cearnóg agus cuir uimhir leis na cearnóga. Cinntigh go scríobhtar na samplaí i dtéarmaí ginearalta gan aon ainm ná aitheantais a lua.

Nuair atá sé shampla scríofa, iarr ar gach grúpa éascaitheoir a roghnú le cinntiú go bhfaigheann baill go léir an ghrúpa deis a bheith páirteach, agus tuairisceoir le nótaí a thógáil agus aiseolas a thabhairt ón ngrúpa (ba chóir go mbeadh na héascaitheoirí agus na taifeadóirí difriúil ón obair ghrúpa roimhe seo). Tabhair uimhir 1-6 do gach grúpa agus iarr orthu an sampla a phlé a bhain lena n-uimhir agus plé a dhéanamh ar conas gur féidir le páiste 11/12 bhliain d'aois cabhrú chun feabhas a chur ar na caidrimh sin agus a gcaidrimh teaghlaigh a choimeád láidir.

Obair Ghrúpa 2 (Eile)

Caidreamh Teaghlach a Choimeád Láidir

Tabhair an **Dáileán: Caidreamh**

Teaghlach a Choimeád Láidir do na páistí agus iarr ar gach grúpa gach sampla a phlé agus comhaontú ar agus comhairle a scríobh don duine óg sa sampla faoi conas feabhas a chur ar chaidrimh le baill teaghlaigh. Ag úsáid na samplaí mar threoir, cuir an páiste agus duine/daoine fásta sa 'suíochán te' i ngach sampla agus fiafraigh díobh conas a mhothaíonn siad faoi chúrsaí. Cuireann an grúpa comhairle orthu chun a gcaidreamh a choimeád láidir.

Conclúid

Tóg aiseolas óna grúpaí go léir agus tabhair deis don rang an chomhairle a tugadh sna samplaí go léir a phlé agus aon chomhairle bhreise a cheapann siad a bheadh úsáideach a thabhairt. D'fhéadfaí an **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a úsáid chun taifead a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí san aonad seo. Bainfear úsáid as i gceachtanna a leanann san aonad seo.

Caidrimh Teaghlach a Choimeád Láidir

Cásanna Dúshlánacha	Conas feabhas a chur ar an gcaidreamh agus é a choimeád láidir
<p>Ba mhaith le Pól níos mó airgead póca a bheith aige. Tá níos mó airgead póca ag an gcuid is mó dá chairde. Bíonn fearg mhór air lena thuismitheoirí agus insíonn sé dóibh go bhfuil siad suarach agus ag cur náire air os comhair a chairde cé go bhfuil a fhios aige go bhfuil a Dhaid ag tuilleamh níos lú airgid anois ná mar a bhíodh. Tá a fhios aige go mbíonn a Mham buartha faoi airgead freisin. Tá an-fhrustachas air lena thuismitheoirí agus níl uaidh ach a bheith cosúil lena chairde.</p>	
<p>Is fuath le hEmma seomra a roinnt lena deirfiúr níos óige a bhíonn i gcónaí ag cur ceisteanna ar Emma. B'fhearr le hEmma a bheith i dteagmháil lena cairde ar an bhfón nó idirlíon seachas ag cur suas lena deirfiúr. Béiceann sí ar a deirfiúr sa seomra go minic agus tosaíonn sí ag gol dá bharr. Cuireann sí ceist ar a máthair go minic faoi bhogadh go teach níos mó cé go bhfuil a fhios aici nach bhfuil sé sin d' acmhainn acu.</p>	
<p>Bíonn ar Dhaid Diran dul go dtí an Pholainn gach mí ar feadh cúpla lá ar chúiseanna teaghlaigh/gnó. Iarrann a mháthair ar Diran a lán rudaí a dhéanamh di nuair a bhíonn a Dhaid as baile. Is é an duine is sine sa chlann. Béiceann sé ar a Mháthair agus glaonn sé ainmneacha uirthi uaireanta nuair a chuireann sí na rudaí a bhíonn le déanamh i gcuimhne dó. Cuireann sí i gcuimhne dó go han-mhinic mar déanann sé dearmad go minic.</p>	
<p>Cónaíonn Mamó Anya le clann Anya. Is maith le Mamó féachaint ar a lán cláracha teilifíse gur fuath le hAnya. Uaireanta tagann Anya isteach sa seomra agus athraíonn an bealach teilifíse fad is a bhíonn Mamó ag féachaint ar chlár. Ní deir Mamó aon rud. Cuireann Anya ceist ar a Mam go minic cén fáth go mbíonn ar Mhamó cónaí leo agus cén fáth nach féidir léi cónaí áit éigin eile nó fanacht níos mó ina seomra. Bíonn Mam trína chéile léi agus bíonn fearg uirthi nuair a tharlaíonn sé seo. Is cuma le hAnya má chloiseann Mamó í nó nach gcloiseann.</p>	
<p>Tá cead ag beirt chara le Conchúr fanacht amuigh níos déanaí ná seisean. Tá cead acu freisin dul go discóanna agus an phictiúrlann níos minice ná é. Leanann sé air ag fiafraí dá thuismitheoirí an féidir leis dul amach lena chairde agus leanann siad orthu ag rá go bhfuil sé ró-óg le fanacht amuigh chomh déanach sin nó dul amach chomh minic sin. Uaireanta mothaíonn sé gur fuath leis a thuismitheoirí, mar feictear dó nach bhfuil siad ag iarraidh craic a bheith aige. Níl a fhios aige an raibh siad riamh óg.</p>	

COINCHEAP LÁRNACH

Forbrófar cumas páistí a bheith ina lucht féachana criticiúil ar na meáin má bhíonn cumas iontu teachtaireachtaí faoi theaghlaigh sna meáin a thuiscint.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Mise agus mo theaghlach

Cuspóirí Ábhair

Grinnstáidéar a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear teaghlaigh agus saol teaghlaigh sna meáin.

Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir stíleanna maireachtála teaghlach i gcultúir éagsúla, in Éirinn agus thar lear aron.

COMHTHÁTHÚ**Gaeilge**

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

OSCE - Tíreolas

■ **Snáithe:** Comhshaoil Dhaonna

Snáithaonad: Daoine ina gcónaí agus ag obair sa cheantar áitiúil

Fo-aonad: Daoine agus tailte eile

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór iarraidh ar na páistí pictiúir a bhailiú de theaghlaigh cháiliúla sna meáin sa tseachtain roimh an gceacht seo. D'fhéadfaí an obair atá leagtha amach a chríochnú laistigh de sheisiúin amháin nó dhó.

ACMHAINNÍ

- Cártaí beaga le hainmneacha bhail teaghlaigh ó theaghlaigh cháiliúla (réalaíoch nó bréagach) m.sh. teilifís (na Simpsons), teaghlaigh ó leabhair (Na Potters), teaghlaigh réalaíocha (an Teaghlach Ríoga)
- Pictiúir de theaghlaigh cháiliúla ó irisí (bailithe ag na páistí roimh an gceacht)
- Páipéar/cárta éadrom A3 do phóstaer, marcóirí, pinn luaidhe, Blu-Tac
- Pictiúir de theaghlaigh ó chultúir agus tíortha éagsúla (timpeall 12 pictiúir ar fad) 10x18 i méid ar a laghad. Is féidir iad sin a thógáil ó na catagóirí seo a leanas: tíortha éagsúla, eitneachtaí, stíleanna maireachtála éagsúla (m.sh fánaíochta), creidimh (m.sh. Muslamach).
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)
- Bileog Oibre: Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Theaghlaigh

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Cluiche
- Plé
- Obair Ghrúpa 1
- Obair Ghrúpa 2

A SEACHT: 3

NÓS IMEACHTA SONRACH

Cluiche: Teaghlaigh Cháiliúla

Bíodh líon áirithe cártaí agat le hainmneacha bhall teaghlaigh cáiliúil réalaíoch nó ficseanúil scríofa orthu. Iarr ar roinnt páistí cárta a roghnú agus tabhair leideanna dóibh faoi cé hiad. Tugann na páistí buille faoi thuairim cé hé an teaghlach cáiliúil.

Plé

Cuir ceist ar na páistí:

- *Conas a dhéanfa cur síos ar na teaghlaigh seo?*
- *Conas a réitíonn siad le chéile?*
- *Cad atá tábhachtach dóibh, dar leat?*
- *Cén sórt stíl mhaireachtála a bhíonn acu?*
- *An bhfuil siad cosúil le 'gnáththeaghlach' ar bhealach ar bith?*
- *An bhfuil siad difriúil le 'gnáththeaghlach'? Conas?*
- *Cén teachtaireachtaí a fhaighimid faoi na teaghlaigh seo?*
- *Cad a fhoghlaimimid faoi shaol teaghlaigh ó na teaghlaigh seo?*
- *An bhfuil an méid a fhoghlaimimid réalaíoch?*
- *Ar mhaith leat go mbeadh do theaghlach cosúil le haon cheann de na teaghlaigh seo?*
- *Cén fáth gur mhaith? Cén fáth nár mhaith?*

Obair Ghrúpa 1

Teaghlaigh sna Meáin

Beidh pictiúir bailithe ag na páistí de theaghlaigh cháiliúla sna meáin ó irisí agus nuachtáin. Roinn na páistí i ngrúpaí de réir an líon pictiúr atá ar fáil. Tabhair bileog páipéir nó cárta éadrom do gach grúpa agus iarr orthu pictiúr den

teaghlach a ghreamú air. Nuair atá an méid seo críochnaithe acu, pléidh gach grúpa agus comhaontóidh siad ar an méid seo a leanas:

- Cad atá tábhachtach don teaghlach seo?
- Conas a réitíonn baill an teaghlaigh le chéile?
- Cén teachtaireachtaí a fhaighimid faoin teaghlach seo ón teilifís nó ó irisí?

Nuair atá a leathanach comhlánaithe ag gach grúpa is féidir le ball den ghrúpa é a chur ar taispeáint agus na freagraí ar cheisteanna an phlé atá breactha síos acu ar a gcuid bileog a léamh amach. Is féidir na bileoga seo a chur le chéile mar leabhar gearrthóg de **Theaghlaigh Cháiliúla** agus a chur ar taispeáint sa seomra ranga.

Obair Ghrúpa 2

Teaghlaigh agus Cultúr

Beidh pictiúir bailithe agat de theaghlaigh ó thíortha, cultúir, stíleanna maireachtála, creidimh éagsúla. D'fhéadfaí iad seo a chur ar taispeáint faoin teideal:

Kaleideascóp na dTeaghlach.

Tabhair am do na páistí féachaint go cúramach ar na pictiúir go léir agus ansin eagraigh na páistí i sé ghrúpa. Beidh éascaitheoir agus tuairisceoir ag gach grúpa. Cuir ina luí gur chóir do na páistí sealaíocht a thógáil sna ról sin ionas go bhfaighidh gach duine deis.

Tabhair dhá phictiúr do gach grúpa agus cuir na ceisteanna seo a leanas ar an gclár bán nó ar an CBI. Cuir i gcuimhne do na tuairisceoirí nótaí a thógáil do thuairisc ar an bplé a bhíonn acu:

- Cad é a rogha bia nó clár teilifíse?
- Cá gcónaíonn siad?
- Cad a dhéanann na tuismitheoirí nó caomhnóirí i rith an lae?

NÓS IMEACHTA SONRACH

- Cén teanga a labhraíonn siad?
- Cad atá tábhachtach do gach teaghlach i do thuairim?
- An bhfuil an dá theaghlach cosúil nó difriúil ar bhealach ar bith? Conas?
- An bhfuil na teaghlaigh seo cosúil lenár dteaghlaigh ar bhealach ar bith? Conas?
- An bhfuil siad difriúil lenár dteaghlaigh ar bhealach ar bith? Conas?
- Cén teachtaireachtaí a fhaighimid faoi na teaghlaigh seo ó na meáin?
- An mbíonn na teachtaireachtaí seo cruinn i gcónaí?

Tóg aiseolas ó na grúpaí. Fiafraigh de na paistí cad atá foghlamtha acu faoi theaghlaigh éagsúla. Fiafraigh díobh: *An gceapann tú go mbíonn níos mó cosúlachtaí ná difríochtaí idir teaghlaigh ó chultúir agus tíortha difriúla?*

Is féidir leis na páistí taifead dá gcuid foghlama a dhéanamh sa cheacht seo ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**, ach is féidir taifead a dhéanamh den fhoghlaim iomlán san aonad seo ar an **mBileog Oibre: Cad a D'fhoghaim Mé faoi Theaghlaigh**.

Síneadh

B'fhéidir go spreagfaí páistí roinnt taighde a dhéanamh ar na teaghlaigh éagsúla ar díriodh orthu sa ghníomhaíocht Teaghlach agus Cultúr agus tuairisciú ar ais don rang. D'fhéadfadh gach grúpa leabhrán ar na teaghlaigh a phéigh siad a chur le chéile agus eolas óna gcuid taighde a chur ann freisin. D'fhéadfaí na leabhráin seo a chur ar taispeáint sa rang nó iad a thabhairt ar iasacht do ranganna eile a mbeadh suim acu eolas a fháil faoi theaghlaigh ó thíortha agus cultúir eile

Cad a D'fhoghlaim Me faoi Theaghlaigh



Ainm _____ Dáta _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.
D'fhoghlaim mé ...

Bhraith mé...

Ba léir dom ...

Ba mhaith liom ...

Níor mhaith liom ...

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 go ró-mhaith ar chor ar bith agus 10 go hiontach cén marc a bhronnfá ar do mheas ar chineálacha éagsúla teaghlach?

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná ...

AONAD 8
MO CHAIRDE AGUS
DAOINE EILE

MISNEACH



CLÁR

AONAD 8

MO CHAIRDE AGUS DAOINE EILE

SNÁITHE

MISE AGUS DAOINE EILE

Snáithaonaid Mo chairde agus daoine eile

RÉAMHRÁ DON AONAD

Tá an taitneamh agus tacaíocht a bhaintear as cairdis mar chuid de na pléisiúir is mó sa saol. Príomhscileanna saoil iad cairdis a dhéanamh agus a chothú gur cóir a fhorbairt i bpáistí. D'fhéadfaí é a bheith corraitheach cairde nua a dhéanamh, agus ní féidir a shéanadh go gcailltear cairde ó am go ham agus ba chóir go dtuigfeadh páistí é seo. Sna ceachtanna seo, spreagtar páistí buntáistí agus míbhuntáistí grúpaí a aithint (cibé cairdis nó eile), agus roinnt scileanna cairdis a chleachtadh. Tugtar aird ar na cáilíochtaí atá luachmhar i gcairdis, agus pléann páistí cineálacha éagsúla cairdis. Ó am go ham d'fhéadfadh páistí iompar bulaíochta a fheiceáil agus tá sá tábhachtach go mbeadh a fhios acu go bhfuil bulaíocht mícheart agus gur féidir leo ról a bheith acu chun í a chosc. Tabharfaidh beartas na scoile treoir don obair san aonad seo agus ba chóir a chur in iúl do na páistí cá háit gur féidir leo tacaíocht a fháil má thagann siad ar ghníomhaíocht bhulaíochta.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1
Cairde

Ceacht 2
Cairde Nua

Ceacht 3
Grúpaí agus Mé Féin

Ceacht 4
Bulaíocht

CEAHT 1

CAIRDE

A hOCHT: 1

COINCHEAP LÁRNACH

Tá cairdis tábhachtach. D'fhéadfadh iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe cairdeas cabhrú le páistí caidrimh dhearfacha a fhorbairt.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóirí Ábhair

Na gnéithe éagsúla cairdis agus na difríochtaí idir dlúthchairde agus daoine aitheantais a phlé agus a léirthuisctint

Tábhacht cúraim, tuisceana, cúirtéise agus deabhéasa le daoine eile a chleachtadh agus a aithint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

ACMHAINNÍ

- Cártaí: Cad is Cara ann?
- Leabhar nótaí OSPS agus pinn luaidhe
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Chiorcail
- Gníomhaíocht Grúpa (Diamant A Naoi) agus Plé
- Plé Ranga
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Obair Chiorcail

Eagraigh na páistí i gciorcal agus mínigh go mbeidh siad ag plé cairdis agus caidrimh le comhpháirtithe sna chéad cheachtanna eile seo.

Iarr ar na páistí seasamh suas agus áiteanna a athrú má ...

*Réitíonn tú go maith le do chairde .
Thaitníonn do chairde go léir le do thuismitheoirí.*

*Tá tú i do chara maith do roinnt daoine.
Tharraingíonn do chairde trioblóid ort uaireanta.*

Tharraingíonn tusa trioblóid ar do chairde uaireanta.

Spreagann do chairde tú le rudaí a dhéanamh nach dteastaíonn uait.

Dhéanann daoine eile aithris ar a ndéanann tú.


Tugtar cuireadh do na páistí na ceisteanna seo a leanas a phlé:

- *Cad iad na buntáistí a bhaineann le dlúthchairde a bheith agat? Déan taifead de na freagairtí.*
- *An bhfuil míbhuntáistí ann? Cad iad?*
- *An gceapann tú gur chóir do chara aontú le gach a deir tú? Cén fáth?*
- *An gceapann tú gur chóir do chara a bhfuil ag teastáil uait a dhéanamh? Cén fáth?*
- *An gcuirfeadh duine cara leis/léi i dtrioblóid riamh? Conas?*
- *Cén fáth go ndéanfadh cairde aithris ar a chéile?*
- *Cén fáth nach ndéanfaidís aithris ar a chéile?*

Gníomhaíocht Ghrúpa (Diamant A Naoi) agus Plé

Cuir na páistí i ngrúpaí 4-5. Dáil amach na

Cártaí: Cad is Cara ann? Iarr ar na páistí a bhfuil ar gach cárta a léamh agus a phlé. Ní mór dóibh ansin iarracht a dhéanamh comhaontú ar an gceann is tábhachtaí agus ansin comhaontú ar an gcéad dá cheann eile is tábhachtaí srl. Mínigh nach gciallaítear nach bhfuil sé tábhachtach má chuirtear é ag an mbun níl ann ach go gceapann siad go bhfuil níos lú tábhachta ag baint leis seachas cinn eile. Ansin, tá siad chun iad a eagrú cosúil le diamant leis an gceann is tábhachtaí de réir an ghrúpa ag an mbarr, á leanúint ag an gcéad dá cheann eile is tábhachtaí srl. Tarraing cruth diamaint ag taispeáint naoi gcárta chun léiriú a dhéanamh:



Cuir i gcuimhne dóibh éisteacht lena chéile agus dearchtaí a chéile a chur san áireamh.

Plé Ranga

Iarr ar na grúpaí a dtrí chárta is tábhachtaí a roinnt agus a mhíniú cén fáth gur chuir siad iad san ord sin. Pléigh cosúlachtaí agus difríochtaí idir na grúpaí. Ansin fiafraigh:

- *Cén gnéithe a cheap tú ar bhain níos lú tábhachta leo? Cén fáth?*
- *An raibh sé éasca nó deacair a bheartú sa ghrúpa cén áit ar chóir na cártaí a chur?*
- *Cén cártaí a spreag an plé is mó?*
- *An bhfuil aon rud a cheapann tú atá tábhachtach nár cuireadh san áireamh?*

NÓS IMEACHTA SONRACH

Conclúid

Iarr ar na páistí machnamh go ciúin orthu féin mar chara. Dáil amach na leabhair nótaí OSPS nó leathanaigh agus pinn luaidhe ar an ngrúpa agus iarr orthu ceann nó dhó de na cáilíochtaí atá acu a dhéanann cara maith iad a thaifeadadh. Úsáid an tosaitheoir abairte: Is iad na cáilíochtaí is fearr atá agam mar chara ná....

Mar mhalairt nó chomh maith leis sin is féidir leis na páistí taifead a dhéanamh dá gcuid foghlama sa spás cuí ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Coimeádtar an bhileog oibre seo le húsáid i gceachtanna ina dhiaidh seo san aonad seo.

Cad is Cara ann?

Cara is ea duine a bhfuil spraoi ag baint leis no léi

Cara is ea duine a thugann éisteacht duit agus gur féidir rudaí tábhachtacha a insint dó/ di

Cara is ea duine a chónaíonn cóngarach duit

Cara is ea duine a bhfuil suim aige/aici sna rudaí céanna leatsa

Cara is ea duine gur féidir leat brath air/uirthi

Cara is ea duine a aontaíonn leat i gcónaí

Cara is ea duine nach ndéanann iarracht iachall a chur ort d'intinn a athrú

Cara is ea duine a sheasann ar do shon

Cara is ea duine a dhéanann a bhfuil ag teastáil uait.

Machnamh ar Cheachtanna Mo Chairde agus Daoine Eile

M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna faoi mo chairde agus daoine eile.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Cairde	
Cairde nua	
Grúpaí agus Mé Féin	
Bulaíocht	

CEAHT 2

CAIRDE NUA

A hOCHT: 2

COINCHEAP LÁRNACH

Próiseas nádúrtha is ea athrú cairde. Tá sé tábhachtach é sin a thuiscint agus scileanna a fhorbairt chun déileáil leis.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

■ **Snáithaonad:** Mo chairde agus daoine eile

Cuspóirí Ábhair

Tábhacht cairdis agus idirghníomhú le daoine eile a iniúchadh agus a aithint gur cuid den phróiseas nádúrtha fáis é cairde a dhéanamh agus a athrú.

Machnamh a dhéanamh ar fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht aníos i gcairdis agus i gcaidrimh eile agus conas iad sin a láimhseáil.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

■ **Snáithaonaid:** Ag tarraingt

Ag féachaint agus ag freagairt

ACMHAINNÍ

- Bileog na Samplaí (fótachóipeáilte agus gearrtha i samplaí aonair)
- Ábhair Ealaíne do phóstaer (m.sh. marcóirí)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Gníomhaíocht Ghrúpa agus Plé
- Plé Ranga
- Póstaer Grúpa
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar cháilíochtaí carad a aithníodh sa cheacht roimhe seo.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar na cairde a bhí acu i Rang na Naíonán, Rang a 2, Rang a 4 agus cé hiad a gcairde anois agus é sin a bhreacadh síos.

- *An bhfuil cuid de na daoine céanna mar chairde i ngach rang?*
- *An bhfuil daoine éagsúla ina gcairde ag céimeanna éagsúla?*
- *Cén fáth go raibh athrú ann? (m.sh. athraíonn suim daoine, buaileann siad le daoine nua, bogann daoine go ceantair dhifriúla.)*
- *Cén fáth go gceapann tú, do chuid agaibh, go bhfuil cuid de na daoine céanna ann an t-am go léir?*
- *Cén chaoi a gcuirfeadh bogadh go scoil nua isteach ar chairdis? (Sa scoil nua beidh a lán daoine nua, nach mbeidh ach ina ndaoine aitheantais ar dtús. Fanfaidh cuid acu mar dhaoine aitheantais. Beidh tú i do chara le cuid eile acu agus b'fhéidir i do dhlúthchara le roinnt acu.)*

Gníomhaíocht Ghrúpa agus Plé

Iarr ar na páistí dul isteach i ngrúpaí 4-5 agus tabhair cnámh scéal do gach grúpa. Iarr orthu an cnámh scéal a phlé.

- *Conas a mhothfá sa chás sin?*
- *Cad a dhéanfa chun rudaí a dhéanamh níos fearr?*

Plé Ranga

Iarr ar na páistí an plé a bhí acu agus na cinntí faoina bhféadfaidís a dhéanamh a roinnt. Faigh tuairimí na ngrúpaí eile:

- *Cad a cheapann tú faoin gcás seo?*

- *An gceapann tú go gcabhródh a bhfuil á mholadh?*
- *An gcabhródh sé i ngach cás mar sin?*
- *Cad iad na rudaí a bheadh tábhachtach smaoineamh orthu agus cairde nua á ndéanamh i scoil nua?*
- *Conas a dhéanfa cinneadh faoi cé a bheadh ag teastáil uait mar chara?*

Déan taifead de na freagairtí ar an gceist dheireanach ar an gclár bán nó ar an CBI.

Póstaer Grúpa

Iarr ar na páistí filleadh ar a ngrúpaí agus póstaer a dhearadh a chabhródh le páistí 12/13 bhliain d'aois roghanna maithe cairde a dhéanamh i scoil nua. Sula dtosaíonn tú bíodh plé gairid agat faoi cad a bheidh ar an bpóstaer.

- *An liosta a bheidh ann?*
- *An mbeidh samplaí ann de cad a tharlaíonn nuair a dhéanann tú rogha maith cairdis.*

Spreag na páistí na cáilíochtaí agus luachanna atá tábhachtach dóibh a chur san áireamh chomh maith le teachtaireachtaí do na páistí 12/13 bhliain d'aois. Cuir i gcuimhne dóibh éisteacht lena chéile agus seans a thabhairt do gach duine a bheith rannpháirteach.

Conclúid

Cuir na póstaer ar taispeánt i mbealach inar féidir le gach duine iad a fheiceáil agus cuir deis ar fáil do na páistí staidéar a dhéanamh orthu. Fiafraigh de na páistí cad iad na teachtaireachtaí is mó sna póstaer. Is féidir an fhoghlaim sa cheacht seo a thairfeadh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Coimeádtar í seo le húsáid i gceachtanna a leanann san aonad seo.

Cásbhileog

Tá tú i scoil nua agus níl aithne agat ar aon duine sa bhliain ina bhfuil tú. Chuaigh na daoine eile ó do bhunscoil go scoileanna difriúla. Roghnaigh do thuismitheoirí an scoil seo duit agus bhí tú sásta mar tá tú an-mhaith ag ceol agus tá cór maith agus múinteoir ceoil ag na scoil seo. Tá sé deacair duit cairde a dhéanamh agus tá uaigneas ort. Níl aon duine agat le labhairt leo ag na sosanna. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh?

Faoin méantéarma, d'éirigh tusa agus cara leat cairdiúil le grúpa a bhí i mbunscoil dhifriúil. Buaileann tú leo ag na sosanna agus siúlann sibh timpeall le chéile. Le cúpla seachtain anuas, tá an chuid eile ag magadh faoi bhuachaill a bhfuil obair scoile deacair dó. Níl tú compordach, ach ní deir tú tada. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh?

Chuaigh buachaill a raibh tú cairdiúil leis ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí an scoil dara leibhéal chéanna. Sa chéad téarma bhuaill sibh le chéile ag gach sos agus fós ag an deireadh seachtaine. De réir a chéile níor theastaigh uaidh buaileadh leat chun peil a imirt ag an deireadh seachtaine. Nuair a chuir tú glaoch teileafóin air, dúirt sé rudaí cosúil le go raibh sé ag buaileadh lena cholcheathar nó go raibh a chlann ag dul chuig a Mhamó. Níor tharla sé sin riamh nuair a bhí sibh sa bhunscoil. Bhuaileadh sibh le chéile uaireanta ar scoil ach go minic d'imíodh sé le buachaillí eile. Ní thuigeann tú cad atá ag tarlú mar ba dhlúthchairde sibh sa bhunscoil i gcónaí. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh?

Caitheann do chara ón mbunscoil an chuid is mó den sos le duine de na buachaillí óna rang anois. Tá cuma ar an scéal go dtaitníonn siad lena chéile agus go réitíonn siad go maith lena chéile. Ba mhaith leat crochadh timpeall léi fós ach deir sí gurb é a buachaill é agus go mbeifeá ag cur isteach orthu. Buaileann sí leat taobh amuigh den scoil fós. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh?

Tá an triúr agaibh in bhur ndhlúthchairde ó bhí sibh i Rang a Cúig agus théadh sibh go tithe a chéile nó amach ar an Satharn go minic. Anois, sa scoil nua, d'iarr do chairde ar dhaoine eile teacht isteach libh, agus mar sin bíonn cúigear nó seisear agaibh le chéile. Is cosúil gur mhaith le do bheirt seanchara é sin ach b'fhearr leatsa é mar a bhíodh sé. Is maith leatsa a bheith i ngrúpaí níos lú, áit gur féidir níos mó a rá. Iarrann do bheirt chara ar na daoine eile teacht libh ar an Satharn chun dul go dtí an t-ionad siopadóireachta. Tá eagla ort go bhfágfar i leataobh tú mar go mbíonn níos mó le rá ag na daoine eile. Cad a d'fhéadfá a dhéanamh?

CEAHT 3

GRÚPAÍ AGUS MISE

A hOCHT:3

COINCHEAP LÁRNACH

Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le bheith mar chuid de ghrúpa. D'fhéadfadh iniúchadh air seo cabhrú linn cinntí feasacha a dhéanamh faoi bhallraíocht grúpa.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóirí Ábhair

Na grúpaí difriúla lena mbaineann cairde a shainiú agus a aithint cad is grúpa sláintiúil ann.

Iniúchadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh tuairimí, dearcthaí nó ionchais daoine eile tionchar a bheith acu ar an gcaoi a ndéanann daoine caidreamh lena chéile, bíodh sé sin dearfach nó diúltach.

Tábhacht cúraim, tuisceana, cúirtéise agus deabhéasa le daoine eile a chleachtadh agus a aithint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus munín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Roimh an gceacht seo iarr ar na páistí smaoineamh ar na grúpaí go léir ina gceantar lena mbaineann páistí agus daoine óga agus smaoineamh ar ghrúpa lena mbaineann siad féin agus grúpa gur mhaith leo nó nár mhaith leo a bheith páirteach ann.

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Chiorcail
- Machnamh Aonair agus Plé Ranga
- Gníomhaíocht Ghrúpa
- Machnamh agus Athbhreithniú
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Obair Chiorcail

Eagraigh na páistí i gciorcail. Iarr ar na páistí smaoineamh ar na grúpaí go léir lena mbaineann daoine ina gceantar. Úsáid na tosaitheoirí abairte seo a leanas: *Grúpa lena mbainim a bhfuil áthas orm faoi is ea ...mar ..*
Grúpa a bhfuil áthas orm nach mbainim leis is ea ...mar...

Leagfaidh sé seo béim ar na cosúlachtaí agus difríochtaí idir daoine agus na rudaí dearfacha agus diúltacha a bhaineann le grúpaí.

- *Cén sórt grúpaí gur maith leat a bheith iontu?*
- *Conas is maith leat go n-iompróidh baill grúpaí iad féin?*
- *An gcuireann aon rud atá ráite ag daoine ionadh ort? (leag béim ar an bpointe go mbíonn daoine difriúil agus gur féidir leo taitneamh a bhaint as taithí éagsúla.)*
- *Cén sórt grúpaí nach maith leat a bheith iontu? Cén fáth?*

Machnamh Aonair agus Plé Ranga

Iarr ar na páistí smaoineamh ar thrí ghrúpa lena mbaineann siad agus ar a bhfuiltear ag súil uathu sna grúpaí sin. D'fhéadfá sampla ó do shaol féin a thabhairt mar shampla:

Grúpa an teaghlaigh: am a thógáil chun éisteacht agus súgradh le mo pháistí, cuir in iúl do dhaoine cad atá á dhéanamh agam agus seiceáil cad atá á dhéanamh ag daoine eile.

Grúpa na hoibre: mo chuid oibre go léir a bheith ullamh, a bheith ag múineadh an lá ar fad, a bheith gléasta go maith, béasach agus cuirtéiseach.

Tabhair am do na páistí taifead a dhéanamh dá dtrí ghrúpa. Ansin

roinneann siad a bhfuil breactha acu le comhpháirtí.

D'fhéadfá na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun plé a spreagadh sa rang iomlán:

- *An ndéanann tú na rudaí céanna nó rudaí difriúla le grúpaí difriúla.*
- *An iompraíonn tú tú féin sa tslí chéanna sna grúpaí difriúla?*
- *An mbíonn súil ag daoine i ngrúpaí difriúla go n-iomprófá thú féin ar bhealach faoi leith?*
- *An bhfuil nósanna i ngrúpaí áirithe a bhfuiltear ag súil leis go leanfá?*
- *An mothaíonn tú gur chóir duit a dhéanamh a mbíonn súil ag daoine leis?*
- *Cad a tharlódh mura ndéanfá é?*

Gníomhaíocht Ghrúpa

Roinn an rang i ngrúpaí de chúigear. Tá siad le samhlú gur baill de ghrúpa dramaíochta do pháistí iad a bhfuil an Comórtas Chraobh na hÉireann buaite acu. D'inis an ceannaire dóibh tráthnóna a phleanáil chun ceiliúradh a dhéanamh. Ní mór dóibh cinneadh a dhéanamh faoi cá rachaidh siad agus cad a dhéanfaidh siad ar bhuiséad teoranta (abair €10 an páiste). Ní mór dóibh idirbheartaíocht a dhéanamh mar ghrúpa agus teacht ar chinneadh. Ceadáigh timpeall 7 nóiméad.

Breathnaigh ar na grúpaí le linn na gníomhaíochta:

- An dtógann cuid de na páistí ról cheannaireachta?
- An éistean na páistí lena chéile?
- An bhfuil cuma ar an scéal nach bhfuil roinnt páistí sásta páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht?
- An mbíonn roinnt páistí i gceannas agus súil acu go n-aontóidh na páistí eile leo?

NÓS IMEACHTA SONRACH

Machnamh agus Athbhreithniú

Iarr aiseolas ar a gcinntí ar na grúpaí. Cuir tús le plé ranga uile ar an bhfoghlaim a baineadh amach:

- *Ar bhain tú taitneamh as an ngníomhaíocht?*
- *Cén fáth gur bhain? Cén fáth nár bhain?*
- *An raibh duine amháin/níos mó i gceannas i do ghrúpa?*
- *Ar tharla sé seo ón tús?*
- *An cuimhin leat conas a tharla sé go raibh an duine/na daoine seo i gceannas?*
- *An féidir leat insint dúinn faoi?*
- *An raibh tú páirteach sa chinnteoireacht?*
- *Cén tslí a raibh tú páirteach sa chinnteoireacht?*
- *An féidir leat níos mó a insint dúinn faoi sin?*
- *Conas a tháinig do ghrúpa ar chomhaontú?*
- *An raibh tionchar ag an ngrúpa ar do chinntí mar dhaoine aonair agus má bhí, cén bealach/bealaí?*
- *An é seo an sórt ruda a tharlaíonn i ngrúpaí?*
- *An féidir leat smaoineamh ar aon bhuntáistí nó míbhuntáistí le bheith i do bhall de ghrúpa?*
- *An féidir linn cuid díobh a liostáil ar an gclár bán?*

Conclúid

Pléigh leis na páistí a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo. Iarr orthu machnamh ar a bhfuil foghlamtha acu faoi conas iad féin a iompar i ngrúpaí agus taifead a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Coimeádtar é seo le húsáid i gceachtanna a leanann san aonad seo.

Síneadh

Iarr ar na páistí ocht rud a liostáil faoin dá cheannteideal seo a leanas:

Cad a cheapann daoine ar chomhaois liom atá tábhachtach

Cad is maith le daoine ar chomhaois liom a dhéanamh

Ansín iarr orthu ciorcail a chur timpeall na rudaí a bhaineann leo féin. Iarr orthu machnamh ar na rudaí eile. *Conas a d'fhéadfadh duine tú a mhealladh dul le haon cheann acu sin?*

Roinn an rang i bpéirí. Iarr ar gach páiste rud a aithint óna liosta *Cad is maith le daoine ar chomhaois liom a dhéanamh* nach mbaineann leo. Déanann a gcomhpháirtí iarracht iad a mhealladh é sin a dhéanamh. Fiafraigh de na péirí: *Cén straitéisí a úsáideadh chun iarracht a dhéanamh iad a mhealladh?*

Tar éis na straitéisí a phlé fiafraigh de na páistí an rachaidís i gcoinne tionchair a gcarad nó an rachaidís lena raibh ag teastáil óna gcara. Pléigh an toradh a bheadh aige seo orthu agus ar a gcuidreamh. Cuir críoch leis trí bhealaí a phlé chun tionchar ó phiarghrúpa a láimhseáil go héifeachtach.

CEAHT 4

BULAÍOCHT

A hOCHT: 4

COINCHEAP LÁRNACH

D'fhéadfadh torthaí millteacha a bheith ag bulaíocht ar pháistí. Tá sé tábhachtach go dtuigeann páistí na torthaí seo agus go bhforbraíonn siad scileanna chun déileáil lei.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóirí Ábhair

Bulaíocht agus na torthaí atá aici a aithint, a phlé agus a thuiscint.

Conas is féidir le daoine aonair déileáil le bulaíocht á déanamh orthu a iniúchadh agus a phlé, agus fios acu go ndéantar bulaíocht ar dhaoine eile agus a bheith i do bhulaí.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Nascann an ceacht seo le hAonad a hOcht: Caidreamh le Daoine Eile (Ceacht 5 Glaoch ainmneacha).

Bheadh sé úsáideach athbhreithniú a dhéanamh ar na ceachtanna ar bhulaíocht ó Rang a Trí mar d'fhéadfaí ábhair ó na ceachtanna sin a chur in oiriúint le húsáid le ranganna sinsearacha más gá.

ACMHAINNÍ

- Bileog Ráiteas (fótachóipeáilte agus gearrtha amach i ráitis aonair)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)
- Bileog Oibre: Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Chairdeas agus Ag Réiteach le Daoine

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Díospóireacht Siúil
- Plé Grúpa agus Ranga
- Machnamh Pearsanta
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

D'fhéadfadh na páistí suí i gciorcal. Mínigh go bhfuil siad chun bulaíocht a phlé sa cheacht seo. Iarr orthu cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha acu faoi bhulaíocht.

- *Cad is bulaíocht ann?*
- *Cad nach bulaíocht ann?*
- *An bhfuil cineálacha éagsúla bulaíochta ann?*
- *Cén torthaí a bhíonn ag bulaíocht ar dhaoine?*
- *Conas a mhothódh daoine dá mbeadh bulaíocht á déanamh orthu?*
- *Conas a chuirfeadh sé isteach ar a gcuid obair scoile?*
- *Conas a rachadh sí i bhfeidhm orthu a bheith páirteach i gcluichí nó gníomhaíochtaí?*

Díospóireacht Siúil

Sa ghníomhaíocht seo cuirtear na focail **Aontaím** agus **Ní Aontaím** ar thaobhanna ar aghaidh a chéile sa chiorcal.

Roinn na páistí i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar agus tabhair **ráiteas** do gach grúpa. Ní mór don ghrúpa cinneadh a dhéanamh faoi cén áit an ráiteas a chur idir an pointe aontaithe nó easaontaithe. Murar féidir leo cinneadh a dhéanamh cuirfidh siad é sa lár. Tabhair am do na grúpaí cinneadh a dhéanamh faoi cá gcuirfidís an ráiteas.

Glaigh amach na ráitis ar a seal. Cuireann duine amháin sa ghrúpa an ráiteas ar an líne agus míníonn an scéal. Ní féidir le páiste ó ghrúpa eile é a bhogadh ach amháin má tá siad toilteanach an fáth nach n-aontaíonn siad a mhíniú. Tar éis seans a bheith ag páistí ó na grúpaí eile é a bhogadh agus an fáth

a mhíniú lean ar aghaidh leis an gcéad ráiteas eile.

Plé Grúpa agus Ranga

Scoil Saor ó Bhulaíocht

Cuir ceist ar na páistí:

- *an bhfuil sé de cheart againn mothú sábháilte?*
- *An gcuirfeadh bulaíocht isteach ar mhothúchán na sábháilteachta?*
- *Cén teachtaireachtaí a thabharfá d'íospartaigh na bulaíochta?*

Mínigh go bhfuil foireann na scoile tiomanta chun áit shábháilte foghlama a chruthú do gach duine. Ba mhaith leo limistéar saor ó bhulaíocht a chruthú don scoil. Ní féidir leis an bhfoireann é sin a dhéanamh, áfach, gan tuairimí agus tacaíocht na bpáistí.

Roinn na páistí i ngrúpaí de chúigear agus iarr orthu scoil saor ó bhulaíocht a shamhlú.

- *Conas a bhraithfeadh sé?*
- *Conas a labhródh daoine lena chéile?*
- *Conas a chaithfeadh daoine lena chéile?*

Cuir na ceisteanna seo a leanas ar taispeáint ar an gclár bán nó ar an CBI do gach grúpa le plé a dhéanamh orthu:

- Cén mothúcháin a theastáinn uainn a bheith ag páistí sa rang seo? Déan cinneadh ar na trí cinn is tábhachtaí
- Cad is féidir linn a dhéanamh chun mothúcháin sábháilteachta agus muintearais a chruthú sa seomra ranga agus sa scoil? Socraigh ar thrí ghníomh ar a laghad.

Tuairiscíonn gach grúpa ar na mothúcháin ar mhian leo a bheith sa rang agus na gníomhartha a moladh. Tabhair cosúlachtaí agus difríochtaí faoi

NÓS IMEACHTA SONRACH

deara agus pléigh iad. (mura bhuih insint/ tuairisciú bulaíochta san áireamh tabhair aird air sin.)

- *An féidir tabhairt faoi na gníomhartha seo go léir?*
- *Cé acu na cinn a b' éifeachtaí?*
- *Cén gníomhartha gur féidir a dhéanamh láithreach?*
- Cad a thógfadh níos faide le pleanáil?*

Cuir plean le chéile leis an rang agus pléigh conas a bheadh a fhios agat gur éirigh leis.

Machnamh Pearsanta

Iarr ar na páistí smaoineamh ar an méid a bhí á phlé sa rang agus roinnt rudaí a aithint gur féidir leo a dhéanamh chun cabhrú leo an scoil agus an rang a choimeád saor ó bhulaíocht. Iarr orthu taifead de na rudaí sin a dhéanamh ina gcóipleabhair OSPS ag tosú le: *Déanfaidh mé ...*

Conclúid

D'fhéadfaí **An Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú don cheacht seo agus ansin í a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh leis na páistí ar an méid a pléadh san aonad seo. Iarr orthu taifead a dhéanamh dá bhfuil foghlamtha acu ar an **mBileog Oibre: Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Chairdeas agus Ag Réiteach le Daoine**. Is féidir leat iad seo a bhailiú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid den mheasúnú leanúnach agus d'fhéadfaidís réimse ina bhfuil níos mó oibre ag teastáil a léiriú.

Bileog Ráiteas

Ba chóir í seo a fhótachóipeáil agus a ghearradh roimh ré.

Ní haon dochar spochadh as daoine. Níl ann ach spraoi.

Má tá tú ag iarraidh gean a bheith ort, ní mór duit na héadaí is déanaí a chaitheamh.

Uaireanta bíonn daoine a bhfuil gean orthu suarach.

Nuair a choimeádtar faoi rún í, leanann an bhulaíocht ar aghaidh agus ar aghaidh.

Má bhíonn bulaíocht á déanamh agat ar dhuine éigin, tá sé deacair stop a chur léi.

Fiú mura dtaitníonn duine éigin liom, is féidir liom meas a léiriú orthu.

Má tá bulaíocht á déanamh ort, is ort féin atá an locht.

Dá mbeadh bulaíocht á déanamh ag mo chara ar dhuine éigin, d'fhanfainn i mo thost fúithi.

Bíonn bulaíocht ceart go leor uaireanta.

Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Chairdeas agus Ag Réiteach le Daoine

Ainm _____ Dáta _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé

Bhraith mé ...

Ba léir dom ...

Ba mhaith liom ...

Níor mhaith liom ...

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 go ró- mhaith agus 10 go hiontach cén marc a bhronnfá ort féin mar chara? _

Rud éigin a bhfuil mé fós éiginnte faoi nó ceist atá agam fós ná...

AONAD 9
CAIDRIMH LE DAOINE EILE

MISNEACH



CLÁR

AONAD 9

CAIDRIMH LE DAOINE EILE

SNÁITHE

MISE AGUS DAOINE EILE

Snáithaonad **Caidrimh a dhéanamh le daoine eile**

RÉAMHRÁ DON AONAD

Tógann an t-aonad seo ar an gClár Misneach do Rang a 5 agus ligeann do na páistí scileanna ar leith cumarsáide le daoine eile a fhoghlaim. Déanann na páistí iniúchadh ar bhealaí idirghníomhaíochta lena n-áirítear cineálacha iompair mar shampla fulangach, ionsaitheach agus treallúsach. Aithnítear tábhacht na héisteachta i dtógáil caidrimh. Pléitear le cumarsáid a bhíonn ina cúis fadhbanna (mar ghlaoch ainmneacha) agus tríd an drámaíocht fiosraítear na mothúcháin a bhaineann léi. Nuair a bhíonn a fhios acu cé nó cad a bhíonn ag imirt tionchair orthu cabhraítear le páistí cumarsáid mhealltach a dhiúltú agus a bheith treallúsach ina gcuid tuairimí.

Cuid dhosheachanta den saol is ea coimhlint agus sna ceachtanna seo forbraíonn agus déanann na páistí cleachtadh ar scileanna na cumarsáide treallúsaí. Príomhuirlís mheasúnaithe san aonad is ea aithint na bpáistí ar a gcuid foghlama féin, a ndéanann an múinteoir monatóireacht agus taifead uirthi. Beidh cleachtadh ag teastáil ó na páistí chun na príomhscileanna a ndéantar iniúchadh orthu anseo a fhorbairt go hiomlán. Déanfaidh tú é seo a éascú trí dheiseanna i gcomhthéacs an ranga agus na scoile a aithint inar féidir na páistí a speagadh cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna.

Bí feasach go mbeidh sé níos deacra do roinnt páistí ar Neamhord de chuid Speictream an Uathachais nó le riachtanais speisialta oideachais eile

éisteacht agus cumarsáid a dhéanamh. D'fhéadfadh sé a bheith an-deacair go deo dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lena mbaineann gnéithe cumarsáide mar fhéachaint sa tsúil. Beidh tuiscint ag teastáil do pháistí ó chultúir eile má bhíonn siad míchompordach faoi chuid de na gníomhaíochtaí a mholtar.

CEAHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Cumarsáid

Ceacht 2

Éisteacht

Ceacht 3

Cumarsáid Threallúsach

Ceacht 4

Tionchar agus Áiteamh

Ceacht 5

Glaoch Ainmneacha

Ceacht 6

Coimhlint

Ceacht 7

Freagairtí ar Choimhlint

CEACHT 1

CUMARSÁID

A NAOI:1

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhraítear linn cumarsáid níos fearr a dhéanamh trí fheasacht ar scileanna briathartha agus neamhbhriathartha a fhorbairt.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus daoine eile
- **Snáithaonad:** **Caidrimh a dhéanamh le daoine eile**
Cumarsáid a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

An t-iliomad bealaí ina ndéanann daoine cumarsáid go briathartha agus go neamhbhriathartha lena chéile a iniúchadh agus a chleachtadh.

- **Snáithe:** Mise agus an domhan mór
- **Snáithaonad:** **Saoránacht a Fhorbairt**
Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

Cuspóir Ábhair

Cleachtadh a dhéanamh ar bhealaí le hoibriú le chéile agus mothú an mhuintearais a fhorbairt.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: **Labhairt**
Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

Snáithe: Líníocht

Snáithaonad: **Ag tarraingt**

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir an ceacht a roinnt i ndhá sheisiún.

Ba chóir an seomra a eagrú ionas gur féidir leis na páistí suí i giorcal agus go mbeidís in ann bogadh isteach i ngrúpaí.

ACMHAINNÍ

- An-chuid Lego/blocanna nó criáin agus páipéar.
- Leathanach/Cóipleabhar agus peann luaidhe
- Bileog Oibre: Scileanna Cumarsáide (a úsáidtear i ngach ceacht san aonad seo)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Gníomhaíochtaí Cumarsáide Neamhbhriathartha
- Gníomhaíocht Chumarsáide Bhriathartha
- Plé
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Iarr ar na páistí na bealaí go léir ina ndéanaimid cumarsáid le daoine eile a ainmniú (m.sh. ag caint, geáitsí agus siombailí, fuaimeanna, gothaí, gothaí gnúise agus cumarsáid neamhbhriathartha eile, cumarsáid scríofa). Déan iad a liostáil. Mínigh go bhfuil siad chun roinnt gníomhaíochtaí cumarsáide neamhbhriathartha a dhéanamh mar thús.

- *An bhfuil a fhios ag aon duine cad a chiallaíonn neamhbhriathartha?*
- *Conas a dhéanaimid cumarsáid go neamhbhriathartha?*
- *An féidir leat roinnt samplaí a thabhairt?*

Gníomhaíochtaí Cumarsáide Neamhbhriathartha

Ceannaire Ceolfhoirne

Mínigh do na páistí go bhfuil duine amháin acu uait go deonach dul go seomra eile (nó taobh amuigh den doras) ar feadh cúpla nóiméad. Nuair nach mbíonn siad sa rang roghnófar ‘ceannaire ar an gceolfhoireann’.

Ansin déanfaidh siad mím ar uirlís cheoil á seinm. Déanfaidh na páistí eile aithris ar a ndéanann an ceannaire láithreach. Is féidir leo cleachtadh a dhéanamh ar athrú ó uirlís amháin go ceann eile fad is nach mbíonn an duine deonach sa seomra. Is é cuspóir na gníomhaíochta ná nach n-aithníonn an duine deonach an ceannaire agus mar sin tá sé tábhachtach nach stánann na páistí ar an gceannaire, ach go leanann siad samplaí ó bhaill eile an ranga. Nuair a fhilleann an duine deonach ar an seomra, beidh orthu a dhéanamh amach cé hé/hí an ceannaire - beidh trí thomhas acu. Más rud é go mbíonn sé deacair an ceannaire a aithint. D’fhéadfá a insint don duine deonach má bhíonn siad ‘te’ nó ‘fuar’.

Pléigh an t-eispéireas:

- *Conas a rinne an ceannaire cumarsáid?*
- *Cad is féidir linn a fhoghlaim ón ngníomhaíocht seo faoi chumarsáid neamhbhriathartha?*
- *Cé chomh héasca nó deacair is atá sé cumarsáid neamhbhriathartha a dhéanamh?*
- *Cé chomh tábhachtach is atá comharthaíocht choirp i gcumarsáid?*

Gníomhaíocht Tógála nó Líníochta

Roinn an rang i ngrúpaí 5-6 agus tabhair amach Lego/bloic do gach grúpa chun tógáil a dhéanamh nó paipéar, pinn luaidhe agus criáin le haghaidh líníochta. Mínigh dóibh go bhfuil siad chun club óige a thógáil nó a tharraingt. Beidh 7 nóiméad acu chun é sin a dhéanamh. Cuir na rialacha in iúl dóibh:

Níl cead agat labhairt le linn na gníomhaíochta - ní mór duit cumarsáid a dhéanamh go neamhbhriathartha. Tá freagracht ar gach duine agaibh a chinntiú go mbíonn gach duine páirteach.

Tabhair seacht nóiméad don ghníomhaíocht agus ansin tabhair comhartha do na grúpaí stopadh. Pléigh an t-eispéireas.

- *Cad a cheap tú agus a mhothaigh tú nuair a iarradh ort an ghníomhaíocht a dhéanamh gan labhairt?*
- *Conas a bhí sé oibriú mar ghrúpa agus gan labhairt?*
- *An raibh sé éasca nó deacair duit? Cén fáth?*
- *Conas a rinne tú cumarsáid?*
- *An raibh amanna nuair a bhí míthuiscintí ann?*
- *Conas a tharla na míthuiscintí sin?*
- *Conas a réitigh tú na míthuiscintí sin?*

NÓS IMEACHTA SONRACH

Gníomhaíocht Chumarsáide Bhriathartha

Líníocht

Roinn na páistí i bpéirí. Iarr ar gach páiste líníocht a chruthú gan ach línte agus cruthanna geoiméadracha a úsáid - spreag iad gan é a bheith ró-chasta. Iarr orthu gan ligean dá gcomhpháirtí a líníocht a fheiceáil. Tógann gach duine acu sealáíocht an duine eile a mhúineadh conas a líníocht a tharraingt. An chéad duine a mhúineann, déanann sé nó sí é gan ceisteanna a fhreagairt nó gan aon soiléiriú a thabhairt.

Nuair atá an dara duine ag múineadh a gcomhpháirtí ceadaítear ceisteanna agus soiléiriú, agus mar sin is cumarsáid dhéthreorach í. Pléigh an t-eispéireas:

- *An raibh sé éasca nó deacair líníocht a dhéanamh cosúil le líníocht do chomhpháirtí nuair nach raibh cead agat aon cheisteanna a chur? Cén fáth?*

- *An raibh aon mhíthuiscintí ann?*

- *Cad ba chúis leo?*

- *An raibh sé níos éasca nuair a ceadaíodh ceisteanna agus soiléiriú? Cén fáth?*

- *Cad atá foghlamtha agat faoi chumarsáid ón gníomhaíocht seo?*

- *Cad a bheadh mar chúis le míthuiscint i gcumarsáid idir daoine (nach raibh an méid a dúirt an duine soiléir, nach raibh se cloiste i gceart, ton srl.)?*

Plé

Inis do na páistí go mbeidh siad, i gceann cúpla nóiméad, ag labhairt i ngrúpaí faoi am nár tuigeadh iad. Chun ullmhú dó sin, iarr ar na páistí smaoineamh ar am nuair nár tuigeadh iad nó nuair nár thuig siad duine éigin, agus cuimhneamh ar conas a mhothaigh siad ag an am. (Sampla: chuaigh tú go dtí an t-ionad siopadóireachta chun buaileadh le cara ach níor tháinig siad. Cheap siad gurbh

é an lá ina dhiaidh sin a raibh sibh chun buaileadh le chéile). Tabhair am do na páistí smaoineamh air sin. Iarr orthu labhairt i ngrúpaí (d'fhéadfadh na grúpaí seo a bheith cosúil nó difriúil leis na grúpaí roimhe sin) faoin am nár tuigeadh iad nó nuair nár thuig siad duine eile. Tosaigh trí iarraidh orthu labhairt faoi:

- conas a mhothaigh siad nuair nár tuigeadh iad - tabhair cúpla nóiméad don ghrúpa agus ansin tóg aiseolas.
- arbh fhéidir an mhíthuiscint a sheachaint. Conas? Tabhair cúig nóiméad do phlé grúpa agus ansin tóg aiseolas.
- cad atá foghlamtha agat faoi chumarsáid mhaith/éifeachtach ó na gníomhaíochtaí?

Cuir an nath ón gclár Misneach Rang a 5 (Aonad 8, Ceacht 1) i gcuimhne do na páistí:

NUAIR A BHÍONN AMHRAS ORT DÉAN É A SHEICEÁIL

(treoir ghinearálta mhaith thábhachtach i ngach cinéal cumarsáide). Pléigh conas a d'fhéadfaí é a 'sheiceáil' mura raibh siad cinnte faoi cad a bhí i gceist ag duine. Tabhair roinnt samplaí agus fiosraigh cén chaoi ab fhearr nó ab éasca chun é a 'sheiceáil' dar leis an gcuid is mó de na páistí.

Conclúid

Iarr ar na páistí scil chumarsáide bhriathartha thábhachtach amháin agus scil chumarsáide neamhbhriathartha thábhachtach amháin a aithint agus taifead a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Scileanna Cumarsáide**. Ba chóir í seo a choimeád mar chuid den mheasúnú leanúnach agus úsáidfear í i gceachtanna ina dhiaidh seo.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Gníomhaíochtaí Cumarsáide

Míreanna Mearaí

Roinn na páistí i dtrí ghrúpa. Mínigh do na páistí go ndáilfear amach codanna de mhíreanna mearaí do gach grúpa agus gurb é an tasc don rang ná na míreanna mearaí a chur le chéile. Labhraíonn gach grúpa a theanga féin atá difriúl leis na grúpaí eile, áfach. Níl ach focal amháin i dteanga gach grúpa. Tabhair focal amaideach do gach grúpa m.sh. swalaber, grunff and snurkel.

Roinn píosaí de na míreanna mearaí ar na trí ghrúpa (ba chóir go mbeadh timpeall 100 píosa sna míreanna mearaí) . Inis do na grúpaí go bhfuil dhá nóiméad acu chun pleanáil a dhéanamh conas ba mhaith leo cumarsáid a dhéanamh leis na grúpaí eile chun na míreanna mearaí a chur le chéile. Le linn na tréimhse pleanála seo, tá cead ag baill na ngrúpaí cumarsáid a dhéanamh lena chéile go réidh. Nuair a thagann na grúpaí le chéile chun na míreanna mearaí a chur le chéile níl ceadaithe ach na focail amaideacha a tugadh do gach grúpa.

Mínigh do na páistí nach mór dóibh brath ar chomharthaíochtaí, gluaiseachtaí súl chomh maith le ton, éagsúlacht, ráta agus fuaim a nguthanna a athrú chun a n-aidhmeanna a bhaint amach.

Nuair a thagann na grúpaí le chéile tabhair cúig nóiméad dóibh chun iarracht a dhéanamh na míreanna mearaí a chur le chéile.

Cuir i gcuimhne dóibh gan ach an focal a tugadh dóibh a úsáid agus iarracht a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh trína ngothaí gnúise, a ngothaí agus a dtréithe gutha a athrú.

Tar éis cúig nóiméad tabhair cuireadh do na páistí a gcuid smaointe agus

mothúchán a roinnt faoin ar tharla le linn na gníomhaíochta.

Is féidir na leideanna seo a leanas a úsáid chun machnamh agus plé a spreagadh ar an ngníomhaíocht:

- *Cé chomh maith agus a d'éirigh libh cumarsáid a dhéanamh lena chéile?*
- *I bpéirí, aithin conas a rinne gach duine agaibh a gcion tairbhe chun cabhrú le cumarsáid (iarr ar na páistí roinnt samplaí a thabhairt)*
- *Cad atá foghlamtha agat faoin ngníomhaíocht seo?*

Torann

Iarr trí nó ceithre péire duine deonach. Cuir os comhair a chéile iad agus iad scartha amach go maith óna chéile m.sh. ar dhá thaobh an tseomra. Tabhair abairt do dhúine amháin as gach péire le hinsint don duine eile. Iarr ar an gcuid eile den rang seasamh idir na péirí agus torann a dhéanamh.

Úsáid na ceisteanna seo a leanas le haghaidh machnamh agus plé tar éis na gníomhaíochta/ ngníomhaíochtaí:

- *Cad is féidir linn a fhoghlaim ón ngníomhaíocht seo (na gníomhaíochtaí seo) faoi chumarsáid (briathartha/ neamhbhriathartha)?*
- *Cé chomh héasca nó deacair is atá sé cumarsáid neamhbhriathartha a dhéanamh?*
- *Cá bhfaighimid ár leideanna chun cumarsáid neamhbhriathartha duine eile a thuiscint?*
- *Cé chomh tábhachtach is atá comharthaíocht choirp sa chumarsáid?*

Scileanna Cumarsáide

M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna seo ar chumarsáid agus coimhlint.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Cumarsáid	
Éisteacht	
Cumarsáid Threallúsach	
Tionchar agus Áiteamh	
Glaoch Ainmneacha	
Coimhlint	
Freagairtí ar Choimhlint	

CEAHT 2

ÉISTEAHT

A NA01:2

COINCHEAP LÁRNACH:

Tá ról tábhachtach ag labhairt agus éisteacht i bhforbairt shóisialta, mhothúchánach agus choigníoch páistí.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Caidrimh a dhéanamh le daoine eile
Cumarsáid a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Éisteacht go gníomhach le daoine eile agus meas a bheith agat ar a bhfuil le rá ag gach duine.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ba chóir go dtógfadh an ceacht seo roinnt laethanta má bhíonn agallamh le duine roghnaithe (roghnach).

Beidh pleanáil roimh ré ag teastáil chun duine cuí, agus é/í a bheith ar fáil, a roghnú do na páistí le cur faoi agallamh.

ACMHAINNÍ

- Bileog: Bosca Ceistiúcháin agus díisle do gach grúpa
- Bileog Oibre: Scileanna Cumarsáide (a úsáidtear i ngach ceacht)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Bhosca Ceistiúcháin
- Agallamh A
- Agallamh 2 (Roghnach)
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Gníomhaíocht: Bosca Ceistiúcháin

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag déanamh gníomhaíochta i ngrúpaí agus fad is atá siad á déanamh go mbeidh siad chun cleachtadh a dhéanamh ar a scileanna éisteachta freisin. *Conas a thaispeáin tú go raibh tú ag éisteacht sna gníomhaíochtaí briathartha agus neamhbhriathartha sa cheacht deireanach?* Iarr orthu cuimhneamh ar cad a bhíonn le déanamh againn nuair a bhimid ag éisteacht go maith. Déan freagairtí na bpáistí a liostáil ar smeach-chairt nó clár bán nó CBI.

Roinn an rang i ngrúpaí 5-6. Tabhair cóip do gach grúpa den **Bhileog: Bosca Ceistiúcháin** agus díslé. Mínigh dóibh go bhfuil gach páiste sa ghrúpa, ar a s(h) eal, chun an díslé a chaitheamh dhá uair, an chéad uair chun an bosca a roghnú (a haon go sé) agus an dara huair chun an cheist a fhreagrófar a dheimhniú. Tar éis dóibh an cheist a fhreagairt, cuirtear an díslé ar aghaidh go dtí an chéad pháiste eile. Spreag na páistí freagraí le níos mó ná focal amháin a thabhairt m.sh. ag rá cén fáth gur mhaith leo an rud sin. Má thugann páiste freagra aonfhocail spreag na páistí eile ceisteanna a chur mar shampla: Cé? Cén fáth? Cá háit? Cathain agus Conas? Cuir i gcuimhne dóibh nach bhfuil cead ach ag an bpáiste a fhaigheann an cheist í a fhreagairt.

Tar éis na gníomhaíochta, úsáid na ceisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- *Conas a léirigh daoine go raibh siad ag éisteacht?*
- *Conas a bhí sé éisteacht go géar?*
- *Conas a bhí sé labhairt agus daoine ag-éisteacht leat ar an dóigh sin?*

Agallamh 1

Mínigh dóibh go bhfuil siad chun cleachtadh a dhéanamh ar agallamh a dhéanamh eatarthu féin agus na scileanna éisteachta go léir atá foghlamtha acu go dtí seo sa Chlár Misneach a úsáid. Tar éis agallamh a chur ar dhuine amháin eile sa rang cuirfidh siad an duine ar chuir siad agallamh air in aithne do phéire eile ag úsáid an eolais ón agallamh.

Ar dtús iarr orthu smaoineamh ar feadh cúpla nóiméad faoin ar mhaith leo a bheith ar eolas acu faoina gcomhpháirtithe ranga agus freisin cad ba mhaith leo a bheith ar eolas ag a gcomhpháirtithe ranga fúthusan. Leis an rang, ceap agus comhaontaigh ceisteanna le húsáid chun a chéile a chur faoi agallamh. Is féidir iad seo a chur ar taispeáint ar an gclár bán nó ar an CBI.

Tabhair faoi deara

Bheadh sé go hiontach dá léireofaí agallamh gearr le duine deonach os comhair an ranga ar dtús chun a thaispeáint dóibh conas a d'fhéadfaí é a dhéanamh sula n-iarrfaí ar na páistí ceann a dhéanamh.

Cuir na páistí i bpéirí agus iarr orthu agallamh a chur ar a chéile ar feadh timpeall cúig nóiméad an duine. Cuir i gcuimhne dóibh éisteacht go géar lena chéile. Cuir i gcuimhne freisin don agallóir an t-agallaí a spreagadh. Nuair atá an t-agallamh críochnaithe ag páiste amháin tugann siad achoimre ghearr ar a bhfuil cloiste acu don duine eile chun a thaispeáint go bhfuil a dúradh cloiste acu agus a chinntiú go bhfuil cuimhne chruinn déanta acu.

Tabhair cuireadh do na páistí iad féin a chur in aithne do phéire eile. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh san áit a bhfuil siad ina suí nó i gcorcal. Cuireann gach páiste

NÓS IMEACHTA SONRACH

sa phéire a c(h)omhpháirtí in aithne agus déantar achoimre ar a bhfuil foghlamtha acu fúthu. Leantar leis sin go dtí go mbíonn a seal ag gach páiste.

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun machnamh/plé a spreagadh ar an ngníomhaíocht:

- *Conas a bhí an taithí agallóireachta sin?*
- *Cé chomh úsáideach is a bhí na ceisteanna?*
- *Conas a bhí sé dul faoi agallamh?*
- *Conas a bhí sé a bheith á chur in aithne?*
- *(Ceist roghnach: Cén duine sa phobal/ bhaile/cheantar seo ar mhaith leat a chur faoi agallamh agus cén fáth?)*

Cabhraigh leis an rang comhaontú ar dhuine ar mhaith leo mar rang a chur faoi agallamh. Bheadh sé riachtanach duine a bheadh ar fáil a roghnú.

Agallamh 2 (Roghnach)

D'fhéadfadh an méid seo a leanas tarlú ag am níos déanaí nuair a bheadh cuairteoir sásta teacht go dtí an rang.

Ullmhú don chuariteoir

Roinn na páistí i ngrúpaí de chúigear agus iarr orthu a shamhlú go mbeidh siad ag cur an duine seo faoi agallamh.

- *Cén t-eolas ba mhaith leat a fháil ón duine seo?*
- *Cad ba mhaith leat labhairt faoi?*
- *Cén ceisteanna, dar leat, a bheidh siad go maith ag freagairt (cad í a réimse eolais/taithí)?*

Iarr orthu é sin a phlé agus na ceisteanna gur mhaith leo a chur a scríobh síos. Tóg aiseolas ón ngrúpa agus leis an rang, cuir an liosta ceisteanna deiridh i gcrích don agallamh.

Pléigh, comhaontaigh agus tabhair ról don chuariteoir

Cinntigh leis an rang:

- cé a chuirfidh na ceisteanna (Ról 1) (d'fhéadfadh níos mó ná páiste amháin a bheith i gceist)
- cé a choimeádfaidh taifead de na freagraí (Ról 2)
- cé a scríobhfaidh píosa d'iris na scoile nó don nuachtán áitiúil (Ról 3)
- cé a thógfaidh na grianghraif (Ról 4)
- cé a bhuaifidh agus a chuirfidh fáilte roimh an duine (Ról 5)
- cé a ghabhfaidh buíochas leis an duine sula n-imíonn sé/sí (Ról 6)
- cé a scríobhfaidh litir bhuíochais (Ról 7)

Cuir béim ar thábhacht éisteachta mar léiríonn sé seo suim agus léiríonn sé meas. Déan an rólghlacadh ina mbuailtear leis an gcuairteoir, cuirtear faoi agallamh iad agus gabhtar buíochas leo agus tú féin nó páiste ag glacadh ról an chuariteora. Iarr aiseolas ar na páistí ar conas is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas agus é a leasú mar is gá.

Athbhreithniú ar an Agallamh

Tar éis an agallaimh leis an gcuairteoir, pléigh an taithí:

- *Cad a cheapann tú a d'fhoghlaim tú faoin gcuairteoir?*
- *Faoin topaic?*
- *Conas a bhraith sé a bheith sna ról a tugadh daoibh?*
- *Conas a cheapann tú a bhraith an cuairteoir?*
- *Conas a bheadh a fhios ag an gcuairteoir go raibh suim agat ina mbeadh le rá aige/aici a chloisteáil?*

Pléigh dréachtú na litreach 'Buíochais' agus iarr ar an bpáiste ar tugadh an ról dó/di an litir a ullmhú.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi éisteacht agus cumarsáid ón gceacht seo agus taifead a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Scileanna Cumarsáide** mar chuid den mheasúnú leanúnach.

Síneadh

Aird Mhalartach sna hagallaimh.

Mar mhalairt chruthaitheach ar agallamh a chur ar chomhpháirtí, d'fhéadfadh na páistí ligint orthu gur duine nó rud éigin eile iad. D'fhéadfaidís ligint orthu gur daoine cáiliúla iad nó gur ainmhí, éan, carr, carraig srl. iad. Sa chás seo, ní mór go mbeadh ullmhú na gceisteanna níos oiriúnaí don duine, rud nó ainmhí agus ní mór do na páistí ceisteanna ábhartha agus cuí a chumadh i bpéirí. Spreag na páistí dul isteach dáiríre ina 'gcarachtar'.

Bosca Ceistiúcháin

Bosca 1

1. Cad é an rud is mó is maith leat a dhéanamh tar éis scoile? Cén fáth?
2. Cé hé do rogha peileadóir? Cén fáth?
3. Cad é an rud gur mhaith leat níos mó a fháil amach faoi?
4. Cén rud ba mhaith leat a choinneáil go deo? Cén fáth?
5. Cad iad na héadaí is fearr leat?
6. Cén sórt rudaí a thógann tú ar ais ó áiteanna ina mbíonn tú?

Bosca 2

1. Conas a chabhraíonn tú timpeall an tí? An maith leat é a dhéanamh?
2. Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn tú bréan den saol?
3. Cad a dhéanann tú nuair a bhraitheann tú fuinniúil?
4. Cad é do rogha caitheamh aimsire? Cén fáth?
5. Cén áit ba mhaith leat cónaí? Cén fáth?
6. Cad a chuireann náire ort? Cén fáth?

Bosca 3

1. Inis dúinn faoi do rogha carachtar cartúin.
2. Inis dúinn faoi do rogha bréagáin nó giuirléide?
3. Dá mba ainmhí thú cén t- ainmhí a bheadh ann?
4. Cad é do rogha ceoil?
5. Cé sa domhan is mó ar mhaith leat buaileadh leis/léi? Cén fáth?
6. Cad é an rud is mó is fuath leat, rud éigin nach féidir leat cur suas leis? Cén fáth?

Bosca 4

1. Cad iad na cluichí gur maith leat imirt?
2. Cén dath is fearr leat?
3. Conas a théann tú ar scoil?
4. Cén bealaí ina bhfuil taisteal déanta agat - siúl, rothar, carr, traein, bád nó eitleán? Cé acu is fearr leat? Cén fáth?
5. Cad is maith leat a dhéanamh lá gréine?
6. Inis dúinn faoi rud amháin a dhéanann tú go maith?

Bosca 5

1. Cad is maith leat a dhéanamh nuair a bhíonn sé an-fhuar?
2. Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú an chéad rud ar maidin?
3. Cad é an séasúr nó mí is fearr leat? Cén fáth?
4. Cad iad na rudaí a chuireann ag gáire tú?
5. Cad í an áit is fearr leat le súgradh nó le bheith?
6. Cad a fheiceann tú nuair a fhéachann tú amach an fhuinneog?

Bosca 6

1. Cén tír ar mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi?
2. Conas a mhothaíonn tú nuair a bhíonn tú le páistí níos óige?
3. Cad iad na rudaí nach maith leat a ithé nó a ól?
4. Cad is maith/ba mhaith leat a bhailiú? Cén fáth?
5. Cad a dhéanann tú nuair a thagann tú abhaile ón scoil?
6. Cad é an leabhar, scannán nó scéal is fearr leat?

CEAHT 3

A NAOI:3

CUMARSÁID THREALLÚSACH

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach na scileanna atá ag teastáil chun déileáil le coimhlint ar bhealach treallúsach measúil a mhúineadh do pháistí.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus daoine eile
- **Snáithaonad:** Caidrimh a dhéanamh le daoine eile
Cumarsáid a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Tosú le tuiscint a fháil ar thábhacht seasamh pearsanta a choimeád agus ag an am céanna meas a léiriú ar chreidiúintí, luachanna agus tuairimí daoine eile.

Coimhlint a réiteach

Iniúchadh agus cleachtadh a dhéanamh ar conas déileáil le coimhlint agus gan a bheith treallúsach.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

- **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le teacht ar thuiscint

Snáithaonaid: Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh

Machnamh ar dhrámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

NÓTA DON MHÚINTEOIR

D'fhéadfá roinnt gearrthóg a fháil a léiríonn cineálacha éagasúla iompair le húsáid sa cheacht seo. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh ná roinnt carachtar a aithint ó chlár theilifíse ar a bhféachann daoine óga a léiríonn na cineálacha sin iompair.

ACMHAINNÍ

- Pictiúir agus gearrthóga DVDanna (má táthar ar fáil) de dhaoine fulangacha, ionsaitheacha agus treallúsacha
- Bileog Oibre: Scála Iompair
- Nótaí don Mhúinteoir: Iompair Fhulangacha, Ionsaitheacha agus Treallúsacha
- Bileog Oibre: Cumarsáid Dhíreach
- Bileog Oibre: Scileanna Cumarsáide (a úsáidtear i ngach ceacht)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Mím
- Rólghlacadh
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Plé

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha acu faoi chumarsáid bhriathartha agus neamhbhriathartha. Mínigh go mbíonn an tslí a ndéanaimid cumarsáid soiléir uaireanta agus go léiríonn sé meas orainn féin agus ar an duine eile. Uaireanta ní mar sin a bhíonn sé. Táimid chun féachaint ar bhealaí éagsúla chun cumarsáid a dhéanamh.

Fulangach

Taispeáin gearrthóg DVD nó pictiúr de dhuine atá fulangach. Cuir ceist:

- *Cén guth agus cuma a shamhlaíonn muid le duine atá fulangach?*
- *Cad a déarfadh agus a dhéanfadh duine atá fulangach?*

B'fhéidir gur mhaith leat cur le freagairtí na bpáistí, ag úsáid **Nótaí an Mhúinteora**.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar roinnt carachtar ar chláir theilifíse a bhíonn fulangach. Fiafraigh de na páistí an féidir leo smaoineamh ar shamplaí nuair a bhí siad fulangach. Pléigh amanna nuair is é sin an bealach cuí tú féin a iompar.

Ionsaitheach

Taispeáin gearrthóg DVD nó pictiúr de dhuine atá ionsaitheach. Cuir ceist:

- *Cén guth agus cuma a shamhlaíonn muid le duine atá ionsaitheach?*
- *Cad a déarfadh agus a dhéanfadh duine atá ionsaitheach?*

B'fhéidir gur mhaith leat cur le freagairtí na bpáistí, ag úsáid **Nótaí an Mhúinteora**.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar roinnt carachtar ar chláir theilifíse a bhíonn ionsaitheach. Fiafraigh de na páistí an féidir leo smaoineamh ar shamplaí nuair a bhí siad ionsaitheach. An raibh sé seo cuí?

Treallúsach

Taispeáin gearrthóg DVD nó pictiúr de dhuine atá treallúsach. Cuir ceist:

- *Cén guth agus cuma a shamhlaíonn muid le duine atá treallúsach?*
- *Cad a dhéanfadh agus a déarfadh duine atá treallúsach?*

B'fhéidir gur mhaith leat cur le freagairtí na bpáistí, ag úsáid **Nótaí an Mhúinteora**.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar roinnt carachtar ar chláir theilifíse a bhíonn treallúsach. Fiafraigh de na páistí an féidir leo smaoineamh ar shamplaí nuair a bhí siad treallúsach. An raibh sé seo éifeachtach?

Mím

Iarr ar na páistí seasamh. Mínigh dóibh go bhfuil siad chun mím a dhéanamh ar na cuir chuige éagsúla agus taithí a fháil ar na difríochtaí eatarthu.

Fulangach

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar chuma duine a bhí fulangach agus a shamhlú conas a bheadh sé gan do thuairim a chur in iúl agus aontú fiú má bhíonn a mhalairt ar fad de thuairim agat.

Iarr orthu nóiméad a thógáil é a shamhlú agus a bhrath ina gcorp. Ansin iarr orthu an cruth fisiciúil a bheadh ar dhuine a dhéanfadh é sin a léiriú.

Ionsaitheach

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar chuma duine a bhí ionsaitheach agus a shamhlú conas a bheadh sé cead do chinn a fháil i gcónaí is cuma cad a bhí le déanamh agat chun é a fháil nó is cuma cad a rinne tú d'aon duine eile. Iarr orthu nóiméad a thógáil é sin a shamhlú agus é a bhrath ina gcorp. Ansin iarr orthu an cruth fisiciúil a bheadh ar dhuine a dhéanfadh é sin a léiriú.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Treallúsach

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar chur síos ar dhuine a bhí treallúsach agus a shamhlú conas a bheadh sé fórmheas a bheith aige/aici orthu féin agus ar dhaoine eile agus an rud is fearr a bheith uathu dóibh féin. Iarr orthu nóiméad a thógáil é sin a shamhlú agus é a bhrath ina gcorp. Ansin iarr orthu an cruth fisiciúil a bheadh ar dhuine a dhéanfadh é sin a léiriú.

Sa deireadh, fiafraigh díobh cad iad na difríochtaí a thug siad faoi deara ina gcorp agus ina smaointe nuair a bhí mím á déanamh acu ar na trí iompar coirp dhifriúla.

Comharthaíocht Choirp Threallúsach

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun beagáinín níos mó ama a chaitheamh ar an gceann deireanach díobh seo - an fhreagairt treallúsach. Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar chomharthaíocht choirp threallúsach. Iarr orthu seasamh arís agus a shamhlú go bhfuil siad os comhair duine éigin. Iarr orthu:

- Féachaint sa tsúil ar an duine sin
- Seasamh suas go díreach (cosa scartha ar leithead do ghuailí agus samhlaigh a bheith ar crochadh ar shreang os do chionn ar an dóigh go bhfuil do ghuailí siar agus díreach, do bholg istigh gan strus)
- na guailí a ligint chun suaimhnis go comhfhiosach (análaigh isteach go doimhin - agus tú ag anáil amach lig do na guailí titim - déan é seo trí huaire)
- Déan iarracht anáil isteach trí do shrón agus amach trí do bhéal. Cuimhnigh gan d'anáil a choimeád
- Lig d'aghaidh chun suaimhnis.

Fiafraigh de na páistí conas a bhraith sé nuair a chuir siad iompar coirp treallúsach orthu féin.

- *Conas a mhothaigh tú?*

- *Cad air a raibh tú ag smaoineamh?*

Rólghlacadh

Dáil amach **An Bhileog Oibre:**

Cumarsáid Díreach. Téigh trí na samplaí faoi ráitis ionsaitheacha a athrú go cinn níos treallúsaí. Ansin i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar iarr ar na páistí oibriú ar mhíreanna a dó agus a trí. Tóg aiseolas ó na grúpaí beaga. Téigh siar ar ghnéithe den iompar treallúsach a pléadh roimhe seo. Ansin iarr orthu, ina ngrúpaí, ceann de na cásanna a phiocadh ón mbileog oibre agus rólghlacadh gearr a fhorbairt ina bhfuil an duine treallúsach. Iarr ar roinnt daoine a bheadh toilteanach an rólghlacadh a dhéanamh os comhair an ranga.

Tar éis an rólghlacadh a dhéanamh, fiafraigh den duine a bhí treallúsach sa rólghlacadh conas a mhothaigh sé a bheith treallúsach. Fiafraigh de na daoine eile sa rólghlacadh conas a mhothaigh sé cumarsáid treallúsach a bhrath. Fiafraigh den rang:

- *Cén t- iompar treallúsach a chonaic tú?*

- *Ar oibrigh sé go maith?*

- *An raibh aon rud eile gurbh fhéidir leis an duine a dhéanamh nó a rá le bheith níos treallúsaí?*

Conclúid

Tabhair cuireadh do na páistí a bhfuil foghlamtha acu faoi iompair a chabhróidh leo ar scoil, sa bhaile agus ina bpobal áitiúil a aithint. D'fhéadfaí é sin a scríobh ar an **mBileog Oibre: Scileanna Cumarsáide** mar chuid den mheasúnú leanúnach.



Nótaí an Mhúinteora: Iompair Fhulangacha, Ionsaitheacha agus Treallúsacha

Fulangach: Nuair a fhreagraíonn duine go fulangach, ní sheasann siad suas dá gcreidiúintí, ní labhraíonn siad suas nuair ba mhaith leo rud éigin a rá agus d'fhéadfaidís 'Sea', a rá nuair nach maith leo dáiríre. D'fhéadfaidís smaoineamh nach bhfuil aon chearta acu. D'fhéadfadh an duine fulangach é sin a dhéanamh ionas go mbeadh gean orthu nó ionas nach ngoinfidís mothúcháin daoine eile nó díreach chun trioblóid nó coimhlint a sheachaint.



Ionsaitheach: Bíonn cur chuige ceannasach ag an duine seo agus seasann siad ar chead a gcinn féin a fháil, agus caint bhagrach nó iompar láidir in úsáid acu uaireanta. Iompraíonn siad iad féin ar bhealach a dhéanann a bheag den duine eile nó a sháraíonn a c(h)earta.



Treallúsach: Bíonn meas ag duine treallúsach air/uirthi féin chomh maith leis an duine lena bhfuil siad ag caint. Iarrann siad a bhfuil ag teastáil uathu nó de dhíth orthu go soiléir agus go díreach. Freagraíonn siad 'Ní hea' go muiníneach ar rudaí nach bhfuil ag teastáil uathu. Tá iompar treallúsach bunaithe ar an mbonn go bhfuil riachtanais agus mianta an duine tábhachtach, ach gan iad a bheith níos tábhachtaí ná riachtanais agus mianta daoine eile. Is dócha go lorgóidh siad bealaí chun a gcuid riachtanas féin agus riachtanais an duine eile a chomhlíonadh. Tá sé difriúil go leor le hiompar ionsaitheach, a thagann ón tuiscint, go bhféadfaí riachtanais agus mianta daoine a chomhlíonadh ach daoine eile a bheith thíos leis agus difriúil le hiompar fulangach, a thagann ón gcreidiúint nach bhfuil riachtanais agus mianta an duine féin chomh tábhachtach le cinn daoine eile.

Le bheith treallúsach ní mór duit a bheith:

- soiléir faoina bhfuil ag teastáil uait
- a bheith oscailte agus meas a léiriú
- a bhfuil ag teastáil uait a iarraidh go soiléir (an ráiteas 'Mise' a úsáid)
- éisteacht lena bhfuil ag teastáil ón duine eile
- a bheith(nó gníomhú) ar do shuaimhneas
- glacadh le moladh agus cáineadh ar bhealach cothrom.

Bileog Oibre: Cumarsáid Díreach

1. Déan iniúchadh ar na samplaí seo de chumarsáid ionsaitheach a athraíodh go cinéal cumarsáide níos treallúsaí.

- 'Deir tú drochrudaí liom i gcónaí. Dún do chlab!'
- Nuair a labhraíonn tú mar sin bím gortaithe agus míshásta. Ba mhaith liom go gcuirfidh tú stop leis anois.
- 'Cuireann tú an milleán orm i gcónaí nuair a bhíonn do phinn ar iarraidh. An bhfuil tú dall!'
- Bím gortaithe nuair a deir tú rudaí fúm nach bhfuil fíor. Níor leag mé lámh ar do phinn.
- 'Tá tú suarach. Bíonn tú i gcónaí do mo bhrú nuair a bhímid sa líne.'
- Nuair a bhrúnn tú mé bíonn fearg orm mar níl sé cothrom gur mise an duine a bhíonn i dtrioblóid. Ba mhaith liom go bhfanfaidh tú amach uaim amach anseo.

2. Cum freagairt treallúsach do na cásanna seo (bain triail as roinnt ráiteas 'Mise'):

- Shocraigh tú buaileadh le do chara. D'fhan tú ar feadh 30 nóiméad. Níor tháinig siad...
- Dúirt comhpháirtí ranga drochrud éigin fút os comhair páistí eile...
- Fuair do dheartháir nó deirfiúr nó cara do chasóg ar iasacht gan í a iarraidh agus stróiceadh an póca...
- Tá comhpháirtí ranga ag iarraidh d'obair bhaile a chóipeáil...
- D'fhág tú féin agus do chairde an chistin ina praiseach. Beidh do mháthair ar ais go luath...
- Bhrúigh duine éigin isteach romhat sa líne...

3. Smaoinigh ar thrí shampla éagsúla a tharlódh go tipiciúil do pháistí ar chomhaois leat agus cum freagairtí treallúsacha ar gach ceann acu.

CEACHT 4

A NAOI:4

TIONCHAR AGUS ÁITEAMH

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach a bheith feasach ar cé nó cad a imríonn tionchar orainn ionas go mbeimid in ann a bheith géarchúiseach faoi roghanna agus cinní.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Caidrimh a dhéanamh le daoine eile

Cumarsáid a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Cumhacht an áitimh a scrúdú, an chaoi gur féidir í a úsáid go dearfach agus go diúltach araon, agus bealaí phraiticiúla a mholadh agus moltaí phraiticiúla a fhorbairt chun dul i ngleic le brúnna agus tionchair.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonad: Labhairt

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le teacht ar thuiscint.

Snáithaonaid: Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh

Machnamh ar dhrámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Bíonn deiseanna ag teastáil ó pháistí chun scileanna frithbheartaíochta a chleachtadh ionas go mbeidh muinín acu iad a úsáid. Tá roinnt gníomhaíochtaí sa cheacht seo a chuireann na deiseanna seo ar fáil. D'fhéadfadh sé a bheith praiticiúil iad seo a dhéanamh thar dhá sheisiún.

ACMHAINNÍ

- Cnámha scéil
- Bileog Eolais: Cur in Aghaidh Piarbhrú
- Bileog Oibre: Scileanna Cumarsáide (a úsáidtear i ngach ceacht)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Tosaigh
- Plé 1
- Tollán Smaointe/Caolsráid an Chonsiasa
- Plé 2
- Rólghlacadh
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Gníomhaíocht Tosaigh

Tosaigh le hathbhreithniú a dhéanamh leis na páistí ar a bhfuil foghlamtha acu go dtí seo faoi chumarsáid. Déanfar gníomhaíocht míme ina dhiaidh seo.

Scáthánú

Roinn an rang i bpéirí agus iarr orthu seasamh os comhair a chéile. Is ceannaire ceann amháin agus scáthán an ceann eile. Tosaíonn an ceannaire ag déanamh gluaiseachtaí simplí réidhe ach ní bhogann siad a gcosa. Déannann a gcomhpháirtí aithris ar an ngluaiseacht - cosúil le scáthán. Níl an ceannaire chun bob a bhuaileadh ar a c(h)omhpháirtí - tá siad chun gluaiseachtaí a dhéanamh is dócha go mbeadh a c(h)omhpháirtí in ann aithris a dhéanamh orthu. Lig do gach duine a bheith ina cheannaire agus ina scáthán ar feadh timpeall nóiméid nó dhó. Tar éis sin pléigh an taithí:

- *Conas a bhí sé a bheith i do cheannaire nó i do leanúnaí?*
- *An raibh sé deacair nó éasca do chomhpháirtí a leanúint? Cén fáth?*
- *Cad a chabhraigh?*
- *Cén fáth gur lean na scátháin na ceannairí? (Riail na gníomhaíochta is ea í seo).*
- *Táimid chun cásanna a phlé ina ndéanann daoine iarracht muid a mhealladh chun rudaí a dhéanamh nach mbeadh fonn orainn a dhéanamh.*

Plé 1

Iarr ar na páistí cásanna a aithint ina bhfeadfaí iad féin nó daoine dá gcomhaois a bheith spreagtha nó meallta, áiteamh á dhéanamh orthu nó go n-inseofaí dóibh ag a gcairde nó piaraí, rudaí a dhéanamh. Déan plé gairid ar na cásanna seo.

Tollán Smaointe nó Caolsráid an Chonsiasa

Roinn an rang i ndhá ghrúpa agus iarr orthu dul go dtí dhá thaobh an tseomra. Tabhair ceann de na cnámh scéil thíos nó ceann eile níos oiriúnaí don rang.

Cnámha scéil

Faigheann tú nóta €50 ar an gcosán os comhair an tsiopa. Cad a dhéanann tú?

Tá scrúduithe na Nollag ullmhaithe ag an múinteoir. Ag am lóin téann tú féin agus cara ar ais sa seomra ranga chun cóta do charad a fháil. Fad is atá tú ag fanacht le do chara a cóta a chur uirthi feiceann tú an scrúdú Mata ar bhinse an mhúinteora. Cad a dhéanann tú?

Iarr ar gach grúpa na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ag an duine a phlé. Nuair atá sé sin déanta, tá siad chun dhá rogha a thógáil a d'fhéadfadh an duine a roghnú. Roinn gach grúpa i 2 Fhoireann (A agus B). Laistigh de gach grúpa, tógfaidh gach foireann rogha. (Mar shampla i nGrúpa 1 déarfadh foireann A gur chóir don pháiste an t-airgead a choimeád, déarfadh foireann B gur chóir dóibh é a thabhairt isteach.) Iarr ar na foirne an rogha atá á tógáil acu a phlé, ag cumadh an oiread cúiseanna agus argóintí agus is féidir leo dá gcinneadh. Ní mór do gach páiste ar an bhfoireann cúis dhifriúil a bheith acu don chinneadh, chun iarracht a dhéanamh a chur ina luí ar dhuine ar fhoireann an fhreasúra go bhfuil an ceart acusan. B'fhéidir gur mhaith leis na páistí an argóint/na hargóintí atá ar intinn acu a úsáid a scríobh síos.

Ansin déanann siad **Tollán Smaointe**. Déanann gach grúpa dhá líne le Foireann A agus Foireann B ar aghaidh a chéile. Siúlann an chéad bheirt pháiste sna línte síos an tollán, ar an taobh eile den seasamh atá tógtha acu m.sh. siúlann

NÓS IMEACHTA SONRACH

páiste d'Fhoireann A os comhair na bpáistí ó Fhoireann B fad is a shiúlann páiste ó Fhoireann B os comhair na bpáistí ó Fhoireann A. Agus an páiste ag siúl, éistean sé/sí le hargóintí ón taobh eile, de réir mar a thugann gach páiste sa líne sin cúis dá gcuid dtuairimí. Nuair a shroicheann an bheirt pháiste sin deireadh na línte, siúlann an chéad bheirt eile síos na línte agus mar sin de go dtí go mbíonn deis ag gach páiste.

Plé 2

Úsáid na ceistanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- *Cad a tharla?*
- *Conas a bhraith tú le linn na gníomhaíochta?*
- *Conas a bhí sé éisteacht le tuairimí difriúla?*
- *Ar athraigh tú d'intinn tar éis duit iad a chloisteáil?*
- *Cén fáth gur athraigh? Cén fáth nár athraigh?*
- *An raibh ar aon duine glacadh le seasamh nár aontaigh siad leis?*
- *Conas a bhí sé sin?*

Rólghlacadh

Téigh siar ar na cásanna a aithníodh níos luaithe sa cheacht (faoi Phlé 1). Roghnaigh ceann amháin de na cásanna seo do na páistí chun cleachtadh a dhéanamh go treallúsach le cur in aghaidh áitimh. Sula dtosaíonn an rólghlacadh, faigh moltaí ón rang faoi cad a d'fhéadfaidís a rá nó faoi conas a d'fhéadfaidís bogadh amach ón gcás. (Murar ardaíodh iad ag na páistí, tabhair isteach na tuairimí ón **mBileog Eolais: Cur in Aghaidh Piarbhú**). Lorg daoine a bheadh toilteanach an rólghlacadh a dhéanamh. Ba chóir don pháiste atá ag

cur in aghaidh féachaint sa tsúil ar an bpáiste/na páistí eile agus labhairt go daingean. Déan cleachtadh ar an gcás cúpa uair le páistí éagsúla. Tar éis gach rólghlactha, d'fhéadfaidís na páistí eile sa rang trácht a dhéanamh ar cad a rinne an duine a bhí ag cur in aghaidh go maith.

Má cheadaíonn am roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Iarr orthu a rólghlacadh a chruthú faoi chás eile a aithníodh níos luaithe agus cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna chun cur in aghaidh ruda. Iarr orthu tuairisciú ar ais ar ar tharla agus conas a pléadh leis an tsaincheist.

Conclúid

Iarr ar na páistí bealach amháin a aithint le cur in aghaidh brú diúltaigh agus é sin a léiriú ar phóstaer. Cuir na póstaer ar taispeáint. Déanann páistí taifead ar a bhfuil foghlamtha acu ar an **mBileog Oibre: Scileanna Cumarsáide** mar chuid den mheasúnú leanúnach.

Bileog Eolais: Cur in Aghaidh

- *Seas suas go díreach*
- *Féach go díreach ar an duine*
- *Abair a bhfuil ag teastáil uait nó cad is mian leat a dhéanamh, i nguth láidir soiléir.*
- *Mol tuairim níos fearr*
- *Bí soiléir agus muiníneach faoi do thuairim is cuma cad a cheapann daoine eile.*
- *Tabhair cúis nach bhfuil sé ceart a bheith rannpháirteach i rud atá mícheart*
- *Seachain cásanna a d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag baint leo*
- *Bailigh leat ó chásanna atá deacair*
- *Má tá cuma dhainséarach ar scéal, ná déan moill cabhair a fháil ó dhuine fásta*
- *Faigh rud éigin eile le déanamh le cairde eile*
- *Seas ar son daoine eile m.sh. páistí níos óige a bhfuil glaoch ainmneacha nó bulaíocht á déanamh orthu.*

CEACHT 5

A NAOÍ:5

GLAOCH AINMNEACHA

COINCHEAP LÁRNACH

D'fhéadfadh níos mó feasachta ar thorthaí ghlaoch ainmneacha comhbhá a fhorbairt a d'fhéadfadh níos lú glaoch ainmneacha idir páistí a bheith mar thoradh air.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Caidrimh a dhéanamh le daoine eile
Cumarsáid a dhéanamh

Cuspóir Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí éagsúla inar féidir teanga a úsáid chun daoine a scaradh amach agus leatrom a dhéanamh orthu.

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Bulaíocht agus a cuid torthaí a aithint agus a thuiscint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonaid: Ag tarraingt

Ag féachaint agus ag freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Beidh níos mó ná seisiún amháin ag teastáil don cheacht seo.

Déanann an ceacht seo nasc le hAonad 7: Ceacht 4 (Bulaíocht).

ACMHAINNÍ

- Dán: Is Mise an Té (tá dánta breise frithbhulaíochta ar fáil ag <http://www.glsen.org/nonamecallingweek>)
- Ábhair Ealaíne
- Píosa páipéir bán
- Bileog Oibre: Scileanna Cumarsáide (a úsáidtear i ngach ceacht)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Pictiúr Reoite
- Léirshamhlú/Plé
- Dán agus Obair Ealaíne
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Plé

Iarr ar na páistí a lámha a ardú (nó seasamh) murar glaodh ainmneacha orthu nó murar labhraíodh leo i mbealach suarach nó gan mheas riamh. Is dócha nach mbeidh mórán daltaí nó dalta ar bith le lámha in airde.

Iarr orthu nóiméad amháin a thógáil smaoineamh ar na hachasáin go léir a chloistear go rialta. Ba chóir dóibh gan iad a rá os ard, ach iad a liostáil nó a chomhaireamh ina n-intinn nó iad a scríobh ar leathanach bán (a stróicfear as a chéile ag deireadh an cheachta). Tar éis nóiméid den mhachnamh ciúin iarr orthu cé mhéad a fuair siad: *Deich? Fiche? Níos mó?* Léiríonn sé seo gur gnáthchuid dár saol é a bheith anuas ar dhaoine eile.

Pictiúr Reoite

Iarr ar na páistí conas a bhraithfeadh duine dá nglaofaí ainmneacha orthu. Déan na mothúcháin a aithníodh a liostáil agus pléigh cad atá i bpáirt ag na mothúcháin seo. Roinn an rang i ngrúpa de chúigear. Inis dóibh go mbeidh orthu pictiúr samhailteach a chruthú i gceann cúpla nóiméad, amhail is gur thóg duine éigin grianghraf den suíomh:
Samhlaigh go bhfeiceann tú páiste, ar chomhaois leat, agus páiste eile ag glaoch ainmneacha air/uirthi. Tá triúr páiste eile sa ghrúpa atá ina dtost.

Tabhair cuireadh do na grúpaí an radharc seo a léiriú trí mhím a dhéanamh. Ní mór dóibh comharthaíocht choirp, gotha gnúise a úsáid, chun na páistí difriúla sa chás sin a léiriú. Inis dóibh go mbeidh cúpla nóiméad acu le hullmhú agus tar éis sin go ndéanfaidh tú comhaireamh ó 10 go dtí 1 agus ansin go ndéarfaidh tú: *Coimeád é sin agus Reoigh*. Ansin caithfidh siad an pictiúr a chum siad a léiriú go dtí go ndeir tusa: *Bígí ar bhur*

suaimhneas iarr ar na páistí an pictiúr reoite a ullmhú agus a dhéanamh.

Iarr orthu é sin a choimeád ar feadh cúpla nóiméad agus ansin abair: *Bígí ar bhur suaimhneas*.

Iarr ar na páistí a léirigh an páiste ar glaodh ainmneacha air/uirthi cén mothúcháin a bhí acu. Iarr ar na daoine eile a bhí ar an láthair cén mothúcháin a bhí acu:

- *Cad a thug sibh faoi deara?*

- *Conas a bhraith sibh faoi sin?*

Tabhair cuireadh do ghrúpa no dhó a bpictiúr reoite a athléiriú.

Iarr ar an rang go léir cad iad na mothúcháin a cheapann siad a léirigh na daoine aonair sa phictiúr reoite. Is féidir leo siúd sa phictiúr reoite labhairt faoi na mothúcháin a bhí á léiriú acu agus is féidir leis an rang féachaint an bhfuil cosúlachtaí idir na rudaí a fheiceann daoine eile agus an taithí a bhíonn ag na daoine aonair a bhí páirteach.

Léirshamhlú/Plé

Is féidir leat bealach amháin a mhíniú do na páistí chun dul i ngleic le beag a dhéanamh de dhuine:
Samhlaigh scáth fearthainne i do lámh... oscail agus coimeád é os do chionn... nuair a dhéanann duine beag is fiú díot d'fhéadfá a dúradh a shamhlú ag sleamhnú den scáth fearthainne agus gan na tuairimí ag titim ort... An gcabhródh sé sin? Tóg nóiméad agus samhlaigh ceann de na bealaí ina ndearnadh beag is fiú díot ar chuimhnigh tú air níos luaithe ag sleamhnú den scáth fearthainne mar bháisteach... conas a bhraith tú agus é á shamhlú agat?

NÓS IMEACHTA SONRACH

Dán agus Obair Ealaíne

Dáil amach cóipeanna den **Dán: Is mise an Té** nó cuir ar an gclár bán nó ar an CBI é. Léigh an dán os ard.

Seiceáil go dtuigeann na páistí na focail nó meascáin de na focail. Iarr ar dhaoine atá toilteanach an dán a léamh, b'fhéidir abairt do gach páiste. Bíonn éifeacht an dáin níos láidre nuair a chloistear i nguthanna éagsúla é. Ansin iarr ar na páistí é a léamh go ciúin dóibh féin. Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun machnamh agus plé a spreagadh ar an dán:

- *Cad air a raibh tú ag smaoineamh agus tú ag éisteacht leis an dán/ag léamh an dáin?*
- *Conas a bhraith tú agus tú ag éisteacht leis an dán/á léamh?*
- *An gceapann tú go mbraitheann mórán daoine eile cosúil leis an duine sa dán?*

Roinn an rang i ngrúpaí randamacha. Dáil amach páipéar agus ábhair ealaíne. Iarr ar gach grúpa cuid den dán (dá rogha féin) a léiriú agus an líne nó na línte ábhartha a scríobh thíos faoi. Pléigh agus cuir ar taispeáint.

Ansin fiafraigh de na páistí mar rang cén straitéisí cabhracha a d'fhéadfadh an páiste sa dán a úsáid chun déileáil agus plé lena gcuid taithí.

- *Cén straitéisí a d'fhéadfadh na páistí a thugann faoi deara cad atá ag tarlú a úsáid? Déan freagairtí na bpáistí a liostáil ar an gclár bán nó ar an CBI.*
- *Conas a bheadh siad seo ina gcabhair?*
- *An bhfuil straitéisí ann nach gcabhródh agus gur chóir a sheachaint? Cén fáth?*

Iarr ar na páistí filleadh ar a ngrúpaí. Mínigh go bhfuil siad anois chun smaoineamh ar conas is féidir le daoine tacaíocht agus deimhniú a thabhairt

dá chéile agus conas is féidir le daoine seasamh suas dá chéile (neamhchosúil lena bhfuil sa dán). Tá orthu dán a scríobh faoi sin ina dhiaidh sin. Is é teideal an dáin ná: **Is Sinne na Daoine**. Nuair a bheidh an dán críochnaithe ag gach grúpa, iarr ar dhuine deonach ó gach grúpa an dán a léamh. Pléigh na teachtaireachtaí sna dánta.

Conclúid

Iarr ar na páistí scéal a roinnt faoi: *am a sheas mé suas ar son duine éigin...*

Cuir i gcuimhne do na páistí gur scríobh siad samplaí de dhaoine ag déanamh beag is fiú de dhaoine eile ag tús an cheachta: *Cad atá foghlamtha agat a chabhródh leat déileáil le bás mar seo amach anseo? D'fhéadfaí na bealaí le beag is fiú a dhéanamh de dhuine atá scríofa againn a stróiceadh as a chéile agus a chur in iúl dúinn féin nach gá dúinn aird a thabhairt orthu amach anseo.*

Is féidir leis na páistí a leathanach de bhealaí chun beag is fiú a dhéanamh de dhuine a stróiceadh as a chéile anois. Is féidir taifead den fhoghlaim a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Scileanna Cumarsáide** mar chuid den mheasúnú leanúnach.

Is Mise an Té

Is Mise an Té

Is mise an té faoi réir cogar

Is mise an té a ndeirtear leis i gcónaí gan a bheith difriúil.

Is mise an té a chaithfidh ligean air, an té nach féidir insint do mo chlann, an té a shiúlann ina aonar sa halla.

An té nach bhfuil cinnte a thuilleadh.

Is mise an té a bhfuil eagla air go mbeidh mé i m' íospartach ag coir fuatha.

Is mise an té a bhfuil eagla ort go bhfeicfí tú liom.

Is mise an té atá tapa cáineadh agus gáire a dhéanamh, a bhfuil a chairde ar dhá thaobh den líne, a chumann barúlacha agus a scaipeann ráflaí.

Is mise an té nach bhfuil ach daoine atá cosúil lena chéile timpeall air. An té gur mhaith leis seasamh ar son daoine ach nach bhfuil a fhios aige conas é a dhéanamh, an té gur mhaith leis rud éigin a rá mar fhreagairt.

Is mise an té nach bhfuil ag teastáil ach go nglacfar leis.

Is mise an té a bhraitheann gan chumhacht.

Is mise an té a bhfuil saoirse ag teastáil uaidh.

Is mise an té gur mhaith leis go mbeadh grá ag mo thuismitheoirí dom. Duine comhbhách mé taobh istigh ach eagla orm labhairt amach. An té a raibh súil aige go mbeadh saol foirfe aige, ach nach bhfuil a fhios aige cad a chiallaíonn sé sin a thuilleadh.

Is mise an té atá faoi bhagairt ag an éagsúlacht.

Is mise an té a easaontaíonn le mo thuismitheoirí.

Is mise an té nach mbíonn sábháilte riamh, nach bhfuil a fhios agam cé leis is féidir liom labhairt, a sheachnaíonn na daoine a ghlaonn ainmneacha orm.

Is mise an té a mbíonn uafás orm faoin gciapadh a fheicim i mo scoil.

Is mise an té.

CEAHT 6

COIMHLINT

A NAOI:6

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a bhíonn feasacht againn ar ár ndearcadh agus freagairtí ar choimhlint cabhraítear linn coimhlint a bhainistiú níos éifeachtaí.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus daoine eile
- **Snáithaonad:** Caidrimh a dhéanamh le daoine eile
Coimhlint a réiteach

Cuspóirí Ábhair

Plé a dhéanamh ar cad is cúis le heascairt coimhlinte i ndaoine éagsúla agus i gcásanna éagsúla.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

- **Snáithe:** Líníocht
- **Snáithaonaid:** Ag tarraingt
Ag féachaint agus ag freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Déan machnamh ar choimhlintí a tharla sa rang agus tóg cinneadh ar chóir nó nár chóir tagairt a dhéanamh dóibh siúd le linn an cheachta.

D'fhéadfaí gur gá tagairt a dhéanamh do **Nótaí an Mhúinteora: Iompar Fulangach, Ionsaitheach agus Treallúsach** (Ceacht 3 san aonad seo) mar tá an ceacht seo bunaithe ar an ábhar sin.

ACMHAINNÍ

- Cúig bhileog páipéir (smeach-chairt) le ceanteidil ullmhaithe roimh ré mar a chuirtear in iúl faoin gceanteideal Obair Ghrúpa Beag sna nósanna imeachta.
- Ábhair Ealaíne agus Marcóirí
- Pictiúr d'asail
- Bileog Oibre: Coimhlintí
- Bileog Oibre: Scileanna Cumarsáide (a úsáidtear i ngach ceacht)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Anailís ar Phictiúir
- Obair Ghrúpa
- Plé
- Bileog Oibre:
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Anailís ar Phictiúr

Taispeáin an pictiúr de na hasail do na páistí agus iarr orthu labhairt faoina bhfeiceann siad sa phictiúr:

- *Cad atá ar siúl?*
- *An raibh coimhlint ann?*
- *Conas a réitíodh í?*

Tá treoir do thionól ar scéal an Dá Mhiúil ar fáil ar <http://peace-education.org.uk/wp-content/uploads/Teach-Peace-Assembly-3-2Mules.pdf>

D'fhéadfá tagairt a dhéanamh do choimhlintí a tharla sa rang a bhí ar eolas ag gach duine nó fiafraigh de na páistí:

- *Ar tharla aon choimhlintí inár rang le déanaí atá ar eolas againn go léir?*
- *Conas a réitíomar nó a rinneamar bainistiú orthu?*
- *Arbh fhéidir linn iad a bhainistiú ar bhealach difriúil/níos éifeachtaí?*

Obair Ghrúpa

Ba chóir go mbeadh ceann de na ceanteidil seo a leanas ar gach leathanach de na cúig bhileog móra páipéir:

- Cad iad focail eile ar 'choimhlintí'? Cad iad na cúiseanna le coimhlintí?
- Cén mothúcháin a bhíonn ag daoine nuair a bhíonn coimhlint ann?
- Cad a dhéanann daoine nuair a bhíonn siad i gcoimhlintí?
- Cad iad cuid de na torthaí ar choimhlintí?

Scaip na cúig bhileog páipéir ullmhaithe, gach ceann le marcóir, in áiteanna éagsúla sa seomra. Roinn an rang i gcúig ghrúpa. Iarr ar gach grúpa duine amháin a roghnú (nó a ainmniú) le cinntiú go bhfaigheann gach duine ar mhaith leo rud éigin a rá an deis sin agus go dtugtar éisteacht dóibh. Iarr ar ghrúpa amháin seasamh in aice le gach bileog páipéir. Tabhair cuireadh dóibh an cheist

ar bharr gach leathanaigh a fhreagairt le focail nó nathanna, a scríobhtar ar an mbileog. Mínigh dóibh gur chóir dóibh é a dhéanamh óna d(h)earcadh féin nó ó dhearcadh páiste. Tar éis cúpla nóiméad iarr orthu bogadh ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile agus mar sin de go dtí go mbíonn seans ag gach grúpa cur le gach leathanach (is fearr é sin a dhéanamh ar deiseal ionas nach bhfágann grúpaí leathanaigh ar lár).

Plé

Cuir na leathanaigh ar taispeáint ar na ballaí. Pléigh freagairtí ar gach ceanteideal:

- *Tá a lán focal a úsáidimid do choimhlint - cad atá difriúil fúthu?*
- *Cé mhéad mothúchán a luaitear?*
- *An iad na cineálacha mothúchán is maith linn a bheith againn?*

Ina gcuid freagairtí ar 'torthaí coimhlintí', tabhair faoi deara dearchaí na bpáistí ar choimhlintí mar dhearfach nó diúltach nó iad araon. Cuir é seo in iúl dóibh agus cuir ceisteanna orthu faoi:

- *An bhfuil na torthaí dearfach nó diúltach don chuid is mó?*
- *An bhfuil am ar bith ann inar féidir le coimhlint a bheith dearfach?*
- *An féidir leat roinnt samplaí a thabhairt dom?*
- *Cad a insíonn sé seo dúinn faoi choimhlint?*

Dírigh aird na bpáistí ar cad a dúirt siad faoi cad a dhéanann daoine i gcás coimhlinte:

- *Cad iad na bealaí éagsúla a liostáladh?*
- *An bhfuil siad seo éifeachtach nó nach bhfuil?*
- *An féidir linn aon bhealaí eile atá níos éifeachtaí a chur leo?*

NÓS IMEACHTA SONRACH

Úsáid a ndeir siad nó a scríobh siad mar bhealach chun dul siar ar iompar fulangach, ionsaitheach agus treallúsach.

Bileog Oibre:





Roinn an rang i bpéirí agus dáil amach an **Bhileog Oibre: Coimhlintí** ar gach péire. Iarr ar na páistí na cásanna a léamh agus ansin cinneadh a dhéanamh an raibh an duine fulangach, ionsaitheach nó treallúsach.

Tóg aiseolas ó na páistí. Pléigh na cásanna agus pléigh bealaí cuí chun iad a láimhseáil.

Conclúid

Iarr ar na páistí an bealach a láimhseálann siad cásanna coimhlinte go ginearálta a tharraingt nó a scríobh agus a chur in iúl an bhfuil siad sásta leis sin agus cén fáth.

D'fhéadfaí taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Scileanna Cumarsáide**. Is féidir leat athbhreithniú a dhéanamh air seo agus más cuí níos mó oibre a phleanáil ar réimsí atá sainaithe ag na páistí.



Coimhlintí

Cuir in iúl an raibh an duine fulangach, ionsaitheach nó treallúsach

	Cás	Iompar
1	Tá Yuri ag féachaint ar an teilifís. Tagann a dheartháir isteach agus deir sé gur mhaith leis féachaint ar chlár difriúil. Deir Yuri: <i>Ní hea!</i> Sciobann a dheartháir an cianrialtán agus athraíonn an clár. Fágann Yuri an seomra.	
2	Buaileann Folami agus Aoife le chéile chun dul go dtí an phictiúrlann. Teastaíonn ó Aoife dul go scannán uafáis. Tá Folami glan ina aghaidh ach deir sí: <i>Ceart go leor.</i>	
3	Téann Daniel agus Youseff isteach i siopa chun milseáin a cheannach. Tá a dhóthain do mhála amháin eatarthu. Tá mála difriúil ag teastáil ón mbeirt acu nach maith leis an duine eile. Faigheann siad mála a bhfuil an bheirt acu sásta leis.	
4	Tá a seomra fágtha ina phraiseach arís ag Laura. Thug a máthair íde béil di faoi cheana. Anois deir a Mam gur mhaith léi suí síos le Laura agus labhairt faoin bhfadhb leis an seomra.	
5	Is comharsana agus cairde iad Anna agus Julia. Théadh siad abhaile an bealach is díri, ach d'fhan cúpla páiste eile óna rang leo ar an mbealach agus glaodh ainmneacha orthu. Mar sin anois tógann siad an bealach níos faide abhaile.	
6	Gach uair a théann Ramiro thar bhinse Daniel leagann sé rud éigin. Stopann Daniel é agus deir: <i>Ní maith liom é nuair a leagann tú rudaí de mo bhinse agus ba mhaith liom go gcuirfidh tú stop leis.</i>	
7	Buaileann grúpa cairde chun dul go dtí an phictiúrlann. Teastaíonn ó roinnt acu scannán aicsin a fheiceáil, teastaíonn ó dhaoine eile scannán grinn a fheiceáil. Aontaíonn siad dul go dtí an scannán aicsin an tseachtain seo agus an scannán grinn an tseachtain seo chugainn.	
8	Crochann Mikel timpeall le grúpa ag cúinne gach tráthnóna tar éis scoile. Go minic glaonn na páistí ainmneacha ar pháistí eile go háirithe beirt pháiste ó scoil eile. Ní maith le Mikel é sin a dhéanamh, ach déanann sé é ar aon nós.	
9	Thug Maja cuireadh do Ava chuig a cóisir. Le spreagadh óna cairde, stróiceann Ava an cuireadh as a chéile os comhair Maja. Brúnn Maja Ava síos ar an talamh agus insíonn di cad a cheapann sí fúithi.	
10	Thug Akanni leabhar ar iasacht do Conor. Nuair a thug Conor é ar ais dó, bhí cuma air go raibh sé sa mheaisín níocháin. Tógann Akanni an leabhar agus ní deir sí aon rud le Conor faoi.	

CEAHT 7

A NAOI:7

FREAGAIRTÍ AR CHOIMHLINT

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a aithnítear go bhfuil bealaí éagsúla ann ina dtéann daoine i ngleic le coimhlint, tabharfar níos mó roghanna do pháistí nuair a bhíonn siad á bainistiú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus daoine eile

Snáithaonad: Caidrimh a dhéanamh le daoine eile
Coimhlint a réiteach

Cuspóir Ábhair

Freagairtí éagsúla do chásanna coimhlinte a aithint agus a phlé.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le teacht ar thuiscint

Snáithaonaid: Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh

Machnamh ar dhrámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

ACMHAINNÍ

- 10-20 málaí pónairí (nó fonsaí beaga nó cóin)
- Bileog Oibre: Scileanna Cumarsáide (a úsáidtear i ngach ceacht)
- Bileog Oibre: Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Chumarsáid

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Tosaigh
- Plé
- Plé agus Rólghlacadh/Drámaíocht
- Scríbhneoireacht
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Gníomhaíocht Tosaigh: Ná hAbar Focal

Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Leag amach rialacha na gníomhaíochta dóibh (thíos). Cuir 10-20 málaí pónairí i lár an tseomra. Tabhair a gcuid treoracha do gach grúpa mar atá leagtha amach sna boscaí. Ná cuir na treoracha seo in iúl do na grúpaí eile.

Grúpa a hAon	Grúpa a Dó	Grúpa a Trí	Grúpa a Ceathair
Cuir na málaí pónairí i líne dhíreach, ó cheann go ceann	Cuir na málaí pónairí i gciorcal, ó cheann go ceann	Cuir na málaí pónairí i gcúinne den tseomra	Cuir na málaí pónairí ar leac na fuinneoige/sheif

Rialacha na gníomhaíochta:

1. Is é cuspóir na gníomhaíochta ná go gcuirfidh gach grúpa a chuid treoracha i gcrích.
2. Tá dul i gcogar ceart ceadaithe - cuirfear seal dhá nóiméad i leataobh i bhfeidhm d'aon rud níos airde ná cogar.
3. Níl aon teagmháil fhisiciúil ceadaithe - cuirfear seal dhá nóiméad i leataobh i bhfeidhm d'aon teagmháil fhisiciúil.
4. Tá cúig nóiméad agat chun an tasc a chríochnú.

Tabhair faoi deara cad a tharlaíonn. Má tá na grúpaí i gcoimhlint fós tar éis trí nóiméad, cuir in iúl nach comórtas é seo. D'fhéadfadh sé seo athrú a chur ar a bhfuil ar siúl sa ghníomhaíocht nó gan é a athrú. Lig don ghníomhaíocht dul ar aghaidh ar feadh dhá nóiméad eile agus ansin cuir stop léi.

Plé

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun machnamh agus plé a spreagadh ar an gníomhaíocht:

- Cad a tharla?
- Conas a bhraith tú le linn na gníomhaíochta?
- An raibh sé éasca duit do thasc grúpa a chur i gcrích?
- Cén fáth go raibh? Cén fáth nach raibh?
- Ar críochnaíodh an tasc?
- Murar críochnaíodh, cén fáth?
- Cad a rinne daoine éagsúla? (Cuardaigh fianaise de na cineálacha éagsúla iompair i measc a gcuid freagairtí.)
- Cén fáth, an dóigh leat, go ndearna siad é sin?
- An ndearna an treoir tar éis trí nóiméad aon difríocht (má úsáideadh í)?
- Má rinne cén difríocht a rinne sé? (Cuir in iúl nár dhúirt éinne go gcaithfí na treoracha seo go léir a chur i gcrích ag an am céanna!)
- Conas a d'fhéadfaí na tascanna go léir a chur i gcrích ag na grúpaí?
- Cad a chuireann é seo i gcuimhne duit sa domhan mar atá?
- Cad is féidir leat a fhoghlaim ón gníomhaíocht seo?

Plé agus Rólghlacadh/Dráma

Roinn an rang i ngrúpaí 4-5 (d'fhéadfaí gurb iad seo na grúpaí céanna leis an ngníomhaíocht roimhe seo) agus iarr orthu labhairt faoi agus liosta a dhéanamh de na gnáthchásanna coimhlinte a bhíonn ag páistí dá gcomhaois ina ngnáthshaol laethúil. Tóg aiseolas agus roghnaigh ceann amháin de na cásanna seo chun dráma a bhunú air.

Iarr ar dhaoine a bheadh toilteanach rólghlacadh a dhéanamh ar an gcás a léiríonn coimhlint (d'fhéadfadh daoine aonair nó grúpa é sin a dhéanamh).

NÓS IMEACHTA SONRACH

Tabhair cúpla nóiméad don rólghlacadh. Iarr moltaí ar cad is féidir a dhéanamh chun an choimhlint a réiteach. Déan taifead de na réitigh dhifriúla a moladh agus pléigh torthaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann do na réitigh a moladh agus le chéile déan roinnt réiteach dearfach féideartha a aithint.

Tabhair cuireadh do gach grúpa ceann amháin de na réitigh ar an rólghlacadh a roghnú nó tabhair ceann amháin de na réitigh do gach grúpa. Tabhair am dóibh an rólghlacadh a ullmhú. Léiríonn gach grúpa a rólghlacadh, agus gach duine eile ag breathnú orthu.

Iarrtar ar an lucht féachana éisteacht agus féachaint go cúramach chun aiseolas a thabhairt ar cad a bhí go maith faoin réiteach seo agus aon athruithe gur mhaith leo a dhéanamh. Tabhair cuireadh do na páistí trácht ar oiriúnacht na réiteach agus a rá cé acu an ceann ab fhearr leo sa chás seo.

Scríbhneoireacht

Iarr ar na páistí scríobh faoi choimhlint nár láimhsigh siad go maith agus conas, tar éis a bhfuil foghlamtha acu, a rachaidís i ngleic níos éifeachtaí leis seo agus le cásanna eile amach anseo. Nuair atá sé seo déanta acu, déan plé gairid agus déan liosta de na bealaí le cásanna coimhlinte a láimhseáil. D'fhéadfaí na straitéisí seo a chur ar taispeánt mar phóstaer sa seomra ranga agus tagairt a dhéanamh dóibh ó am go ham de réir mar a thagann saincheistanna aníos.

Conclúid

Leis na páistí, déan athbhreithniú ar an obair a rinneadh sa Snáithaonad seo. Is féidir é sin a dhéanamh trí fhéachaint ar a bhfuil curtha i gcrích acu cheana féin ar an **mBileog Oibre: Scileanna Cumarsáide**. D'fhéadfaí An **Bhileog Oibre: Cad a D'fhoghlaim Mé faoi Chumarsáid** a úsáid freisin mar cheacht féinmheasúnaithe agus athbhreithniú á dhéanamh uirthi ag an múinteoir.

Cad a D'fhoghlaim Me faoi Chumarsáid

Topaic: Cumarsáid

Ainm: _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

San aonad seo:

D'fhoghlaim mé...

Bhraith mé...

Ba léir dom...

Ba mhaith liom...

Níor mhaith liom...

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 rómhaith agus 10 go hiontach cén marc a bhronnfá ar do chumas:

a bheith soiléir i do chumarsáid? _____

Ráitis 'Mise' a úsáid? _____

Cásanna coimhlinte a láimhseáil? _____

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná ...

AONAD 10
SAORÁNACHT A FHORBAIRT



AONAD 10

SAORÁNACHT A FHORBAIRT

SNÁITHE MISE AGUS AN DOMHAN MÓR

Snáithaonad **Saoránacht a fhorbairt**

RÉAMHRÁ DON AONAD

De réir mar a éiríonn na páistí níos sine, tá an cumas iontu feasacht a fhorbairt ar an domhan timpeall orthu go háitiúil agus go domhanda araon. Spreagann na ceachtanna seo na páistí iad féin a fheiceáil mar shaoránaigh ina bpobail féin agus ar leibhéal domhanda. Trí fhéachaint ar an gCairt um Chearta Leanaí, foghlaimíonn páistí faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí. Féachann siad ar an domhan trí shúile daoine aonair agus teaghlaigh i dtíortha agus i gcultúir eile. Spreagtar iad le mothú freagrachta dá gcomhshaol áitiúil agus níos leithne a fhorbairt trí choincheap lorg carbóin a scrúdú, agus freagracht a ghlacadh as a gcuid iompair féin faoi aire a thabhairt don domhan iontach ar a bhfuilimid inár gcónaí.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Cónaímid inár bPobal

Ceacht 2

Idir na Cultúir? An Bhearna a Dhúnadh

Ceacht 3

Cluiche an Mhála Páipéir

Ceacht 4

Ár gCearta agus Ár bhFreagrachtaí

Ceacht 5

Mo Dhomhan, Ár nDomhan

CEAHT 1

CÓNAÍMID INÁR BPOBAL

A DEICH:1

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhraítear le páistí a bheith feasach ar agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile nuair a oibríonn daoine le chéile ar leas an phobail agus ar leas na ndaoine a chónaíonn ann.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Saoránacht a Fhorbairt
Maireachtáil sa phobal áitiúil

Cuspóirí Ábhair

Coincheap an ranga nó scoile mar phobal a iniúchadh.

Bealaí le hoibriú le chéile a chleachtadh agus mothú an mhuintearais a fhorbairt.

Traidisiúin áitiúla agus béaloideas a iniúchadh agus bród as a bpobal a fhorbairt.

Roinnt ábhar imní áitiúla a aithint agus gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh le dul i ngleic leo a iniúchadh.

Pobail Náisiúnta, Eorpach agus níos leithne

Éirí feasach ar ghnéithe dá n-oidhreacht chultúrtha agus dá dtraidisiúin féin.

Éirí feasach ar chuid de na cultúir, slite maireachtála agus teangacha i dtíortha eile san Aontas Eorpach agus sa domhan mór.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

OSCE: Tíreolaíocht

■ **Snáithe:** Feasacht agus aire don Chomhshaol

Snáithaonaid: Feasacht ar an gComhshaol

Aire don chomhshaol

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Ag tarraingt

Mata

■ **Snáithe:** Sonraí

Snáithaonad: Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

CÓNAÍMID INÁR BPOBAL

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is tionscadal comhtháite é an ceacht seo, a d'fhéadfaí téarma a thógáil chun é a chríochnú, ag brath ar an modh a roghnófar. Tugtar dhá rogha tionscadail mar shamplaí sa cheacht seo. B'fhéidir go mbeidh gá an tionscadal a mholtar a phlé agus cead a fháil, ón mBord Bainistíochta agus coiste na dtuismitheoirí sa scoil, ag brath ar an tionscadal a roghnófaí.

ACMHAINNÍ

- Píosaí páipéir, peann luaidhe do gach grúpa
- CBI/ teilgeoir sonraí agus ríomhaire glúine/ ríomhairí, printéir
- Ábhair don tionscadal comhshaoil a roghnaíodh (Rogha 1)
- Ábhair do mhálaí scéil (Rogha 2)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Obair Ghrúpa
- Pleanáil
- Obair Ghrúpa
- Machnamh

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun smaoineamh ar agus obair ar thionscadal a bheidh ar a leas féin agus ar leas an phobail ina gcónaíonn siad agus go bpleanálfaidh siad an tionscadal seo le chéile, agus, níos déanaí, b'fhéidir le baill eile na scoile agus leis an bpobal níos leithne. Cuir tús le plé ar an méid atá foghlamtha acu agus atá bainte amach go dtí seo agus conas a chuir siad feabhas ar thimpeallacht fhisiciúil na scoile roimhe seo (aon fhiontar mór nó beag). Mínigh go mbeidh deis acu anois tógáil ar aon obair atá déanta acu cheana féin a bhí ar leas na timpeallachta thart orthu trí limistéar gar don scoil a aithint a bhainfeadh leas as a gcuid dúthrachta agus a gcruthaíocht.

Obair Ghrúpa

Roinn na páistí i ngrúpaí beaga. Tugtar píosa páipéir agus peann luaidhe do gach grúpa agus tugtar cuireadh dóibh tuairisceoir a roghnú agus duine chun taifead a dhéanamh de na tuairimí agus na moltaí. D'fhéadfá tarraingt ar an **mBileog: Moltaí don Tionscadal**. Iarr orthu smaoineamh ar cad ba mhaith leo a dhéanamh a bheadh ar leas an chomhshaoil lasmuigh den scoil, agus an bhfuil aon ghrúpa gur mhaith leo oibriú leo. Cuir i gcuimhne dóibh, toisc go bhfuil siad chun tionscadal a dhéanamh lasmuigh den scoil, go gcaithfear dul i gcomhairle le bainistíocht na scoile agus tuismitheoirí, chomh maith le grúpaí sa chomharsanacht agus sa phobal, agus go gcaithfear é sin a chur san áireamh agus iad i mbun plé.

Pleanáil

Déan taifead (nó iarr ar pháiste taifead a dhéanamh) de mholtaí agus tuairimí ó gach grúpa ar chlár bán nó smeach-chairt nó CBI agus iad a phlé. Mínigh

nach féidir moltaí a chur i bhfeidhm uaireanta ar chúiseanna praiticiúla nó eile (mar shláinte agus cúiseanna sábháilteachta nó airgeadais) ionas go bhfágfaí moltaí nach bhfuil chomh indéanta ar lár le cead agus comhaontú an ghrúpa. Seiceáil go bhfuil gach duine aontaithe faoi na tuairimí agus moltaí faoin tionscadal deiridh, trí cheisteanna a chur mar shampla:

- *An bhfuil tuairimí eile ag aon duine?*
- *An gceapann gach duine gurb iad seo na tuairimí is fearr?*

Nuair atá cinneadh déanta ag an rang faoi chúpla plean/tionscadal sábháilte praiticiúil, iarr orthu i ngrúpaí smaoineamh ar na gnéithe praiticiúla a bheidh i gceist:

- cé leis gur gá dul i gcomhairle leo (m.sh. na Gardaí/údaráis áitiúla/coistí cónaitheoirí)
- conas a d'fhéadfaí an comhairliúchán seo a chur ar siúl
- conas a chur in iúl do dhaoine cén cinneadh atá déanta acu.

Obair Ghrúpa

Rogha 1

Múrphictiúr a phéinteáil lobair chomhshaoil agus chaomhnaithe

D'fhéadfaí iarraidh ar pháistí smaoineamh ar a gcuid traidisiún áitiúil agus a mbéaloideas féin a tharraingt isteach in aon mhúrphictiúr ar a mbeidís ag machnamh. B'fhéidir go ndéanfaidís machnamh ar théamaí nó carachtair ó fhinscéalta áitiúla a tharraingt isteach i mír amháin de mhúrphictiúr dá leithéid nó d'fhéadfaidís mana na scoile nó nath a bhfuil suntas speisialta aige don scoil a scríobh i dteangacha go léir na scoile.

Má tá ábhair ag teastáil don tionscadal e.g. péinteanna agus scuaba don mhúrphictiúr, liáin agus bleibíní do phlandáil, d'fhéadfaí urraíocht a

NÓS IMEACHTA SONRACH

iarraidh ar ghnóthaí agus siopaí áitiúla agus geallúint a dhéanamh cuireadh a thabhairt dóibh chuig seoladh an tionscadail chríochnaithe. D'fhéadfaí litreacha a scríobh sa rang Béarla/ Gaeilge. D'fhéadfaí suíomh na scoile a uasdátú freisin go rialta nó nuachtlitir a chur amach nó a chur ar taispeáint go soiléir ar an mbealach isteach sa scoil chun pobal na scoile a choimeád páirteach agus suas chun dáta leis an dul chun cinn. D'fhéadfadh na páistí dialanna pearsanta agus/nó grúpa a choinneáil le píosáí gearra de scríbhneoireacht tuarascála agus grianghraif chun taifead a dhéanamh den obair a rinneadh agus aon dul chun cinn a tharla.

Rogha 2

Málaí Scéalta a Dhéanamh

Ag obair i ngrúpaí, d'fhéadfadh na páistí málaí scéalta a dhéanamh agus an táirge críochnaithe a bhronnadh ar ospidéal áitiúil éigin do pháistí nó ar ghrúpaí ag obair le naíonáin agus páistí óga. Mínigh go ndéantar mála scéalta de phíosa mór éadaigh nó ábhair (d'fhéadfaí seanchlúdach piliúir a úsáid freisin) agus é líonta le leabhar atá aois oiriúnach agus roinnt bréagán bog agus/nó puipéid chun na carachtair sa leabhar a léiriú, taifeadadh ar an scéal, le ceol nó éifeachtaí fuaime más féidir, agus b'fhéidir cluiche a chuirfeadh leis an scéal. Maisítear an mála de ghnáth le mótifeanna ón scéal agus d'fhéadfadh na páistí péinteanna fabraice nó snátha bróidnéireachta a úsáid nó colláis a dhéanamh le seanphíosáí fabraice.

Roinn na páistí i ngrúpaí beaga agus iarr orthu smaoineamh ar thionscadal pobail cuí a bhainfeadh tairbhe as mála scéalta. Nuair atá cúig nó sé thionscadal roghnaithe acu ar a bhféadfaí an mála a bhronnadh, d'fhéadfaí ainmneacha gach ceann acu a chur i gcoimeádán agus an

'teach cúraim' ar a mbronnfar a mála scéalta a roghnú go randamach.

Mar atá le Rogha 1, d'fhéadfadh na páistí litreacha a scríobh ag iarraidh ábhar, d'vdanna de na scéalta nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh, puipéid nó bréagáin bhoga nua nó beagnach nua. D'fhéadfaidís scéalaithe áitiúla a iarraidh agus/nó daoine ó chútraí eithneacha eile teacht isteach sa rang agus finscéalta áitiúla a insint a d'fhéadfadh ansin a bheith mar bhunús do mhála scéalta amháin. D'fhéadfaí cabhair a iarraidh ar thuismitheoirí agus ar dhaoine eile na málaí a dhearadh agus a mhaisiú agus d'fhéadfaí a iarraidh ar theaghlaigh le naisc le tíortha eile ealaíon agus dearadh ó chultúir agus dearchtaí eithneacha a tharraingt isteach.

Nuair a bhíonn an málaí scéalta críochnaithe d'fhéadfadh na páistí iad a 'thriail' trí iad a thabhairt chuig na páistí sna Naíonáin Shóisearacha agus sna Naíonáin Shinsearacha, agus féachaint ar na páistí ag úsáid na málaí scéalta. D'fhéadfadh na páistí sinsearacha foghlaim trí fhéachaint agus súgradh leis na Naíonáin Shóisearacha agus na Naíonáin Shinsearacha agus iad ag fiosrú na málaí scéalta don chéad uair agus d'fhéadfaidís aon athruithe riachtanacha a dhéanamh sula mbronnfar iad ar an ospidéal nó grúpa cúram páistí roghnaithe.

Arís, d'fhéadfaí an pobal agus an scoil áitiúil a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn trí thuairiscí rialta na bpáistí ar shuíomh, bhlag nó nuachtlitir na scoile.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Machnamh

Nuair atá an tionscadal críochnaithe, agus na málaí scéalta curtha chuig a gceann scríbe deireanacha, nó nuair atá crainn nó bleibíní curtha, nó múrphictiúr péinteáilte, nó gortghlanadh déanta agus slacht curtha ar an talamh, nó cuairt tugtha ar theach cúraim, d'fhéadfadh na páistí cuireadh a thabhairt do gach duine a bhí páirteach chuig searmanas chun deireadh na hoibre a cheiliúradh agus chun buíochas foirmiúil a ghabháil leo siúd a chabhraigh ar shlí ar bith. D'fhéadfadh na páistí sneaiceanna agus sólaistí a ullmhú, b'fhéidir le cabhair na dtuismitheoirí nó cúramóirí, agus iad a bheith ar fáil do chuairoteoirí. D'fhéadfaí na dialanna, blaganna agus grianghraif den obair agus í ar siúl a chur ar taispeáint go feiceálach agus d'fhéadfadh na páistí (agus na cuairteoirí) machnamh a dhéanamh ar an tairbhe dhearfach atá déanta ag an tionscadal dá gcuid foghlama agus forbairt phearsanta féin.

D'fhéadfadh na páistí taifead dá gcuid foghlama ar an tionscadal a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Coimeádtar é seo le húsáid i gceachtanna a leanann san aonad seo.

Moltaí do Tionscadail



Múrphictiúr a phéinteáil ar bhalla taobh amuigh den scoil nó de halla an phobail nó colláis shealadach a dhéanamh nó 'múrphictiúr' ar leatháin nó ar mhórchláir tógálaithe (ar fáil ó Sholáthróirí Tógálaithe).

Cuairt a thabhairt agus amhráin a chanadh/ scéalta a insint/ éisteacht le scéalta in Ionad Cúram Lae d'Aosaigh nó Teach Altranais.

Bleibíní nó ilbhliantóga a chur in aice le cosáin in eastát tithíochta, b'fhéidir in áit ina mbíonn crainn bheaga ag fás.

Lá Glantacháin do thuismitheoirí, cúramóirí agus páistí a eagrú i gceantar beag; ag déanamh teagmhála leis an ngrúpa áitiúil de na Bailte Slachtmhara, mar déanann an eagraíocht seo a lán chun an timpeallacht a dhéanamh níos deise.

Síolta do chrainn dúchais a chur sa rang agus ansin iad a phlandáil i dtailte nó in aice le tailte an ionaid phobail áitiúil nó halla an pharóiste.

Fiontar chun airgead a bhailiú a eagrú (mar shampla. maratón léitheoireachta nó litrithe, díolachán cácaí nó siúlóid urraithe) chun airgead a bhailiú do thionscadal áitiúil nuair nach gceadaítear baint níos díri a bheith ag na páistí ann.

Machnamh ar Cheachtanna

Ag Forbairt Saoránachta

M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna faoi shaoránacht a fhorbairt.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Cónaímid inár bpobal	
Idir na cultúir? An bhearna a dhúnadh	
Cluiche mála páipéir	
Ár gcearta, Ár bhfreagairtí	
Mo dhomhan, ár ndomhan	

CEACHT 2

A DEICH: 2

IDIR NA CULTÚIR? AN BHEARNA A DHÚNADH

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhraítear le páistí éagsúlacht agus ilghnéithiúlacht a léirthuisint trí chultúir dhifriúla a iniúchadh.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus an domhan mór
- **Snáithaonad:** Saoránacht a Fhorbairt
Pobail Náisiúnta, Eorpach agus níos leithne

Cuspóirí Ábhair

Cultúir, creidimh, grúpaí eithneacha nó eile a chónaíonn i bpobal nó sochaí a aithint agus bealaí inar féidir meas a léiriú ar na difríochtaí seo a iniúchadh.

Éirí feasach ar chuid de na cultúir, slite maireachtála agus teangacha i roinnt tíortha san Aontas Eorpach agus sa domhan mór.

- **Snáithe:** Mise agus daoine eile
- **Snáithaonad:** Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Tábhacht cúraim, tuisceana, cúirtéise agus deabhéasa le daoine eile a chleachtadh agus a aithint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
- **Snáithaonaid:** Labhairt
Léitheoireacht
Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

- **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin, eolas agus smaointe a iniúchadh le teacht ar thuisint

Snáithaonad: Drámaíocht a iniúchadh agus a dhéanamh

OSCE - Tíreolas

- **Snáithaonad:** An comhshaol daonna
Daoine agus tailte eile

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Toisc go bhfuil cuairt chuig an rang ó dhuine/daoine fásta a rugadh i dtír eile mar chuid den cheacht seo, beidh sé riachtanach buaileadh leo siúd a bheidh páirteach agus an ceacht a phleanáil leo.

Nascann an ceacht seo le hAonad a hOcht: Caidrimh a dhéanamh le daoine eile (Ceacht 2 Éisteacht)

Ní mór duit an príomhoide a chur ar an eolas faoin gcuairt agus cloí le beartas na scoile um chosaint leanaí.

ACMHAINNÍ

- Cóipleabhair OSPS, pinn luaidhe
- poncanna beaga do vótáil le poncanna (má tá á n-úsáid)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Obair Ghrúpa
- Rólghlacadh
- Machnamh

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na páistí go dtagaimid go léir ó chúlraí difriúla agus go mbíonn pearsantachtaí difriúla againn, go bhfuilimid go léir uathúil ach go bhfuil a lán i bpáirt againn freisin. Mínigh go bhfuil na páistí chun buaileadh agus labhairt faoina n-óige le duine nó daoine a d'fhás aníos i dtír eile.

Obair Ghrúpa

Ullmhú don Agallamh

Mínigh do na páistí go gcaithfidh siad smaoineamh ar cheisteanna ar dtús a cheapann siad a chuirfeadh duine nó na daoine ar a suaimhneas agus go mbeadh freagraí suimiúla mar thoradh orthu.

Mol dóibh gur chóir dóibh ceisteanna dúnta a d'fhéadfaí freagra mar 'Tá' nó 'Níl' a thabhairt orthu a sheachaint - cuir i gcuimhne dóibh go mbeidh orthu an oiread ábhar suimiúil agus is féidir leo a mhealladh. Tabhair cúig go deich nóiméad dóibh smaoineamh ar roinnt ceisteanna gur mhaith leo a chur, agus liosta a chruthú gur féidir leo a scríobh ina gcóipleabhar OSPS.

Fad is a bhíonn na páistí ag smaoineamh ar cheisteanna gur féidir a chur le linn an agallaimh, d'fhéadfá roinnt moltaí a liostáil a chabhródh leis na páistí agus ansin a n-aird a dhírú orthu le breith a thabhairt orthu:

- Cár chónaigh tú nuair a bhí tú óg? An féidir leat a insint dúinn faoin áit seo?
- An féidir leat a insint dúinn faoi do scoil nuair a bhí tú ar chomhaois linne? Ar bhain tú taitneamh as?
- An raibh saol na scoile difriúil duitse, má bhí, conas?
- Cad é an t-ábhar a b'fhearr leat agus an t-ábhar nárbh fhearr leat, agus cén fáth? Cén teanga a labhair tú?

- Cén ceol a thaitin leat? An raibh an ceol cosúil leis an gceol a chloistear in Éirinn?
- Conas a bhí sé duit teacht go hÉirinn? An inseoidh tú rud éigin dúinn faoi sin?
- Cén bealaí ina bhfuil Éire cosúil le do tír dhúchais? Conas atá sí difriúil?

Tabhair cúpla nóiméad eile do na páistí chun machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo go léir agus ceadaiigh dóibh a liosta a leasú má roghnaíonn siad, sula n-iarrtar orthu cuid de na ceanteidil agus cuid de na ceisteanna atá á moladh acu a ghlaoch amach.

Tabhair cuireadh do na páistí socrú ar dheich nó dhá cheanteideal déag agus ceisteanna a úsáidfear – déanfar é seo trí vótáil nó le poncanna, ina dtugtar sé phonc do gach páiste, agus tugann siad trí phonc don rogha is fearr leo, dhá phonc dá gcéad rogha eile agus ceann amháin dá dtríú rogha. Déantar suimiú ar na poncanna ansin chun na roghanna is fearr a fháil.

Cinntigh go dtuigeann gach duine nach bhfuil ar aon duine aon rud a iarraidh, a fhreagairt nó a phlé nach bhfuil siad compordach leis.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Rólghlacadh**Pléigh, comhaontaigh agus tabhair ról don chuairt**

Cinntigh leis an rang:

- cé a chuirfidh na ceisteanna (Ról 1)
- cé a choimeádfaidh taifead de na freagraí (Ról 2)
- cé a scríobhfaidh píosa d'iris na scoile nó don nuachtán áitiúil (Ról 3)
- cé a thógfaidh na grianghraif (Ról 4)
- cé a bhuaifidh agus a chuirfidh fáilte roimh an duine (Ról 5)
- cé a ghabhfaidh buíochas leis an duine sula n-imíonn sé nó sí (Ról 6)
- cé a scríobhfaidh litir bhúochais (Ról 7)

(Is féidir le níos mó ná páiste amháin glacadh leis na ról seo.)

Cuir béim ar thábhacht éisteachta mar taispeánann sé seo suim agus léiríonn sé meas. Tabhair cuireadh do na páistí rólghlacadh a úsáid chun cleachtadh a dhéanamh ar cheistiúchán - d'fhéadfá é seo a léiriú ar dtús ag úsáid cuid de na ceisteanna ar an liosta comhaontaithe. Is deis í seo forbairt a thaispeáint i dteicníc an cheistiúcháin agus d'fhéadfá cúpla treoircheist eile a chur leis. Ansin d'fhéadfadh beirt pháiste ról an agallóra agus an agalláí a ghlacadh chun ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Machnamh

Tar éis na cuairte, pléigh an t-eispéireas:

- *Cad a d'fhoghlaim tú faoi fhás aníos i (ainm na tíre)?*
- *Faoin na heispéiris a bhí acu siúd a tháinig ar cuairt?*
- *Conas atá sé cosúil nó difriúil le do thaithí féin?*
- *Ar chuir aon rud ionadh ort? Cad é?*

- *Cad as ar bhain tú an taitneamh is mó? Cén fáth?*

- *Conas an dóigh leat gur bhraith an/na cuairteoir(i)?*

Pléigh dréachtú na litreach 'Buíochais' agus iarr ar an bpáiste ar tugadh an ról dó/di an litir seo a ullmhú.

Is féidir leis na páistí taifead dá gcuid foghlama a dhéanamh sa chuid chuí den **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a choimeádtar le húsáid i gceachtanna ina dhiaidh seo.

Síneadh

D'fhéadfadh na páistí taighde bhreise a dhéanamh ar chultúr na tíre nó na dtíortha ónar tháinig an cuairteoir nó na cuairteoirí.

CEAHT 3

A DEICH:3

CLUICHE AN MHÁLA PÁIPÉIR

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a ardaítear feasacht páistí ar mhíchothromaíochtaí d'fhéadfaí spreagadh a thabhairt gníomhú chun iad a laghdú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Saoránacht a Fhorbairt
Pobail Náisiúnta, Eorpach agus níos leithne

Cuspóirí Ábhair

Tabhairt faoi deara agus tús a chur le tuiscint a fháil ar dháileadh míchothrom shaibhreas an domhain.

Maireachtáil sa phobal áitiúil

Iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir le héagothroime a bheith sa phobal áitiúil agus bealaí inar féidir tabhairt fuithi a mholadh.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léamh

Scribhneoireacht

OSCE - Tíreolas

■ **Snáithe:** Comhshaoil daonna

Daoine agus tailte eile

Saincheisteanna trádála agus forbartha

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Cé go bhfuil an ghníomhaíocht sa cheacht seo suite san India, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag páistí nach bhfuil anseo ach gné amháin den India. Nuair nach ndírítear ach ar ghné amháin de thír, is féidir dearcadh atá as riocht a fháil den tír.

ACMHAINNÍ

- Soláthar mór de shean-nuachtáin, taos, mála páipéir samplach, conas mála páipéir a dhéanamh, liosta siopadóireachta, líon mhór cnaipí, cartaí seans.
- Cairt: Dáileadh Daonra an Domhain
- Cairt: Dáileadh Saibhreas an Domhain
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna
- Cóip de na treoracha chun mála páipéir a dhéanamh ar fáil ag http://learn.christianaid.org.uk/Images/paper_bag_game_how_to_make_the_bag_tcm16-28873.pdf

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Obair Ghrúpa
- Plé
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Fiafraigh den rang an gceapann siad go bhfuil saibhreas an domhain roinnte go cothrom. Leag béim ar na **Cairteacha: Dáileadh Daonra agus Saibhreas an Domhain**. Léirigh nach bhfuil saibhreas roinnte go cothrom laistigh de na réigiúin dhifriúla. Iarr tuairimí ar na cúiseanna atá leis seo. Mínigh go bhfuil siad chun gníomhaíocht a dhéanamh a léireoidh conas atá an saol do roinnt daoine.

Obair Ghrúpa

Roinn an rang i ngrupaí de chúigear ag seasamh do theaghlach. Dáil amach sean-nuachtáin, taos agus péire siosúir ar gach grúpa. Inis dóibh go bhfuil siad, sa ghníomhaíocht seo, ag seasamh do theaghlach a chónaíonn i sráidbhaile san India. Beidh tusa mar shiopadóir ann. Tabhair an comhthéacs seo a leanas: *Ar cheann de na bealaí gur féidir leis an gclann seo airgead a shaothrú chun riachtanais a cheannach tá málaí páipéir a dhéanamh agus iad a dhíol le siopadóirí. Bíonn 26 rúipí in aghaidh an lae ag teastáil do gach duine chun riachtanais a cheannach le coinneáil beo ar éigean.*

Taispeáin do na páistí na treoracha chun mála páipéir a dhéanamh ar fáil ar http://learn.christianaid.org.uk/Images/paper_bag_game_how_to_make_the_bag_tcm16-28873.pdf ar an CBI. Inis dóibh go mbeidh 20 nóiméad acu chun an oiread málaí agus is féidir leo a dhéanamh. Ní mór dóibh oibriú chomh tapa agus is féidir leo, ach ní mór dóibh a chinntiú freisin go bhfuil na mála déanta i gceart. Nuair atá 10 mála déanta ag grúpa, tugann ball amháin den ghrúpa iad go dtí an siopadóir (an múinteoir). Iocfaidh an siopadóir rúipí amháin as 10 gcinn, mura mbíonn athrú sa mhargadh. Scrúdóidh siad na málaí freisin féachaint an bhfuil siad déanta i gceart. Má bhíonn

athrú sa mhargadh tabharfaidh an siopadóir cárta dóibh le sonraí den athrú.

Ó am go ham, cuir i gcuimhne dóibh an méid ama atá fágtha acu. Tabhair cárta seans amháin nó níos mó dóibh le linn na 20 nóiméad. Ag deireadh 20 nóiméad, iarr orthu an méid airgid atá saothraithe acu a chomhaireamh, cé mhéad a shaothródh siad in uair an chloig agus cé mhéad uair a chloig ar ghá dóibh oibriú gach lá chun 26 rúipí a shaothrú do gach duine.

Plé

Is féidir an ghníomhaíocht a leanúint le plé ranga ag úsáid cuid de na ceisteanna seo a leanas:

- *An mbeadh go leor airgid saothraithe agat le coinneáil beo?*
- *Conas a d'eagraigh sibh, sibh féin sa ghrúpa?*
- *An mbeadh níos mó déanta agaibh dá n-oibreodh sibh ar bhealach difriúil?*
- *Conas a bhíonn an saol do theaghlach i gcásanna mar seo, an dóigh leat?*
- *Conas a rachadh sé i bhfeidhm ar pháistí anois?*
- *Agus níos déanaí ina saol?*
- *Cén fáth go bhfuil na siopadóirí chomh cumhachtach sin?*
- *Cad é macasamhail an tsiopadóira sa mhargadh domhanda? (comhlachtaí ilnáisiúnta)*
- *Cén fáth go mbíonn cumhacht acu?*
- *Cad iad do smaointe faoin éagothroime atá sa domhan?*
- *An bhfuil grúpaí agus daoine aonair a gcaitear go héagothrom leo in Éirinn?*

NÓS IMEACHTA SONRACH

Conclúid

Iarr ar na páistí filleadh ar a ngrúpaí agus smaoineamh ar bhealach nó dhó inar féidir leo mar rang aird a dhíriú ar éagothroime. Tóg aiseolas agus leis an rang roghnaigh agus déan roinnt gníomhartha a phleanáil. Déan athbhreithniú ar an dul chun cinn orthu seo ag am níos déanaí.

Is féidir leis na páistí taifead a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Coimeádtar í seo le húsáid i gceachtanna ina dhiaidh seo.

Síneadh

D'fhéadfadh na páistí taighde a dhéanamh ar dhúshaothrú páistí ag plé leis ó thaobh cúrsaí staire de agus féachaint ar chúrsaí faoi láthair lena n-áirítear cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar de.

Tá an ceacht seo curtha in oiriúint ó ábhair a forbraíodh ag Cabhair Chríostaíochta. Féach <http://learn.christianaid.org.uk/TeachersResources/primary/pbag.aspx>


Cártaí Seans

Tá an iomarca málaí ag an siopadóir agus tá sé/sí ag laghdú an phraghais - beidh 12 mhála anois ag teastáil do rúipí amháin.

Tá gantannas málaí agus mar sin ardófar an praghas - íocfar rúipí amháin as 8 mála.


Bíonn málaí ag teastáil d'earraí éagsúla, mar sin ní mór dóibh a bheith níos airde agus níos caoile - íocfar ag an bpraghas céanna iad.

Dáileadh Daonra an Domhain



Dáileadh Saibhreas an Domhain

Bunaithe ar staidreamh ón gCiste Airgeadaíochta Domhanda 2013



CEAHT 4

A DEICH: 4

ÁR gCEARTA, ÁR bhFREAGRACHTAÍ

COINCHEAP LÁRNACH

D'fhéadfaí comhbhá a fhorbairt i bpáistí a d'fhéadfadh athrú a bheith mar thoradh uirthi trí fheasacht a ardú iontu ar chearta agus éagothroime uilíocha.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Saoránacht a Fhorbairt
Pobail Náisiúnta, Eorpach agus níos leithne

Cuspóirí Ábhair

Tús a chur le hiniúchadh a dhéanamh ar choincheap an daonlathais.

Iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir ceartas agus síocháin a chur chun cinn idir daoine agus grúpaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Aithint agus tús a chur le tuiscint a fháil ar dháileadh míchothrom shaibhreas an domhain.

Maireachtáil sa phobal áitiúil

Aithint agus iniúchadh a dhéanamh ar an tairbhe dhearfach a dhéanann eagraíochtaí éagsúla, grúpaí eithneacha, sóisialta nó pobail agus daoine aonair don phobal áitiúil.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

Snáithí: Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

OSCE - Tíreolas

■ **Snáithe:** Comhshaoil dhaonna

Fo-aonaid: Daoine agus tailte eile

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá tuiscint ag teastáil mar d'fhéadfadh go mbeadh páistí sa rang ar sáraíodh a gcearta.

ACMHAINNÍ

- Leathanaigh smeach-chairte
- Póstaer: Achoimre ar Chairt um Chearta an Linbh
- Scéalta: páistí ó ar fud an Domhain
- Clár Nathracha is Dréimírí, díсле agus cnaipí
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Babhta agus Plé
- Plé
- Scéal agus Plé
- Cluiche
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Babhta agus Plé

Eagraigh na páistí i gciorcail agus réad cainte á úsáid, iarr orthu an abairt a chríochnú: *Tá sé de cheart ag gach duine...* Spreag iad smaoineamh ar chearta uilíocha, seachas a gcearta féin amháin. Déan na cearta a aithníodh a liostáil ar an leathanach smeach-chairte agus seiceáil ar mhaith leo aon rud eile a chur leis an liosta. Fiafraigh:

- *An mbaineann na cearta seo le gach duine in Éirinn?*
- *An gcomhlíontar na cearta seo do gach duine?*
- *An mbaineann na cearta seo le daoine ar fud an domhain?*

Cuir **Achoimre den Chairt um Chearta an Linbh** ar taispeáint. Déan comparáid idir na cearta a bhí ar an liosta agus na cearta atá san Achoimre.

Plé

Tarraing aird ar na cearta a aithnítear thíos ceann ar cheann.

- Tá an ceart chun a mbeatha ag leanaí
- Tá an ceart ag leanaí oideachas saor agus cuí a fháil
- Tá an ceart ag leanaí a bheith páirteach in imeachtaí súgartha
- Tá an ceart ag leanaí caighdeán maireachtála sásúil a bheith acu
- Tá an ceart ag leanaí a dteanga, cultúr agus creideamh féin a bheith acu

Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun plé a dhéanamh ar gach ceart:

- *Conas a chomhlíontar an ceart seo i do shaol?*
- *Cé hiad na daoine a chabhraíonn leat an ceart seo a bhaint amach?*

- *An bhfuil bealaí ann ina gcabhraíonn tú le daoine eile an ceart seo a bhaint amach?*

- *An bhfuil eolas agat ar chásanna in Éirinn nó i dtíortha eile nach gcomhlíontar an ceart seo?*

Scéal agus Plé

Roinn na páistí i ngrúpaí agus dáil amach scéal ó **Pháistí ar fud an Domhain** ar gach grúpa. Iarr orthu aird a dhíriú ar áiteanna ina bhfeiceann siad cearta á gcomhlíonadh nó á ndiúltú. Nuair atá sé seo déanta ag na grúpaí, iarr aiseolas. Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun plé a spreagadh:

- *Cén cosúlachtaí agus difríochtaí a thug tú faoi deara le do shaol féin?*
- *An bhfuil riachtanais ag x... (ainm an pháiste ón scéal) nach bhfuil á gcomhlíonadh?*
- *An bhfuil eolas agat ar chásanna in Éirinn nó i dtíortha eile nach gcomhlíontar an riachtanas seo?*
- *Cad a chuireann ar chumas nó a chabhraíonn le daoine a gcearta a chur i gcrích, agus ag an am céanna nach féidir le daoine eile é a dhéanamh? (tabhair isteach coincheapa an cheartais, an daonlathais).*
- *An bhfuil daoine atá ina gcónaí in Éirinn a bhfuil a gcearta a ndiúltú dóibh?*

Cluiche

Dáil amach cláir Nathracha agus Dréimírí, dílse agus cnaipí ar gach grúpa. Tá an cluiche thart nuair a shroicheadh gach duine an bosca deireanach.

NÓS IMEACHTA SONRACH

Conclúid

Iarr ar na páistí machnamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón gceacht. D'fhéadfaí é sin a thaifeadadh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**.

Mar mhalairt air sin d'fhéadfaidís na tosaitheoirí abairte seo a leanas a úsáid agus taifead dá gcuid smaointe a dhéanamh ina gcóipleabhar OSPS:

Rud nua atá foghlamtha agam...

Rud atá foghlamtha agam ó dhaoine a chónaíonn in áiteanna eile ...

Rud gur féidir liom freagracht a ghacadh as daoine eile a spreagadh smaoineamh ar ná...

Rud éigin a labhróidh mé le mo theaghlach faoi ná...

Síneadh

D'fhéadfadh na páistí pas a dhearadh ag úsáid leabhar nótaí. D'fhéadfaidís cúig chearta a roghnú ansin gur mhaith leo díriú orthu agus taifead a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíontar na cearta seo ina saol, nó cathain a chomhlíonfar na cearta seo dóibh (m.sh.vótáil).

Achoimre ar Chairt um Chearta an Linbh

(curtha in oiriúint ón gClár Lift Off de chuid Amnesty)



Tá an ceart chun a b(h)eatha ag gach leanbh.

Tá an ceart ag gach leanbh ainm agus náisiúnacht a bheith aige/aici.

Tá an ceart ag gach leanbh a bheith lena t(h)eaghlach nó leo siúd a thabharfaidh an t-aire is fearr dóibh.

Tá an ceart ag gach leanbh bia a d(h)óthain agus uisce glan a bheith aige/aici

Tá an ceart ag gach leanbh caighdeán maireachtála sásúil a bheith aige/aici

Tá an ceart ag gach leanbh cúram sláinte a bheith aige/aici

Tá an ceart ag gach leanbh le míchumas cúram speisialta agus oiliúint a bheith aige/aici

Tá an ceart ag gach leanbh súgradh a dhéanamh.


Tá an ceart ag gach leanbh oideachas saor agus cuí a fháil.

Tá an ceart ag gach leanbh a bheith sábháilte agus cosaint a bheith acu ó ghortú agus faillí

Ní ceart go n-úsáidfí leanaí mar oibrithe suaracha nó mar shaighdiúirí

Ní mór cead a thabhairt do leanaí a dteanga féin a labhairt agus a gcreideamh agus a gcultúr féin a chleachtadh

Tá an ceart ag leanbh guth a bheith aige/aici agus buaileadh lena chéile lena gcuid tuairimí a chur in iúl.



Páistí ó ar fud an Domhain



Florinda

Tagann Florinda, 14, as Angóla san Afraic Theas. Nuair a shroich an cogadh a baile dúchais theith a teaghlach go dtí an tSaimbia. Maraíodh a hathair go tragóideach fad is a bhí siad ag iarraidh teitheadh. Bhí ar an gcuid eile den teaghlach cónaí i bpubaill i gcampa teifeach sa tSaimbia ar feadh dhá bhliain. Nuair a bhí an cogadh thart, theastaigh uathu filleadh ar Angóla. 'Bhí an turas go huafásach, mar bhí orainn éirí go luath ar maidin agus siúl go meánlae. Nuair a d'éirigh an ghrian ró-láidir, bhí orainn stopadh faoi scáth crainn', a mhínigh Florinda. 'Timpeall 2 i.n. leanfaimís orainn ag siúl go dtí meánoíche. An rud ba dheacra ná nach mbíodh bia againn go minic, agus mar sin bhí orainn leanúint ar aghaidh ag siúl gan aon rud a ithe'. Dhá mhí ina dhiaidh sin ní raibh siad fós sa bhaile. Mar sin tá siad lonnaithe i sráidbhaile lena lán teaghlach eile nach raibh ábalta dul abhaile ach an oiread.

Nuair a shroich an teaghlach an sráidbhaile ní raibh aon rud acu. Tá trealamh tosaithe baile tugtha ag carthanacht idirnáisiúnta dóibh - buicéad, síolta, blaincíd agus sceana. Tá a dteach nua beagnach críochnaithe acu anois. 'Ní mór dúinn roinnt láibe a chur sna ballaí', a deir Mam Florinda. Faoi láthair níl Florinda ná a deartháir in ann dul ar scoil mar níl airgead ag a Mam chun aon ábhar scoile a cheannach.

Abebe

Tá Abebe deich mbliana d'aois. Cónaíonn sé ar shráideanna Ádis Ábeba, príomhchathair na hAetóipe san Afraic Thoir. Gach maidin éiríonn sé ar a 5 r.n. agus téann ag cuardach rudaí a chaitheann daoine eile amach ach a d'fhéadfadh seisean a dhíol ag an margadh áitiúil. Bíonn an t-aon bhéile amháin aige san iarnóin. Um thráthnóna, cuardaíonn sé áit shábháilte le dul a chodladh. Ba bhreá le hAbebe an seans dul ar scoil ionas go mbeadh sé in ann staidéar chun a bheith ina dhochtúir. Bheadh air íoc as dul ar scoil áfach, agus níl a dhóthain airgid aige nó níl aon teaghlach aige chun cabhrú leis. Mar sin ní dócha go mbeidh sé in ann a uailmhian a bhaint amach.

Mariam

Cónaíonn Mariam, aon bhliain déag d'aois, sa Phacastáin i gcampa do dhaoine a raibh orthu a dtithe a fhágáil san Afganastáin. Bothán aon seomra is ea a teach, ina gcónaíonn sí lena máthair, deartháir níos óige agus a deirfiúr. Gach lá éiríonn sí ar a 6 ar maidin, déanann sí na héadaí leaba a chornadh agus scuabann sí an t-urlár. Roinnt laethanta tógann sí ar a seal dul go dtí na sconnáí pobail chun dul i líne le haghaidh uisce. Téann Mariam ar scoil do chailíní a bhunaigh an ghníomhaireacht chabhrach idirnáisiúnta a réachtálann an campa: seachas sin ní dócha go mbeadh sí in ann dul ar chor ar bith mar ní bheadh sé d'acmhainn ag a máthair í a chur ann. Bíonn an t-aon bhéile sa lá aici nuair a thagann sí abhaile ón scoil agus ansin déanann sí a hobair bhaile sula n-imíonn an solas mar níl aon lampa acu ina dteach. Chomh luath agus a bhíonn sé dorcha cabhraíonn sí lena máthair na jabanna a chríochnú agus ansin téann sí a luí.

Páistí ó ar fud an Domhain



Gilbert

Tá Gilbert 10 mbliana d'aois. Cónaíonn sé i sráidbhaile i dtuaisceart Háítí. Siúlann sé ar scoil agus tá áthas air go bhfuil sé in ann dul; ní féidir le cuid dá chairde dul mar níl an t-airgead ag a dteaghlach. Gach bliain ní mór dó pas a fháil i scrúdú chun dul isteach sa chéad bhliain eile den scoil. Nuair a thagann sé abhaile ón scoil, cabhraíonn sé lena athair mataí boird a snoí le díol ag an margadh. Tar éis seo, bíonn sé ag súgradh lena chairde. Ní bhíonn mórán bréagán acu, ach déanann siad a n-eitleoga féin as páipéar, maidí agus sreanga agus feiceann cé leis an eitleog a rachaidh is airde sa spéir. Don dinnéar bíonn rís agus plantán aige. Tá leictreachas sa sráidbhaile, ach tá an soláthar leictreachais lag agus ní bhíonn sé ar siúl ach ar feadh cúpla uair an chloig. Chomh maith leis sin, ní bhíonn sé ar siúl gach lá, agus mar sin cuid de na trathnónta críochnaíonn siad na jabanna agus an obair bhaile le solas an lampa.

Sangeev

Tá Sangeev 11 bhliain d'aois. Cónaíonn sé san India. Fágann sé an teach go luath ar maidin chun siúl ar scoil lena chairde. Téann siad cosnochta mar bíonn sé te agus deannachúil san áit ina gcónaíonn sé. Nuair a thagann sé abhaile, cabhraíonn sé lena thuismitheoirí le jabanna éagsúla. Is é an príomhjab atá aige ná aire a thabhairt do ghabhair an teaghlach, iad a chrú agus a bheathú. Nuair a bhíonn am aige, is maith leis peil a imirt lena dheartháir agus lena chairde. Don dinnéar bíonn stobhach lintile le rís agus chapati (arán réidh) aige de ghnáth. San oíche codlaíonn sé ar mhata ar an urlár lena dheartháir.

Angela

Cónaíonn Angela sa Chéinia san Afraic Thoir. Cónaíonn sí lena seanmháthair, a beirt deartháir agus a deirfiúr atá ina naíonán. Éiríonn sí díreach agus an ghrian ag éirí chun uisce a fháil don teaghlach ar fad, mar níl aon uisce reatha ina dteach. Ní mór di siúl go dtí an píb uisce a roinntear le gach duine sa cheantar. Tógann sé timpeall uair an chloig di siúl ansin agus go minic bíonn uirthi dul i líne dá seal. Is obair chrua í an t-uisce a iompar suas an cnoc go dtí a teach agus an ghrian ag spalpadh anuas uirthi. I sráidbhaile cosúil leis an gceann ina bhfuil Angela, jab an chailín is ea an t-uisce a fháil, ach is cuma léi mar tá a fhios aici go bhfuil sé tábhachtach agus go bhfuil an t-uisce de dhíth ar a teaghlach. Nuair a shroicheann sí baile, fiuchann sí an t-uisce le cinntiú go bhfuil sé sábháilte dóibh go léir le hól. Téann deartháireacha Angela ar scoil ach tá gá ag a seanmháthair lei fanacht sa bhaile chun cabhrú léi aire a thabhairt dá deirfiúr óg agus cabhrú leis an gcócaireacht agus jabanna eile a dhéanamh. Tá súil ag Angela go mbeidh sí in ann dul ar scoil arís am éigin, mar ba mhaith léi a bheith ina hinnealtóir uisce nuair a fhásann sí aníos agus tá a fhios aici gur gá di a lán staidéir a dhéanamh chuige sin.

Is féidir níos mó scéalta faoi shaol páistí ar fud an domhain a fháil ag:

www.globalgang.org

<http://www.oxfam.org.uk/education/resources>

100	99	98	97	96	95	94	93	92?	91
10	89	88	87	86	85	84	83	82	81
80	79	78	77	76	75	74?	73	72	71
70?	69	68	67	66	65	64	63	62	61
60	59	58	57	56	55	54	53	52	51
50	49	48	47	46	45	44	43	42	41
40	39	38	37	36	35	34	33	32	31
30	29	28	27	26	25	24	23	22	21
20	19?	18	17?	16	15	14	13	12?	11
1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
Tosaigh	Tá cead agat cuairt a thabhairt ar ghaolta thar sáile.	Níl cead agat do theanga féin a úsáid.	Níl aon leithcheal ann	Rinne saighdiúirí ionsaí ar do bhaile	Níl cead agat dul ar scoil	Buaileann tú le cairde go rialta	Tá triail chóir agat	Caitear go cothrom leat	Séanadh cúnamh dlí ort
Is féidir leat vótáil is féidir leat do smaointe a chur in iúl.	Tá cead agat cuairt a thabhairt ar ghaolta thar sáile.	Níl cead agat do theanga féin a úsáid.	Níl aon leithcheal ann	Rinne saighdiúirí ionsaí ar do bhaile	Níl cead agat dul ar scoil	Buaileann tú le cairde go rialta	Tá triail chóir agat	Caitear go cothrom leat	Séanadh cúnamh dlí ort

CEACHT 5

A DEICH:5

MO DHOMHAN, ÁR nDOMHAN

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach do pháistí a bheith feasach ar thionchair a stíl mhaireachtála ar an gcomhshaol.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Saoránacht a Fhorbairt
Cúram don chomhshaol

Cuspóirí Ábhair

Léirthuisicint a bheith ar an gcomhshaol agus freagracht aonair agus pobail as cúram a thabhairt don chomhshaol a fhorbairt agus a bheith mar chaomhnóirí ar an Domhan do na glúnta amach anseo.

Maireachtáil sa phobal áitiúil

Ról an duine aonair agus na ngrúpaí éagsúla sa phobal a aithint agus a thuisicint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

OSCE Tíreolaíocht

■ **Snáithe:** Feasacht agus cúram ar an gComhshaol

Snáithaonaid: Feasacht ar an gComhshaol

Cúram don chomhshaol

NÓTA DON MHÚINTEOIR

D'fhéadfadh go mbeadh roinnt saincheisteanna i réimsí áirithe a bhfuil deacrachtaí ag baint leo nó atá ina n-ábhar conspóide gur chóir duit a bheith ar an eolas fúthu - mar shampla monarcha ag truailliú abhainn áitiúil nó saincheisteanna comhshaoil eile.

ACMHAINNÍ

- Ábhair ealaíne chun póstaer a dhéanamh
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna
- Bileog Oibre: Machnamh ar Shaoránacht a Fhorbairt

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Reamhrá
- Obair i bPéirí
- Plé
- Póstaer
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Fiafraigh de na páistí ar chuala siad riamh faoin téarma: Lorg carbóin? Cad a chiollaíonn sé? Faigh tuairimí ó na páistí. Mínigh gurb é atá in ár lorg carbóin ná an méid d'acmhainní nádúrtha an Domhain a úsáidimid.

Nuair a úsáidtear breoslaí nádúrtha an Domhain cuirtear dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar. Gach uair a cheannaímid rud éigin, a úsáidimid rud éigin nó a thiomáinimid, úsáidimid cuid d'acmhainní nádúrtha an Domhain cibé go díreach nó go hindíreach.

Obair i bPéirí

Roinn an rang i bpéirí. Tabhair ceann de na cúig réimse seo a leanas do gach péire:

- Iompar ar scoil nó go dtí an t-ionad oibre.
- Ithe amuigh
- Níochán éadaí
- Úsáid leictreonaicí mar ríomhairí sa teach
- Úsáid leictreachais.

Iarr orthu na bealaí ina n-astaítear dé-ocsaíd charbóin a phlé agus a liostáil, cibé go díreach nó go neamhdhíreach, tríd an iompraíocht seo. Is féidir le gach péire nascadh le péire eile a bhfuil an réimse céanna pléite acu agus comhaontú ar thrí nó ceithre pointe le roinnt leis an gcuid eile den rang. D'fhéadfá a chur in iúl go bhfuil a lán breoslaí iontaise á n-úsáid againn in Éirinn, go gceannaímid a lán bia a iompraíodh achar fada, go bhfuil muid díreach tar éis tús a chur le hathchúrsáil a dhéanamh agus go gcaithimid a lán rudaí amach fós.

- *An féidir leat smaoineamh ar bhealaí inar féidir linne in Éirinn ár lorg carbóin a laghdú? Déan iad seo a liostáil agus a phlé.*

- *Conas a d'fhéadfaí níos lú leictreachais a úsáid?*

Úsáid an tosaitheoir abairte: *Bealach amháin a laghdóidh mé mo lorg carbóin ná... lig do gach páiste smaoineamh ar cad is féidir leo a dhéanamh.*

Plé

Iarr ar na páistí rudaí a aithint gur féidir a dhéanamh sa cheantar/phobal chun an lorg carbóin ina gceantar a laghdú. Déantar taifead de na tuairimí seo ar an gclár bán nó ar an CBI. Déan iad seo a phlé agus spreag na páistí na cinn is tábhachtaí díobh a aithint. Fiafraigh díobh: *Cé hiad na daoine nó grúpaí sa phobal a mbeadh suim acu nó a d'fhéadfadh cabhrú leis seo?*

Mol dóibh, mar rang nó trí ghrúpa mar an Grúpa Gníomhaíochta den Scoil Ghlas, litir a scríobh chuig a n-ionadaí áitiúil, grúpa pobail áitiúil agus/nó an nuachtán áitiúil chun a n-ábhair imní agus moltaí a chur in iúl.

Póstaer

Iarr ar gach páiste póstaer a dhéanamh ag taispeáint cad a dhéanfaidís chun a lorg carbóin a laghdú. Is féidir leo é seo a thabhairt abhaile agus é a phlé lena dteaghlach agus conas, mar theaghlach, a d'fhéadfaidís a lorg carbóin a laghdú.

Conclúid

D'fhéadfadh na páistí taifead dá gcuid foghlama ón gceacht seo a dhéanamh ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Cabhróidh an bhileog oibre seo leis na páistí a gcuid foghlama a mheas thar an aonad iomlán, gur féidir taifead a dhéanamh de ar an **mBileog Oibre: Machnaimh ar Shaoránacht a Fhorbairt**. B'fhéidir gur mhaith leat athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagraí na bpáistí agus aon saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar do níos mó oibre sa réimse seo a aithint.

Machnamh ar Shaoránacht a Fhorbairt

Aonad: _____ Dáta: _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé ...

Bhraith mé ...

Ba léir dom ...

Ba mhaith liom ...

Níor mhaith liom ...

Ar scála 1 go 10, áit nach bhfuil 1 go ró-mhaith agus 10 go hiontach, cén marc a bhronnfá ort féin ar d'fheasacht ar shaincheisteanna áitiúla agus domhanda? _____

Rud éigin a bhfuil mé neamhchinnte fós faoi nó ceist atá agam fós ná...

Ainm: _____

AONAD 11
OIDEACHAS NA MEÁN

MISNEACH



CLÁR

AONAD 11

OIDEACHAS NA MEÁN

SNÁITHE: MISE AGUS AN DOMHAN MÓR

Snáithaonad: Oideachas na Meán

RÉAMHRÁ DON AONAD

Is gné shuntasach agus gné a bhfuil tionchar aige i gcónaí ar shaol daoine lena n-áirítear saol páistí bunscoile iad na meán. De réir mar a fhásann páistí aníos bíonn siad gan chosaint níos mó agus níos mó ó gach cineál straitéisí margaióchta agus díritear orthu ag fógróirí mar chustaiméirí luachmhara do raon seirbhísí agus táirgí tráchtála. Tá sé ríthábhachtach go bhforbraítear feasacht i bpáistí ar thionchar na meán ar a saol ionas gur féidir leo a bheith feasach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus a bheith géarchúiseach faoi na roghanna a dhéanann siad maidir leis na táirgí agus na seirbhísí a úsáideann siad.

Déanann na ceachtanna seo forbairt ar an obair a rinneadh cheana i Misneach Rang a 5 agus leathnófar orthu chun obair a dhéanamh ar nuachtáin agus an ról a imríonn na meán inár ndearcadh ar ghrúpaí mionlaigh. Gné nua san aonad seo is ea léiriú mothúchán sna meán, go háirithe i meán na fógraíochta, mar bhealach chun tionchar a imirt ar chaiteachas.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Níl de dhíth ach an Grá?

Ceacht 2

Na Meán

Ceacht 3

Na Meán Chlóite: Nuachtáin

Ceacht 4

Fógraíocht

Ceacht 5

Na Meán Chumarsáide agus Mionlaigh

Ceacht 6

Caitheamh Aimsire

CEAHT 1 A hAON DÉAG: 1

NÍL DE DHÍTH ACH AN GRÁ?

COINCHEAP LÁRNACH

Príomhghné d'oideachas na meán is eafeasacht páistí a ardú ar conas a léirítear agus a úsáidtear mothúcháin sna meáin chun tionchar a imirt ar ár gcaitheachas.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Na cineálacha éagsúla grá atá ann a phlé agus iniúchadh a dhéanamh ar conas a léirítear agus a shainmhínítear grá i gceol, scannáin, leabhair, irisí agus i meáin eile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Glacacht le teanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonad:** Labhairt

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Toisc go ndírítear sa cheacht seo ar chineálacha éagsúla grá, b'fhéidir gur mhaith le páistí éagsúlacht caidrimh a phlé (m.sh. heitrihnéasach agus homaighnéasach) gur cóir a dhéanamh i gcomhthéacs eiteas na scoile.

Ba chóir go mbeadh múinteoirí tuisceanach le linn an cheachta do pháistí a d'fhéadfadh easpa grá a mhothú ina saol.

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre: Roghanna
- Bileog Oibre: Grá! Grá! Grá!
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ceann amháin do gach páiste i ngach cás)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Bileog Oibre:
- Obair i bPéirí
- Plé
- Obair Bhaile
- Conclúid

A hAON DÉAG: 1

NÓS IMEACHTA SONRACH

Bileog Oibre

Tabhair amach **An Bhileog Oibre: Roghanna** agus iarr ar na páistí í a líonadh isteach ina n-aonar ar dtús agus ansin a bhfuil scríofa acu a roinnt i bpéirí nó grúpaí beaga. Tabhair cuireadh do na páistí roinnt samplaí de na leabhair, scannáin, fógraí agus cláir theilifíse, amhráin agus irisí a roinnt agus labhairt faoi na cúiseanna a roghnaigh siad na cinn áirithe sin. Fiafraigh:

- *Cén fáth gurb é sin do rogha (leabhair/scannáin, fógra/amhráin/irisí srl.)?*
- *Cad faoi a insíonn sé (téama)?*
- *An gceapann tú go bhfuil sé cosúil leis an saol réalaíoch nó saol na samhlaíochta?*
- *An bhfuil sé sin go maith nó go dona?*

Obair Phéire

Eagraigh na páistí i bpéirí (mura bhfuil sé déanta cheana) agus mínigh go mbeimid ag caint inniu faoi mhothú atá thart timpeall orainn, a gcanann daoine faoi, a ndéantar scannáin faoi, a scríobhtar faoi agus a gcruthaítear pictiúr agus ealaíon faoi - iarr orthu a thomhas cén mothú é? Scríobh **GRÁ** ar an gclár bán agus ina bpéirí iarr ar na páistí smaoineamh ar na nathanna go léir a bhfuil cloiste acu faoi ghrá, in amhrán, i scríbhneoireacht d'aon chineál, ar an teilifís srl. (cabhróidh sé má tá roinnt samplaí reatha agat). Má tá amhráin aithnithe ag aon péire, b'fhéidir go mbeadh siad sásta líne nó dhó a chanadh as - d'fhéadfaí é seo a mholadh chomh fada is atá siad aois oiriúnach! Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí iarraidh ar na páistí a rá an mbaineann aon cheann dá roghanna le grá - agus má bhaineann, cén teachtaireachtaí a thugann siad faoin ngrá. D'fhéadfaí iad sin a chur ar an gclár bán le plé níos déanaí.

Plé

Agus iad fós i bpéirí, iarr ar na páistí smaoineamh ar na cineálacha éagsúla grá a léirítear sna meáin agus a tharlaíonn sa saol réalaíoch (cé go bhféadfadh an iomarca de léirithe an ghrá románsúil a bheith sna meáin, ní léiriú í seo ar na cineálacha éagsúla grá a mbíonn taithí ag daoine orthu ina saol). Fiafraigh: *Ó rugadh tú cén sórt grá a bhfuil taithí agat air?* Scríobh síos freagraí na bpáistí ar an gclár bán, ag cur isteach aon samplaí tábhachtacha a fágadh ar lár. D'fhéadfaí na samplaí seo a leanas a bheith ar an liosta:

- Tuismitheoirí agus páistí
- Idir siblíní
- Seantuismitheoirí agus garpháistí
- Gaolta níos leithne - aintíní/uncaillí/col ceathracha
- Idir cairde
- Pobal/comharsanacht

Anois cuir an cheist: *Cén sórt grá a cheapann tú a dtiocfaidh tú trasna air amach anseo?* Scríobh síos aon fhreagra breise leo siúd a luadh cheana - agus luaigh go leanann an-chuid de na cineálacha grá a luadh roimhe seo isteach san aosacht. Cuir ceist: *Cén fáth a cheapann tú go scríobhtar/gcantar an oiread sin faoi ghrá nó go léirítear an oiread sin faoi ghrá i leabhair/scannáin/ fógraí?*

Obair Bhaile

Inis do na páistí gur mhaith leat go n-aithneoidís áiteanna ina bhfeiceann siad grá á léiriú i bhfógraí go ceann cúpla lá. Cuir ceist: *Cá bhfeicfeá fógraí?* (ar chlár fógraí, in irisí agus nuachtáin, ar an teilifís, ar phóstaí srl.) Cuir na cineálacha éagsúla grá atá aitheanta acu i gcuimhne dóibh agus iarr orthu ceann nó dhó a phiocadh a bhfuil siad chun samplaí a fháil díobh.

A hAON DÉAG: 1

NÓS IMEACHTA SONRACH

D'fhéadfaí iad sin a bhreacadh ar an **mBileog Oibre: Grá, Grá, Grá!**

Conclúid

Tar éis cúpla lá nó seachtain, pléigh leis na páistí a gcuid torthaí maidir le fógraí a léiríonn grá. Cuir ceist:

- *Ar chuir aon rud ionadh ort?*
- *Cén fáth go gceapann tú go n-úsáidfeadh fógróirí grá ina gcuid fógraí?*
- *An léiriú réalaíoch nó idéalach é den ghrá?*
- *Cén fáth go gceapann tú é sin?*
- *Cén sórt táirgí a cheapann tú a bheadh oiriúnach do théama an ghrá dá mba fhógróir tusa? (m.sh. cártaí beannachta, táirgí naíonáin, saoirí/béilí amuigh srl.)*
- *Cén táirgí nach mbeadh go maith a fhógairt ag úsáid téama an ghrá? (m.sh. táirgí tí - uaireanta -úsáidtear téama an ghrá leosan fiú, nuair a bhíonn comhpháirtí amháin ag glanadh chun dul i gcion ar an duine eile!)*

Cuir ceist:

- *An gceapann tú go mbeadh tionchar ort rud éigin a cheannach trí théama an ghrá a úsáid? Cén rud?*
- *An gceannófaí iris dá mbeadh rud éigin faoi ghrá déagóra ar an gclúdach?*
- *Cad faoi dhul go scannán?*
- *Leabhar a cheannach nó a léamh?*
- *Cad a insíonn sé sin dúinn fúinn féin?*

Spreag na páistí a bhfuil foghlamtha faoin gcaoi a ndíolann grá earraí a phlé agus ráiteas nó dhó a scríobh ar an gclár bán mar achoimre. Mínigh go mbeidh siad thar an gcéad chúpla ceacht eile, ag féachaint ar chineálacha éagsúla meán ina mbeidh a lán mothúchán agus téamaí san áireamh - ach gan dearmad a dhéanamh ar cad atá foghlamtha acu faoin ngrá sa cheacht seo!

Is féidir leis na páistí taifead dá gcuid foghlama sa cheacht seo a dhéanamh sa spás cuí ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**. Úsáidtear í seo sna ceachtanna go léir san aonad seo agus mar sin ba cheart í a choinneáil in áit shábháilte.

Síneadh

D'fhéadfadh na páistí mothúcháin eile a úsáidtear sna meán a iniúchadh (m.sh. nuachtáin, fógraí) chun díolacháin nó táirge ar leith a chur chun cinn – mar shampla eagla/ éad/fuath/brón. D'fhéadfaí aird a dhíriú orthu seo tríd na ceachtanna ar fad san aonad Oideachas na Meán.

Mo Rogha Ceann!

Baineann an bhileog oibre seo leis na rudaí is rogha leat sa saol - féach cé mhéad gur féidir leat scríobh fúthu san am a thugtar agus bí ullamh iad a roinnt le do chomhpháirtí!

Bia: _____

Ainmhí: _____

Dath: _____

Clár teilifíse: _____

Scannán: _____

Fógraíocht: _____

Peinteáil/pictiúr/grianghraf: _____

Iris: _____

Duine: _____

Bláth: _____

Cluiche ríomhaire: _____

Leabhar: _____

Banna ceoil/amhránaí: _____

Amhrán: _____

Aisteoir/banaisteoir: _____

Ainmhí: _____

Fear/Bean ghrinn: _____

Sobalchlár teilifíse: _____

Grá! Grá! Grá!



Úsáid an bhileog oibre seo chun nóta a bhreacadh d'amanna nó áiteanna a fheiceann tú an grá á úsáid chun táirge nó seirbhís a dhíol le linn na seachtaine seo chugainn. Cuimhnigh - b'fhéidir nach n-úsáidfí an focal grá féin ach b'fhéidir go dtabharfaí nod dó!

Am/áit	Meán (m.sh. fógra, leabhar, iris)	Teachtairacht

Machnamh ar Cheachtanna: Na Meáin



M'ainm _____

Ar an leathanach seo coimeádfaidh mé taifead de na rudaí tábhachtacha a d'fhoghlaim mé sna ceachtanna faoi na meáin.

Ainm an cheachta	Cad a d'fhoghlaim mé
Níl de dhíth ach an grá?	
Na Meáin	
Fógraíocht	
Na Meáin Chumarsáide agus mionlaigh	
Caitheamh Aimsire	

CEACHT 2 A hAON DÉAG: 2

NA MEÁIN

COINCHEAP LÁRNACH

Fásann ár gcumas a bheith inár n-úsáideoirí géarchúiseacha na meán nuair a thuigimid an chaoi a gcuirtear eolas in iúl agus cuid de na teicnící a úsáidtear sna meáin.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus an domhan mór
- **Snáithaonad:** Oideachas na meán

Cuspóirí Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh agus tuiscint a bheith ann ar an gcaoi a gcuirtear eolas in iúl agus cleachtadh a dhéanamh ar theachtaireachtaí a chur in iúl ag úsáid modhanna éagsúla.

Roinnt teicnící simplí craolacháin, léiriúcháin agus cumarsáide a iniúchadh agus a úsáid.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - na hAmharcealaíona

- **Snáithe:** Líníocht
- **Snáithaonaid:** Ag déanamh líníochtaí
- Ag féachaint agus ag freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir an ceacht seo a chríochnú thar roinnt seisiún.

ACMHAINNÍ

- Páipéar, marcóirí, criáin, péint
- Taifeadáin Ghutha; Ceamairí; Ceamthaifeadáin (d'fhéadfadh páistí iad sin a fháil chun a dteachtaireacht a fhorbairt, má tá siad ar fáil)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Tosaigh
- Obair Ghrúpa/Plé
- Ag Cruthú Teachtaireachta
- Conclúid

A hAON DÉAG: 2

NÓS IMEACHTA SONRACH

Gníomhaíocht Tosaigh

Cuir i gcuimhne do na páistí an obair a rinneadh sa cheacht roimhe seo agus spreag iad smaoineamh ar na teachtaireachtaí a d'aithin siad faoi léiriú an ghrá. Mínigh:

An chuid is mó den am bíonn teachtaireacht á cur in iúl i bhfógra, alt nuachtáin nó póstaer. Inniu táimid chun bealaí chun teachtaireachtaí a chur in iúl a iniúchadh.

Tabhair cuireadh do na páistí seasamh suas. Mínigh go bhfuil siad chun bogadh timpeall an tseomra nuair a thugtar comhartha dóibh (m.sh. buaileadh bos). Stopann siad nuair a chloiseann siad an comhartha agus seasann os comhair an duine is gaire dóibh. Tabhair catagóir dóibh (m.sh. sláinte).

Ní mór dóibh socrú ar theachtairacht gur mhaith leo a thabhairt faoi shláinte agus é a dhéanamh ar a seal. Tabhair buaileadh bos mar chomhartha dóibh bogadh timpeall arís.

Is féidir é sin a athdhéanamh ceithre huaire ag úsáid na gcatagóirí teachtaireachtaí seo a leanas: sláinte, sábháilteacht, comhshaol, scoil, cairde (nó catagóirí eile ar a socraíonn tú).

Ag Cruthú Teachtaireachta

Sa ghníomhaíocht roimhe seo, tá teachtaireachtaí tugtha ag na páistí dá chéile. Anois i ngrúpaí tá siad chun teachtaireacht a chruthú do lucht féachana níos leithne. Roinn na páistí i gcúig nó sé ghrúpa. Tabhair ceann de na catagóirí roimhe seo do gach grúpa agus inis dóibh nach mór dóibh idirbheartaíocht a dhéanamh laistigh dá ngrúpa faoin teachtaireacht gur mhaith leo a chur in iúl. Tá siad chun planáil a dhéanamh conas teachtaireacht a

chruthú. Tá na grúpaí chun cinneadh a dhéanamh faoin méid seo a leanas:

- Cén teachtaireacht ar mhaith leo a chur in iúl
- Cén lucht féachana/éisteachta atá ann
- Conas atá siad chun an teachtaireacht a fhorbairt
- Cén sórt meáin/meán a úsáidfí siad chun an teachtaireacht a chruthú
- Cé a dhéanfaidh rudaí, cathain, conas.

Tabhair am dóibh an obair a chaithfear a dhéanamh a phleanáil agus do chomhaontú a fháil. D'fhéadfaí rang a chur ar fáil níos déanaí d'fhorbairt na teachtaireachta ag na grúpaí.

Cur i láthair

Nuair atá na teachtaireachtaí go léir forbartha agus léirithe, is féidir rang a chur ar fáil chun éisteacht leis nó amharc ar na teachtaireachtaí. Cuireann gach grúpa a dteachtairacht i láthair agus is féidir le grúpaí eile iad a cheistiú. D'fhéadfaí ceisteanna mar iad seo a leanas a chur (d'fhéadfaí iad a chur ar an gclár bán nó ar an CBI agus d'fhéadfadh grúpaí ceist amháin gur mhaith leo a chur a roghnú):

- *Cén fáth ar roghnaigh sibh an teachtaireacht áirithe sin?*
- *Cén fáth ar roghnaigh sibh an meán áirithe sin?*
- *An raibh aon dúshláin ar leith i bhforbairt/léiriú na teachtaireachta?*
- *Conas a chuaigh sibh i ngleic le dúshláin a tháinig aníos?*
- *Cén lucht féachana/éisteachta ar a raibh sibh ag díriú bhur dteachtairachta?*
- *Conas a bhraitheann sibh faoin táirge críochnaithe?*
- *Cad atá foghlamtha agaibh ó bhur dtaitheí?*

A hAON DÉAG: 2

NÓS IMEACHTA SONRACH

- *Cad a dhéanadh sibh difriúil dá mbeadh sibh á dhéanamh arís?*

Conclúid

Ina ngrúpaí d'fhéadfadh na páistí na rudaí ar mhaith leo faoi na teachtaireachtaí ó ghrúpaí eile a phlé agus conas a d'athróidís a dteachtaireachtaí féin dá mbeidís á ndéanamh arís. D'fhéadfaidís an chuid chuí a líonadh isteach ar an **mBileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna**.

Síneadh

Vótáil Ranga

D'fhéadfadh na páistí vótáil don teachtaireacht a cheap siad ab fhearr faoi chatagóirí áirithe:

- Teachtaireacht is tábhachtaí do dhaoine fásta/pháistí
- Teachtaireacht is inchreidthe
- Teachtaireacht is mó tionchair
- Teachtaireacht is fearr i dtearmaí an mheáin a úsáideadh
- An teachtaireacht is dócha a chuimhneofar uirthi

CEAHT 3 A hAON DÉAG: 3

NA MEÁIN CHLÓITE: NUACHTÁIN

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a dhéantar anailís ar nuachtáin éagsúla ligtear do pháistí a bheith eolach agus géarchúiseach faoina gcuid ábhar, ról agus tionchar.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Oideachas na meán

Cuspóirí Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar ról nuachtán agus cineálacha eile na meán clóite chun teachtaireachtaí a sheachadadh, na teicnící a úsáidtear agus na cineálacha eolais a bhíonn san áireamh.

An lucht féachana ar a bhfuil gnéithe éagsúla na meán dírithe a aithint.

Plé éagothrom le ról ghnéasacha agus saincheistanna eile sa litríocht, fógraíocht, drámaíocht, irisí agus sna meáin eile a aithint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is fearr an ceacht seo a dhéanamh i ndhá chuid agus ar laethanta i ndiaidh a chéile, an chéad chuid ná anailís ghinearálta nuachtáin agus an dara cuid anailís ar leith ar alt amháin, ceacht agus plé.

Is fearr é má cheannaíonn tú féin na nuachtáin mar b'fhéidir nach mbeadh an réimse leathan céanna ann ó thaobh na bpáistí de. (b'fhéidir go mbeadh nuachtánaí áitiúil toilteanach nuachtán an lae roimhe a chur ar fáil don scoil.)

ACMHAINNÍ

- Nuachtáin éagsúla ón lá céanna (seacht gcinn ar a laghad díobh seo a leanas: Irish Times, Irish Independent, Irish Examiner, Daily Mail, Mirror, Star, Sun; nuachtán áitiúil)
- Marcóirí, pinn aibhsithe, rialóirí
- Buntreoir d'Obair ar Nuachtáin (cóip amháin do gach grúpa)
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Ghrúpa 1 agus 2
- Plé
- Obair Ghrúpa 3
- Conclúid

A hAON DÉAG: 3

NÓS IMEACHTA SONRACH

Obair Ghrúpa Cuid 1

Roinn an rang i seacht (nó níos mó) ngrúpa. Tabhair nuachtán do gach grúpa. Dáil amach marcóirí nó pinn aibhsithe.

Cuir na ceisteanna seo a leanas ar taispeáint ar an gclár bán nó ar an CBI do na grúpaí le hoibriú tríothu agus taifead a dhéanamh ar leathanach nó ina gcóipleabhar OSPS:

- Cé mhéad a chosnaíonn do nuachtán?
- Conas a dhéantar eagar ar do nuachtán?
- Méid, ranna, forlíonta?
- Cé a léifeadh do nuachtán? Cén fáth?
- An bhfuil do nuachtán éasca nó deacair a léamh?
- Cén fath go bhfuil sé éasca nó deacair a léamh?
- Cén sórt íomhánna/ grianghraf atá i do nuachtán?
- An insíonn sé seo aon rud duit faoi do nuachtán?
- Cad é an cóimheas idir cló agus íomhánna i do nuachtán?
- Cad í an chuid is tábhachtaí/is lú tábhachta den nuachtán? Cén fáth?
- An gcuireann aon rud ionadh ort faoi do nuachtán?
- Cad a d'fhoghlaim tú ó do scrúdú ar do nuachtán?
- Cén bealach ina léirítear grúpaí difriúla: mná, fir, páistí sa nuachtán a bhí á staidéar agat? Tabhair samplaí.
- Cén bealach ina léirítear grúpaí mionlaigh sa tír? Tabhair roinnt samplaí ó do nuachtán.

Obair Ghrúpa Cuid 2

Úsáid **Buntreoir d'Obair ar Nuachtáin** chun anailís a dhéanamh ar nuachtáin

leis na grúpaí. Ba chóir duit mír amháin nuachta atá clúdaithe ag an gcuid is mó de na nuachtáin nó acu go léir a aithint. Iarr ar na páistí a n-aird a dhíriú ar an mír sin. Ar an mbealach seo beidh siad in ann comparáid a dhéanamh ar chomh héagsúil (nó a mhalairt) is atá na nuachtáin. Críochnaítear Cuid A ar dtús, agus ansin déantar plé ina dhiaidh.

Plé

Iarr ar gach grúpa labhairt faoin iniúchadh a rinne siad ar an alt nó tuairisc a thabhairt ar an mír nuachta a roghnaigh siad. Déan comparáid idir an t-eolas a tuairiscíodh agus an cur chuige a tógadh idir nuachtáin ag úsáid na gceisteanna seo a leanas:

- Cad a fuair tú amach faoi chur chuige an nuachtáin san alt seo?
- Cad a insíonn an chomparáid seo faoi chuir chuige faoi na nuachtáin?
- Cén sórt tionchair a bhíonn ag nuachtáin ar ár dtuairimí/ndearcadh?
- Cén sórt tionchair a bhíonn ag na meáin go ginearálta?
- Go ginearálta, an dtuairiscíonn nuachtáin ar fhíricí nó an dtugann siad tuairimí?
- San alt ar dhírigh tú air an raibh níos mó fíricí nó tuairimí?
- Cé chomh tábhachtach is atá sé a bheith feasach ar an difríocht idir fíric agus tuairim i nuachtáin agus sna meáin?

Díríonn na grúpaí anois ar Chuid B den **Bhuntreoir d'Obair ar Nuachtáin**. Nuair atá an obair seo críochnaithe, is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun plé a spreagadh:

- As na sé imeacht a d'fhéadfaí tuairisciú orthu, cén ceann a roghnaigh do nuachtán le clúdach?

A hAON DÉAG: 3

NÓS IMEACHTA SONRACH

- *Cad a insíonn sé seo dúinn faoin nuachtán?*
- *Cén imeacht ar chuir tú an grianghrafadóir chuige? Cén fáth?*
- *Cad a insíonn sé seo dúinn faoin nuachtán?*
- *Cén áit a chuirfeá an tuairisc ar an nuachtán?*
- *Cad a insíonn sé seo dúinn faoin nuachtán?*

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi nuachtáin ó na gníomhaíochtaí a rinne siad nó iarr ar na páistí an chuid ábhartha den **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a líonadh isteach.

Síneadh

Scríobh alt nuachtáin ar imeacht nó saincheist amháin chomhaontaithe bunaithe ar stíl an nuachtáin a ndearna tú staidéar air.

Déan 'Tráth na gCeist Tóraíocht Taisce' ar roinnt de na nuachtáin. Ullmhaíonn gach grúpa deich gceist ar a nuachtán, ansin tugtar an nuachtán agus na ceisteanna do ghrúpa eile.

Déan comparáid idir conas a dhéantar imeacht a thuairisciú i nuachtán agus ar an idirlíon nó ar an teilifís. An bhfuil siad mar an gcéanna nó difriúil? Conas? Cén fáth?

Cruthaigh do nuachtán féin. D'fhéadfadh páistí a dteimpléad féin a dhearadh chuige seo (nó d'fhéadfaí ceann a fháil ar líne). D'fhéadfaí é seo a chur ar shuíomh gréasáin na scoile.

Buntreoir d'Obair ar Nuachtáin



Cuid A

Mar ghrúpa freagair agus pléigh na ceisteanna seo a leanas faoi d'alt:

Ceannlíne (Cé chomh mór is atá sé? Cén sórt teanga a úsáidtear?)

Aimsigh údar an píosa. An bhfuil ainm nó gníomhaíocht nuachta luaite?

Go ginearálta, ba chóir do thuiriscí nuachtáin na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt: cé, cad, cá, cathain, conas agus cén fáth. An bhfreagraíonn an píosa seo iad?

An féidir leat a insint ón teanga san alt cibé an fíric nó tuairim nó meascán den dá cheann atá ann?

Cén difríocht a dhéanann sé sin?

An dtugtar níos mó ná dearcadh amháin ?

Cén difríocht a dhéanfadh sé sin?

An bhfuil tuairim ar leith ag an údar?

An mbeadh tionchar ag an alt seo ar cad a smaoiníonn duine? Conas?

Cuid B

Samhlaigh gur sibhse an grúpa eagarthóireachta don nuachtán. Tá roinnt tuairiscí díreach tar éis teacht isteach. Tá sé cinn de scéalta féideartha. Níl ach iriseoir agus grianghrafadóir amháin ar fáil. Cén scéal a chlúdófar? Mar ghrúpa, cá gcuireann sibh iad? Nuair a fhaigheann sibh an scéal, cén áit ar an nuachtán a gcuirfí é, an dóigh libh (Ar an bpríomhleathanach, leathanaigh taobh istigh, ag bun nó barr leathanaigh srl.)? Is iad seo na scéalta:

Tá an Taoiseach chun ráiteas tábhachtach a dhéanamh ar staid an gheilleagair.

Tá duine cáiliúil chun siopa a oscailt.

Fuarthas corp fir óig. Scaoileadh marbh é.

Tá an triail le tosú ar réalta a thug buille do ghrianghrafadóir fiosrach.

Tá grúpa cónaitheoirí chun an trácht a stopadh in aice lena dtithe chun aird a dhíriú ar chomh dainséarach is atá sé do pháistí ar na bóithre.

Tá na Gardaí chun preasócáid a reachtáil faoi fhear a bhain airgead de dhaoine aosta le feall.

CEAHT 4 A hAON DÉAG: 4

FÓGRAÍOCHT

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhrófar le páistí a bheith níos géarchúisí agus criticiúil maidir le fógraíocht agus na teicnící a úsáidtear chun stíleanna maireachtála, táirgí agus tuairimí a chur chun cinn nuair a bhíonn eolas acu ar mhodhanna difriúla fógraíochta.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

■ **Snáithaonad:** Oideachas na meán

Cuspóirí Ábhair

Éirí feasach ar na modhanna éagsúla fógraíochta, ar an gcuspóir atá aici agus na teachtaireachtaí a chuireann sí chun cinn.

Éirí níos criticiúla agus níos géarchúisí de réir a chéile ina ndearcadh féin ar fhógraíocht agus ar na teicnící a úsáidtear chun táirgí, stíleanna maireachtála agus tuairimí a chur chun cinn.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is fearr ligean do ghrúpaí páistí oibriú ar ríomhaire chun na híomhánna nó grianghraif a fheiceáil i bhfógraí atá roghnaithe agat. Murar féidir é sin a dhéanamh, taispeáin na híomhánna go léir don rang ar fad, ach ná tabhair ach íomhá nó fógra amháin do gach grúpa.

Toisc go bhfuil seans ann go mbeidh páistí ag fáil íomhánna ón idirlíon nó ó YouTube, tá sé tábhachtach a bheith feasach ar agus cloí le beartas na scoile um úsáid inghlactha an idirlín.

Ní féidir oibriú le ríomhairí agus ansin na méain chlóite (irisí) a úsáid.

ACMHAINNÍ

- Bailiúchán d' íomhánna ó fhógraí d'éagsúlacht earraí (bróga reatha, seacláid, bréagáin, gránaigh srl.) tógtha ó shuímh ghréasáin ar an idirlíon m.sh. YouTube agus curtha ar dhioscaí aonair, nó éagsúlacht leathan irisí
- Bileog Oibre: Treoir ar Fhógraí a léamh
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Anailís a dhéanamh ar Íomhá
- Obair Ghrúpa
- Plé
- Conclúid

A hAON DÉAG: 4

NÓS IMEACHTA SONRACH

Anailís a dhéanamh ar Íomhá

Taispeáin na híomhánna/fógraí a bailíodh do na páistí. Cuir ceist ar na páistí: *Cén íomhánna a úsáidtear i bhfógraí agus cad as a dtagann siad?* Maidir le híomhánna a chruthú fiafraigh de na páistí: *Cén teicnící a úsáidtear nuair a bhíonn íomhánna á gcruthú?* Bheadh sé an-úsáideach dá bhféadfaí na teicnící a aithníodh ag na páistí a thaispeáint ar an ríomhaire:

- Cúlra, chun tosaigh
- Ionad faire - grianghraf tógtha ón taobh thuas, ón taobh thíos nó díreach ar aghaidh
- Codarsnacht - geal, dorcha, scáil
- Dath - is féidir le grianghrafadóirí scagairí a úsáid chun dathanna a fheabhsú nó a athrú
- Frámáil agus bearradh - taispeáin pictiúr iomlán, ansin cad atá fágtha ar lár
- Cóngarach agus i bhfad amach
- Aerscuabadh

Pléigh éifeachtaí na dteicnící grianghrafadóireachta éagsúla. Cuir ceist ar na páistí:

- *Cén fáth go n-úsáidtear na teicnící seo?*
- *Cén tionchar a bhíonn ag na teicnící seo ar an íomhá agus ar an duine a bhíonn ag féachaint uirthi?*
- *Cad a cheapann tú atá á fheiceáil agat nuair a fhéachann tú ar íomhá a cruthaíodh ag úsáid aon cheann de na teicnící seo (m.sh. aerscuabadh)?*
- *An bhfuil sé réalaíoch? Bréagach?*
- *Conas a d'aithneofa an difríocht?*

D'fhéadfá a mhíniú go bhfuil an domhan á fheiceáil acu trí shúile an ghrianghrafadóira nó duine ceamara.

Roghnaítear, scriostar agus cruthaítear an íomhá don chuid is mó de réir a dtuisceana féin. Ciallaíonn sé seo go bhfeiceann tú a bhfuil ag teastáil uathu go bhfeicfeá. B'fhéidir nach mbíonn grianghrafadóirí i gcónaí ar an eolas faoi seo ach cinnte bíonn fógróirí. Déanaimid an rud ceannann céanna nuair a thógaimid grianghraif dinn féin nó dár dteaghlaigh - ach de ghnáth ní dhéanaimid iad a aerscuabadh!

Fiafraigh de na páistí cad iad na difríochtaí idir grianghraif agus scannáin nó dlúthdhioscaí. Mínigh dóibh go mbíonn an cur chuige agus na teicnící do ghrianghraf agus d'íomhánna gluaisteacha an-chosúil lena chéile, ach go bhfuil siad an-éagsúil mar sin féin. Mínigh dóibh go bhfuil siad anois chun féachaint go mion ar fhógraí agus ar na híomhánna agus focail a úsáidtear iontu.

Obair Ghrúpa

Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar Dáil amach an **Bhileog Oibre: Treoir d'Fhógraí a Léamh**. Téigh tríd an mbileog oibre leo. Tabhair fógra nó íomhá ar dhiosca agus ríomhaire do gach grúpa.

Obair Ghrúpa Mhalartach

Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar. Cinntigh go bhfuil beart irisí éagsúla ag gach grúpa (is féidir iad a bheith measctha) agus go bhfuil iris ag gach páiste. Dáil amach an **Bhileog Oibre: Treoir d'Fhógraí a Léamh**. Téigh tríd an mbileog oibre leo.

Plé

Úsáid na ceisteanna ar an mbileog oibre agus freagairtí na bpáistí mar bhonn le haghaidh plé a dhéanamh. Tabhair cuireadh dóibh aiseolas a thabhairt ar a bhfaigheann siad amach:

- *An raibh aon rud a chuir ionadh ort?*

A hAON DÉAG: 4

NÓS IMEACHTA SONRACH

- Cén fáth gur chuir? Cén fáth nár chuir?
- An athróidh sé seo an chaoi a bhféachfaidh tú ar fhógraí amach anseo?

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu ó na gníomhaíochtaí a rinne siad faoi fhógraíocht ach go háirithe agus na hollmheáin go ginearálta nó iarr ar na páistí an **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú.

Síneadh

Suaithfhógraíocht

Is comhfhocal de na focail ‘suaith’ agus ‘fógraíocht’ é suaithfhógraíocht. Is í príomhaidhm na suaithfhógraíochta ná magadh a dhéanamh faoi fhógraí chun ráiteas a dhéanamh fúthu nó chun teachtaireacht atá i gceist acu a shuaitheadh. D’fhéadfaí go mbeadh íomhá nua ar fad á cur os cionn an bhuníomhá nó na focail nó íomhánna reatha a athrú. Is féidir an-chuid samplaí a fháil tríd an bhfocal ‘Subvertising’ a chur isteach san inneall cuardaigh - d’fhéadfadh sé rogha ‘íomhánna’ a thabhairt duit nó téigh go <http://www.flickr.com/groups/subvertising/pool/>.

Toisc go n-úsáideann fógróirí cleasa éagsúla lena n-áirítear teicnící fo-thairseachúla, chun aird a fháil agus tionchar a imirt orainn, má thugtar deiseanna do pháistí suaithfhógraíochtaí a chruthú tabharfar léargas dóibh ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn fógraí agus tabharfar beagáinín cumhachta dóibh ar an teachtaireacht.

Iarr ar na páistí, ina ngrúpaí, fógra(i) éigin a phiocadh ó na hirisí. A shimplí is a bhíonn an fógra is ea is fusa a bheidh sé ‘suaitheadh’ a dhéanamh. Iarr orthu na

teachtaireachtaí sna fógraí agus freisin na teachtaireachtaí nach bhfuil ansin a aimsiú m.sh. i bhfógraí d’alcól bíonn fadhbanna tromchúiseacha ag baint le halcól a ól nach gcuirtear i bhfógraíocht alcóil. Tabhair cuireadh dóibh na fógraí a phioc siad a athrú sa chaoi go bhfuil athrú ar ‘teachtaireacht’ an fhógra. Anseo thíos tá trí bhealach inar féidir fógraí a athrú:

1. Athraigh téacs an fhógra, ach coimeád an íomhá chéanna.

Mar shampla d’fhéadfaí fógra do ‘Bheoir an tSonais’ a rá mar ‘Beoir an Donais’.

2. Coimeád an mana agus cuir casadh air tríd an íomhá a athrú.

Mar shampla, d’fhéadfaí ‘boilg bheorach’ a chur ar chuid de na holtóirí óga san fhógra faoi alcól

3. Athraigh an téacs agus an íomhá araon.

Sa chás seo ní mór do na páistí cloí go dluth le cló, dathanna agus formáid an bhunfhógra chun go n-éireodh leis an suaithfhógraíocht. (Tagann na trí thuairim seo ó shuíomh gréasáin Adbusters <http://www.adbusters.org/>

Cuir a dtorthaí ar taispeáint ar chlár na bhfógraí nó timpeall na scoile.



Cé a chruthaigh an fógra nó íomha seo?

Cén teachtaireacht atá sé ag iarraidh a thabhairt?

Conas atá a fhios agat?

An bhfaigheadh daoine eile teachtaireacht difriúil?

Cén teicnící cruthaitheacha a úsáidtear chun aird a tharraingt?

An léiríonn an fógra cuspóir an táirge? An ndéantar iarracht ann an táirge a dhíol trí é a nascadh le cáilíochtaí inmhianaithe?

Cén luachanna, stíleanna maireachtála agus dearchtaí a léirítear san fhógra seo?

Cén luachanna, stíleanna maireachtála agus dearchtaí atá fágtha ar lár agus a d'fhéadfaí agus gur chóir a bheith san áireamh sa teachtaireacht seo?

Cad í aidhm an fhógra seo?

Cé a bhaineann leas as an íomhá nó fógra seo?

CEAHT 5 A hAON DÉAG: 5

NA MEÁIN CHUMARSÁIDE AGUS MIONLAIGH

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a bhíonn eolas ag páistí ar conas a léirítear mionlaigh sna meáin tugtar spreagadh dóibh féachaint níos doimhne ar ról na meán tionchar a imirt ar a n-íomhánna agus dearthaí a mhunlú i leith mionlach.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

Snáithaonad: Oideachas na meán

Cuspóir Ábhair

Plé éagothrom le ról ghnéasacha agus saincheisteanna eile sa litríocht, fógraíocht, drámaíocht, irisí agus sna meáin eile a aithint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá an tsaincheist faoi mhionlaigh an-ábhartha ach fós féin d'fhéadfadh sí a bheith an-íogaireach a phlé sa rang. Sula dtosaítear ar an gceacht seo, cuir i gcuimhne do na páistí an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar a chéile, cothrom na féinne a thabhairt dá chéile, luach a bheith acu ar ár n-uathúlacht, ár gcosúlachtaí agus ár ndifríochtaí - d'fhéadfaí e seo a chlúdach sa chonradh ranga.

D'fhéadfaí grúpaí eithneacha a bheith san áireamh i ngrúpaí mionlaigh maidir lena dteanga, náisiúntacht nó cultúr; daoine faoi mhíchumais; daoine atá bocht nó difhostaithe; daoine atá níos óige nó níos sine ná 18 go 60 bliain agus daoine le gnéaschlaonadh mionlaigh.

ACMHAINNÍ

- Nuachtáin agus irisí ó cheachtanna roimhe seo
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Tobsmaointeoireacht
- Obair Ghrúpa
- Suirbhé
- Plé
- Conclúid

A hAON DÉAG: 5

NÓS IMEACHTA SONRACH

Tobsmainteoireacht

Cuir ceist ar na páistí:

- Cad a chiallaíonn an focal mionlach?
- Cad as a dtagann sé?
- Cé hiad na grúpaí mionlaigh in Éirinn faoi láthair? Déan iad a liostáil ar an gclár bán nó ar an CBI.
- Cad iad na grúpaí mionlaigh a bhí in Éirinn san am a chuaigh thart?

Obair Ghrúpa

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Iarr ar chuid de na grúpaí dul tríd na leabhair i leabharlann an ranga (nó scoile) agus nóta a dhéanamh de leabhair a bhaineann le nó ina bhfuil daoine ó mhionlaigh in Éirinn. Iarr ar ghrúpaí eile catalóga shuímh gréasáin na bhfoilsitheoirí Éireannacha de leabhair páistí a sheiceáil (liosta ar fáil ag <http://www.publishingireland.com>) inar féidir leo achoimrí leabhar a léamh agus a chinntiú an mbaineann an leabhar le mionlach in Éirinn nó nach mbaineann.

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do gach grúpa tuairisciú ar a gcuid torthaí, agus spreagtar grúpaí eile ceisteanna a chur orthu faoina gcuid torthaí. Fiafraigh:

- An ndéantar ionadaíocht mhaith nó tearcionadaíocht ar mhionlaigh i leabhair sa tír seo?
- Cén fáth go gceapann tú go bhfuil sé mar sin?

Suirbhé

Ina ngrúpaí dáil amach na nuachtáin agus irisí a bhí á n-úsáid acu sna ceachtanna roimhe seo. Iarr ar na páistí suirbhé ar nuachtáin agus irisí a dhéanamh d'íomhánna, scéalta agus fógraíocht a bhaineann le mionlaigh in Éirinn. I scéalta lena mbaineann mionlaigh, iarr ar na páistí a thabhairt faoi deara conas

a léiríodh na daoine, agus cuimhne a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- An príomhábhar an ailt (fógra) iad nó an bhfuil siad sa chúltra?
- An bhfuil an t-alt bunaithe ar fhíric don chuid is mó nó ar thuairimí don chuid is mó?
- An léirítear daoine go dearfach nó go diúltach?
- Conas an dóigh leat, gur mhaith leis an alt go mothófá fúthu?
- Cén aidiachtaí a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar na daoine san alt?
- An bhfuil siad seo dearfach, diúltach nó neodrach don chuid is mó?

Plé

Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid torthaí a thuairisciú. Spreag iad le ceisteanna a chur ar a chéile faoi na torthaí.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi mhionlaigh agus mar a léirítear mionlaigh sna meáin chumarsáide ó na gníomhaíochtaí a rinne siad nó iarr ar na páistí an **Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú

Síneadh

Spreag na páistí le tabhairt faoi deara an chaoi a chlúdaítear mionlaigh i gcláir, míreanna nuachta srl agus iad ag féachaint ar an teilifís sa bhaile. D'fhéadfaidís tuairisc ghearr a scríobh in aon mheán den chaoi inar léiríodh daoine i ngrúpa mionlaigh, ag cur in iúl an chaoi inar léiríodh iad. D'fhéadfaí na tuairiscí gearra a léamh amach sa rang. D'fhéadfaí scríbhneoir na tuairisce a cheistiú faoina thuairim/tuairim.

CEAHT 6 A hAON DÉAG: 6

CAITHEAMH AIMSIRE

COINCHEAP LÁRNACH

Cé go spreagtar páistí le bheith mar úsáideoirí géarchúiseacha na meán, ba chóir dóibh a bheith ar an eolas agus a bheith páirteach i gcaithimh aimsire eile seachas meán na scáileán.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus an domhan mór

■ **Snáithaonad:** Oideachas na meán

Cuspóirí Ábhair

Iniúchadh a dhéanamh ar chaithimh aimsire agus gníomhaíochtaí áineasa éagsúla mar mhalairt ar fhéachaint ar an teilifís.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá an chuid teagaisc den cheacht seo le fáil san ullmhú agus in eagrúchán d'imeacht ar leith, **Lá Saor ó Scáileán**, agus sa mhachnamh air ina dhiaidh. Beidh an chuid gníomhaíochta den cheacht ar siúl tar éis scoile.

D'fhéadfaí litir a chur abhaile chun an imeacht a mhíniú (féach litir shamplach) agus an aidhm atá léi chomh maith le tacaíocht agus spreagadh a lorg le bheith rannpháirteach leis na páistí.

Eagraítear an imeacht seo d'amanna ar leith le linn na bliana agus eagraítear í ar fud an domhain. I gcomhairle leis an bpríomhoide agus le foireann na scoile, d'fhéadfaí í a bheith mar imeacht scoile uile.

ACMHAINNÍ

- Litir shamplach do thuismitheoirí agus caomhnóirí
- Bileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna (ó Cheacht 1)
- Bileog Oibre: Cad a d'Fhoghlaim mé foi na Meán

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEAHTA

- Dán
- Plé
- Tobsmaointeoireacht
- Obair Bhaile
- Plé
- Conclúid

A hAON DÉAG: 6

NÓS IMEACHTA SONRACH

Dán

Leigh nó taispeáin an dán ó **Charlie and the Chocolate Factory** (Caibidil 27) á chanadh ag na hOompa-Loompas faoin drochchríoch a thagann ar Mike an Teilifíseán:

Dán: Mike an Teilifíseán...
(ó **Charlie and the Chocolate Factory** le Roald Dahl. Puffin Books, 1967)

An rud is tábhachtaí atá foghlamtha againn go dtí seo,
ná maidir le páistí,
Ná lig iad RIAMH,RIAMH,RIAMH in aice le do theifíseán - Nó níos fearr fós, ná cuir isteach an diabhal ruda ar chor ar bith. I mbeagnach gach teach ina raibh muid, D'fhéach muid orthu ag stánadh ar an scáileán.

Luíonn siad, bíonn siad ag slabáil agus ag leadaíocht thart,
Agus stánann siad go dtí go léimeann na súile as a gcloigeann.

(An tseachtain seo caite i dteach duine éigin chonaiceamar dosaen meall súile ar an urlár.)

Suíonn agus stánann siad agus stánann agus agus suíonn siad
Go dtí go mbíonn siad faoi dhraíocht aige,
Go dtí go mbíonn siad ar meisce go hiomlán

Leis an dramhaíl uafásach seo.
'Sea, tá a fhios againn go gcoimeádtar ciúin iad,

Ní dhreapann siad amach leac na fuinneoige,

Ní bhíonn siad ag troid, ag ciceáil nó ag tabhairt buillí, Fágтар saor thú chun lón a ullmhú agus na gréithe a ní sa doirteal- Ach ar stop tú riamh chun smaoineamh, Smaoineamh ar cad go díreach a dhéanann sé sin do do naíonán dil?

LOBHTAR NA CÉADFAÍ SA CHEANN!
MARAÍTEAR SAMHLÁÍOCHT DO DEO!
LÍONTAR AGUS CUIRTEAR TRANGLAM SAN INTINN!
DÉANTAR PÁISTE CHOMH DÚR AGUS

CHOMH DALL SIN NACH FÉIDIR LEIS FANTAISÍOCHT,
RÍOCHT NA SÍ, A THUISCINT!
BÍONN A INCHINN CHOMH BOG LE CÁIS!
REONN AGUS MEIRGÍONN A CHUMHACHTAÍ SMAOINTEOIREACHTA!
NÍ FÉIDIR LEIS SMAOINEAMH - NÍ FÉIDIR LEIS ACH FEICEÁIL!

'Ceart go leor!' a bhéicfidh tú. 'Ceart go leor!' a déarfaidh tú 'Ach má thógtar an teilifís ar shiúl

Cad a dhéanfaimid mar shiamsaíocht dár bpáistí dil? Míneigh le do thoil!

Freagróimid é seo trí cheist a chur ort, 'Cad ba ghnáth leis na páistí dil a dhéanamh?

'Conas a choimeád siad iad féin sásta Sular ceapadh an arracht seo?'

An bhfuil dearmadta agat?

Nach bhfuil a fhios agat? Déarfaimid os-ard agus an-mhall é: BHÍODH...SIAD...AG... LÉAMH! LÉADH

agus LÉADH

AGUS LÉADH AGUS LÉADH agus ansin leanfais ar aghaidh AG LÉAMH níos mó. A Thiarcais!

A Thiarna!

Bhain leath a saoil le leabhair a léamh!

Bhíodh na seilfeanna i seomra leapa an pháiste ag cur thar maoil le leabhair! Urlár an tseomra leaba clúdaithe le leabhair!

Agus sa seomra leapa, ina aice na leapa, Níos mó leabhar ag fanacht le léamh! A leithéid de scéalta móra, iontacha,

faoi dhragain, ruagairí reatha, banríonacha agus míolta móra Agus Oileáin taisce agus cladaigh i bhfad i gcéin Inar rámháigh smuigleáilaithe le rámhái maolaithe,

Agus foghlaithe mara ag caitheamh briste corcra, Agus báid seoil agus eilifintí,

Agus canablaigh ag cromadh 'timpeall an chorcáin', Ag corraí rud éigin te.

(Boladh maith as, cad atá ann? A Thiarna Dia, Penelope atá ann.)

Ag an dream níos óige bhí, Beatrix Potter ina raibh An Broc, an leibide salach,

agus An t-lora Rua Sotalach, An Banbh Séimh, agus An Ghráinneog Níocháin agus-

Díreach mar a Fuair an Camall a Dhronn,

agus Conas a Chaill an Moncaí a Gheadán

A hAON DÉAG: 6

NÓS IMEACHTA SONRACH

agus An Buaf, agus dar m'anam, tá An Luichín Uisce agus An Caochán Mór-Ó, leabhair, nach iontach na leabhair a mbíodh eolas acu orthu, Na páistí sin a mhair fadó fadó! Mar sin le do thoil, le do thoil impímid, guímd ort, Caith uait do theilifiseán, Agus ina áit d'fhéadfá Seilf álainn do leabhair a chur ar an mballa. Ansin líon na seilfeanna le neart leabhar, Ag déanamh neamhaird ar na drochshúile go léir, An screadaíl agus an béiceadh, an priocadh agus ciceáil, Agus páistí do bhuaileadh le maidí - Ná bíodh eagla ort, mar geallaimid, go dtosóidh siad tar éis seachtain nó dhó Gan aon rud eile le déanamh, Go mbeidh gá acu rud éigin maith a léamh. Agus chomh luath agus a thosaíonn siad- A Dhia, A Dhia! Bí ag féachaint ar an lúchair ag fás go mall ina gcroí. Beidh siad chomh tógtha sin leis Go mbeidh ionadh orthu faoi cad a chonaic siad riamh San inneall áiféiseach sin, An scáileán teilifíse uafásach salach, déisteanach sin! Agus níos déanaí beidh grá mór ag Gach uile pháiste duit go ndearna tú é sin. P.S. Maidir le Mike an Teilifíseán Tá an-aiféala orainn ach go mbeidh orainn fanacht agus a fheiceáil an mbeidh an tóir chéanna air. Ach mura mbeidh tá sé tuillte go maith aige!

Fiafraigh de na páistí an aontaíonn nó an easaontaíonn siad leis na mianta a chuirtear in iúl sa dán. Mínigh dóibh gur scríobh Roald Dahl an dán sin sna seascaidí luatha nuair nach raibh an méid sin teilifíse nó teilifíseán ann. Iarr orthu a shamhlú cén sórt dán a scríobhfadh sé anois:

- *An mbraithfeadh sé mar an gcéanna nó níos measa?*

- *Cad eile a chuirfeadh sé san áireamh?*

Plé

Fiafraigh de na páistí an raibh siad ar saoire

riamh nó an raibh gearradh cumhachta acu agus nach raibh aon (nó níos lú) scáileán le hamharc orthu. Fiafraigh díobh conas a bhí sé sin. Má tá obair ó Rang a 5 ar a mhalairt de ghníomhaíochtaí áineasa déanta acu, fiafraigh díobh cad is cuimhin leo ón gceacht sin.

Mínigh dóibh go mbeidh an deis acu páirt a ghlacadh i dturgnamh suimiúil. Tabhair cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i 'lá saor ó scáileán' (24 uair a chloig). Mínigh cad a bheidh i gceist leis seo:

- cead nó/agus tacaíocht a fháil óna dtuismitheoirí nó caomhnóirí
- cinneadh a dhéanamh faoi na rudaí is suimiúla nó is iontaí a dhéanfaidh siad leis an am saor atá déanta acu - ina n-aonar nó lena gclann nó lena gcairde
- taifead a choimeád de na rudaí a rinne siad, conas a bhraith siad faoi agus freagairtí daoine eile.
- a gcuid taithí ina dhiaidh sin a roinnt.

Tobsmaoineamh

Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar an oiread rudaí agus is féidir leo mar mhalairt ar fhéachaint ar scáileáin leictreonacha. Déan iad a liostáil ar an gclár bán nó ar an CBI. Spreag iad le féachaint go grinn ar an liosta agus cinneadh a dhéanamh faoi na cinn a bheidís in ann a dhéanamh agus na cinn a mbeadh suim acu a dhéanamh. Ba chóir dóibh smaoineamh ar cé leo a bhfuil gá acu labhairt agus cad ba ghá tarlú ionas go mbeidh siad in ann a rogha gníomhaíochta a dhéanamh. Ainmnigh tréimhse shonrach 24 uair an chloig don turgnamh seo agus cuir tiomantas na bpáistí i gcuimhne dóibh roimh agus le linn an ama seo.

Plé

Tar éis 24 uair an chloig bain úsáid as na moltaí agus ceisteanna seo a leanas chun plé agus roinnt a spreagadh:

- *Conas a bhí an taithí?*

A hAON DÉAG: 6

NÓS IMEACHTA SONRACH

- *Cad a bhí go maith nó go dona faoi?*
- *Cad iad na gníomhaíochtaí malartacha a rinne tú?*
- *Cad nár chaill tú?*
- *An ndéanfá é sin arís?*
- *Cén fáth go ndéanfá? Cén fáth nach ndéanfá?*
- *Cén ghníomhaíocht mhalartach ar mhaith leat leanúint léi?*

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad atá foghlamtha acu faoi roghanna eile gníomhaíochtaí seachas scáileán leictreonach ó na gníomhaíochtaí a rinne siad nó iarr ar na páistí **An Bhileog Oibre: Machnamh ar Cheachtanna** a chomhlánú. D'fhéadfaí taifead den fhoghlaim ar an aonad a dhéanamh ar **An mBileog Oibre: Cad a D'fhoghlaim Mé faoi na Meáin**, más fearr.

Síneadh

Má éiríonn leis an Lá Saor ó Scáileán smaoinigh ar Sheachtain Saor ó Scáileán a eagrú. B'fhéidir go mbeadh suim ag níos mó daoine páirt a ghlacadh ann - baill eile foirne, tuismitheoirí agus caomhnóirí, seantuismitheoirí, daoine eile sa phobal srl.

Dialann na Meán

Fiafraigh de na páistí an méid ama a chaitheann siad ag úsáid meán éagsúla le linn an lae, ó mhoch ar maidin go déanach san oíche a mheas, agus a bhfreagraí a scríobh síos. Ansin fiafraigh díobh an gnáthlá é sin nó an gcaithfidís níos mó ama ag an deireadh seachtaine, mar shampla. Iarr orthu a bhfigiúirí iomlána don tseachtain a ríomh. Fiafraigh díobh an gceapann siad gur meastachán réasúnach an figiúr atá acu anois ar an méid ama a chaitheann siad ag úsáid na meán i rith na seachtaine. Fiafraigh díobh cad é an méan is mó a d'úsáidfidís, cé leis a n-úsáidfaidís é, agus cén fáth go n-úsáidfidís é. Iarr

orthu taifead de na freagairtí seo a dhéanamh ina gcóipleabhair.

Dáil amach leathanaigh ó **Dhialann na Meán** ar na páistí. Mínigh dóibh go bhfuil siad chun an méid agus an cineál meán a úsáideann siad a thaifeadh ar feadh seachtaine. Taispeáin dóibh conas a dhéanfaidís é sin. Inis dóibh go bpléifidh tú a gcuid torthaí leo an tseachtain ina dhiaidh sin. Iarr ar na páistí a gcuid figiúr a úsáid chun an méanam a chaitheann siad ar mheán leictreonach in aghaidh an lae a ríomh agus an méanam a chaitheann páiste i Rang a 6 sa scoil a ríomh. Ina dhiaidh sin d'fhéadfadh páistí a gcuid torthaí a úsáid chun céatadáin agus graif nó píchairteacha srl. a iniúchadh.

Plé

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun machnamh agus plé a spreagadh:

- *Conas a bhí sé taifead a dhéanamh ar úsáid na meán thar na seacht lá?*
- *Cad a chuir íonadh ort?*
- *Déan comparáid idir an dialann atá críochnaithe agat agus do chuid freagairtí ar na ceisteanna céanna an tseachtain seo caite. An raibh do chéad mheastacháin cruinn?*
- *Cén patrúin d'úsáid na meán a thug tú faoi deara?*
- *An bhfuil do chuid meán sóisialta (i bhfocail eile an mbíonn tú le daoine nó i gcumarsáid le daoine eile)? Mínigh.*
- *Cad a tharlódh mura mbeadh cuid de na meáin seo nó iad go léir agat?*
- *Cad a dhéanann na meáin duitse?*
- *Conas a théann siad i bhfeidhm ar do shaol?*
- *Cén difríocht a dhéanann siad?*
- *Cad atá tugtha faoi deara nó foghlamtha agat faoi úsáid na meán?*

Dialann na Meán s'Agamsa

Lá agus Dáta _____

Coimeád taifead ar na meáin leictreonacha go léir a úsáideann tú le linn na dtréimhsí ama thíos. Áirítear sna meáin chumarsáide: ag féachaint ar an teilifís nó físdhioscaí digiteacha (DVDanna), ag úsáid an idirlín, ag éisteacht leis an raidió nó le dlúthdhioscaí (CDanna), rochtain ábhar ar an bhfón póca, ag imirt cluichí ar chonsól nó teilifíseán, meascán díbh seo thuas. Déan nóta de cá raibh tú agus an raibh tú á dhéanamh i d'aonar nó le daoine eile. Déan nóta freisin cén fáth go raibh tú ag úsáid an mheáin sin: m.sh. obair bhaile, eolas nó siamsaíocht.

Idir ...	Cén Meán?	Ábhar/ cén fáth go raibh tú á úsáid	Cé leis, cén áit?	Am Tosaithe agus Críochnaithe	Am Caite
6.00 RN agus 9.00 RN					
9.00 RN agus 3.00 IN					
3.00 IN agus 6.00 IN					
6.00 IN agus 12.00 IN					

Am t-iomlán caite: _____

Average time spent per day: _____

LITIR SHAMPLACH CHUIG TUISMITHEOIRÍ

A Thuismitheoirí/A Chaomhnóirí

Táimid ag teacht chun deiridh lenár gclár in oideachas na meán atá mar chuid den Chlár Oideachas Sláinte Pearsanta agus Sóisialta. Táimid tar éis a bheith ag féachaint ar an méid ama a chaitheann páistí os comhair scáileáin theilifíse (teilifís, ríomhairí, consóil chluichí, fón póca srl.) Mar chuid dár gclár theastaigh uainn triail a dhéanamh- féachaint conas a bheadh sé do pháistí rud éigin difriúil a dhéanamh seachas féachaint ar scáileán leictreonach ar feadh lá amháin. Tá a lán fianaise a mholann go bhfuil sé go maith d'oideachas agus sláinte páistí gearradh siar ar am scáileáin.

Táimid ag lorg tacaíochta agus spreagadh uait le go nglacfaidh do pháiste páirt sa thriail seo. B'fhéidir go smaointeá ar pháirt a ghlacadh le do páiste sa thriail seo fiú!

Sa rang beimid ag féachaint ar ghníomhaíochtaí eile seachas am scáileáin agus déanfaidh na páistí taifead ar cad a dhéanann siad agus conas a bhraitheann siad le linn a gcuid ama gan scáileáin leictreonacha. Má tá aon tuairimí agat faoin ar féidir leo a dhéanamh ba bhreá linn iad a chloisteáil.

Le gach dea-mhéin,

An Múinteoir Ranga

Cad a d'Fhoghlaim Mé Faoi na Meáin



Topaic: _____ Dáta: _____

Críochnaigh trí cinn ar a laghad de na habairtí seo a leanas ag úsáid focal, nathanna, abairtí, íomhánna nó líníochtaí.

D'fhoghlaim mé ...

Bhraith mé ...

Ba léir dom ...

Ba mhaith liom ...

Níor mhaith liom ...

Rud éigin a bhfuil mé fós neamhchinnte faoi nó ceist atá agam fós ná

Ar scála 1 go 10 áit nach bhfuil 1 go maith agus 10 an-mhaith ar fad, bronn marc ort féin ar conas a úsáideann tú na meáin _____

Ainm: _____

AONAD 12
FÉACHAINT SIAR
FÉACHAINT ROMHAINN

AONAD 12

FÉACHAINT SIAR FÉACHAINT ROMHAINN

RÉAMHRÁ DON AONAD

San aonad seo féachtar ar na hathruithe agus forbairtí atá tarlaithe ó thosaigh na páistí ar scoil. Trí úsáid a bhaint as sciath ghnóthachtála tugtar cuireadh do na páistí scileanna, tallanna agus cáilíochtaí a bhfuil siad bródúil astu a cheiliúradh agus a thabhairt faoi deara go gcabhróidh siad seo leo athruithe a bhainistiú amach anseo.

Tá an t-athrú dosheachanta agus riachtanach le haghaidh fáis agus forbartha. Mar sin féin d'fhéadfadh athrú a bheith strusmhar. Tagann an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an dara leibhéal ag am nuair a bhíonn an-chuid páistí ag teacht chuig caithreachas. Déantar an imní a tharlaíonn mar gheall ar an mbogadh a aithint agus a iniúchadh chun cabhrú leo dul i ngleic leis an sprioc thábhachtach seo ina saol.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1
Féachaint Romhainn

Ceacht 2
Sciatha Ceiliúrtha, Réaltaí Imní

CEACHT 1 A DÓ DHÉAG: 1

FÉACHAINT ROMHAINN

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a chabhraítear le páistí glacadh lena gcuid láidreachtaí agus iad a fhorbairt ullmhaítear iad don athrú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: **Ag Fás agus ag athrú**
De réir mar a bhím ag fás bím ag athrú

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóirí Ábhair

Na hathruithe a tharlaíonn ón bpáiste go dtí an duine fásta a aithint agus a phlé.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:**
- Cumas agus muinín in úsáid teanga
 - Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
 - Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt

Léitheoireacht

Scríbhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Nuair atáthar ag labhairt faoi athrú ní mór do mhúinteoirí a bheith tuisceanach do pháistí a d'fhéadfadh cúlra pearsanta achrannach a bheith acu.

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre: FÉACHAINT SIAR, FÉACHAINT ROMHAINN
- Píosaí páipéir agus bosca beag chun imní na bpáistí a bhailiú.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Plé
- Bileog Oibre
- Plé
- Conclúid

A DÓ DHÉAG: 1

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Labhair leis na páistí faoi conas a d'fhás agus a d'athraigh siad ón gcéad lá nuair a tháinig siad isteach sna Naíonáin Shóisearacha go dtí an lá atá inniu ann. Tabhair suntas d' athruithe fisiciúla: airde, meáchan, cuma srl. Cén scileanna agus cumais atá forbartha agat agus tú ag fás aníos?

Déan iniúchadh ar athruithe intleachtúla, mothúchána agus sóisialta, mar shampla an ciorcal daoine a bhíonn ag síorleathnú atá tábhachtach ina saol, an cumas mothúcháin a ainmniú agus a chur in iúl go cuí, roghanna a dhéanamh agus méadú i bhfreagracht. *Cad iad na h-athruithe móra a bheidh ag tarlú i gceann cúpla mí/seachtain?* (Beidh siad ag fágáil bunscoile.)

Plé

Tarraing duine cipíneach ar an gclár bán agus tabhair ainm don duine m.sh. Ethan (ná húsáid ainm aon pháiste sa rang). Mínigh do na páistí go bhfuil Ethan i Rang a 6 agus go mbeidh sé i scoil dara leibhéal i gceann cúpla mí. Iarr ar na páistí na mothúcháin go léir a bheidh ag Ethan faoin athrú a aithint m.sh. sceitimíneach, áthasach, brónach, imníoch, Déan na mothúcháin seo a iniúchadh leis na páistí:

- *Cad a bheadh sceitimíneach d'Ethan faoin athrú?*
- *Cén fáth go mbeadh sé brónach?*
- *Cén fáth go mbeadh imní air faoin athrú?*

Nuair atá mothúcháin Ethan á bplé cuir in iúl go mbíonn meascán mór mothúchán ag gach duine nuair a bhíonn athrú ina saol. Mínigh go mbraithimid imníoch, eaglach nó brónach chomh maith le sceitimíneach go minic nuair atáimid chun rud éigin nua nó difriúil a dhéanamh. Tabhair píosa páipéir do gach páiste. Iarr orthu gan a n-ainmneacha

a scríobh ar na píosaí páipéir. Iarr orthu cúpla nóiméad a thógáil chun smaoineamh ar an aistriú atá á dhéanamh acu go scoil dara leibhéal agus dianmhachnamh a dhéanamh ar aon rud atá ag cur as dóibh nó ag cur inmí orthu faoi. Más féidir, tabhair roinnt samplaí dóibh ó do shaol féin. Ansin scríobhann na páistí a gcuid imní ar an bpíosa páipéir: **Tá imní orm go/nach...** Bailigh na píosaí páipéir sa bhosca.

Roimh an gcéad cheacht eile oscail an bosca imní agus déan na píosaí páipéir a shórtáil ag aithint imní choitianta atá orthu.

Bileog Oibre

Dáil amach an **Bhileog Oibre: Ag Féachaint Siar, Ag Féachaint Romhainn** agus iarr ar na páistí é a chomhlánú ina n-aonar. Tabhair tacaíocht do pháistí a d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu agus cabhraigh leo tríd an mír ar a bhfuil siad ag obair.

Nuair atá an bhileog oibre críochnaithe ag na páistí ina n-aonar, iarr orthu dul isteach i bpéirí nó grúpaí beaga agus gnéithe dá mbileog oibre a bhfuil siad sásta labhairt fúithi a roinnt.

Plé

Sa phlé leis na páistí ina dhiaidh seo déan iniúchadh ar conas a mhothaigh siad agus iad ag déanamh an cheachta. Pléigh a gcuid mothúchán faoi athrú: *An rud é an t-athrú a chuireann imní nó sceitimíní orthu?* Nuair atá an chuid sin den bhileog faoin todhchaí á hiniúchadh, pléigh cad is féidir leo a dhéanamh chun a n-aidhmeanna a bhaint amach.

Conclúid

Iarr ar na páistí dul isteach lena gcomhpháirtí arís agus an dá rud atá bainte amach acu le linn na bliana atá thart a bhraitheann siad go maith faoi agus a bhfuil siad bródúil as a ainmniú.

Ag Féachaint siar, Ag Féachaint Romhainn

An t-Am a chuaigh Thart

Conas atá mo chuma athraithe

Scil atá foghlamtha agus forbartha agam

Dhá imeacht thábhachtacha i mo shaol

An Todhchaí

An chuma ba mhaith liom a bheith orm i gceann sé bliana

Scil ba mhaith a fhorbairt

Cad ba mhaith liom a dhéanamh nuair a fhágaim scoil



Ag Féachaint siar, Ag Féachaint Romhainn

An t-Am a chuaigh Thart

Conas atá mo chuma
athraithe

Scil atá foghlamtha
agus forbartha agam

Dhá imeacht
thábhachtacha i mo shaol

An Todhchaí

An chuma ba mhaith liom a
bheith orm i gceann sé bliana

Scil ba mhaith
a fhorbairt

Cad ba mhaith liom a
dhéanamh nuair a
fhágaim scoil



CEAHT 2 A DÓ DHEÁG: 2

SCIATHA CEILIÚRTHA, RÉALTAÍ IMNÍ

COINCHEAP LÁRNACH

Cuirtear folláine an duine chun cinn nuair a bhímid feasach ar agus nuair a ghlacaimid lenár mothúcháin féin agus le mothúcháin daoine eile.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Ag Fás agus ag athrú
Braistintí agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Tuiscint ar an gcaoi ina gcabhraíonn mothúcháin chun iad féin a thuiscint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
- Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór na buarthaí a scríobh na páistí le linn an tseisiúin deireanaigh a shórtáil. Beidh na buarthaí céanna ag an-chuid páistí. Scríobh sampla de gach imní a aithníodh i lár réalta ar ar **mBileog Oibre: Réalta**, agus cinntigh go bhfuil na buarthaí go léir a d'aithin na páistí curtha san áireamh.

ACMHAINNÍ

- Bileoga Oibre: Réalt (ceann amháin in aghaidh an ghrúpa) agus Mo Sciath Gaisce (ceann amháin in aghaidh an pháiste)
- Teastais

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Ghrúpa
- Plé agus Taispeáint
- Roinnt Aonair
- Bronnadh na dTeastas

A DÓ DHÉAG: 2

NÓS IMEACHTA SONRACH

Obair Ghrúpa

Roinn na páistí i ngrúpaí beaga a thagann le líon na bpríomhbhuarthaí. Tabhair réalt do gach grúpa. Is é an tasc atá acu ná an imní a phlé agus cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi is fearr déileáil leis an imní. Scríobhtar é seo ar rinn a haon den réalta. Ansin malartaíonn na grúpaí na réaltaí. Léann gach grúpa an imní nua agus an straitéis a moladh chun déileáil léi.

Is é an tasc atá acu ná bealach eile chun déileáil leis an imní a thabhairt agus a rogha a scríobh ar rinn a dó den réalta. Leanann na grúpaí ag malartú réaltaí go dtí go mbeidh ceithre rinn an réalta comhlánaithe.

Taispeáint agus Plé

Cuir na réaltaí ar taispeáint. Pléigh na buarthaí agus na straitéisí a moladh. D'fhéadfadh a mhalairt de straitéis chun déileáil le gach imní teacht aníos ón bplé agus is féidir é sin a chur isteach i rinn a cúig. Ba chóir aird a dhíriú ar chabhair a iarraidh nó labhairt le duine éigin a d'fhéadfadh cabhrú mar bhealach chun eagla a mhaolú nó chun eolas tábhachtach a fháil. Iarr ar na páistí smaoiniamh ar na straitéisí le linn na seachtaine seo chugainn. Má smaoiníonn duine éigin ar straitéis eile chun déileáil le haon cheann de na buarthaí is féidir í a phlé agus a chur isteach sa spás bán.

Bileog Oibre

Dáil amach an **Bhileog Oibre: Mo Sciath Gaisce**. Mínigh do na páistí go bhfuil gradam speisialta tuillte ag gach duine acu as a bhfuil bainte amach acu le linn dóibh a bheith sa bhunscoil. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil na gaiscí beaga chomh tábhachtach leis na cinn mhóra. *Táimid go léir dífriúil lena chéile agus an rud is éasca do dhuine amháin bíonn sé deacair do dhuine eile. D'fhéadfadh*

Mazen a bheith an-aclaí agus duaiseanna a bhuachan don rith agus boinn don pheil, agus ag an am céanna bíonn Proinsias ag traenáil go dian agus bíonn sé ag feabhsú i gcónaí ag an bpeil agus baineann sé taitneamh as a bheith ar an bhfoireann. Tá Serena an-mhaith ag Mata ach bíonn líníocht deacair di. Tá bród uirthi as an gcaoi a bhfuil feabhas tagtha ar a peannaireacht le bliain anuas.

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun scríobh sna codanna beaga den sciath - ag ainmniú dhá ghaisce a bhfuil siad bródúil astu, scil, tallann agus cáilíocht atá acu. Tá cead acu labhairt agus cabhrú lena chéile le linn an cheachta. D'fhéadfaí an chearnóg a úsáid le haghaidh líníochta nó grianghraf díobh féin. Scríobhtar a mana pearsanta féin ar an mbratach faoi bhun an sciatha. B'fhéidir gur gá samplaí de mhanaí a thabhairt.

Cuir sciatha na bpáistí ar taispeáint. Agus tú ag labhairt faoina gcuid tallann, cáilíochtaí agus scileanna, cuir in iúl conas is féidir linn iad seo a úsáid chun cabhrú linn dul i ngleic le suímh nua achrannacha.


Roinnt Aonair

Má tá Bosca Cuimhní coimeáda ag na páistí do Rang a 6 (ó Aonad 1: Ceacht 1), iarr ar na páistí rud amháin uaidh a aithint agus a roinnt a thaispeánann rud éigin atá foghlamtha acu i Rang a 6.

Bronnadh na dTeastas

Eagraigh searmanas chun na teastais a bhronnadh, ag tabhairt cuiridh do thuismitheoirí nó caomhnóirí más féidir. D'fhéadfadh na páistí a gcuid fillteán agus obair ealaíne a chur ar taispeáint do thuismitheoirí. Tabhair cuireadh dóibh a gcuid oibre a phlé lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.


SCIATH CHEILIÚRTHA




AINM



An Réalta






Comhghairdeas!

Bronntar an Teastas seo ar

As Rang a Sé
a chríochnú

Síniú: _____

Dáta: _____



AGUISÍN

LEIBHÉIL CUSPÓIRÍ ÁBHAR OSPS: RANG 5 AGUS RANG 6

*Nóta 1

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

**Nóta 2

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>



AGUISÍN

LEIBHÉIL CUSPÓIRÍ ÁBHAR OSPS: RANG 5 AGUS RANG 6

Snáithe: Mise

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Féinaithne (Féinfheasacht)			
A aithint agus a thuiscint go bhfuil gach duine uathúil agus go ndéantar an uathúlacht seo a chur in iúl ar a lán bealaí éagsúla	✓	5	Aonad 1 Ceacht 1, 2
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 2
Machnamh ar a dtaithe agus na cúiseanna a ndéantar gníomhaíochtaí éagsúla	✓	5	Aonad 3 C6 Aonad 7/C3
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 3
Spriocanna agus aidhmeanna réadúla pearsanta agus na straitéisí atá riachtanach chun iad a bhaint amach a aithint	✓	5	Aonad 1 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 1, 4
Glac le híomhá a c(h)oirp féin agus fiosraigh cuid de na tosca a imríonn tionchar ar fhéin-íomhá agus ar chreidimh faoi/fúithi féin	✓	5	Aonad 1 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 1/C6
Féinmhuinín a fhorbairt			
Déan tuilleadh forbartha ar an gcumas le tuairimí, barúlacha agus smaointe pearsanta a chur in iúl, agus éisteacht le tuairimí daoine le meas, smaoiniamh orthu agus tuairimí criticiúla tógálacha a dhéanamh fúthu.	✓	5	Ceacht i dTógáil Ghrúpa / Conradh Ranga Aonad 1 Ceacht 5 Aonad 7 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 4, 5
Cuir le scileanna le foghlaim a fheabhsú	✓	5	Aonad 1 Ceacht 3, 5, 6
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 1, 7
Glac freagracht phearsanta as / aisti féin	✓	5	Aonad 1 Ceacht 6
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 1, 7

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Féinmhuinín a fhorbairt			
Éirí neamhspleách	✓	5	Aonad 1 Ceacht 5 Aonad 11 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 5, 7
Aire do mo chorp (Sláinte agus folláine)			
Iompar a chothaíonn an tsláinte a aithint agus a scrúdú chomh maith le hiompar a dhéanann dochar.	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 1
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 1
Cúiseanna imní phearsanta a aithint agus straitéis déileála chuí a aithint.	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 2
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 2
Ildirdhealú a dhéanamh idir substaintí dleathacha agus mídhleathacha, iad sin a úsáidtear go coitianta a aithint, agus na tionchair is féidir a bheith acu a thuiscint	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 3, 5
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 1
Fiosraigh cuid de na fáthanna a mbíonn daoine ag caitheamh tobac, ag ól alcóil, ag mí-úsáid substaintí de chineál ar bith nó ag tógáil drugaí nach bhfuil aon fheidhm leighis leo	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 4, 6
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 3
Fiosraigh ról an rogha phearsanta, na tosca riosca agus tionchar ó dhaoine eile nuair a roghnaítear substaintí a úsáid gan oideas	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 4, 7
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 4, 5
Fiosraigh agus scrúdaigh dearcthaí i leith mí-úsáid substaintí agus i leith daoine a dhéanann mí-úsáid ar shubstaintí d'aon chineál	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 4, 6
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 4
Déan ról na ndaoine a dhéanann cúram de shláinte daoine eile a aithint agus a phlé	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 1, 8
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 6
Tuig go bhfuil dualgas pearsanta agus pobail ar gach duine maidir lena sláinte agus lena bhfolláine féin agus daoine eile	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 8
	✓	6	Aonad 2 (A) Ceacht 6

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Eolas faoi Mo Chorp			
A aithint chomh tábhachtach is atá sé aire a thabhairt dá gcorp agus do chorp daoine eile le dínit agus le meas.	✓	5	Aonad 11 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 3 Ceacht 1, 2
Na hathruithe fisiciúla agus eile a tharlaíonn do bhuachaillí agus do chailíní le caithreachas a aithint agus a phlé agus a thuiscint go dtarlaíonn siad ag rátaí éagsúla do chách	✓	5	Aonad 11 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 3 Ceacht 1
A thuiscint go mbíonn breis aire ag teastáil ón chorp nuair a mhéadaítear gníomhaíocht nó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí fisiciúla	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 4
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 4
Roinnt míchumais fhisiciúla a aithint, agus an tionchar a bhíonn acu ar shaol daoine	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 5
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 5
A bheith eolach faoi roinnt galar tógálacha agus an chaoi a scaiptear galair agus ionfhabhtaithe a fhiosrú	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 6
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 6
Bealaí éagsúla inar féidir an corp a chosaint in aghaidh galair agus ionfhabhtú a aithint agus a bheith eolach orthu	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 6
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 6
Aire do mo Chorp (Bia agus Cothú)			
Tábhacht dea-chothaithe a thuiscint le haghaidh fáis agus forbartha agus fanacht sláintiúil	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 1
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 1
Freagracht phearsanta áirithe i leith roghanna stuama bia a thuiscint agus a ghlacadh agus réim bia sláintiúil cothrom a chleachtadh	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 1
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 1
Cuid de na cothaitheigh thábhachtacha atá riachtanach i réim bia cothrom, agus na táirgí bia ina bhfuil siad ar fáil, a aithint	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 1
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 1
Fiosraigh na tosca a imríonn tionchar ar roghanna bia	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 1
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 1

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Aire do mo chorp (<i>bia agus cothú</i>)			
Fiosraigh agus scrúdaigh cuid de na tinnis, go háirithe tinnis a bhfuil baint acu le hiontógáil bia nó le dála speisialta sláinte	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 3
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 3
Feasacht ar thábhacht an tsláinteachais agus an chúraim in úsáid agus in ullmhú bia	✓	5	Aonad 2(B) Ceacht 2
	✓	6	Aonad 2(B) Ceacht 2
Ag fás agus ag athrú (<i>Agus mé ag fás bím ag athrú</i>)			
Na hathruithe a tharlaíonn agus an páiste ag fás ina aosach a aithint agus a phlé	✓	5	Aonad 1 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 2 Ceacht 2 Aonad 7 Ceacht 2 Aonad 12 Ceacht 1
Patrúin Fhorbartha agus fáis a fhiosrú, le comparáid idir an fhorbairt faoi láthair agus níos déanaí: fisiciúil, sóisialta, mothúchánach, intleachtúil agus spioradálta	✓	5	Aonad 6 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 4 Aonad 7 Ceacht 2
An gá atá le spás pearsanta agus príobháideach a thuiscint agus é/í ag fás agus ag forbairt	✓	6	Aonad 7 Ceacht 2
Breith agus beatha nua			
Caidreamh collaí, giniúint agus breith a thuiscint i gcomhthéacs caidrimh atá tiomanta agus grámhar	✓	6	Aonad 3 Ceacht 2
Pléigh agus fiosraigh na freagrachtaí a bhíonn ar thuismitheoir agus an aibíocht mhothúchánach agus fisiciúil atá ag teastáil le bheith i do thuismitheoir	✓	6	Aonad 3 Ceacht 2
Mothú agus mothúcháin			
An cumas agus an mhuinín a fháil le réimse mothúchán a aithint, a phlé agus a fhiosrú, go háirithe iad siúd atá deacair a chur in iúl	✓	5	Aonad 1 Ceacht 3, 4 Aonad 3, Ceacht 1 Aonad 7 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 1 Aonad 4 Ceacht 1

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Mothú agus mothúcháin			
Déan plé agus cleachtadh ar bhealaí le mothúcháin éagsúla a chur in iúl ar bhealach oiriúnach		5	Aonad 3 Ceacht 2, 3, 4
		6	Aonad 1 Ceacht 1 Aonad Ceacht 2, 3 4, 5
Tuig conas is féidir le mothúcháin cabhrú linn sinn féin a thuiscint		5	Aonad 3 Ceacht 1,2, 3 4, 5 Aonad 7 Ceacht 3
		6	Aonad 1 Ceacht 1 Aonad 4 Ceacht 6 Aonad 12 Ceacht 2
Déan idirdhealú idir riachtanais agus éilimh agus aithin agus fiosraigh coincheap an tsásaimh mhoillithe		5	Aonad 3 Ceacht 6
		6	Aonad 4 Ceacht 7
Pléigh na cineálacha éagsúla grá atá ann agus fiosraigh mar a chuirtear grá in iúl agus a shainmhínítear é i gceol, scannáin, leabhair, irisí agus meáin eile		6	Aonad 11 Ceacht 1
Aithin agus foghlaim faoi bhealaí sláintiúla le cabhrú leis/léi mothú dearfach fúthu féin		5	Aonad 1 Ceacht 4 Aonad 3 Ceacht 7
		6	Aonad 1 Ceacht 2 Aonad 4 Ceacht 8
Sábháilteacht agus cosaint (<i>sábháilteacht phearsanta</i>)			
Fiosraigh rialacha agus rialacháin sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí agus an tábhacht a bhaineann le cloí leo		5	Ceacht i dTógáil Ghrúpa / Conradh Ranga
		6	Ceacht i dTógáil Ghrúpa / Conradh Ranga

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Sábháilteacht agus cosaint (<i>sábháilteacht phearsanta</i>)			
Cásanna agus suímh ina mbeadh sábháilteacht phearsanta faoi bhagairt a aithint	✓	5	Aonad 4 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 2
Déan plé ar chásanna agus iompar baolach, déan meas ar conas is féidir an baol a sheachaint nó a íoslaghdú agus ar impleachtaí dhul sa bhfiontar	✓	5	Aonad 4 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 2, 3 Aonad 6 Ceacht 2
Tuig, de réir a mhéadaíonn an neamhspleáchas, go méadaíonn an fhreagracht i leith sábháilteacht phearsanta, agus gur gá do gach duine straitéis a fhorbairt dóibh féin agus cloí léi	✓	5	Aonad 2 (A) Ceacht 7 Aonad 4 Ceacht 4, 5
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 2
Plé agus tuiscint ar ról gach duine ó thaobh daoine eile a choinneáil sábháilte agus cásanna ina bhféadfadh a g(h)níomhartha sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol	✓	5	Aonad 4 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 3
Ceisteanna sábháilteachta			
Áiteanna ina bhfuil sé níos sábháilte imirt a aithint agus conas iad féin a iompar go freagrach agus iad ag imirt	✓	5	Aonad 4 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 3
A bheith eolach faoin gcaoi le bheith sábháilte agus tú ag taisteal agus a thuiscint conas aire a thabhairt do shábháilteacht daoine eile	✓	5	Aonad 4 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 4
Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a fhorbairt ar scoil, sa bhaile agus san áit oibre	✓	5	Aonad 4 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 5
Dearcadh freagrach a fhorbairt i leith timpistí a chosc agus a bheith eolach faoin a bhfuil le déanamh má tharlaíonn timpiste	✓	5	Aonad 4 Ceacht 5
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 4
Substaintí sa bhaile nó ar scoil nó ar an fheirm a d'fhéadfadh a bheith contúirteach mura n-úsáidtear i gceart iad a aithint agus a chinntiú go bhfoghlaímítear straitéis sábháilteachta le déileáil le substaintí anaithnide agus contúirteacha	✓	5	Aonad 4 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 5

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Ceisteanna sábháilteachta			
Déan fiosrú agus iniúchadh ar úsáid cógas	✓	5	Aonad 4 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 1
Déan roinnt rioscaí a d'fhéadfadh a bheith sa timpeallacht do shláinte agus sábháilteacht a aithint agus a fhiosrú	✓	5	Aonad 4 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 5 Ceacht 5
Cinntí a dhéanamh			
An tuiscint faoi thábhacht cinnteoireachta atá eolach a dhéanamh ag mórán leibhéal a mhéadú cuid de na cinntí atá déanta aige/aici a aithint	✓	5	Aonad 5 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 1
Fiosraigh agus foghlaim conas iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na tosca agus na leibhéil smaointe a mbíonn tionchar acu ar chinntí agus roghanna	✓	5	Aonad 3 Ceacht 7 Aonad 5 Ceacht 5
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 1
A thuiscint go mbíonn iarmhairtí ar chinntí agus nach ndéanfaidh gach duine na cinntí céanna i gcónaí	✓	5	Aonad 5 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 2
Tábhacht agus ról dlisteanach daoine fásta i gcinnteoireacht agus i socrú teorainnacha do dhaoine óga a aithint	✓	5	Aonad 5 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 3
A aithint go méadaíonn deiseanna le roghanna a dhéanamh de réir mar a ghlactar le freagrachtaí agus mar a thuilltear muinín ó dhaoine eile	✓	5	Aonad 5 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 4
Déan straitéis simplí cinnteoireachta a phlé agus a chleachtadh	✓	5	Aonad 5 Ceacht 6
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 4
Idirdhealú a dhéanamh idir barúlacha, tátail, fíricí, ráflaí agus tuairimí agus cinneadh á dhéanamh.	✓	5	Aonad 5 Ceacht 7
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 5
Foinsí cabhracha le fadhbanna a réiteach a aithint	✓	5	Aonad 5 Ceacht 6
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 3

Snáithe: Mise agus Daoine eile

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Mise agus mo Mhuintir			
Teaghlaigh agus bailte agus na difríochtaí móra a bhíonn eatarthu a fhiosrú agus a phlé.	✓	5	Aonad 6 Ceacht 2, 3
	✓	6	Aonad 7 Ceacht 1
An chiall atá le bheith i dteaghlach a fhiosrú	✓	5	Aonad 6 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 7 Ceacht 2
Na hathruithe a d'fhéadfadh tarlú i gcaidreamh teaghlaigh agus na hionchais a bhíonn acu agus iad ag fás agus ag dul in aibíocht a phlé, agus conas a rachaidh siad i ngleic leo.	✓	5	Aonad 6 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 7 Ceacht 2
Iompar atá tábhachtach don tsíocháin i saol an teaghlaigh a phlé agus a aithint.	✓	5	Aonad 6 Ceacht 1
Iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar an gcaoi a chuireann na meáin teaghlaigh agus saol an teaghlaigh i láthair	✓	5	Aonad 6 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 7 Ceacht 3
Scrúdaigh cuid de na tosca a théann i gcion ar shaol an teaghlaigh	✓	5	Aonad 1 Ceacht 1, 2 Aonad 6 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 7 Ceacht 1
Comparáidí agus codarsnacht idir slí mhaireachtála teaghlach i gcultúir éagsúla, in Éirinn agus thar lear	✓	5	Aonad 6/C3
	✓	6	Aonad 7 Ceacht 3
Mo chairde agus daoine eile			
Fiosraigh tábhacht an chairdis agus idirghníomhú le daoine eile agus tuig gur gnáthrud é agus tú ag fás aníos a bheith ag déanamh agus ag athrú cairde.	✓	5	Aonad 7 Ceacht 1, 3
	✓	6	Aonad 8 Ceacht 2
Pléigh agus tuig gnéithe éagsúla den chairdeas agus na difríochtaí idir dlúthchairde agus lucht aitheantais	✓	5	Aonad 7 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 8 Ceacht 1
Fiosraigh na difríochtaí idir cairdeas idir buachaill agus cailín agus cairdeas den ghnéas céanna	✓	5	Aonad 7 Ceacht 2
Féach ar na fadhbanna ar féidir leo teacht chun cinn i gcairdeas agus i gcaidrimh eile agus conas is féidir iad a láimhseáil	✓	5	Aonad 7 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 8 Ceacht 2

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Mo chairde agus daoine eile			
Aithin na grúpaí difriúla ar féidir le cairde a bheith iontu agus aithin cad is grúpa sláintiúil ann	✓	5	Aonad 7 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 8 Ceacht 3
Fiosraigh an tionchar a bhíonn ag tuairimí, dearcthaí nó ionchais daoine eile ar an gcaidreamh a bhíonn ag daoine le chéile, idir dhearfach agus dhiúltach	✓	5	Aonad 1 Ceacht 4 Aonad 7 Ceacht 1
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 6 Aonad 8 Ceacht 3
Cleachtaigh agus aithin tábhacht an chúraim agus na tuisceana, na cuirtéise agus na ndea-bhéasa agus daoine i mbun caidrimh le chéile	✓	5	Ceacht i dTógáil Ghrúpa/ Conradh Seomra Ranga Aonad 7 Ceacht 2
	✓	6	Ceacht i dTógáil Ghrúpa/ Conradh Seomra Ranga Aonad 8 Ceacht 1, 3 Aonad 10 Ceacht 2
Bulaíocht agus a tionchair a aithint, a phlé agus a thuiscint	✓	5	Aonad 7 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 8 Ceacht 4 Aonad 9 Ceacht 5
Fiosraigh agus pléigh conas is féidir le daoine aonair déileáil le bulaíocht ina gcoinne, a fhios a bheith acu go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhaoine eile, agus go bhfuil bulaíocht ar bun acu féin	✓	5	Aonad 7 Ceacht 4 Aonad 8 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 8 Ceacht 4

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Cumarsáid			
Fiosraigh agus cleachtaigh na bealaí éagsúla cainte agus neamhbhriathartha ina ndéanann daoine cumarsáid le chéile	✓	5	Aonad 8 Ceacht 1, 2
	✓	6	Aonad 9 Ceacht 1
Éist go gníomhach le daoine eile agus bíodh meas againn ar a bhfuil le rá ag gach duine	✓	5	Ceacht i dTógáil Ghrúpa/ Conradh Seomra Ranga Aonad 1 Ceacht 2 Aonad 8 Ceacht 3
	✓	6	Ceacht i dTógáil Ghrúpa/ Conradh Seomra Ranga Aonad 1 Ceacht 3 Aonad 9 Ceacht 2
Fiosraigh na bealaí éagsúla ar féidir teanga a úsáid le daoine a aonrú agus le leithcheal a dhéanamh ar dhaoine	✓	5	Aonad 8 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 9 Ceacht 5
Tosaigh ag fáil tuisceana ar an tábhacht a bhaineann le seasamh pearsanta a choinneáil agus meas a léiriú chomh maith ar chreidimh, luachanna agus tuairimí daoine eile	✓	5	Aonad 5 Ceacht 2 Aonad 8 Ceacht 5, 9
	✓	6	Aonad 9 Ceacht 3
Féach ar chumhacht an áitithe, conas is féidir é a úsáid go dearfach agus go diúltach, agus mol bealaí praiticiúla agus déan forbairt ar mholtaí pearsanta le déileáil le brú agus tionchar	✓	5	Aonad 8 Ceacht 6
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 6 Aonad 9 Ceacht 4

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Coimhlint a Réiteach			
Pléigh conas is féidir le coimhlint teacht chun cinn le daoine éagsúla i gcásanna éagsúla	✓	5	Aonad 8 Ceacht 7
	✓	6	Aonad 9 Ceacht 6
Aithin agus pléigh freagairtí éagsúla ar chásanna coimhlinte	✓	5	Aonad 8 Ceacht 8
	✓	6	Aonad 9 Ceacht 6, 7
Fiosraigh agus cleachtaigh conas coimhlint a láimhseáil gan a bheith ionsaitheach	✓	5	Aonad 8 Ceacht 8, 9
	✓	6	Aonad 9 Ceacht 3

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Maireachtáil sa phobal áitiúil			
Fiosraigh coincheap an ranga nó na scoile mar phobal.	✓	5	Ceacht i dTógáil Ghrúpa / Conradh Ranga Aonad 7 Ceacht 1 Aonad 9 Ceacht 1
	✓	6	Ceacht i dTógáil Ghrúpa / Conradh Ranga Aonad 10 Ceacht 1
Déan cleachtadh ar bhealaí le hobair le chéile agus mothú muintearais a fhorbairt	✓	5	Ceacht i dTógáil Ghrúpa / Conradh Ranga Aonad 7 Ceacht 1 Aonad 9 Ceacht 1
	✓	6	Ceacht i dTógáil Ghrúpa / Conradh Ranga Aonad 9 Ceacht 1 Aonad 10 Ceacht 1
Fiosraigh traidisiúin éagsúla agus béaloideas agus déan forbairt ar mhothúcháin bróid as an phobal áitiúil	✓	5	Aonad 9 Ceacht 1, 2
	✓	6	Aonad 10 Ceacht 1

Snáithe: Mise agus an Domhan Mór
Saoránacht a fhorbairt

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Maireachtáil sa phobal áitiúil			
Ról an duine aonair agus grúpaí éagsúla sa phobal a aithint agus a thuiscint	✓	5	Aonad 9 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 6 Ceacht 5 Aonad 10 Ceacht 5
Aithin agus fiosraigh an cion tairbhe dearfach a dhéanann eagraíochtaí agus grúpaí éagsúla eitneacha, sóisialta agus pobail sa phobal áitiúil.	✓	5	Aonad 9 Ceacht 3
	✓	6	Aonad 10 Ceacht 4
Féach conas a d'fhéadfadh éagothroime a bheith sa phobal áitiúil agus mol bealaí éagsúla le dul i ngleic leis	✓	5	Aonad 9 Ceacht 4
	✓	6	Aonad 10 Ceacht 3
Féach ar cheisteanna áirithe ar cúis imní áitiúla iad agus fiosraigh gníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh le dul i ngleic leis na ceisteanna sin	✓	5	Aonad 5 Ceacht 5 Aonad 9 Ceacht 1, 3
	✓	6	Aonad 10 Ceacht 1
Pobail Náisiúnta, Eorpacha agus pobail níos leithne			
Tabhair aird ar ghnéithe den oidhreacht agus de na traidisiúin chultúrtha	✓	5	Aonad 9 Ceacht 2
	✓	6	Aonad 1 Ceacht 6 Aonad 10 Ceacht 1
Tosaigh ag fiosrú coincheap an daonlathais	✓	5	Aonad 9 Ceacht 6
	✓	6	Aonad 10 Ceacht 4
Aithin agus glac leis na grúpaí éagsúla cultúrtha, reiligiúnda, eitneacha nó eile atá sa phobal nó sa tsochaí agus fiosraigh bealaí inar féidir meas a léiriú ar na difríochtaí seo	✓	5	Aonad 6 Ceacht 3 Aonad 9 Ceacht 2, 3
	✓	6	Aonad 10 Ceacht 2

Snáithe: Mise agus an Domhan Mór
Saoránacht a fhorbairt

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Pobail Náisiúnta, Eorpacha agus pobail níos leithne			
Aird a thabhairt ar chuid de na teangacha, na slíte maireachtála agus na teangacha i roinnt de thíortha na hEorpa agus an domhain mhóir.		5	Aonad 9 Ceacht 6
		6	Aonad 10 Ceacht 1, 2
Fiosrú a dhéanamh ar conas is féidir ceartas agus síocháin a chur chun cinn idir daoine agus grúpaí, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta		5	Aonad 9 Ceacht 5, 6
		6	Aonad 10 Ceacht 4
Dáileadh éagothrom acmhainní an domhain a aithint agus tosú ar é a thuiscint		5	Aonad 9 Ceacht 5
		6	Aonad 10 Ceacht 3, 4
Cúram comhshaoil			
Aird a thabhairt ar an timpeallacht agus tuiscint a fhorbairt ar fhreagracht an duine aonair agus an phobail i leith aire a thabhairt don timpeallacht agus de bheith inár gcaomhnóirí ar an Domhan do na glúnta atá le teacht		5	Aonad 9 Ceacht 1, 3
		6	Aonad 10 Ceacht 5
Oideachas na Meán			
An bealach a ndéantar faisnéis a dháileadh a fhiosrú agus a thuiscint agus cleachtadh a dhéanamh ar theachtaireachtaí a sheoladh ar mhodhanna éagsúla		5	Aonad 10 Ceacht 1
		6	Aonad 11 Ceacht 1
Fiosraigh ról na nuachtán agus na gcineálacha eile meán clóite le teachtaireacht, a sheoladh, na teicnící a úsáidtear agus na cineálacha faisnéise a bhíonn san áireamh		5	Aonad 10 Ceacht 2
		6	Aonad 11 Ceacht 3
Clúdach éagothrom ar ról ghnéis agus ar cheisteanna eile sa litríocht, i bhfógraíocht, i ndrámáí, in irisí agus i meáin eile a aithint		5	Aonad 10 Ceacht 2
		6	Aonad 11 Ceacht 3, 4
An lucht féachana a bhfuil gnéithe éagsúla de na meáin dírithe orthu a aithint		5	Aonad 10 Ceacht 1, 2
		6	Aonad 11 Ceacht 3
A thabhairt faoi deara go bhfuil cineálacha éagsúla fógraíochta ann, na cuspóirí atá aici agus na teachtaireachtaí a chuireann sí chun cinn		5	Aonad 1 Ceacht 4 Aonad 10 Ceacht 3
		6	Aonad 11 Ceacht 4

	Déanta	Leibhéal Ranga	Aonad/Ceacht
Maireachtáil sa phobal áitiúil			
Éirí níos criticiúla agus níos géarchúisí ina ndearcadh faoi fhógraíocht agus na modhanna a úsáidtear le táirgí, stíl mhaireachtála agus smaointe a chur chun cinn	✓	5	Aonad 1 Ceacht 4 Aonad 6 Ceacht 3 Aonad 10 Ceacht 2, 3, 4
	✓	6	Aonad 11 Ceacht 4
Fiosraigh bealaí éagsúla caitheamh aimsire agus fóillíochta mar mhalairt ar amharc ar an teilifís	✓	5	Aonad 10 Ceacht 5
	✓	6	Aonad 11 Ceacht 6
Fiosraigh agus úsáid teicnící simplí craoltóireachta, léiriúcháin agus cumarsáide	✓	5	Aonad 10 Ceacht 1
		6	Aonad 11 Ceacht 2

MISNEACH



C L Á R

Is féidir an leabhar seo a íoslódáil mar pdf agus a phriontáil de réir mar is gá chun críocha neamhthráchtála ó pdst.ie/walktall

Tá cóipeanna crua ar fáil ar bhunphraghas móide P&P ó laoisedcentre.ie/pdstpublications